Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**17045/24**

**SOC 925**
**EMPL 623**
**EDUC 456**
**ECOFIN 1521**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Nollaig 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 701 final |
| Ábhar: | TOGRA LE hAGHAIDH TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH AR FHOSTAÍOCHT ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN gCOMHAIRLE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 701 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 701 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2024
COM(2024) 701 final

**TOGRA LE hAGHAIDH TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH AR FHOSTAÍOCHT ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

# Clár Ábhar

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ ........ 3
CAIBIDIL 1. FORLÉARGAS AR THREOCHTAÍ AN MHARGAIDH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA, DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA 2030, AGUS PRÍOMHTHORTHAÍ COTHROMÁNACHA MAIDIR LEIS AN gCÓINÉASÚ SÓISIALTA ........ 28
1.1 Príomhthreochtaí mhargadh an tsaothair ........ 28
1.2 Príomhthreochtaí sóisialta ........ 32
1.3 Dul chun cinn maidir le príomhspriocanna 2030 an Aontais agus spriocanna 2030 náisiúnta ........ 34
1.4 Príomhthorthaí cothrománacha ón anailís tíre chéadchéime maidir leis an gcóineasú sóisialta ........ 41
CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA mBALLSTÁT ........ 50
2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar ........ 50
2.1.1 Príomhtháscairí ........ 50
2.1.2 Bearta a rinne na Ballstáit ........ 64
2.2. Treoirlíne 6 – An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil ........ 68
2.2.1 Príomhtháscairí ........ 68
2.2.2 Bearta a rinne na Ballstáit ........ 98
2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta ........ 108
2.3.1 Príomhtháscairí ........ 108
2.3.2 Bearta a rinne na Ballstáit ........ 127
2.4 Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac ........ 133
2.4.1 Príomhtháscairí ........ 133
2.4.2 Bearta a rinne na Ballstáit ........ 167
CAIBIDIL 3. ANAILÍS TÍRE CHÉADCHÉIME ........ 174
An Bheilg ........ 176
An Bhulgáir ........ 178
An tSeicia ........ 180
An Danmhairg ........ 182
An Ghearmáin ........ 184
An Eastóin ........ 186

Éire 188
An Ghréig....................................................................................................190
An Spáinn....................................................................................................192
An Fhrainc....................................................................................................194
An Chróit....................................................................................................196
An Iodáil....................................................................................................198
An Chipir....................................................................................................200
An Laitvia....................................................................................................202
An Liotuáin....................................................................................................204
Lucsamburg....................................................................................................206
An Ungáir....................................................................................................208
Málta 210
An Ísiltír....................................................................................................212
An Ostair....................................................................................................214
An Pholainn....................................................................................................216
An Phortaingéil....................................................................................................218
An Rómáin....................................................................................................220
An tSlóivéin....................................................................................................222
An tSlóvaic....................................................................................................224
An Fhionlainn....................................................................................................226
An tSualainn....................................................................................................228

## PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ

**Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus na Comhairle, déantar faireachán ar an gcás fostaíochta san Aontas agus ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE.** Tugtar forbhreathnú bliantúil sa tuarascáil ar phríomhfhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Aontas agus ar bhearta beartais a rinne na Ballstáit le déanaí, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Beartais Fostaíochta na mBallstát[1], agus sainaithnítear inti príomhréimsí tosaíochta gaolmhara le haghaidh gníomhaíocht beartais. Cuirtear i dtábhacht go láidir inti cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe trí bhoscaí téamacha a bhaineann le prionsabail éagsúla an Cholúin i bhfianaise an ionchais shocheacnamaíoch agus na dtionscnamh beartais is déanaí. I gCaibidil 1 den tuarascáil, tugtar forbhreathnú ar phríomhthreochtaí fostaíochta agus sóisialta agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le príomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030. Tuairiscítear inti freisin torthaí cothrománacha bunaithe ar an anailís ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos. Déantar anailís i gCaibidil 2 ar dhúshláin agus ar fhreagairtí beartais sna Ballstáit i gcás gach ceann de na ceithre threoirlíne fostaíochta. Le Caibidil 3, déantar anailís ar chás gach Ballstáit bunaithe ar phrionsabail an chreata maidir le cóineasú sóisialta (SCF)[2]. Tá an anailís i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE. Freagraíonn sé freisin d'Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, ar ar a bhonn a chuimsítear san fhaireachas a dhéanann an Coimisiún ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta sa Seimeastar Eorpach creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint[3]. Ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, rannchuideofar leis an gcóineasú sóisialta aníos a bhaint amach, neartófar iarracht an Aontais i dtreo an aistrithe ghlais chóir agus an aistrithe dhigitigh chóir agus rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, mar aon leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus Straitéisí Aontas an Chomhionannais a chur chun feidhme[4]. Bunaithe ar thogra an Choimisiúin, agus tar éis malartuithe sna coistí comhairleacha ábhartha de chuid na Comhairle, glacfaidh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) téacs críochnaitheach na tuarascála.

**Déantar faireachán leis an tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo phríomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta**, spriocanna ar chuir ceannairí an Aontais ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto agus an Chomhairle Eorpach

[1] Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an nuashonrú deireanach ar na Treoirlínte Fostaíochta i mí na Samhna 2024 (IO L 2024/3134, 13.12.2024).

[2] Tar éis an phlé a rinneadh sa Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) i mí an Mheithimh 2023 i ndáil le creat maidir le cóineasú sóisialta (SCF) agus príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) bunaithe ar an obair a rinne Meitheal chomhpháirteach thiomnaithe EMCO-SPC ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023.

[3] Ina theannta sin, luaitear in Aithris 8 den Rialachán céanna '*Mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta*'.

[4] An Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-25, Plean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020- 25, Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-30, an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ, agus an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021- 30.

i mí an Mheithimh 2021 fáilte rompu. Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun a phríomhsprioc maidir leis an ráta fostaíochta a bhaint amach faoi 2030, d'ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí móra chun príomhspriocanna an Aontais maidir le scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach:

- Shroich ráta fostaíochta an Aontais 75,3 % in 2023, nach bhfuil ann ach 2,7 pointe céatadáin ón sprioc 78 % faoi 2030. Rinne formhór na mBallstát tuilleadh dul chun cinn i dtreo a spriocanna fostaíochta náisiúnta in 2023, agus bhain cúig cinn acu a spriocanna amach cheana féin nó sháraigh siad iad.
- Maidir le scileanna, ní dhearnadh ach roinnt dul chun cinn teoranta san Aontas maidir le ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim, ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022, rud atá fós i bhfad ó phríomhsprioc an Aontais de 60 %. Chomh maith leis sin, chuaigh formhór na mBallstát ar gcúl agus a spriocanna náisiúnta á saothrú acu. Léiríonn sé sin go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí substaintiúla, i gcomhréir leis an uaillmhian go leanfaidh an Eoraip de bheith iomaíoch, nuálach agus cuimsitheach i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus aosú an daonra.
- An líon daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas in 2023, bhí sé thart ar 1,6 milliún níos ísle ná mar a bhí in 2019, d'ainneoin ghéarchéim COVID-19, costais arda fuinnimh agus boilsciú. Tá sé sin i bhfad ó phríomhsprioc an Aontais fós, is é sin, 15 mhilliún ar a laghad a bhaint amach faoi 2030. Sa leathchuid de na Ballstáit, nach mór, tháinig méadú ar an líon daoine i mbaol, rud a léiríonn gluaiseacht sa mhalairt treo ó na huaillmhianta atá leabaithe sna spriocanna náisiúnta. Ina fhianaise sin, is gá dlús mór a chur le hiarrachtaí sa chuid den deacáid atá fágtha.

**In éineacht le cistí an bheartais comhtháthaithe, tacaíonn cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát le fás cóir, cuimsitheach agus inbhuanaithe.** Taobh leis an tacaíocht a thugtar d'idirghabhálacha beartais sna réimsí beartais faoi seach le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus an Ionstraim um thacaíocht theicniúil (IUTT), cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais chun cinn trí fheabhas a chur ar an athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe, agus acmhainneacht fáis na mBallstát agus cothaíonn an tSaoráid cruthú post ardcháilíochta trí athchóirithe agus trí infheistíocht ábhartha. Ar an mbealach sin, rannchuidíonn an tSaoráid freisin le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[5]. Cuireann thart ar EUR 162.5 billiún san iomlán arna leithdháileadh ar na Ballstáit le caiteachas sóisialta, ar thart ar 25 % den chaiteachas measta iomlán atá ann[6]. Go dtí seo, rinne an Coimisiún thart ar EUR 269 mbilliún a eisíoc faoi STA i ndeontais agus in iasachtaí araon mar aon le réamh-mhaoiniú. As measc na 7 129 ngarsprioc agus sprioc a chuimsítear sna 27 bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá coinne leis go rannchuideoidh 2 201 cheann díobh le beartais shóisialta (thart ar 31 %). As measc na 1 742 gharsprioc agus sprioc a comhlíonadh ón 14 Samhain, cothaíonn 505 cinn díobh beartais shóisialta (thart ar 30 %). Mar chuid den anailís ar an bhfreagairt bheartais, áirítear leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht freisin rogha beart a fhaigheann tacaíocht ó chistiú ón Aontas, go háirithe ó

[5] Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[6] Déantar catagóirí caiteachais shóisialta a shainiú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit i Rialachán Tarmligthe 2021/2105.

STA, CSE+, CFRE, CUAC agus IUTT. Tacaíonn siad sin uile le hionchais fáis agus fostaíochta mar aon leis an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus leis an athléimneacht san Aontas.

**Leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, soláthraítear anailís thírshonrach bunaithe ar phrionsabail an chreata maidir le cóineasú sóisialta (SCF)**, i gcomhréir le hAirteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263. Ag brath ar na huirlisí atá ann cheana (an Scórchlár Sóisialta agus modheolaíocht soilse tráchta chomhaontaithe na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht), déantar anailís ar dhúshláin na mBallstát maidir leis an margadh saothair, scileanna agus a ndúshláin shóisialta ar mhaithe le sainaithint na nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol agus nach mór anailís dara céim níos doimhne a dhéanamh orthu. Tríd is tríd, is é seo a leanas a thugtar le fios san anailís chéadchéime ar an gcreat maidir le cóineasú sóisialta:

i. cóineasú aníos leanúnach i margadh an tsaothair in 2023, agus tá gá i gcónaí le feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta grúpaí faoi ghannionadaíocht;
ii. feabhsuithe beaga ar leibhéal an Aontais maidir le scileanna, cé go bhfuil rioscaí fós ann don chóineasú aníos sa réimse sin;
iii. cobhsaíocht leathan ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ar leibhéal an Aontais, cé go bhfuil roinnt rioscaí ann fós don chóineasú aníos maidir le torthaí sóisialta.

Déanfaidh ranna an Choimisiúin anailís dara céim níos mionsonraithe (agus úsáid á baint as sraith níos leithne d'fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil) i ndáil leis na tíortha a sainaithnítear rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos ina leith sa chéad chéim. Is iad sin an Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, an Rómáin, a bhí sa dara céim anuraidh freisin, chomh maith leis an nGréig, an Chróit agus Lucsamburg a tháinig isteach inti den chéad uair i mbliana. I gcás na Gréige, is é is cúis leis sin gur tháinig meathlú áirithe ar an gcobhsaíocht leathan ar leibhéil atá fós i bhfad ó mheán an Aontais sa réimse sóisialta (ró-ualach maidir le costas tithíochta; an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú; AROPE – ar an iomlán agus i gcás leanaí; an tionchar a imríonn aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta; neamhionannais ioncaim); dúshláin leanúnacha i margadh an tsaothair do mhná agus don óige; agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim atá íseal agus ag dul in olcas. I gcás na Cróite, sainaithníodh don anailís dara céime í mar gheall ar an réimse scileanna (rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim atá íseal agus ag dul in olcas; meathlú mór a bheith tagtha ar an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu); ráta foriomlán fostaíochta atá fós níos ísle ná meán an Aontais, d'ainneoin feabhsuithe, agus cás fostaíochta daoine faoi mhíchumas atá fós deacair; chomh maith le roinnt dúshlán sa réimse sóisialta (an tionchar a imríonn aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta; neamhionannais ioncaim). I gcás Lucsamburg, sainaithníodh don anailís dara céime é mar gheall ar roinnt táscairí sóisialta a bheith ag dul in olcas go mór le déanaí (AROPE - ar an iomlán agus i gcás leanaí; an tionchar a imríonn aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta) agus an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta a bheith ard i gcónaí; na treochtaí i margadh an tsaothair a bheith ag dul in olcas le déanaí (rátaí dífhostaíochta agus rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí; an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas), agus mar gheall ar laghdú ar an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu, fiú má tá na staitisticí fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Cuirtear anailís níos mionsonraithe i láthair i gCaibidil 3 den tuarascáil le haghaidh gach ceann de na 27 mBallstát.

**Dúshláin fostaíochta, scileanna agus shóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta**




*Tabhair faoi deara*: Tá sonraí ar iarraidh i gcás táscairí áirithe le haghaidh tíortha áirithe – féach Tábla 1.4.1 i roinn 1.4. Tugtar míniú ar na heochracha eolais in Iarscríbhinn 6.

**D'ainneoin na staide eacnamaíche laige in 2023, d'fhan torthaí mhargadh an tsaothair láidir ar an meán san Aontas, agus bhí fás láidir fostaíochta fós ann.** Shroich ráta fostaíochta an Aontais 75,3 % in 2023 (ardú 0,7 pointe céatadáin ó 2022), an leibhéal is airde riamh, agus d'fhás sé a thuilleadh go 75,8 % in R2-2024. Is é a bhí sa ráta fáis bliantúil 1,1 % filleadh ar na meáin a bhí ann roimh COVID-19 (2013-19), tar éis an téarnaimh thapa iarphaindéime in 2022 (+ 2,3 %). An tráth céanna, tháinig laghdú ar ráta dífhostaíochta an Aontais go 6,1 % in 2023, an leibhéal is ísle riamh, agus shroich sé 5,9 % i mí Mheán Fómhair 2024. Cé gurbh é laghdú na dífhostaíochta an phríomhchúis le fás fostaíochta roimh phaindéim COVID, tá leibhéil ísle dífhostaíochta tar éis an fócas a aistriú chuig fás an lucht saothair mar phríomhfhoinse gnóthachan fostaíochta. In 2023, ba é leathnú an lucht saothair ba chúis le thart ar 90 % den fhás fostaíochta. Ba iad ba chúis leis an gcuid is mó de sin oibrithe san aoisghrúpa príomha (25-54 bliana d'aois) a bhfuil oideachas treasach acu, ar náisiúnaigh tríú tír roinnt mhaith díobh, chomh maith le hoibrithe scothaosta a bhfuil oideachas meánscoile nó treasach acu. Chomh maith leis sin, bhí an fás fostaíochta ní ba láidre in earnálacha ina raibh ganntanais mhóra lucht saothair, amhail TFC agus tógáil. Is féidir é sin a chur i leith an tsoláthair saothair atá ag dul i méid agus leithdháileadh post a bheith á aistriú i dtreo na n-earnálacha ardéilimh sin. Ar an iomlán, breathnaíodh cóineasú rátaí fostaíochta ó Bhallstát go chéile, cé go maireann éagothromaíochtaí móra réigiúnacha i roinnt mhaith Ballstát. Le Conclúidí ón gComhairle le déanaí, tá aghaidh á tabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn, trí neamhionannais chríochacha a laghdú[7].

[7] Arna fhormheas ag Comhairle EPSCO an 2 Nollaig 2024.

**Margadh saothair láidir d'ainneoin fás eacnamaíoch níos moille**

**75,8 %**

**ráta fostaíochta** (20-64) in R2-2024 (+0.5 pointe céatadáin bliain ar bhliain)

**75,4 %**

**ráta rannpháirtíochta sa lucht saothair** (15-64) in R2-2024 (+ 0,4 pointe céatadáin bliain ar bhliain)

**6,0 %**

**ráta dífhostaíochta** (15-74) in R2-2024 (gan athrú bliain ar bhliain)

**14,8 %**
**ráta dífhostaíochta an aosa óig** (15-24) in R2-2024 (+0.4 pointe céatadáin bliain ar bhliain)

Príomhtháscairí an mhargaidh shaothair san Aontas-27 (%, go ráithiúil)




*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_q], [une_rt_q], [une_ltu_q] agus [lfsi_neet_q]. Sonraí atá coigeartaithe de réir an tséasúir, seachas de réir na féilire.

**Tá an fás ar tháirgiúlacht saothair san Aontas mall.** Cé go raibh ráta fáis na táirgiúlachta saothair thart ar 1,4 % in aghaidh na bliana ar an meán roimh 2007, mhoilligh sé go 0,8 % idir 2010 agus 2019 agus tháinig laghdú breise air go 0,7 % in 2023. Dá bhrí sin, tá sé fós íseal ó thaobh struchtúir de, agus tá an baol ann go mbainfí an bonn d'iomaíochas domhanda an Aontais agus dá fheidhmíocht ó thaobh acmhainneacht fáis, cruthú post agus caighdeáin mhaireachtála de amach anseo. Is é an príomhfhachtóir is cúis leis an bhfás íseal sin ar tháirgiúlacht saothair an fás lag ar tháirgiúlacht na bhfachtóirí iomlána. I measc na mbunchúiseanna leis sin, sa tuarascáil ó Mario Draghi maidir le Todhchaí an Iomaíochais Eorpaigh, cuirtear i dtábhacht go bhfuil bearnaí móra i speisialtóireacht, nuálaíocht agus infheistíocht ardteicneolaíochta an Aontais, go háirithe i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe. Tagraítear freisin d'ilroinnt an Mhargaidh Aonair agus do chastacht rialála mar thosca tábhachtacha. Rud atá tábhachtach, cuireann ganntanais saothair agus scileanna moill ar ghlacadh na teicneolaíochta agus méadaíonn siad costais, rud a laghdaíonn an t-éileamh ar shaothar a thuilleadh. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfar córais oideachais agus oiliúna a oiriúnú do riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn, go háirithe le haghaidh an dá aistriú, agus go dtabharfar tosaíocht don fhoghlaim aosach agus don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint chun borradh a chur faoin iomaíochas. Trí bhacainní riaracháin agus ualaí rialála agus tuairiscithe a laghdú, nuálaíocht a chothú agus tacaíocht a thabhairt don chómhargáil éifeachtach, is féidir cuidiú le gnóthachain táirgiúlachta a áirithiú agus fás pá agus iomaíochas a chothú.

**Tá ganntanais mhóra lucht saothair san Aontas fós**

**Rátaí folúntas ag 3 % nó os a chionn i ngníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, faisnéise agus cumarsáide agus tógála** in 2023

**20 % níos airde a bhí an líon ganntanas saothair** in 2023 i gcomparáid le 2019

Rátaí folúntas san Aontas de réir na gníomhaíochta eacnamaíche (%, sonraí bliantúla)




*Tabhair faoi deara:* Gníomhaíochtaí NACE 2, B-S (Tionscal, tógáil, agus seirbhísí (seachas gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríche), C (monaraíocht), F (tógáil), G-I (trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, iompar, lóistín, agus seirbhísí bia), J (faisnéis agus cumarsáid), M-N (gníomhaíochtaí gairmiúla, teicniúla agus eolaíocha).
*Foinse:* Eurostat [jvs_a_rate_r2]

**Tá an líon ganntanas saothair agus scileanna ag dul i laghad ach fós mór san Aontas; tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt orthu chun borradh a chur faoi iomaíochas, cumas nuálaíochta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe an Aontais.** Le 10 mbliana anuas, tá méadú tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna ar fud na mBallstát uile. Maidir leis an ráta folúntas arna choigeartú de réir an tséasúir, cé gur laghdaigh sé ó 2,9 % in R1-2023 go 2,4 % in R2-2024, rud a léiríonn fás eacnamaíoch níos laige agus ionchais fostaíochta níos ísle, tá sé fós i bhfad os cionn an mheáin 1,7 % a bhí ann roimh an bpaindéim (2013-19). Is é is cúis leis na ganntanais sin an t-athrú déimeagrafach, an t-éileamh ar scileanna nua a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta agus leis an dá aistriú (lena n-áirítear scileanna innealtóireachta, teicniúla, eolaíocha, oibríochtúla agus faireacháin)[8], chomh maith le drochdhálaí oibre in earnálacha áirithe. Tuairiscíonn cuideachtaí de gach méid agus de gach earnáil iad agus tá siad an-mharthanach in earnáil an chúraim, san oideachas, i réimsí ETIM (go háirithe TFC), sa tógáil, san iompar agus i ngairmeacha áirithe seirbhísbhunaithe (e.g. cócairí agus freastalaithe). Cé go bhféadfadh ganntanais saothair a bheith ina léiriú ar gheilleagar a bheadh láidir, lena gcumhachtaítear oibrithe chun pá agus dálaí oibre níos fearr a chaibidliú, cuireann siad bac an tráth céanna, go háirithe má mhaireann siad i bhfad, ar tháirgiúlacht agus ar acmhainneacht nuálach, rud a lagaíonn iomaíochas an Aontais, a chruthaíonn scrogaill fáis agus a chuireann bac ar an dul chun cinn maidir leis an dá aistriú. Tá gníomhaíocht chomhbheartaithe threisithe ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal réigiúnach, ina mbeidh comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile rannpháirteach freisin, ríthábhachtach chun dul i ngleic leis na ganntanais sin. I mí an Mhárta 2024, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta[9] i láthair chun dul i ngleic le

[8] Féach UNIDO, What are green skills?, 2023.
[9] Féach an Coimisiún Eorpach, Commission sets out actions to tackle labour and skills shortages [Leagann an Coimisiún amach gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna], 2024.

ganntanais saothair agus scileanna, rud a ullmhaíodh i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Tá sé ina fhorbairt ar an iliomad tionscnamh a rinneadh cheana agus leagtar amach ann gníomhaíochtaí nua a dhéanfaidh an tAontas, na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta, nó gníomhaíochtaí ba cheart dóibh a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna. Áirítear orthu sin bearta a bhaineann le grúpaí faoi ghannionadaíocht a ghníomhachtú sa mhargadh saothair; tacaíocht do scileanna agus d'oideachas; dálaí oibre a fheabhsú; soghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a fheabhsú agus an tsoghluaisteacht sin a chomhlánú trí thallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas.

**Bhí fás pá san Aontas fós láidir in 2023 ach éagsúil go mór ó Bhallstát go chéile.** An fás bliantúil ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, shroich sé an leibhéal is airde riamh san Aontas, is é sin 6,1 % (bliain ar bhliain), tar éis 4,9 % in 2022, i gcomhthéacs ina raibh an boilsciú fós ard agus margaí saothair rite. Tháinig laghdú air ansin go 5,0 % in R2-2024 de réir mar a laghdaigh an boilsciú. Tar éis laghdú substaintiúil (-3,7 %) in 2022, thosaigh fíorphá ag fás sa dara leath de 2023 agus bhain sé 2,4 % amach (bliain ar bhliain) in R2-2024. Ba é boilsciú laghdaitheach agus fás láidir leanúnach ar phá ainmniúil ba chúis leis an téarnamh sin. D'ainneoin na bhfeabhsuithe sin le déanaí, in 2024, tá fíorphá fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim ar an meán san Aontas agus in ocht mBallstát (an tSeicia, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Iodáil, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig agus an tSualainn). Frithháiríonn méaduithe ar phá íosta náisiúnta an caillteanas cumhachta ceannaigh den chuid is mó do shaothraithe ar phá íosta i bhformhór na mBallstát. Ba thoradh iad sin go príomha ar na gnáth-nuashonruithe bliantúla i mí Eanáir 2023 agus 2024, in éineacht le coigeartuithe substaintiúla i gcaitheamh an dá bhliain. Trasuí na Treorach maidir le pá íosta leordhóthanach[10], beidh sé fíor-riachtanach chun cumhacht ceannaigh na ndaoine sin a bhfuil pá íseal acu a chosaint chomh maith le rioscaí bochtaineachta i measc daoine fostaithe a chosc agus a chomhrac, agus dreasachtaí chun oibre á dtreisiú an tráth céanna. Áirítear sa Treoir freisin bearta atá dírithe ar chómhargáil a spreagadh chomh maith le feabhas a chur ar na sásraí forfheidhmithe agus maoirseachta ó Bhallstát go chéile.

**Tá borradh faoin bhfíorphá ach níor tháinig sé chuige féin ó chaillteanais sna blianta roimhe sin**

**Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, tháinig méadú 6.1 % air** in 2023, agus **méadú 5 %** in R2-2024

Fíor-ollphá agus fíor-olltuarastail in aghaidh an fhostaí

(athrú % bliantúil; 2022, 2023 agus R2-2024)

[10] Treoir 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

Mar sin féin, **tháinig laghdú 0,2 % ar fhíorphá** in 2023**,** agus tháinig **méadú 2,4 % air** in R2-2024




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO, Ollphá agus olltuarastail ainmniúla in aghaidh an fhostaí [hwwdw]; díbhoilsceoir: Innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí [prc_hicp_midx]. Le haghaidh R2-2024: Ríomhanna EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, Pá agus tuarastail [namq_10_gdp], Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [namq_10_a10_e] agus Innéacs comhchuibhithe na bpraghsanna tomhaltóra [prc_hicp_midx].

**Tháinig laghdú beag ar bhochtaineacht lucht oibre san Aontas in 2023, ach rinne sí difear fós do dhuine as gach dáréag oibrí, agus bhí sí i bhfad ní b'airde i gcás cineálacha neamhchaighdeánacha oibre.** Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an sciar go 8,3 % in 2023 ó 8,5 % in 2022, agus bhí sé níos ísle i gcomparáid le 10 mbliana roimhe sin agus go díreach roimh phaindéim COVID-19. Bhí bochtaineacht lucht oibre ag dul i laghad i mbeagnach leath de na Ballstáit in 2023, d'ainneoin go raibh aghaidh le tabhairt ag roinnt mhaith acu ar bhoilsciú ard agus laghduithe móra ar fhíorphá in 2022. Tugann sé sin le fios gur tháinig laghdú níos géire ar ioncaim airmheánacha sna tíortha sin ná ioncaim oibrithe bochta, ar tacaíodh leo trí nuashonruithe ar phá íosta agus ar aistrithe sóisialta. Tugann luathmheastacháin Eurostat le fios go bhfanfaidh bochtaineacht lucht oibre cobhsaí in 2024 (ag tagairt d'ioncaim 2023). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí bochtaineacht lucht oibre ar fud an Aontais i bhfad níos airde i measc daoine nach saoránaigh den Aontas iad agus daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (22,5 % agus 18,5 % faoi seach), oibrithe ar bheagán oideachais (18,4 %), fostaithe páirtaimseartha agus oibrithe sealadacha (12,6 % don dá cheann) agus teaghlaigh a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu (10,0 %). Bhí bochtaineacht lucht oibre níos airde i gcás daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta (fostaithe sealadacha, fostaithe páirtaimseartha, daoine féinfhostaithe), fiú má bhí ról níos tábhachtaí ag sochair cosanta sóisialta maidir lena rioscaí bochtaineachta a laghdú. Bhí cumhdach na sochar sóisialta an-éagsúil ó Bhallstát go chéile agus i gcás catagóirí éagsúla oibrithe. Daoine féinfhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta, ba iad na daoine ba lú ba dhóichí a gheobhadh sochair shóisialta, agus cumhdach 12,7 % acu in 2023 san Aontas. Maidir le cumhdach foirmiúil[11], in earrach 2023 bhí bearnaí fós i 15 mBallstát maidir le grúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad i mbrainse amháin de chosaint shóisialta ar a laghad, arbh iad sochair dhífhostaíochta, bhreoiteachta agus/nó mháithreachais ba mhinice a bhí iontu.

[11] Ciallaíonn cumhdach foirmiúil grúpa go luaitear sa reachtaíocht nó sa chomhaontú comhchoiteann atá ann faoi láthair maidir le brainse sonrach cosanta sóisialta (e.g. seanaois, breoiteacht, dífhostaíocht, máithreachas) go bhfuil na daoine aonair sa ghrúpa i dteideal páirt a ghlacadh i scéim cosanta sóisialta a chumhdaíonn brainse sonrach.

**Tá difríochtaí móra sa ghné ainneonach den obair shealadach ó Bhallstát go chéile, agus is minice gur oibrithe baineanna iad**

**12,3 %**

oibrithe (20-64) ar **chonarthaí sealadacha** in 2023 san Aontas

**7,4 %**
de **mhná** (20-64) **ar chonarthaí sealadacha ainneonacha** (vs 6,2 % d'fhir)

Fostaithe sealadacha ainneonacha mar chéatadán den líon foriomlán fostaithe, de réir aoise (20-64) (in %, 2023)




*Foinse:* Eurostat [lfsa_etpgan] agus [lfsa_etgar], SFS an Aontais.

**Cé gur mór ag roinnt oibrithe an tsolúbthacht, má mhaireann deighilt mhargadh an tsaothair i bhfad d'fhéadfadh sí tionchar diúltach a imirt ar chothroime shóisialta.** I gcás roinnt grúpaí, go háirithe daoine óga agus daoine ardoilte, is féidir le poist neamhbhuana agus leis an bhfostaíocht pháirtaimseartha iontráil sa mhargadh saothair agus forbairt scileanna a éascú, agus níos mó solúbthachta agus cothromaíocht oibre is saoil a sholáthar freisin. Mar sin féin, cruthaíonn bearnaí leanúnacha idir oibrithe ó thaobh cinnteacht fostaíochta agus dálaí oibre de (a mbíonn iarmhairtí acu go minic i dtéarmaí rochtana ar chosaint shóisialta) deighiltí a mhéadaíonn neamhionannais de ghnáth. Go sonrach, is mó an éiginnteacht fostaíochta a bhaineann leis an bhfostaíocht shealadach nuair nach bhfeidhmíonn sí mar chéim i dtreo conarthaí níos buaine. An éiginnteacht a eascraíonn as sin, cuireann sí freisin le dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe ina bhfuil ganntanais mhóra leanúnacha saothair. I bhfianaise ardleibhéil fostaíochta san Aontas, tháinig laghdú beag ar an sciar oibrithe ar chonarthaí sealadacha de na fostaithe uile (ó 12,9 % in 2022 go 12,3 % in 2023), agus bhí éagsúlacht shubstaintiúil ann ó Bhallstát go chéile (ó níos mó ná 15 % i roinnt Ballstát go dtí níos lú ná 3 % i gcinn eile). Go sonrach, leanann sciartha arda conarthaí sealadacha de bheith ag roinnt Ballstát mar aon le rátaí ísle aistrithe chuig poist bhuana. Leanann conarthaí sealadacha de bheith níos forleithne i measc daoine óga agus i measc na mban chomh maith. Thairis sin, ba go hainneonach a bhí níos mó ná leath na n-oibrithe sealadacha ar chonarthaí den sórt sin san Aontas in 2023, agus laghdú beag ann i gcomparáid le 2022 (agus difríochtaí móra arís idir na Ballstáit), agus ba mhinice ab amhlaidh sin freisin i gcás na mban. An tráth céanna, tháinig méadú beag ar sciar na fostaíochta páirtaimseartha san Aontas in 2023. D'ainneoin an fheabhsaithe, tá comhpháirt mhór ainneonach ag baint leis sin freisin i roinnt Ballstát. Is féidir aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair, i measc nithe eile, trí bheartais ghníomhacha shaincheaptha um margadh an tsaothair lena spreagtar aistrithe post aníos, agus trí dhreasachtaí d'fhostóirí oibrithe a fhostú agus a choinneáil.

**Is cuid de gheilleagar an Aontais iad ardáin saothair dhigitigh atá ag éirí níos tábhachtaí, lena dtugtar deiseanna fostaíochta ach lena mbaineann dúshláin shonracha**

**freisin, go háirithe maidir le stádas fostaíochta na n-oibrithe**. Idir 2016 agus 2020, tháinig méadú faoi chúig nach mór ar an ioncam ó gheilleagar ardán an Aontais, agus measadh go raibh níos mó ná 28 milliún duine ag obair trí ardáin saothair dhigitigh in 2020 agus go bhfuil an líon sin ag dul i méid go seasta[12]. Tá tromlach na ndaoine sin féinfhostaithe i ndáiríre, ach measadh go raibh 5,5 milliún duine aicmithe go mícheart mar dhaoine féinfhostaithe. Níos mó ná leath na ndaoine a dhéanann obair ardáin, tuilleann siad níos lú ná an pá íosta[13]. I bhfianaise an mhéid sin, is é is aidhm don Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí san obair ardáin[14], i measc nithe eile, aghaidh a thabhairt ar shaincheist na féinfhostaíochta bréagaí ar ardáin saothair dhigitigh trí chinneadh ceart an stádais fostaíochta a éascú trí bhíthin toimhde dhlíthiúil fostaíochta. Thairis sin, soláthraíonn sé cearta nua d'oibrithe ardáin fostaithe agus féinfhostaithe araon, rud a áirithíonn níos mó trédhearcachta, cothroime agus cuntasachta maidir le bainistiú de réir algartam. Neartaítear an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil leis an Treoir freisin.

**Mar gheall ar dhul chun cinn tapa san intleacht shaorga (IS) agus i dteicneolaíochtaí digiteacha eile, lena n-áirítear anailísíocht sonraí, domhain fhíorúla, an chibearshlándáil, an ríomhaireacht chandamach, an néalríomhaireacht agus an imeall-ríomhaireacht, tá claochluithe móra i margadh an tsaothair á spreagadh a bhfuil dlúthfhaireachán agus freagairtí beartais iomchuí ag teastáil ina leith**. Is féidir coinne a bheith leis go mbeidh tionchar aige sin ar chainníocht agus ar cháilíocht post, agus ar cháilíocht saoil oibrithe. Cé go ndeimhníonn staidéir a rinneadh le déanaí[15] go bhféadfadh príomh-ghlantionchar na hintleachta saorga ar an bhfostaíocht a bheith dearfach sa ghearrthéarma, rud a mhéadódh an t-éileamh ar na scileanna is gá chun í a fhorbairt agus a ghlacadh, ba cheart na gnóthachain fostaíochta a mheá go cúramach in aghaidh acmhainneacht na hintleachta saorga gnáthphoist a ionadú[16]. Thairis sin, murab ionann agus rabhartaí uathoibrithe roimhe seo, d'fhéadfadh IS giniúnach tionchar nach beag a imirt ar oibrithe ardoilte. Ina theannta sin, is féidir le huathoibriú trí ardteicneolaíochtaí róbataice bunaithe ar IS tionchar mór a imirt ar phróisis táirgthe agus ar sholáthar seirbhísí, agus próifílí poist a athrú agus an gá le scileanna digiteacha, anailíseacha agus boga a mhéadú an tráth céanna[17]. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm do Ghníomh an Aontais um an Intleacht

---

[12] An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre – Executive summary of the impact assessment report accompanying the proposal for a directive of the European Parliament and of the Council on improving working conditions in platform work [Achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

[13] An Coimisiún Eorpach, Study to gather evidence on the working conditions of platform workers [Staidéar chun fianaise a bhailiú maidir le dálaí oibre oibrithe ardáin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[14] Treoir (AE) 2024/2831 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, IO L 2024/2831, 11.11.2024.

[15] Féach Albanesi, S., Da Silva, A., Jimeno, J., Lamo, A., & Wabitsch, A., *New technologies and jobs in Europe*, Páipéar Oibre BCE Uimh. 2023/2831, 2023, agus Hayton, J., Rohenkohl, B., Christopher, P., Liu, HY, *What drives UK firms to adopt AI and robotics, and what are the consequences for jobs?*, Ollscoil Sussex, 2023.

[16] An Coimisiún Eorpach, Artificial Intelligence: Economic Impact, Opportunities, Challenges, Implications for Policy [Intleacht Shaorga: Tionchar Eacnamaíoch, Deiseanna, Dúshláin, Impleachtaí Beartais] (Páipéar Plé 210), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[17] Eurofound, Human–robot interaction: What changes in the workplace? [Idirghníomhaíocht idir daoine agus róbait: Cad iad na hathruithe san ionad oibre?], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

Shaorga[18] (a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024) a áirithiú go bhfuil an intleacht shaorga iontaofa, sábháilte agus i gcomhréir le cearta bunúsacha an Aontais.

**Cuireann an teilea-obair deiseanna ar fáil amhail níos mó neamhspleáchais agus solúbthachta. An tráth céanna, d'fhéadfadh an tsamhail nua oibre bunaithe ar shocruithe oibre hibrideacha cultúr 'síor-reatha' a chothú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le huaireanta oibre breise dothuartha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chothromaíocht oibre is saoil agus do shláinte agus dea-bhail oibrithe.** Tugann an fhianaise le fios, cé gur rudaí a dhéanann difear do gach oibrí iad strusairí amhail déine oibre, cur isteach ar an gcothromaíocht oibre is saoil agus obair in am saor duine, go bhfuil éifeacht níos láidre acu ar fhostaithe a dhéanann teilea-obair ná orthu siúd a oibríonn in áitreabh a bhfostóra. Tá imní, tuirse mhothúchánach, tnáitheadh de dheasca tamall fada a chaitheamh i gcruinnithe fíorúla, agus leithlisiú ar chuid de na saincheisteanna meabhairshláinte is mó a thuairiscítear i measc teilea-oibrithe[19]. Chun na rioscaí a bhaineann le cultúr 'síor-reatha' a mhaolú, d'fhéadfadh an 'ceart chun dícheangail' cuidiú le teorainneacha níos soiléire a tharraingt idir saol gairmiúil agus saol príobháideach duine, rud a chuirfeadh le sláinte, sábháilteacht agus cothromaíocht oibre is saoil oibrithe. I bhfianaise an mhéid sin, tar éis rún ó Pharlaimint na hEorpa go gcuirfí togra reachtach maidir leis an gceart chun dícheangail i láthair chomh maith le creat reachtach AE i ndáil le teilea-obair[20], sheol an Coimisiún staidéar chun fianaise a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar an mbreisluach agus ar na tionchair a bheadh ag roghanna beartais féideartha le haghaidh tionscnamh maidir le teilea-obair agus leis an gceart chun dícheangail, agus chuir sé tús le comhairliúchán foirmiúil dhá chéim.

**Cé go bhfuil méadú ag teacht arís ar rátaí dífhostaíochta i measc na hóige i bhformhór na mBallstát i measc fás eacnamaíoch níos laige, tá sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) ag laghdú i gcónaí, ach tá éagothromaíochtaí agus dúshláin inscne ann do dhaoine óga a mbaineann cúlra imirceach leo.** Tar éis dó téarnamh go seasta ó bhuaic phaindéim COVID-19, d'fhan an ráta dífhostaíochta i measc na hóige (15-24) ag 14,5 % in 2023, gan aon athrú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus fás eacnamaíoch níos laige ann. Cé gur lean rátaí de bheith ag dul i laghad i dtíortha a bhfuil leibhéil an-ard acu, rud a dhearbhaíonn treocht cóineasaithe ar fud an Aontais le 5 bliana anuas, thosaigh siad ag ardú arís i roinnt mhaith tíortha eile. An tráth céanna, tá an ráta dífhostaíochta i measc na hóige fós níos mó ná dhá oiread níos airde ná an ráta foriomlán dífhostaíochta, agus tá sé forleathan go háirithe i measc daoine óga a bhfuil cáilíochtaí ísle acu agus i measc daoine a rugadh lasmuigh den Aontas. Ar an taobh dearfach, leanann an sciar de NEETanna de bheith ag laghdú, tar éis 11,2 % a bhaint amach in 2023. Tá an treocht sin i gcomhréir leis an méadú atá ag teacht ar rannpháirtíocht na hóige sa

[18] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), IO L 2024/1689, 12.7.2024.

[19] An Coimisiún Eorpach, Study exploring the social, economic and legal context and trend of telework and the right to disconnect, in the context of digitalisation and the future of work, during and beyond the COVID-19 pandemic [Staidéar lena ndéantar iniúchadh ar chomhthéacs sóisialta, eacnamaíoch agus dlíthiúil agus ar threocht na teilea-oibre agus an chirt chun dícheangail, i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus thodhchaí na hoibre, le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[20] P9_TA (2021)0021 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 le moltaí don Choimisiún maidir leis an gceart chun dícheangail (2019/2181(INL)).

mhargadh saothair, rud a léiríonn roinnt comharthaí cóineasaithe ar fud an Aontais. Mar sin féin, tá rátaí NEET i measc na hóige fós níos airde (faoi 2,4 pointe céatadáin) i gcás na mban ná i gcás na bhfear, agus i gcás na ndaoine nár rugadh san Aontas ná i gcás an duine a rugadh ina thír ghnáthchónaithe (faoi 9,3 pointe céatadáin). Cuireann sé sin uile i dtábhacht gur gá gníomhaíocht leanúnach a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshláin struchtúracha a chuireann bac ar dhul chun cinn daoine óga i margadh an tsaothair, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, ganntanas forleathan saothair agus scileanna, agus na rioscaí fadtéarmacha dá n-ionchais ghairme de dheasca moill ar a n-imeascadh i margadh an tsaothair. I bhfianaise an mhéid sin, tacaíonn an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg le NEETanna trí fhostaíocht ardcháilíochta, breisoideachas, printíseachtaí nó tréimhsí oiliúna a sholáthar laistigh de 4 mhí ó thagann siad chun bheith dífhostaithe nó ó fhágann siad an t-oideachas foirmiúil[21].

**Le tacaíocht shaincheaptha, d'fhéadfaí neartú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn grúpaí faoi ghannionadaíocht san Aontas rannpháirteach sa mhargadh saothair**

Dá ndéanfadh na Ballstáit a bhfuil **a sciartha de dhaoine sa lucht saothair níos ísle ná meán an Aontais i gcás foghrúpaí sonracha an meánleibhéal rannpháirtíochta sna foghrúpaí AE faoi seach a mhéadú** faoi 2030, bheadh:

- **3,6 milliún bean breise**,
- **2,9 milliún duine breise a bhfuil oideachas meánscoile acu,**
- **agus 2,2 milliún oibrí scothaosta breise,**

faoi seach, i margadh an tsaothair.

Rannchuidiú féideartha na ngrúpaí éagsúla den daonra le sciar comhiomlán na ndaoine i lucht saothair an Aontais faoi 2030 (i milliúin)




*Tabhair faoi deara:* Ionsamhlú ar sciar 2030 an Aontais de dhaoine sa lucht saothair má bheireann na Ballstáit ina bhfuil an sciar de dhaoine sa lucht saothair faoi bhun an mheáin in aghaidh an fhoghrúpa suas le meán fhoghrúpa an Aontais, cé go nglactar leis go bhfanann sciartha comhchosúla i gcás na bhfoghrúpaí eile seasmhach. Leis an ríomh sin, ní chuirtear san áireamh aon fhorluí ná aon chomhaireamh dúbailte a d'fhéadfadh a bheith idir grúpaí agus níor cheart a thuiscint gur réamhaisnéis atá ann.
*Foinse:* Ríomhanna AS-EMPL, bunaithe ar shonraí Eurostat agus réamh-mheastacháin EUROPOP2023.

**Cé go bhfuil méadú mór tagtha ar rátaí fostaíochta daoine scothaosta ó bhí 2009 ann, tá éagsúlacht mhór ann i gcónaí ó Bhallstát go chéile.** D'ainneoin feabhsuithe a rinneadh le déanaí, tá coinne leis go méadóidh aosú an daonra spleáchas eacnamaíoch san Aontas agus go mbeidh tionchar diúltach aige ar iomaíochas fadtéarmach agus ar acmhainneacht fáis eacnamaíoch in éagmais gníomhaíochta beartais. Faoi 2045, in aghaidh gach deichniúr pinsinéirí, ní bheidh ach 16 oibrí ann, síos ó 22 in 2022, agus d'fhéadfadh sé sin laghdú a

[21] Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

thuilleadh go 14 faoi 2070[22]. I bhfianaise sochaithe atá ag dul in aois, tá tábhacht ar leith ag baint le rannpháirtíocht daoine scothaosta sa mhargadh saothair agus le haosú gníomhach, go háirithe i bhfianaise na nganntanas mór saothair. In 2023, shroich ráta fostaíochta na ndaoine scothaosta (55-64) 63,9 %, beagnach 20 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí in 2009, agus léirigh ráta fostaíochta na mban gnóthachain níos láidre. Cé go raibh an méadú ar fhostaíocht daoine scothaosta níos mó ná ceithre huaire níos airde ná mar a bhí i gcás an daonra san aoisghrúpa príomha (25-54), d'fhan a ráta fostaíochta 18 bpointe céatadáin níos ísle, rud a chuireann i dtábhacht go bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. Ba é an príomhrud ba chúis leis an bhfás a taifeadadh an méadú ar choinneáil poist seachas fostú nua, rud a d'fhan íseal le linn na tréimhse sin. Go sonrach, is gnách go bhfanann daoine scothaosta a bhfuil leibhéil oideachais níos airde acu níos faide i margadh an tsaothair, agus is dóichí go n-imeoidh daoine a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle acu go luath uaidh. Is príomhthosca iad drochdhálaí oibre – idir dhálaí fisiceacha agus síceolaíocha – a spreagann an luathscor agus a chuireann bac ar athiontráil sa mhargadh saothair[23]. Ina theannta sin, tá breoiteacht nó míchumas ina gcúiseanna tábhachtacha le fanacht lasmuigh den lucht saothair mar aon le freagrachtaí cúraim, tosca a bhaineann leis an áit oibre agus bacainní institiúideacha, amhail rialacháin slándála sóisialta agus pinsin, ar gá dul i ngleic leo chun caoi a thabhairt do rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis an mbosca uirlisí déimeagrafaíochta.

**Cuireann na bearnaí fostaíochta agus pá idir na hinscní le neamhionannais inscne mharthanacha i margadh an tsaothair agus níl ach comharthaí measartha cóineasaithe ann.** In 2023, ba í 10,2 pointe céatadáin an bhearna fostaíochta idir na hinscní san Aontas. Tháinig laghdú beag ar an mbearna sin le blianta beaga anuas, rud a léiríonn méadú níos láidre ar fhostaíocht na mban, ach tá an bhearna sin mór i gcónaí agus tá éagothromaíochtaí móra ann ó Bhallstát agus ó réigiún go chéile. I bhfianaise obair pháirtaimseartha a bheith níos forleithne i measc na mban (beagnach ceithre huaire níos airde ná i gcás na bhfear), leathnaíonn an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus é sin á chur san áireamh (go 15,7 pointe céatadáin 'i gcoibhéis lánaimseartha'). Tá bearnaí fostaíochta idir na hinscní níos leithne fós i gcás daoine a bhfuil leanaí acu, óir imríonn an tuismíocht tionchar níos mó ar ghairmeacha ban ná ar ghairmeacha fear. I bhformhór na dtíortha, is léir sin sna rátaí fostaíochta atá níos ísle do mhná agus san obair pháirtaimseartha atá níos coitianta i measc na mban. Ar deireadh, cé gur laghdaigh an bhearna phá idir na hinscní le 10 mbliana anuas, tá sí fós substaintiúil i bhformhór na mBallstát. Ba é 12,7 % ar an meán an bhearna a bhí ann don Aontas in 2022. Tá bearnaí pá bunaithe, i measc tosca eile, ar dhifríochtaí inscne i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus i ngairmeacha beatha, ar ghannionadaíocht na mban i bpoist shinsearacha, ar a ró-ionadaíocht i gcineálacha fostaíochta páirtaimseartha agus neamhbhuana, ar dheacrachtaí maidir le hobair a thabhairt chun réitigh le freagrachtaí cúraim, agus ar idirdhealú agus struchtúir phá neamh-thrédhearcacha. Le himeacht ama, fágann comhiomlánú na mbearnaí tuillimh sin (arna ndéanamh níos measa ag sosanna gairme ar son cúraim) go mbíonn bearnaí móra idir na hinscní ó thaobh pinsin de. Dá bhrí sin, tá deis ann gníomhaíocht bheartais leanúnach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar sholáthar agus inrochtaineacht oideachais agus cúraim luath-óige agus cúraim fhadtéarmaigh

[22] An Coimisiún Eorpach, 2024 Ageing Report [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[23] Féach: Eurofound, Keeping older workers engaged: Policies, practices and mechanisms [Oibrithe scothaosta a choimeád fostaithe: Beartais, cleachtais agus sásraí], Páipéar Oibre Eurofound, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

inacmhainne ar ardchaighdeán, chomh maith le feidhmiú an chórais cánach chun dreasachtaí níos fearr a chruthú, agus i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis Eorpach um chomhionannas inscne 2020-25, sna Moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige (lena n-áirítear spriocanna nua Barcelona) agus maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán[24].

**Mar gheall ar mheathlú bunscileanna i measc daltaí Eorpacha, mar aon le ganntanais leanúnacha múinteoirí, tá an baol ann go ndéanfar difear do tháirgiúlacht saothair, d'iomaíochas agus do chomhtháthú sóisialta.** Feidhmíonn bunscileanna mar bhunchlocha a chuireann ar a gcumas do dhaoine dul i ngleic le castachtaí an tsaoil, leanúint den fhoghlaim níos déanaí sa saol agus rannchuidiú go fóinteach leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar. Tacaíonn siad le táirgiúlacht saothair agus leis an luas nuálaíochta a theastaíonn le haghaidh an aistrithe dhigitigh. Leis na torthaí ó Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) 2022, léiríodh go bhfuil bunscileanna in easnamh ag beagnach duine as gach triúr atá 15 bliana d'aois agus nach mbaineann siad amach an t-íosleibhéal inniúlachta sa mhatamaitic, agus gurb é an cás céanna ag duine as gach ceathrar maidir leis an léitheoireacht agus an eolaíocht. Sa lá atá inniu ann, tá an tAontas ag imeacht níos faide óna sprioc maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais, is é sin nach mbeidh tearcghnóthachtáil i gceist ach le 15 % ar a mhéad de dhaoine 15 bliana d'aois faoi 2030. Ba sa mhatamaitic a bhí an meath ba ghéire (-6,6 pointe céatadáin ó bhí 2018 ann). Tá laghdú tagtha ar an mbarrfheidhmíocht ar bhonn uilechoiteann freisin agus baineann an treocht chun donais leis an dáileadh socheacnamaíoch ina iomláine, rud a léiríonn mórdhúshláin fhoriomlána i bhforbairt bunscileanna. An tráth céanna, ós minice a fheictear tearcghnóthachtáil i measc mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste, tá neamhionannais oideachais tar éis leathnú a thuilleadh. Bíonn beagnach leath (48 %) de mhic léinn faoi mhíbhuntáiste ag tearcghnóthachtáil sa mhatamaitic, tar éis méadú mór ó 38,2 % in 2018. Sa chomhthéacs sin, tá an baol ann go gcuirfidh an easpa leanúnach múinteoirí cáilithe ar fud an Aontais, rud a chuaigh in olcas le blianta beaga anuas mar gheall ar phaindéim COVID-19, i measc nithe eile, leis an dúshlán a bhaineann le feabhas a chur ar bhunscileanna daoine óga. An tráth céanna, léiríonn torthaí an Staidéir Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS) 2023 nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith nó nach bhfuil ach scileanna digiteacha teoranta ag 43 % de dhaoine idir 13-14 bliana d'aois. Léiríonn na treochtaí sin is déanaí go bhfuil gá le hiarrachtaí athnuaite feabhsaithe lena gcuirfear leis na tionscnaimh atá ann cheana agus lena gcuirfear borradh breise faoi chur chun feidhme an Mholta maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile[25].

[24] Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona le haghaidh 2030 2022/C 484/01 agus Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán 2022/C 476/01.

[25] Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile agus lena n-ionadaítear an Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú 2022/C 469/01.

**Leanann bunscileanna dhaltaí na hEorpa de bheith ag dul in olcas**

**Tháinig méadú den chuid is mó** ar rátaí tearcghnóthachtála **sa mhatamaitic** (**+ 6,6 pointe céatadáin**) agus **sa léitheoireacht** (**+ 3,7 pointe céatadáin**), agus méadú níos measartha ar an tearcghnóthachtáil san **eolaíocht** (**+ 1,9 pointe céatadáin**)

Tháinig laghdú ar an **ráta barrfheidhmíochta** : **-3.1 pointe céatadáin sa mhatamaitic** agus **-1,6 pointe céatadáin** sa **léitheoireacht**, agus tháinig méadú beag air san **eolaíocht** (**+ 0,6 pointe céatadáin**)

Sciar na mac léinn nach bhfuil in ann tagarmharc inniúlachta íosta Leibhéal 2 PISA a bhaint amach (%)




*Tabhair faoi deara:* Ní mór a bheith cúramach agus luach 2022 an Aontais á léirmhíniú: níor chomhlíon an Danmhairg, Éire, an Laitvia ná an Ísiltír caighdeán samplála PISA amháin nó níos mó (féach ECFE, Torthaí PISA 2022 (Imleabhar 1), A2 agus A4). Tá sonraí 2012 in easnamh i gcás Mhálta.
*Foinse:* ECFE, PISA 2012, 2015, 2018, 2022, ríomhanna AS EAC.

**Cé gur tháinig feabhas ar luathfhágáil na scoile, ar ghnóthachtáil ardoideachais agus ar thorthaí chéimithe an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna i margadh an tsaothair, tá dúshláin fós ann a bhaineann le córais oideachais agus oiliúna, amhail difríochtaí réigiúnacha, bearnaí idir na hinscní, neamhionannais shóisialta agus soláthar neamhleor céimithe ó réimsí ETIM.** Tháinig laghdú beag ar luathfhágáil na scoile san Aontas ó bhí 2022 ann, rud a rinne difear do 9,5 % de dhaoine 18-24 bliana d'aois in 2023 (2,3 pointe céatadáin níos ísle ná 10 mbliana ó shin). Mar sin féin, níl aon chomhartha ann go bhfuil cóineasú aníos ann i measc na mBallstát. Is mó i bhfad an seans go mbeidh fir óga ina luathfhágálaithe. Cé go leanann an treocht dhearfach le 10 mbliana anuas i gcás cailíní, is cosúil go bhfuil loicthe air i gcás buachaillí. Thairis sin, is mó seans go bhfágfaidh daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas, Romaigh óga agus daoine óga faoi mhíchumas an t-oideachas agus an oiliúint go luath. Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun a sprioc maidir le gnóthachtáil oideachais threasaigh a bhaint amach, tar éis méaduithe i ngach Ballstát seachas trí cinn le 5 bliana anuas. In 2023, bhí céim threasach ag 43,1 % de dhaoine 25-34 bliana d'aois san Aontas, rud a fhágann gurb é an leibhéal gnóthachtála is coitianta i measc daoine fásta óga é (cé gur dóchúla i bhfad go mbeadh céim threasach ag mná óga ná ag fir). Is ann fós do dhifríochtaí idir na hinscní ó thaobh roghanna ábhair de (e.g. is iad na mná atá i réim san oideachas agus i réimse na sláinte, agus is iad na fir atá i réim in TFC agus san innealtóireacht). Ós dúshlán fós é rochtain ar ardoideachas ag daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, tá an baol ann go dtreiseofar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha atá ann

cheana. Agus gnóthachtáil oideachais threasaigh ag dul i méid, tá sé tábhachtach solúbthacht agus ábharthacht margaidh saothair an ardoideachais a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, go háirithe i réimsí ETIM. Lean torthaí fostaíochta do chéimithe nua ón ngairmoideachas agus ón ngairmoiliúint (VET) de bheith ag dul chun feabhais ar fud an Aontais. Fostaíodh ceathrar as gach cúigear céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna le déanaí agus fuair beagnach dhá thrian díobh taithí in ionad oibre in 2023, rud a d'fhág go raibh rátaí fostaíochta níos airde acu ná a bpiaraí gan taithí den sórt sin (84,8 % vs 71,5 %). Mar sin féin, tá difríochtaí móra ann fós ó thír go tír, ó thaobh na foghlama obairbhunaithe de agus ó thaobh ionchais fostaíochta céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna de freisin.

**Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar scileanna daoine fásta ar mhaithe le táirgiúlacht agus iomaíochas agus chun comhtháthú sóisialta a chaomhnú agus cuimsiú mhargadh an tsaothair a fheabhsú agus chun tacú leis an dá aistriú an tráth céanna; ach tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach éagsúil go mór ó Bhallstát go chéile agus idir grúpaí daonra.** Fuarthas i suirbhé Eorabharaiméadair ó mhí na Bealtaine 2023 ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)[26] gur thuairiscigh níos mó ná leath de FBManna go raibh deacrachtaí acu teacht ar oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu agus chuir thart ar an gceathrú cuid díobh (26 %) in iúl go raibh sé sin 'measartha deacair'. Coinníonn sé sin beagnach dhá thrian díobh siar ina ngníomhaíochtaí gnó ginearálta. An tráth céanna, léiríonn torthaí le déanaí ó Chlár ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí an Duine Fásta (PIAAC)[27] gur tháinig feabhas ar inniúlacht litearthachta i measc daoine fásta (15-64) i gcúig cinn de na fiche Ballstát rannpháirteach le 10 mbliana anuas, agus gur éirigh sí marbhánta nó tháinig laghdú suntasach uirthi i bhformhór na mBallstát (dhá cheann déag). Maidir le hinniúlacht uimhearthachta, tugann na torthaí léargas beagán níos fabhraí óir tháinig méadú ar fheidhmíocht deich mBallstát, agus níorbh amhlaidh ach i gcás sé cinn acu gur éirigh inniúlacht daoine fásta marbhánta nó gur tháinig laghdú suntasach uirthi. Thairis sin, in 2023, sháraigh deich gcinn de na Ballstáit rannpháirteacha an meán go mór nó bhí siad thart ar an meán maidir lena n-inniúlacht fadhbanna a réiteach go hoiriúnaitheach. Sa chomhthéacs sin, agus aghaidh á tabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna agus ar aosú an daonra, tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht leathan san fhoghlaim aosach a chothú chun a áirithiú go gcoimeádfar scileanna lucht saothair an Aontais cothrom le dáta. Mar sin féin, léiríonn figiúirí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach (SOA) le déanaí nach bhfuil ach méadú beag tagtha ar rátaí rannpháirtíochta san fhoghlaim aosach (gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh) le 12 mhí anuas, ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022 don Aontas, agus éagothromaíochtaí móra ann ó Bhallstát go chéile. Chomh maith leis sin, tá an dul chun cinn maidir le scileanna digiteacha mall ar an iomlán, agus tá éagothromaíochtaí móra ann idir tíortha. D'ainneoin gur bhain níos mó ná 90 % de dhaoine san Aontas úsáid as an idirlíon uair sa tseachtain ar a laghad in 2023[28], ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 55,6 % díobh, rud nach léiríonn ach méadú beag ó 2021 (53,9 %). Ar an luas atá ann faoi láthair, ní bheadh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 59,8 % de dhaoine fásta faoi

[26] Féach an Coimisiún Eorpach, Flais-Eurobharaiméadar 529 – *Skills shortages, recruitment and retention strategies in small and medium-sized enterprises [Ganntanais scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

[27] ECFE, Do Adults Have the Skills They Need to Thrive in a Changing World?: Survey of Adult Skills 2023 [An bhfuil na scileanna ag daoine fásta a theastaíonn uathu chun bheith rathúil i ndomhan atá ag athrú? Suirbhé 2023 ar scileanna daoine fásta], Staidéar Scileanna ECFE, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2024. Arna fháil tar éis a fhoilsithe an 10 Nollaig 2024.

[28] Féach an Coimisiún Eorpach, Digitalisation in Europe – 2024 edition [Digitiú san Eoraip – eagrán 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

dheireadh na deacáide, i bhfad faoi bhun sprioc 80 % an Aontais[29]. Tá rannpháirtíocht i bhforbairt scileanna ar feadh an tsaoil ríthábhachtach go háirithe i gcás daoine a bhfuil cáilíochtaí ísle acu (i.e. oideachas meánscoile sóisearach ar a mhéad), i gcás daoine dífhostaithe, dóibh siúd lasmuigh den lucht saothair agus i gcás daoine scothaosta, arb iad na daoine an tráth céanna is mó a mbeadh gá acu léi. I bhfianaise an mhéid sin, iarradh i gClár Oibre Scileanna don Eoraip 2020 go méadófaí uas-sciliú agus athsciliú go mór. Ina theannta sin, leis an Moladh ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair, leagtar amach conas is féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a chomhcheangal ar bhealach éifeachtach chun daoine fásta a chumasú chun a scileanna a fhorbairt ar feadh a saoil oibre ar fad[30]. Bunaithe ar an Moladh ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr, tá ról tábhachtach ag na micridhintiúir i ndáil leis sin freisin, ós rud é go bhféadfaidís rannpháirtíocht oibrithe agus cuardaitheoirí poist in uas-sciliú agus athsciliú spriocdhírithe a spreagadh[31].

**Saintréith den rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach is ea éagsúlacht mhór idir grúpaí daonra**

Bhí **58,9 %** de dhaoine fásta ardoilte **rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain**, i gcomparáid le **18,4 %** agus an méid sin amháin de dhaoine fásta ar bheagán oiliúna

Ní raibh ach **26,8 % de dhaoine dífhostaithe** rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain i gcomparáid le **44,7 % de dhaoine fostaithe**

**Bhí beagnach gach dara duine fásta óg** (25-34) rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain, vs **níos lú ná an tríú cuid** de dhaoine 55-64 bliana d'aois

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas de réir foghrúpa (25-64 bliana d'aois, gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh, %)




*Tabhair faoi deara:* I mí Dheireadh Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú maidir leis an gcreat faireacháin le haghaidh na sprice i dtaobh scileanna, agus úsáid á baint as SOA gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh go fóill.

*Foinse:* Ó Eurostat special extraction of the adults' participation rate in learning during the past 12 months without guided on the job training (GOJT), from the Adult Education Survey [eastóscadh speisialta de ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach].

[29] Féach an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Staid na Deacáide Digití 2024 (COM(2024) 260 final).

[30] Féach: *COUNCIL RECOMMENDATION of 16 June 2022 on individual learning accounts 2022/C 243/03* [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03].

[31] Féach: *COUNCIL RECOMMENDATION of 16 June 2022 on a European approach to micro-credentials for lifelong learning and employability 2022/C 243/02* [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (2022/C 243/02)].

**Thosaigh an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) ag fás arís san Aontas in 2023 agus 2024, rud a chuidigh le teaghlaigh cumhacht ceannaigh a aisghabháil agus le méaduithe ar bhochtaineacht a chosc.** Ar an iomlán, thosaigh fíorioncaim teaghlaigh ag fás níos tapúla ná OTI in R2-2023, rud a d'aisiompaigh treocht mhoillithe an 2 bhliain roimhe sin. Cé go bhfuil luas measartha faoin méadú atá ag teacht ar phá daoine féinfhostaithe, tháinig méadú níos tapúla ar phá fostaithe in R4-2023 agus R1-2024. Chúitigh sé sin éifeacht na gcánacha agus tuilleadh lena chois, rud a thosaigh ag cur bac ar fhás ioncaim ag deireadh 2023, tar éis dó rannchuidiú go dearfach i gcaitheamh na bliana roimhe sin, go háirithe mar thoradh ar bhearta sealadacha a bhaineann le boilsciú. Rannchuidigh glansochair shóisialta go dearfach go pointe sa chéad leath de 2024.

**Tháinig laghdú beag ar an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas in 2023, a bhuí freisin le gníomhaíocht chinntitheach beartais a rinneadh chun éifeachtaí sóisialta diúltacha an ardchostais mhaireachtála a mhaolú, ach tá dúshláin fós ann agus difríochtaí móra ó réigiún go chéile**. Mar sin féin, bhí thart ar dhuine as gach cúigear fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) in 2023 san Aontas, agus tháinig laghdú thart ar 1,6 milliún ar an líon foriomlán i gcomparáid le 2019 (in aghaidh sprioc le haghaidh 2030 go mbeadh laghdú 15 mhilliún ar a laghad ann). Ba mhór an ilchineálacht idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus na héagothromaíochtaí idir grúpaí daonra, agus b'airde na rioscaí bochtaineachta i gcás leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine nár rugadh san Aontas agus na Romach. Le tobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d'ioncaim 2023, léirítear gur fhan rátaí AROP cobhsaí san Aontas ar an meán agus i bhformhór na mBallstát. Bhí an easpa fostaíochta fós ina príomhchúis le bochtaineacht, agus níor shroich sochair shóisialta gach teaghlach a bhí ina ngátar. Tháinig laghdú beag ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta in 2023, agus bhí roinnt éagsúlachta idir na Ballstáit, rud a chuir i dtábhacht a thábhachtaí atá sé iarrachtaí a neartú a thuilleadh chun tacaíocht agus cumhdach leordhóthanach ioncaim a áirithiú. D'ainneoin feabhsuithe le blianta beaga anuas, i mbeagnach gach Ballstát, ní leor an tacaíocht ioncaim íosta go ginearálta chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht. Tá sé ríthábhachtach an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta a chur chun feidhme chun cuimsiú gníomhach a áirithiú i ngach Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin[32]. Tháinig méadú ar bhochtaineacht fuinnimh (arna tomhas de réir an sciar de dhaoine nach raibh in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor) don dara bliain as a chéile in 2023 san Aontas. Ó tharla go raibh an méadú níos ísle ná mar a bhí in 2022, agus go raibh an suaitheadh praghsanna i bhfad níos airde i ngeimhreadh 2022 ná mar a bhí i ngeimhreadh 2021, is cosúil gur mhaolaigh na bearta tacaíochta eisceachtúla a rinne an tAontas agus a Bhallstáit an tionchar go héifeachtach. Tá tábhacht ar leith ag baint le measúnuithe ar thionchar dáileach athchóirithe agus infheistíochtaí chun tionchair ar rioscaí bochtaineachta agus ar neamhionannas ioncaim a chur san áireamh agus chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas *ex ante*.

[32] *Council Recommendation on adequate minimum income ensuring active inclusion (2023/C 41/01)* [Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (2023/C 41/01)].

**Tá rátaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta éagsúil go mór ó aoisghrúpa go haoisghrúpa, agus is minic gurb iad na leanaí is mó atá i mbaol, agus déanann siad difear freisin don lucht oibre**

**Bhí duine amháin as cúigear** agus **leanbh amháin as ceathrar i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta** san Aontas in 2023

**Tá duine as gach 12 oibrí i mbaol bochtaineachta** san Aontas in 2023

Rátaí riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta – iomlán agus de réir aoisghrúpa faoi bhun agus os cionn 18; ráta bochtaineachta an lucht oibre (18+) (%)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh sa tsraith i gcás 2020. Luachanna measta le haghaidh 2015-2019 i gcás daoine fostaithe atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta (18 mbliana d'aois nó níos sine)
*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], [ilc_li02], [ilc_li04], staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála.

**An sciar de leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas, d'fhan sé cuibheasach cobhsaí ach tháinig laghdú beag ar a líon in 2023, agus chuaigh cás na ndaoine faoi mhíchumas níos faide in olcas.** I mbliana, den chéad uair ó bhí paindéim COVID-19 ann, tháinig laghdú beag ar an líon leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas (19,9 milliún vs thart ar 20 milliún in 2022). Bhí beagnach leanbh amháin as gach ceathrar san Aontas fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus tháinig méadú 0,6 milliún ar an líon iomlán i gcomparáid le 2019, tar éis imeacht ó sprioc 2030 an Aontais laghdú 5 mhilliún ar a laghad a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach leanaí a thabhairt slán as an mbochtaineacht agus as an eisiamh sóisialta chun cabhrú leo a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach sa tsochaí agus i margadh an tsaothair agus timthriall na bochtaineachta idirghlúine a bhriseadh. Baineann príomhthábhacht leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[33] a chur chun feidhme sna Ballstáit uile chuige sin. Tá rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta fós ard i gcás daoine faoi mhíchumas freisin. Bhí an ráta AROPE i gcás an dara ceann (ag 28,8 % in 2023) 10,8 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí i gcás an chuid eile den daonra in 2023. Tá bearna mhór fós ó thaobh rátaí fostaíochta de idir daoine faoi mhíchumas agus iad siúd nach bhfuil faoi mhíchumas, agus an dóchúlacht mhéadaithe go bhfágfaidh daoine faoi mhíchumas an t-oideachas go luath, tá sí nasctha go dlúth leis na rioscaí bochtaineachta níos airde a thuairiscítear a bheith ag baint leo.

[33] *Council Recommendation (EU) 2021/1004 of 14 June 2021 establishing a European Child Guarantee (OJ L 223, 22.62021, p. 14-23)* [Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lgh. 14–23)].

**Caitheann teaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht sciar mór dá n-ioncam indiúscartha ar chostais tithíochta, agus tá éagsúlacht mhór ann sin ó Bhallstát go chéile**

In 2023, i **níos mó ná aon trian de na Ballstáit**, caitheann teaghlaigh **thart ar an gcúigiú cuid dá n-ioncam indiúscartha, nó níos mó ná sin, ar chostais tithíochta**

**Bhí teaghlaigh i mbaol bochtaineachta dhá oiread níos mó faoi ró-ualach costas tithíochta** i mbeagnach gach Ballstát

Sciar na gcostas tithíochta d'ioncam indiúscartha teaghlaigh, 2023 (%)




*Foinse:* Eurostat [ilc_mded01].

**Príomhthosaíocht de chuid an Aontais is ea go mbeidh rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta ar ardchaighdeán acu siúd atá ina ngátar.** Tá rochtain ar thithíocht ríthábhachtach chun cosaint a thabhairt ar rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus chun rochtain ar oideachas agus ar fhostaíocht a chinneadh, agus imríonn sí tionchar freisin ar shoghluaisteacht a bhaineann leis an obair laistigh de na Ballstáit agus i Margadh Aonair an Aontais. Bíonn tionchar ag costais tithíochta ar bhuiséid theaghlaigh an Aontais, go háirithe orthu siúd a bhfuil rioscaí bochtaineachta ag baint leo cheana féin. Mheas beagnach leath de theaghlaigh an Aontais gur 'ualach airgeadais' iad in 2023. An tráth céanna, bhí suas le 8,9 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i dteaghlach a chaith níos mó ná 40 % dá n-ioncam indiúscartha teaghlaigh iomlán ar chostais tithíochta iomlána, i.e. teaghlach a bhfuil ró-ualach air maidir le costas tithíochta. Is é 33,5 % an ráta sin i gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta cheana féin. Tháinig meath ar inacmhainneacht tithíochta mar gheall ar mhéaduithe ar chíosanna agus ar phraghsanna réadmhaoine a bhí ní ba mhó ná an méadú ioncaim, go háirithe i gcathracha móra an Aontais. Chomh maith leis sin, ní leor an soláthar tithíochta sóisialta i roinnt mhaith tíortha chun na riachtanais a chumhdach, mar a bhfuil an stoc tithíochta ag dul i laghad agus liostaí feithimh fada. Na bacainní is tábhachtaí ar infheistíocht i dtithíocht shóisialta, baineann siad le bacainní foriomlána san earnáil tógála, amhail nósanna imeachta ceadaithe agus úsáide talún; srianta buiséid, rochtain ar mhaoiniú agus lucht saothair oilte a bheith ar fáil. Ar deireadh, ós é an dúshlán is tromchúisí maidir le rochtain ar thithíocht, is measa fós an easpa dídine mar gheall ar an gcostas méadaithe maireachtála. Thuairiscigh níos mó ná an ceathrú cuid de dhaoine idir 30 agus 54 bliana d'aois a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta go raibh deacrachtaí cíosa acu le 12 mhí anuas. Tá athchóirithe rialála agus neamhrialála agus cláir infheistíochta éagsúla curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit cheana féin chun tacú le hinacmhainneacht tithíochta agus chun a stoc tithíochta sóisialta a mhéadú. Le cistí ón Aontas, is féidir tacú le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sin.

**Meastar go dtiocfaidh méadú breise ar chostais cúraim fhadtéarmaigh, agus tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsin**

**Bhí costais neamh-in-aisíocth a as cúram fadtéarmach (CFT) níos mó ná ioncam indiúscartha airmheánach na ndaoine a bhfuil sé de dhíth orthu** sa chúigiú cuid de Bhallstáit an Aontais

**Is dócha go gcuirfidh an laghdú a bhfuil coinne leis ar rátaí athsholáthair pinsin** leis an ualach a bhaineann le costais arda CFT

Glanrátaí Athsholáthair Teoiriciúla (RATanna) Pinsin, 2022, 2062 (fir, pointí céatadáin); Costais neamh-in-aisíoctha as cúram baile fadtéarmach mar sciar den ioncam indiúscartha airmheánach (%)




*Tabhair faoi deara*: Baineann RATanna le gairmréim 40 bliain a chríochnaíonn ag aois inphinsin, meánsaothraí, 2022 agus 2062. Baineann costais neamh-in-aisíoctha CFT le duine a bhfuil dianriachtanais aige, tar éis tacaíocht phoiblí a fháil. Féach na nótaí don ghraf i mBosca 7 den Cholún chun mionsonraí modheolaíochta a fháil.

*Foinse:* Ríomhanna an Choimisiúin féin, bunaithe ar shonraí ó ECFE agus ó na Ballstáit. Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean agus anailís ECFE bunaithe ar cheistneoir cosanta sóisialta ECFE um chúram fadtéarmach, SHARE (rabharta 8, 2019, cé is móite de PT, a thagraíonn do rabharta 6, 2015) agus TILDA (rabharta 3, 2015).

**Trí chórais cosanta sóisialta a nuachóiriú, is féidir rannchuidiú le fás eacnamaíoch cuimsitheach agus le cosaint shóisialta agus seirbhísí sóisialta atá leordhóthanach inbhuanaithe.** D'ainneoin roinnt feabhsuithe le blianta beaga anuas, tá an rochtain ar chosaint shóisialta fós éagsúil ó Bhallstát go chéile. Ba cheart cur chun feidhme Mholadh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha leanúnacha[34]. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach trédhearcacht agus simpliú a áirithiú maidir le rochtain ar chosaint shóisialta. Is féidir le réitigh dhigiteacha rannchuidiú le feabhas a chur ar thrédhearcacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na rochtana ar chosaint shóisialta, ach is gá na rioscaí méadaithe a bhaineann le deighilt dhigiteach a sheachaint. I sochaí atá ag dul in aois, chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach na bpinsean agus an chúraim fhadtéarmaigh (CFT) a áirithiú, tá gá le meascán leathan beartais, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh in aosú gníomhach folláin, saol oibre a fhadú, agus tacú le socruithe oibre oiriúnaithe agus solúbtha, in éineacht le córais éifeachtacha agus éifeachtúla maidir le pinsin agus CFT. Cruthaíonn neamhionannais shocheacnamaíocha, chomh maith leis an méadú ar chineálacha neamhchaighdeánacha oibre, dúshláin níos mó agus fad saoil daoine ag dul i bhfad. Cé go meastar go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsin[35] sa 40 bliain amach romhainn, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar riachtanais CFT. Beidh pinsin leordhóthanacha ag brath níos mó agus níos mó ar ghairmeacha níos faide. An tráth céanna, d'fhágfadh pinsin níos ísle go mbeadh sé níos deacra caiteachas neamh-in-aisíoctha ar CFT a

[34] Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe 2019/C 387/01.

[35] Le rátaí athsholáthair teoiriciúla tomhaistear an chaoi a gcuirfí ioncam pinsin pinsinéara hipitéisigh sa chéad bhliain tar éis dul ar scor dó i gcomparáid lena thuilleamh díreach roimh dhul ar scor.

chumhdach. D'fhéadfadh an ceann deireanach sin a bheith an-ard i gcás daoine a bhfuil dianriachtanais chúraim acu, ach tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile. San fhadtéarma, mar thoradh ar fhorbairtí déimeagrafacha, meastar go dtiocfaidh méadú 6,6 milliún duine a bhféadfadh cúram fadtéarmach a bheith de dhíth orthu faoi 2050[36], rud a chuirfidh leis na dúshláin struchtúracha atá ann faoi láthair maidir le hinfhaighteacht, inacmhainneacht agus cáilíocht CFT. I bhfianaise an mhéid sin, leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán[37], iarrtar ar na Ballstáit seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh leordhóthanacha a áirithiú, chomh maith le fostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma in earnáil an chúraim, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais scileanna oibrithe agus tacaíocht do chúramóirí neamhfhoirmiúla freisin. Athdhearbhaítear sna Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2024 maidir le leordhóthanacht pinsean[38] gur gá tuilleadh athchóirithe a shaothrú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar rochtain agus ar ranníocaíochtaí le scéimeanna cosanta sóisialta do chách, agus trí neartú a dhéanamh ar rochtain ar chúram sláinte agus cúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán. Thairis sin, athdhearbhaítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis na dúshláin i ndáil le hinbhuanaitheacht fhioscach a eascraíonn as an aosú gur gá aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na hiarmhairtí eacnamaíocha agus buiséadacha a bhaineann leis an aosú, lena n-áirítear trí airgeadas poiblí fónta a ghlacadh, trí tháirgiúlacht agus rátaí rannpháirtíochta agus fostaíochta a mhéadú, agus trí chórais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a oiriúnú[39].

**Tá idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil agus cómhargáil ríthábhachtach chun feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ganntanais saothair a mhaolú.** Ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtithe Sóisialta Val Duchesse an 31 Eanáir 2024, shínigh an Coimisiún, Uachtaránacht na Beilge, agus na comhpháirtithe sóisialta trastionscail 'Dearbhú Trípháirteach ar mhaithe le hIdirphlé Sóisialta faoi Bhláth'. Léiríonn sé sin tiomantas athnuaite chun an t-idirphlé sóisialta a neartú ar leibhéal an Aontais agus chun teacht le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá roimh ár ngeilleagair agus ár margaí saothair[40]. Tá idirphlé agus comhairliúchán tráthrialta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ríthábhachtach freisin chun beartais chuimsitheacha a mbeidh tionchar acu a sholáthar. Mar a aithnítear i nDearbhú La Hulpe 2024 maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tá ról lárnach ag an tsochaí shibhialta sa chomhrac in aghaidh an eisiaimh shóisialta agus an neamhionannais, agus maidir le beartais a bhaineann le grúpaí faoi ghannionadaíocht agus grúpaí leochaileacha. Ar leibhéal an Aontais, bíonn na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach go gníomhach sa Seimeastar Eorpach, agus bíonn malartuithe tráthrialta tuairimí agus plé téamach ann ar réimsí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo.

**Ba cheart do na Ballstáit beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta a sainaithníodh sa Tuarascáil**

[36] De réir na réamh-mheastachán ón gcás bunlíne. Féach: Ard-Stiúrthóireacht ECFIN an Choimisiúin Eorpaigh (2024), 2024 ageing report – Economic & budgetary projections for the EU Member States (2022-2070) [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú – Réamh-mheastacháin eacnamaíocha & bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022-2070)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

[37] Féach 2022/C 476/01.

[38] Féach Conclúidí ón gComhairle maidir le leordhóthanacht pinsean an 20 Meitheamh 2024, 11398/24.

[39] Féach Conclúidí ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024, 9159/24.

[40] Féach: Dearbhú Trípháirteach ar mhaithe le hIdirphlé Sóisialta Eorpach faoi Bhláth.

**Chomhpháirteach seo ar Fhostaíocht.** Go sonrach – i gcomhréir leis na Treoirlínte Fostaíochta:

- Uas-sciliú agus athsciliú na ndaoine fásta a fheabhsú chun iomaíochas a áirithiú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, oiriúnú do na hathruithe atá ag teacht ar chás agus ar ionchas an mhargaidh saothair, agus na haistrithe glasa agus digiteacha a chothú - trí úsáid uirlisí faisnéise scileanna a lánpháirtiú chomh maith; soláthar na dteidlíochtaí oiliúna aonair, amhail cuntais foghlama aonair, a neartú; agus forbairt, cur chun feidhme agus aithint micridhintiúr a chothú – i gcomhréir leis na Moltaí ón gComhairle ar chuntais foghlama aonair agus ar an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúr.
- Beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair agus acmhainneacht agus éifeachtacht na seirbhísí fostaíochta poiblí a neartú – lena n- áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach agus seirbhísí digiteacha, gairmthreoir bhreisithe, seirbhísí comhairleoireachta, faisnéis scileanna agus oiliúint foirne – d'fhonn tacú le cruthú post ardcháilíochta agus le haistrithe idir poist.
- I gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtais náisiúnta agus lánurraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, forbairtí pá a chur chun cinn lena maolaítear an caillteanas cumhachta ceannaigh, go háirithe i gcás saothraithe ar phá íseal, agus cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn freisin agus forbairtí táirgiúlachta, cruthú post ardcháilíochta agus coimirciú an iomaíochais á gcur san áireamh.
- Infhaighteacht na scéimeanna tacaíochta a áirithiú, agus iad deartha ar bhealach chun caipiteal daonna a chaomhnú agus a fhorbairt a thuilleadh trí uas-sciliú agus athsciliú atá bainteach, chun tacú le próisis athstruchtúraithe chóra i gcás inar gá, aistrithe gairmiúla a éascú agus cuidiú le nuachóiriú an gheilleagair.
- Tacaíocht a thabhairt do na hoibrithe agus na teaghlaigh is mó atá thíos leis na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta i ngeall ar an oiriúnú don athrú aeráide agus do theicneolaíochtaí nua glasa agus digiteacha, go háirithe d'oibrithe agus do theaghlaigh leochaileacha – trí sheirbhísí fostaíochta agus bearta oiliúna éifeachtacha; cláir fostaíochta agus dreasachtaí fostaíochta agus aistrithe dea-dheartha, spriocdhírithe agus faoi cheangal ama; slándáil ioncaim leormhaith in éineacht le cur chuige gníomhach i leith an chuimsithe; agus an fhiontraíocht a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.
- Soghluaisteacht laistigh den Aontas a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar oibrithe oilte ar náisiúnaigh tríú tír iad a mhealladh. Ina theannta sin, a áirithiú go n-urramófar agus go bhforfheidhmeofar cearta saothair agus sóisialta agus náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach san Aontas a threorú trí chonairí imirce dleathaí i dtreo gairmeacha ina bhfuil ganntanais, le tacaíocht ó bheartas lánpháirtithe éifeachtach, i gcomhlántacht iomlán le tallann ó laistigh den Aontas a chur chun tairbhe.
- Rialacháin a bhaineann leis an margadh saothair agus córais cánach agus sochar a oiriúnú, chun deighilt an mhargaidh saothair agus bearnaí inscne i margadh an tsaothair a laghdú agus cruthú post ardcháilíochta a chothú, lena n-áirítear laghdú féideartha ar an ding chánach go háirithe i gcás saothraithe ar phá íseal gan srian a chur ar an aistriú i dtreo poist ar phá níos airde ná ar an aistriú ar shiúl ón gcánachas saothair chuig cánacha comhshaoil.
- Timpeallachtaí oibre sláintiúla sábháilte atá oiriúnaithe go maith don obair a áirithiú.
- Cómhargáil agus idirphlé sóisialta a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le hidirphlé sóisialta a neartú, in éineacht le rannpháirtíocht thráthúil

agus bhríoch na gcomhpháirtithe sóisialta sa cheapadh beartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear i ndáil le cur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

- Féidearthachtaí daoine óga sa mhargadh saothair a fheabhsú – lena n-áirítear trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas treasach ionchuimsitheach agus ardcháilíochta chomh maith; tacaíocht seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe (lena gcuimsítear meantóireacht, treoir agus comhairleoireacht); agus printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna ardcháilíochta i gcomhréir leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg.
- Tacú le cothromas, cáilíocht agus ábharthacht margaidh saothair an ardoideachais, chomh maith le huathaitheantas frithpháirteach cáilíochtaí, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus mímheaitseálacha scileanna, lena n-áirítear tríd an líon céimithe i roinnt disciplíní ETIM a mhéadú, bearnaí idir na hinscní a laghdú agus ollscoileanna a chumhachtú chun bheith ina ngníomhaithe ar son an athraithe san aistriú glas agus san aistriú digiteach.
- An neamh-idirdhealú a áirithiú, an comhionannas inscne a chur chun cinn, feabhas a chur ar an bpríomhshruthú inscne agus rannpháirtíocht na mban agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair a neartú, trí chomhionannas deiseanna agus an dul chun cinn gairmréime a chothú, pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar chomhionann a luach agus an trédhearcacht i struchtúir phá a áirithiú, agus réiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a chur chun cinn – lena n-áirítear trí rochtain ar chúram inacmhainne ar ardchaighdeán (oideachas agus cúram luath-óige, agus cúram fadtéarmach), agus saoire a bhaineann leis an teaghlach agus socruithe solúbtha oibre do thuismitheoirí agus cúramóirí neamhfhoirmiúla eile, i gcomhréir le Straitéis Cúraim na hEorpa.
- Comhdheiseanna a chothú le haghaidh leanaí chun dul i ngleic le hardleibhéil na bochtaineachta leanaí agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní an Aontais agus acmhainní náisiúnta. Dlús a chur le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí trí oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne agus ardcháilíochta a sholáthar agus trí aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile agus ar ghanntanais múinteoirí. Tacú le rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán i gcás leanaí agus daoine óga ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair iargúlta, feabhas a chur ar a dtorthaí foghlama agus oiliúint ar gach leibhéal cáilíochta a chur chun cinn.
- Bearta cuimsitheacha a ghlacadh chun feabhas a chur ar bhunscileanna, agus ar bhonn níos leithne ar fhorbairt príomhinniúlachtaí (lena n-áirítear inniúlachtaí traschuraclaim) daltaí agus chun dul i ngleic le dúshláin struchtúracha a bhaineann le feidhmíocht agus cothromas na gcóras oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí chineálacha éifeachtacha cur chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe, trí thacú le cleachtas gairmiúil oideoirí agus ceannairí scoile, trí thimpeallachtaí foghlama tacúla a chur chun cinn, trí thacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do scoileanna agus d'fhoghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste, trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí agus trí tharraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú (trí chreataí gairme tarraingteacha a chruthú freisin, trí thacú le hoideoirí ar feadh a ngairmréime, agus trí thacú go leormhaith le múinteoirí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta).
- Borradh a chur faoi scileanna agus inniúlachtaí digiteacha daltaí agus daoine fásta ar gach aois, smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht meán cumarsáide a fheabhsú, agus an díorma tallainne digití sa mhargadh saothair a mhéadú, trí éiceachórais

oideachais dhigitigh agus oiliúna digití a fhorbairt a dtacaíonn príomhchumasóirí leo, mar shampla nascacht ardluais le haghaidh scoileanna, trealamh, agus oiliúint múinteoirí; agus tacú le hinstitiúidí a bhfuil fios gnó acu maidir le digitiú agus aird ar leith a dhíriú ar chuimsiú agus ar an mbearna dhigiteach a laghdú.

- Cosaint shóisialta leordhóthanach agus inbhuanaithe a áirithiú do chách, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta; feabhas a chur ar chosaint na ndaoine sin nach gcumhdaítear go leordhóthanach iad, mar shampla oibrithe i gcásanna oibre neamhghnáthúla lena n-áirítear obair ardáin, agus daoine féinfhostaithe; feabhas a chur ar leordhóthanacht na sochar, inaistritheacht na gceart agus ar an rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a choimirciú san am céanna; agus tacú go héifeachtach leis na daoine ar féidir leo oibriú a imeascadh i margadh an tsaothair.
- Scéimeanna íosioncaim lena dtugtar tacaíocht leordhóthanach a fhorbairt agus a neartú agus cur chuige cuimsithe ghníomhaigh a shaothrú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle ar íosioncam leordhóthanach a áirithíonn cuimsiú gníomhach; agus rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a chothú, lena n-áirítear fuinneamh, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha agus ar ioncam íseal.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchair dháileacháin athchóirithe agus infheistíochtaí ar ioncam na ngrúpaí éagsúla ar fud an daonra, i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar dáileacháin atá ag beartais na mBallstát.
- Rochtain saor in aisce agus éifeachtach ar chúram sláinte, oideachas agus cúram luath-óige, gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus scoilbhunaithe a sholáthar do na leanaí uile atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta; mar aon le rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus ar thithíocht leormhaith; i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta gaolmhara.
- Tacú le rochtain ar thithíocht ardcháilíochta inacmhainne, tithíocht shóisialta nó cúnamh tithíochta, i gcás inarb iomchuí; dul i ngleic leis an easpa dídine mar an gcineál bochtaineachta is tromchúisí; athchóiriú na tithíochta cónaithe agus sóisialta agus seirbhísí sóisialta lánpháirtithe a chur chun cinn.
- Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht an chórais cúraim sláinte lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le seirbhísí coisc agus cúraim phríomhúil, mar aon leis an acmhainneacht sláinte phoiblí, comhordú cúraim, foireann cúraim sláinte agus úsáid ríomh-Shláinte agus IS; íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú i gcás inarb ábhartha; feabhas a chur ar an gcumhdach cúraim sláinte; agus dálaí oibre níos fearr a chur chun cinn chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe sláinte.
- Soláthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardcháilíochta, inacmhainne agus inbhuanaithe a neartú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán.
- Córais phinsin chuimsitheacha agus inbhuanaithe a áirithiú lena gceadaítear ioncaim leordhóthanach do dhaoine scothaosta agus cothroime idirghlúine.

Le cistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí CSE+, CFRE, CUAC, IUTT agus STA le haghaidh infheistíochtaí agus athchóirithe incháilithe, tacaítear leis na Ballstáit gníomhaíocht beartais sna réimsí sin a mhéadú.

# CAIBIDIL 1. FORLÉARGAS AR THREOCHTAÍ AN MHARGAIDH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA, DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA 2030, AGUS PRÍOMHTHORTHAÍ COTHROMÁNACHA MAIDIR LEIS AN gCÓINÉASÚ SÓISIALTA

## 1.1 Príomhthreochtaí mhargadh an tsaothair

**D'ainneoin na timpeallachta dúshlánaí eacnamaíche in 2023, lean an fhostaíocht san Aontas de bheith ag fás go láidir i bhformhór na n-earnálacha cé go raibh sí ní ba mhoille ná an fás mór a tharla an bhliain roimhe sin.** Tháinig méadú 2,4 milliún duine ar an bhfostaíocht san iomlán go dtí 217,5 milliún duine. I bhfianaise an mhéid sin, shroich an ráta fostaíochta (aoisghrúpa 20-64 bliana[41]) 75,3 %, an ráta is airde riamh, rud a mhéadaigh a thuilleadh go 75,8 % in R2-2024. Agus ráta fáis bliantúil 1,1 % ann, filleadh ar na meáin a bhí ann roimh COVID-19 (2013-19) tar éis an téarnaimh thapa iarphaindéime in 2022 (+ 2,3 %). Bhí an fás fostaíochta réasúnta cothrom ó earnáil go chéile, idir 0,9 % agus 1,7 % i gcás fhormhór na n-earnálacha, cé is moite de roinnt eisceachtaí. Tháinig méadú 4,3 % ar earnáil TFC, rud a léiríonn a treocht láidir fhadtéarmach agus an t-aistriú digiteach leanúnach. Os a choinne sin, d'éirigh an fhostaíocht sa tionscal cuibheasach marbhánta (+ 0,1 %). Tharla an crapadh ba ghéire in earnáil na talmhaíochta, mar a raibh laghdú 1,9 %, i gcomhréir lena treocht fhadtéarmach. Tar éis d'earnáil na seirbhísí cóiríochta agus bia beagnach 18 % dá cuid oibrithe a chailleadh le linn ghéarchéim COVID-19, tháinig méadú 5,6 % uirthi in 2023 agus, dá réir sin, sháraigh sí den chéad uair an buaicphointe fostaíochta a bhí aici roimh an bpaindéim, ach san earnáil tógála níor filleadh go fóill ar na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais, d'ainneoin an fhócais mhéadaithe ar thithíocht agus ar athchóirithe glasa. Ag féachaint chun cinn, tuartar gurb é an fás fostaíochta a bheidh ann 0,8 % in 2024, 0,6 % in 2025 agus 0,5 % in 2026[42].

**Fíor 1.1.1: Ba é leathnú an lucht saothair faoi stiúir oibrithe ard-oilte agus oibrithe scothaosta ba chúis leis an bhfás fostaíochta in 2023**

Fás fostaíochta (idir 15-64 bliana d'aois) miondealaithe de réir fhás an lucht saothair agus laghdú dífhostaíochta agus de réir trasghearradh aoisghrúpaí agus leibhéil gnóthachtála oideachais




*Foinse:* Ríomhanna dílse bunaithe ar Eurostat [lfsa_agan], [lfsa_ugan], [lfsa_egaed].

[41] I gCaibidil 1, úsáidtear an t-aoisghrúpa 20-64 bliana i gcónaí le haghaidh an táscaire 'ráta fostaíochta', mura sonraítear a mhalairt.

[42] Bunaithe ar Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach (15 Samhain 2024).

**I gcomhthéacs ráta dífhostaíochta a bhí ní b'ísle ná riamh agus daonra in aois oibre a bhí ag laghdú, ba é méadú an lucht saothair an rud ba mhó ba chúis leis an bhfás fostaíochta agus chuir náisiúnaigh tríú tír agus oibrithe scothaosta go mór leis freisin.** Tar éis an ráta dífhostaíochta is ísle riamh in 2022, laghdaigh ráta dífhostaíochta an Aontais[43] 0,1 pointe céatadáin go 6,1 % in 2023 i dtéarmaí bliantúla, agus shroich sé 5,9 % i mí Mheán Fómhair 2024. Cé gurbh é laghdú na dífhostaíochta an phríomhchúis leis an bhfás fostaíochta roimh phaindéim COVID (2015-19), fágann leibhéil ísle dífhostaíochta go bhfuiltear ag díriú anois ar fhás an lucht saothair mar an phríomhfhoinse gnóthachan fostaíochta faoi láthair agus amach anseo. In 2023, ba é leathnú an lucht saothair (vs níos lú ná 8 % mar gheall ar dhífhostaíocht níos ísle) ba chúis le thart ar 92 % den fhás fostaíochta san aoisghrúpa 15-64 bliana d'aois. Ba iad oibrithe idir 25 agus 54 bliana d'aois a bhfuil oideachas treasach acu ba chúis leis an leathnú sin den chuid is mó, agus ba náisiúnaigh tríú tír iad roinnt mhaith acu, chomh maith le hoibrithe scothaosta (55-64 bliana d'aois) a bhfuil oideachas meánscoile nó treasach acu – féach Fíor 1.1.1. Tá sé sin i gcomhréir leis an méadú ar ghairmiúlú agus le hath-leithdháileadh na fostaíochta de réir a chéile ar ghairmeacha ardoilte. An tráth céanna, tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha ann laistigh de na Ballstáit, agus rátaí fostaíochta a bhíonn níos ísle go leanúnach sna réigiúin is forimeallaí agus i roinnt mhaith ceantar tuaithe.

**Tá feabhas leanúnach tagtha ar thorthaí mhargadh an tsaothair ag grúpaí faoi ghannionadaíocht, ach d'fhéadfaí feabhas mór a chur orthu fós.** Maidir le hoibrithe scothaosta, daoine óga agus daoine ar bheagán oiliúna, chomh maith le mná, náisiúnaigh tríú tír agus daoine faoi mhíchumas, leanann a rátaí fostaíochta agus a rátaí rannpháirtíochta sa lucht saothair (idir 15-64 bliana d'aois) de bheith go mór faoi bhun mheán an Aontais faoi seach (75,3 % agus 75,0 % in 2023). Thairis sin, tá rátaí dífhostaíochta daoine óga, daoine ar bheagán oiliúna agus náisiúnach tríú tír thart ar dhá oiread mheán an Aontais. Mar sin féin, tá feabhsuithe le sonrú ar bheagnach gach grúpa. Tháinig méadú gasta ar rannpháirtíocht an daonra 55-64 bliana d'aois sa mhargadh saothair, a leathnaigh níos tapúla ná aon aoisghrúpa eile le 20 bliain anuas, agus shroich sé 67,0 % in 2023, agus ba é a spreag an méadú sin go páirteach ionchas méadaithe saoil, cúram sláinte feabhsaithe agus aoiseanna scoir níos airde. Tháinig méadú ar a ráta fostaíochta freisin go 63,9 % in 2023, agus tháinig méadú faoi dhó nach mór ar a sciar den fhostaíocht iomlán (ó 10 % in 2003 go gar do 20 % in 2023). In 2023 d'fhill rannpháirtíocht daoine óga (15-24 bliana d'aois) sa lucht saothair (41,2 %) agus a rátaí fostaíochta (35,2 %) ar na leibhéil a bhí ann roimh ghéarchéim airgeadais 2008, agus shroich an ráta daoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEETanna, 15-29) 11,2 %, arb é an ráta is ísle riamh. Thairis sin, lean bearnaí rannpháirtíochta agus fostaíochta idir na hinscní dá dtreocht fhadtéarmach anuas in 2023, ag 10,4 agus 10,2 pointe céatadáin ar an iomlán anois, ach tá siad fós breis agus dhá oiread níos mó i gcás náisiúnaigh tríú tír agus daoine ar bheagán oiliúna. Is ag daoine a bhfuil oideachas treasach acu atá an ráta fostaíochta is airde ar fad (86,3 % in 2023) agus leanann siad de bheith ag rannchuidiú go mór le fás fostaíochta[44], agus tacaíonn méadú a sciar den daonra leis sin. Mar sin féin, tháinig méadú ar rátaí fostaíochta ar fud na leibhéal oideachais uile in 2023, agus tháinig laghdú ar an mbearna idir rátaí fostaíochta daoine (25-64 bliana d'aois) a bhfuil torthaí oideachais arda agus ísle acu go dtí 28,0 pointe céatadáin, rud atá fós suntasach. Le 2 bhliain anuas, tá méadú thar a bheith

[43] I gCaibidil 1, úsáidtear an t-aoisghrúpa idir 15-74 bliana i gcónaí le haghaidh an táscaire 'ráta dífhostaíochta', mura sonraítear a mhalairt.

[44]Fás fostaíochta + 3.1 % le haghaidh daoine ardoilte vs -0.5 % le haghaidh daoine meánoilte agus -0.4 % le haghaidh daoine ar bheagán oiliúna in 2023. Tagraíonn 'ar bheagán oiliúna' do dhaoine nach bhfuil bunoideachas ná meánoideachas sóisearach acu (ISCED 0-2). Tagraíonn 'meánoilte' d'oideachas meánscoile sinsearach agus d'oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (ISCED 3-4).

mór tagtha ar an líon náisiúnach tríú tír i lucht saothair an Aontais, agus is Úcránaigh iad beagnach trí cheathrú díobh[45] agus tá oideachas ard ar 40 % díobh. B'ionann sin agus níos mó ná leath den mhéadú ar an lucht saothair in 2022 agus 2023, cé nach ionann náisiúnaigh tríú tír ach 6,7 % den daonra in aois oibre (méadú ó 5,7 % in 2021). D'ardaigh a ráta rannpháirtíochta sa lucht saothair go 68.5 %, agus shroich a ráta fostaíochta 63.0 %. Idir an dá linn, tháinig méadú beag 0.1 pc ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas in 2023 (4.1 pc níos mó d'fhir ná do mhná), tar éis an leibhéal is ísle riamh de 21.4 pc in 2022.

**Fíor 1.1.2: Tháinig feabhas ar thorthaí mhargadh an tsaothair i measc fhormhór na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht**

Torthaí fostaíochta in AE-27 de réir inscne, aoisghrúpa, leibhéal gnóthachtála oideachais agus saoránachta




*Foinse:* Eurostat [lfsa_ergaedn], [lfsa_egaed], [lfsa_egan].

**Tá na sciartha d'oibrithe sealadacha agus páirtaimseartha fós go mór faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, agus is amhlaidh an cás freisin maidir le huaireanta oibre in aghaidh an duine.** In 2023, tháinig méadú 0,9 % ar an líon iomlán uaireanta oibre, beagán faoi bhun an mhéadaithe 1,1 % ar an bhfostaíocht iomlán, rud a lean den laghdú fadtéarmach ar uaireanta oibre in aghaidh an duine fhostaithe (agus is í earnáil na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta an phríomheisceacht). Is é is cúis leis an treocht sin go príomha líon laghdaitheach uaireanta oibre i bpoist lánaimseartha. Cé gur shroich sciar na fostaíochta páirtaimseartha (20-64 bliana d'aois) suas le 17,1 % in 2023, tá sé fós níos ísle ná riamh. In 2023, chuir 15,2 % d'oibrithe páirtaimseartha in iúl gur mian leo go mbeadh níos mó uaireanta oibre acu, síos ó 16,0 % in 2022 agus 22,5 % 10 mbliana roimhe sin. Bhí conarthaí páirtaimseartha fós 3,6 oiread níos forleithne i measc na mban ná na bhfear, cé gur lú an seans gur conarthaí ainneonacha iad i gcás na mban (13,3 % vs 20,8 % i gcás na bhfear in 2023). An tráth céanna, chuaigh sciar na fostaíochta sealadaí i laghad in 2023 go dtí an leibhéal is ísle riamh a chonacthas (10,6 %), rud a rinne difear go príomha

[45] De réir meastachán, féach Bosca 1 in Labour market and wage developments in Europe 2024 [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip 2024] ón gCoimisiún Eorpach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

d'oibrithe láimhe ar bheagán oiliúna, do dhaoine aonair a bhfuil oideachas meánscoile sóisearach nó oideachas meánscoile (sinsearach) neamhghairmiúil gnóthaithe acu agus do náisiúnaigh tríú tír. Bhí conarthaí den sórt sin ag tromlach (54,9 %) na bhfostaithe sealadacha uile toisc nach raibh siad in ann post buan a fháil.

**Tá ganntanas saothair agus scileanna fós ard, rud a chuireann bac ar fhás táirgiúlachta agus ar iomaíochas, cé go bhfuil an moilliú ar an ngeilleagar, meaitseáil fheabhsaithe scileanna agus inimirce mhéadaithe náisiúnach tríú tír atá in aois oibre tar éis na ganntanais sin a laghdú go feadh méid áirithe.** Ag an mbuaicphointe in 2022, thuairiscigh níos mó ná aon trian de chuideachtaí ar fud an Aontais gur chuir ganntanais saothair teorainn lena dtáirgeadh[46]. Cé gur tháinig laghdú ar an sciar sin in 2023, d'fhan sé ag 18 % i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus, dá bhrí sin, is dúshlán fós é don iomaíochas Eorpach. Shroich an ráta folúntas poist a bhuaicphointe ag 3,0 % in 2022, agus laghdaigh sé ansin go 2,8 % in 2023 agus a thuilleadh go 2,4 % in R2-2024, rud a léiríonn fás eacnamaíoch níos laige agus ionchais fostaíochta níos maolaithe. Tá an ráta fós beagnach dhá oiread níos airde ná mar a bhí 10 mbliana ó shin, ach is cosúil go bhfuil roinnt de na tosca is cúis le ganntanas saothair ag maolú. Dá mbeadh an dífhostaíocht cobhsaí agus an líon folúntas ag dul i laghad, d'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios go bhfuil éifeachtúlacht mheaitseála níos airde ann, le tacaíocht ó laghduithe ar mhímheaitseálacha a bhaineann leis an oideachas (arna dtomhas de réir mímheaitseálacha scileanna maicreacnamaíocha[47] agus rátaí rócháilíochta) agus ó mhímheaitseálacha earnála (arna dtomhas de réir éagsúlacht na rátaí folúntas earnála), ach d'fhéadfadh sé a bheith ina fhorbairt thimthriallach freisin toisc gur gnách go bhfreagraíonn folúntais d'fhorbairtí eacnamaíocha níos tapúla ná an dífhostaíocht. In 2023, ba in earnálacha a bhfuil rátaí folúntas os cionn an mheáin acu (seirbhísí cóiríochta agus bia, TFC, tógáil, tacaíocht riaracháin chomh maith le gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla) a tháinig na laghduithe is mó ar na rátaí sin, agus bhí na rátaí folúntas is ísle fós ag an earnáil mianadóireachta agus an earnáil soláthair fuinnimh. Rannchuidigh an t-insreabhadh náisiúnach tríú tír in aois oibre freisin le maolú a dhéanamh ar ghanntanais saothair agus scileanna in 2023. Mar sin féin, is de chineál struchtúrach iad roinnt mhaith de na ganntanais saothair agus scileanna sin, arna spreagadh ag an athrú ar an éileamh ar shaothar i bhfianaise an dá aistriú agus aosú an daonra, agus is gá dul i ngleic leo trí bheartais spriocdhírithe um scileanna, gníomhachtú, soghluaisteacht lucht saothair agus imirce[48].

**D'fhan an fás pá láidir in 2023, arna spreagadh freisin ag ganntanais saothair, ach ba mhó fós an boilsciú.** I margadh saothair rite, tháinig méadú 4,9 % in 2022 agus 6,1 % in 2023 ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí. Níor choinnigh sé suas leis an mboilsciú áfach, rud a d'fhág go raibh caillteanais fíorphá 3,7 % ann in 2022 agus 0,2 % in 2023[49]. Ag féachaint chun cinn, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú 2,1 % ar fhíorphá in 2024[50] de dhroim díbhoilsciú agus fás leanúnach ar an bpá ainmniúil (a laghdóidh de réir a chéile ach a bheidh láidir fós). Mar sin féin, d'fhanfaidís 1,1 % faoi bhun a leibhéal in 2019 ar an meán in 2024 (vs 3,3 % in 2023). Le 2 bhliain anuas, mhéadaigh an pá íosta níos mó ná an boilsciú i mbeagnach gach Ballstát, rud a laghdaigh bochtaineacht lucht oibre (18-64) beagán go 8,3 % in 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022). Ní cosúil go bhfuil an díothacht níos lú

---

[46] Suirbhé Gnó agus Tomhaltóirí Eorpach mí Dheireadh Fómhair 2024.

[47] Féach an Coimisiún Eorpach, [Analytical web note – Measuring skills mismatch] Nóta gréasáin anailíseach – Mímheaitseáil scileanna a thomhas – 7/2015, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015.

[48] Féach an Plean Gníomhaíochta maidir le Ganntanais Saothair agus Scileanna a chuir an Coimisiún Eorpach ar aghaidh i mí an Mhárta 2024.

[49] Agus úsáid á baint as an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) mar dhíbhoilsceoir.

[50] De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach.

dá bharr sin, áfach, ó tharla gur tháinig méadú ar rátaí díothachta ábhartha agus sóisialta daoine fostaithe (18-64) ó 7,2 % in 2021 go 9,1 % in 2023.

## 1.2 Príomhthreochtaí sóisialta

**Thosaigh an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) ag fás arís san Aontas in 2023, agus cuireadh dlús breise leis in 2024.** Ar an iomlán, d'fhás ioncaim teaghlaigh níos tapúla ná OTI dar tús R2-2023, rud a d'aisiompaigh treocht mhoillithe 2021 agus 2022. Cé gur lean pá daoine féinfhostaithe de bheith ag méadú ar luas measartha, tháinig méadú níos tapúla ar phá fostaithe in R4-2023 agus R1-2024, agus é fós láidir in R2-2024. Tar éis rannchuidiú go dearfach le fás ioncaim sna chéad trí ráithe de 2023, d'imir cánacha tionchar diúltach in R4-2023 agus R1-2024 agus ba bheag an rannchuidiú dearfach a rinne glansochair shóisialta.

**Fíor 1.2.1: Cuireadh tús arís leis an bhfás ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) in 2023, agus cuireadh dlús leis go luath in 2024**

Fás ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh agus ar na príomhchomhpháirteanna a bhaineann leis agus fás ar fhíor-OTI, (AE-27, rátaí fáis ráithiúla bliain ar bhliain)




*Tabhair faoi deara*: Ríomhanna DG EMPL. Déantar díbhoilsciú ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh ainmniúil trí úsáid a bhaint as innéacs praghsanna an chaiteachais teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach. Déantar ráta an fhíor-ollioncaim indiúscartha teaghlaigh i gcás an Aontais a mheas mar mheán ualaithe luachanna na mBallstát i gcás na mBallstát sin a bhfuil sonraí ráithiúla bunaithe ar ESA2010 ar fáil acu (95 % d'ollioncam indiúscartha teaghlaigh an Aontais ar an iomlán).
*Foinse:* Eurostat, Cuntais Náisiúnta [nasq_10_nf_tr] agus [namq_10_gdp]. Níl coigeartú de réir séasúir déanta air.

**Tháinig laghdú beag ar an mbochtaineacht san Aontas in 2023.** Ba é 21,3 % ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE), síos ó 21,6 % agus 21,7 % in 2022 agus 2021 faoi seach, ag leanúint dá threocht anuas a bheag nó a mhór ó bhí 2015 ann. Léiríonn an feabhsú breise sin éifeachtacht gníomhaíochtaí cinntitheacha beartais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta arb é is aidhm dóibh maolú a dhéanamh ar an tionchar sóisialta a bhíonn ag praghsanna arda fuinnimh agus costais arda mhaireachtála. In 2023, bhí laghduithe don Aontas i gceist le dhá cheann de na trí fho-chomhpháirt de AROPE. Tháinig laghdú 0,3 pointe céatadáin ar ráta riosca na bochtaineachta (AROP) go 16,2 % (bunaithe ar ioncaim 2022), agus léirigh tobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d'ioncaim 2023 cobhsaíocht fhoriomlán[51]. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú 0,3 pointe

[51] Tobmheastacháin ar neamhionannais ioncaim agus táscairí bochtaineachta le haghaidh 2023 (FE 2023).

céatadáin ar an sciar de dhaoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) in 2023, go 8,0 % (bunaithe ar ghníomhaíocht 2022). Os a choinne sin, d'fhan an sciar de dhaoine a bhfuil géardhíothacht ábhartha agus shóisialta orthu cuibheasach cobhsaí, ag 6,8 %, i gcomparáid le 6,7 % in 2022. Ar deireadh, tháinig laghdú beag ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta san Aontas in 2023, ach ag 34,7 % bhí sé fós níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, cé go raibh éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile. Tá éagsúlacht leathan leanúnach sa bhochtaineacht laistigh de na Ballstáit freisin, agus tá rátaí AROPE níos airde i gcónaí ag réigiúin áirithe ná meánrátaí náisiúnta nó meánrátaí an Aontais.

**D'fhan bochtaineacht leanaí cuibheasach cobhsaí, ach fós níos airde ná an ráta i gcás an daonra foriomláin.** In 2023, ba é 24,8 % an ráta AROPE i gcás leanaí, gan ach méadú beag ó 24,7 % in 2022. Chuir an chobhsaíocht leathan sin isteach go héifeachtach ar an méadú ar bhochtaineacht leanaí a bhfacthas san Aontas ó bhí 2020 ann, rud a chomhfhreagraíonn do laghdú ar an dearbhlíon. D'fhan na trí fho-chomhpháirt de AROPE cuibheasach cobhsaí. Ba é 19,4 % ráta AROP i gcás leanaí (ag tagairt d'ioncaim 2022), tar éis méadú imeallach ó 2022 (+ 0,1 pointe céatadáin), agus tugann tobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d'ioncaim 2023 le fios go bhfuil cobhsaíocht leanúnach ann freisin. Ar an gcaoi chéanna, d'fhan an sciar de leanaí a bhfuil géardhíothacht ábhartha agus shóisialta orthu ag 8,4 %, agus bhí an sciar de leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) cobhsaí ag 7,5 % (ag tagairt do ghníomhaíocht in 2022).

**Tháinig laghdú beag ar bhochtaineacht lucht oibre don dara bliain as a chéile, ach rinne sí difear fós do dhuine as gach dáréag fostaithe agus difear díréireach do ghrúpaí áirithe.** Tháinig laghdú 0,2 pointe céatadáin ar an sciar d'oibrithe atá i mbaol bochtaineachta go 8,3 % in 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022). Bhí sé sin níos ísle ná 10 mbliana roimhe sin agus níos ísle ná na leibhéil a bhí ann roimh COVID-19 (9,1 % in 2013 agus 9,0 % in 2019, ag tagairt d'ioncaim 2012 agus 2018, faoi seach). Mar sin féin, déanann bochtaineacht lucht oibre difear níos mó do ghrúpaí áirithe oibrithe seachas a chéile. In 2023, bhí sí i bhfad níos airde i measc daoine ar bheagán oideachais (18,4 %), fostaithe páirtaimseartha (12,6 %), iad siúd ar chonarthaí sealadacha (12,6 %), daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (18,6 %) agus daoine nach saoránaigh den Aontas iad (22,5 %). Ba mhó an seans freisin go mbeadh baol bochtaineachta lucht oibre (10,0 %) ann i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu i gcomparáid leo siúd nach bhfuil (6,8 %).

**Bhí grúpaí áirithe fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i bhfad níos airde ná mar a bhí an daonra foriomlán.** D'fhan ráta AROPE an-ard i gcás daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (39,2 %) agus daoine faoi mhíchumas (28,8 %), i bhfad os cionn mheán an Aontais (21,3 %). Is gnách freisin go mbíonn rioscaí bochtaineachta i bhfad níos airde ag na Romaigh[52]. Ar an taobh eile, tháinig laghdú beag ar an sciar de dhaoine scothaosta (65+) atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar leibhéal an Aontais in 2023, go 19,7 %. Ba é ba chúis leis an bhfeabhsú sin laghdú ar an ráta i measc na mban scothaosta, ráta atá i bhfad níos airde mar sin féin ná an ráta i gcás na bhfear (22,1 % vs 16,6 %).

**D'fhan neamhionannas ioncaim cobhsaí den chuid is mó, ach tháinig méadú ar bhochtaineacht fuinnimh don dara bliain as a chéile.** Bhí an cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) cuibheasach cobhsaí ag 4,72 in 2023 (bunaithe ar ioncaim 2022), agus tá coinne

[52] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Roma in 10 European countries – Main results – Roma survey 2021 [Na Romaigh in 10 dtír Eorpach – Príomhthorthaí – Suirbhé Romach 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

leis go mbeidh sé fós gan athrú in 2024 (ar bhonn ioncaim 2023)[53]. Cé go ndearna an boilsciú difear díréireach do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam íseal, a chaitheann níos mó ar bhunriachtanais amhail fuinneamh agus bia, tá bearta spriocdhírithe tacaíochta ioncaim agus coigeartuithe ar shochair shóisialta agus ar chánacha sna Ballstáit tar éis maolú a dhéanamh ar mhéaduithe a d'fhéadfadh teacht ar neamhionannas ioncaim agus rioscaí bochtaineachta. Ar an taobh eile, tháinig méadú 1,3 pointe céatadáin in 2023 ar an sciar de dhaoine nach raibh in ann a dtithe a choimeád te go leor, go 10,6 % (+ 3,7 pointe céatadáin i gcomparáid le 2021), sciar atá fós i bhfad níos airde dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta, ag 22,2 % (+ 2,1 pointe céatadáin ó bhí 2022 ann).

**Tá inacmhainneacht tithíochta fós ina dúshlán san Aontas.** In 2023, bhí 8,8 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i dteaghlaigh ina bhfuil na costais tithíochta iomlána níos mó ná 40 % den ioncam indiúscartha iomlán, rud atá ina mhéadú 0,1 pointe céatadáin ón mbliain roimhe sin agus ina laghdú 2,8 pointe céatadáin ó 10 mbliana ó shin. Tá an sciar daoine a bhfuil ró-ualach costas tithíochta orthu níos mó ná dhá oiread níos airde i gcás teaghlaigh aonair in aois oibre (24,4 %) agus níos mó ná trí oiread níos airde i gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta (33,5 % in 2023). Déantar difear mór freisin do náisiúnaigh eachtracha den Aontas (dhá oiread níos airde) agus do náisiúnaigh tríú tír (2,5 oiread níos airde). Cé gur fhan an ráta plódaithe tithíochta cobhsaí ar an iomlán san Aontas, ag 16,8 % in 2023, mhéadaigh sé go 29,6 % an bhliain sin i gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta.

## 1.3 Dul chun cinn maidir le príomhspriocanna 2030 an Aontais agus spriocanna 2030 náisiúnta

**Spriocanna maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta, is iad atá ag spreagadh gníomhaíochtaí beartais ar fud na réimsí beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit.** Chuir an Coimisiún na trí phríomhsprioc sin de chuid an Aontais ar aghaidh i mí an Mhárta 2021 mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta:

i) ráta fostaíochta 78 % ar a laghad den daonra atá in aois oibre;
ii) ráta rannpháirtíochta 60 % ar a laghad san fhoghlaim aosach gach bliain; agus
iii) laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 2019, agus leanaí atá i gceist le 5 mhilliún ar a laghad den líon sin[54].

Chuir na Ballstát fáilte roimh na spriocanna sin ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021, mar a rinne an Chomhairle Eorpach ina conclúidí ó mhí an Mheithimh 2021. Chuir na Ballstáit uile a spriocanna náisiúnta ar aghaidh sna trí réimse a rannchuidíonn le príomhspriocanna an Aontais faoi seach. Sholáthair Plean Gníomhaíochta an Cholúin spriocanna comhlántacha ar leibhéal an Aontais freisin maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú, soláthar oideachais agus cúraim na luath-óige fhoirmiúil a mhéadú, laghdú a dhéanamh ar ráta NEETanna óga, sciar na daoine fásta ag a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha a ardú, luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a ghearradh agus bochtaineacht leanaí a laghdú. Rinne formhór na mBallstát spriocanna náisiúnta comhlántacha breise a leagan síos sna réimsí sin (i roinnt díobh) agus/nó i réimsí breise, mar

[53] Tobmheastacháin ar thorthaí turgnamhacha a thagraíonn don bhliain ioncaim 2023.
[54] Féach: An Coimisiún Eorpach, The European pillar of social rights action plan [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

a mheastar. Déantar faireachán sa roinn seo ar an dul chun cinn i dtreo thrí phríomhsprioc an Aontais agus na spriocanna náisiúnta faoi 2030.

**D'ainneoin moilliú ar an ngeilleagar, bhí fás láidir fostaíochta ann in 2023 agus tá an tAontas fós ar an mbóthar ceart chun a phríomhsprioc maidir leis an ráta fostaíochta a bhaint amach faoi 2030.** Tar éis do ráta fostaíochta an Aontais méadú go 75,3 % in 2023, níl sé ach 2,7 pointe céatadáin ón sprioc 78 % faoi 2030, agus d'fhás sé a thuilleadh go 75,8 % in R2-2024. I bhfianaise an leibhéil a baineadh amach in 2023, agus na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha is déanaí ó Eurostat á gcur san áireamh, ní bheadh ar an Aontas ach meánráta fáis fostaíochta bliantúil 0,4 % a ghnóthú chun an sprioc atá aige faoi láthair le haghaidh 2030 a bhaint amach, i gcomparáid leis an meán i bhfad ní b'airde a bhí ann roimh an bpaindéim (2013-19), is é sin 1,1 % in aghaidh na bliana (féach Fíoracha 1.3.1 agus 1.3.3). De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar freisin go dtiocfaidh méadú is mó ná an 0,4 % is gá ar fhostaíocht san Aontas sna 3 bliana amach romhainn, i.e. méadú 0,8 %, 0,6 % agus 0,5 % in 2024, 2025 agus 2026, faoi seach. Dá bhrí sin, tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Aontas i dtreo a spriocráta fostaíochta le haghaidh 2030.

**Fíor 1.3.1: Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun a phríomhsprioc maidir leis an ráta fostaíochta a bhaint amach faoi 2030**

Ráta fostaíochta san AE-27 agus príomhsprioc 2030 an Aontais (daoine 20-64 bliana d'aois, % den daonra)




*Tabhair faoi deara*: Luachanna le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 bunaithe ar réamhaisnéisí an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún maidir leis an bhfás fostaíochta chomh maith leis an bhfás réamh-mheasta ar an daonra agus ar an daonra in aois oibre ó réamh-mheastacháin daonra 2023 Eurostat.
*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a]; réamhaisnéis maidir leis an bhfás fostaíochta, Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach; Eurostat population projections, Europop 2023 [Réamh-mheastacháin daonra Eurostat, Europop 2023].

**Rinne formhór na mBallstát tuilleadh dul chun cinn in 2023 i dtreo a spriocanna náisiúnta maidir leis an ráta fostaíochta[55].** I gcás cúig thír, bhí an ráta fostaíochta a baineadh amach in 2023 ní b'airde cheana féin ná an sprioc náisiúnta le haghaidh 2030 faoi seach (féach Fíor 1.3.2). Is iad sin an tSlóvaic (+1 phointe céatadáin i gcomparáid lena sprioc

---

[55] I mí Dheireadh Fómhair 2022, chomhaontaigh Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta cur chuige modheolaíochta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfostaíocht i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Tá an roinn seo ullmhaithe ar bhonn na modheolaíochta comhaontaithe. Féach an Annual Employment Performance Report 2023 [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil 2023] ón gCoiste Fostaíochta agus an Employment Performance Monitor 2023 [Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2023].

náisiúnta), an Ísiltír (+1 phointe céatadáin), Éire (+0,9 pointe céatadáin), an Eastóin (+0,8 pointe céatadáin) agus an tSualainn (+0,6 pointe céatadáin), agus thit an Danmhairg siar beagán faoi bhun a sprice le haghaidh 2030. I measc an 22 thír a bhfuil bearnaí fós le sárú acu maidir lena spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030, d'éirigh le 18 dtír na bearnaí sin a laghdú in 2023. Is i gcás na Beilge (ag a bhfuil bearna 7,9 pointe céatadáin sula mbainfear a sprioc uaillmhianach amach le haghaidh 2030), na hIodáile (6,7 pointe céatadáin), na Rómáine (6,0 pointe céatadáin) agus na Spáinne (5,5 pointe céatadáin) atá na hiarrachtaí is mó fós ag teastáil. Tháinig fás fostaíochta ar níos mó ná leath de na Ballstáit a bhí faoi bhun an mheánráta a bhí ann roimh an bpaindéim (2013-19) (féach Fíor 1.3.3.)[56], i bhfianaise rátaí fostaíochta ní b'airde agus daonra in aois oibre a bhí ag laghdú. Mar sin féin, i gcás líon mór tíortha (20), tá an fás bliantúil ar fhostaíocht fós ag an meánráta bliantúil is gá chun an sprioc náisiúnta fostaíochta a bhaint amach nó os cionn an ráta sin[57]. Is sa tSeicia, sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Bheilg, san Ungáir agus san Fhionlainn amháin a bhí fás fostaíochta 2023 chun deiridh ar an meán a bhí ann roimh an bpaindéim agus ar an meánráta bliantúil a bhí ag teastáil chun a spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, cé go bhfuil an Fhionlainn an-ghar don dá cheann agus gur beag nár bhain an tSeicia a sprioc amach cheana féin.

**Fíor 1.3.2: Rinne formhór na mBallstát tuilleadh dul chun cinn i dtreo a spriocanna náisiúnta maidir leis an ráta fostaíochta in 2023**

An ráta fostaíochta (2020 agus 2023, daoine 20-64 bliana d'aois, % den daonra); spriocanna náisiúnta agus spriocanna an Aontais le haghaidh 2030




*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 mar atá in Iarscríbhinn 1.

56 I ngeall ar an titim i ndaonra agus i gcás thromlach na mBallstát, suitear gur gá fás fostaíochta íosta bliantúil is ísle ná an fás a bhí ann sa tréimhse roimh an ngéarchéim, chun a spriocanna náisiúnta a shroicheadh. Féach an Annual Employment Performance Report [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil] 2024 ón gCoiste Fostaíochta.

57 I gcás Ballstát áirithe, is diúltach é an fás fostaíochta íosta is gá, rud a léiríonn titim réamh-mheasta sa daonra atá in aois oibre agus/nó go bhfuil a spriocanna náisiúnta sroichte cheana féin.

**Fíor 1.3.3: In dhá thrian de na Ballstáit, bhí an fás fostaíochta in 2023 ar an mbóthar ceart chun sprioc náisiúnta 2030 a bhaint amach**

Fás fostaíochta in 2023 i gcomparáid le meánfhás fostaíochta bliantúil i gcaitheamh 2013-19 agus an fás fostaíochta íosta bliantúil is gá chun an sprioc náisiúnta maidir leis an ráta fostaíochta 2030 a shroicheadh




*Tabhair faoi deara*: Briseadh sa tsraith i gcás DK agus CY in 2023 (a léirítear le colúin scáthaithe).
*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], Europop 2023, bunaithe ar mhodheolaíocht an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2024.

**Fíor 1.3.4: Cé go nglacann níos mó daoine fásta páirt san fhoghlaim, is gá iarrachtaí athnuaite a dhéanamh chun príomhsprioc an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach**

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas san AE-27 agus príomhsprioc an Aontais le haghaidh 2030 (daoine atá 25-64 bliana d'aois, %)




*Tabhair faoi deara*: Ba chleachtadh píolótach samplach mór é SOA 2007 a rinneadh ar bhonn deonach i ngach Ballstát, seachas Éire agus Lucsamburg, idir 2005 agus 2008. Ar an mbonn sin, cuireadh coigeartuithe chun feidhme sa chéad bhabhta eile. Ó 2011, tá gníomh dlí Eorpach mar bhonn taca le SOA agus, dá réir sin, déantar sna Ballstáit uile ar bhonn éigeantach é[58]. Briseanna sa tsraith in 2011 i gcás AE, FR, HU, in 2016 i gcás IE, LU, SE agus in 2022 i gcás FR, IT, RO.
*Foinse:* Ó Eurostat special extraction of the adults' participation rate in learning during the past 12 months without guided on the job training (GOJT), from the Adult Education Survey [eastóscadh speisialta de ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach].

**Ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta i dtreo na príomhsprice maidir leis an bhfoghlaim aosach agus, dá bhrí sin, tá gá le hiarrachtaí substaintiúil brostaithe chun í a bhaint amach faoi 2030.** Léiríonn sonraí nua ón Suirbhé ar Oideachas Aosach (SOA) méadú ar ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas (gan oiliúint

[58] Le Rialachán (AE) 823/2010 ón gCoimisiún leagtar amach bearta cur chun feidhme an bhunghnímh dhlíthiúil (Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) le haghaidh SOA 2011.

threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh) san Aontas ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022 (féach Fíor 1.3.4)[59]. Ní mór dlús substaintiúil a chur leis an treocht aníos an-éadrom sin chun sprioc an Aontais maidir le scileanna, is é sin 60 %, a bhaint amach faoi 2030. Tá sé sin ríthábhachtach i bhfianaise an ghá go mbeidh lucht saothair ag an Eoraip a rachaidh in oiriúint do riachtanais scileanna atá ag athrú, chun ganntanais scileanna agus saothair a laghdú agus chun leanúint de bheith iomaíoch, nuálach agus cuimsitheach i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus an athraithe dhéimeagrafaigh.

**Chuaigh formhór na mBallstát ar gcúl agus iad ag saothrú a spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach.** In 2022, bhí a spriocanna náisiúnta sáraithe cheana féin ag an tSualainn, ag an Ungáir agus ag an Rómáin faoi seach, agus cé go ndeachaigh an tSlóvaic gar dá sprioc bhí sí fós faoina bun (féach Fíor 1.3.5). Bíodh is gur thosaigh an Rómáin ar an leibhéal rannpháirtíochta san fhoghlaim aosach ab ísle san Aontas, leag sí sprioc réasúnta íseal ach uaillmhianach síos le haghaidh 2030 agus sháraigh sí in 2022 í, rud a léirigh an méadú ba mhó san Aontas ó 2016 (+229 %, cé go bhféadfadh sé gurb é an briseadh sa tsraith is cúis leis sin freisin). Os a choinne sin, i gcás 24 thír, d'fhan an sciar de dhaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaim faoi bhun a spriocanna le haghaidh 2030, agus tá na bearnaí is mó le sárú ag an tSlóivéin, an Chipir, an Chróit, an Pholainn agus an Iodáil (níos mó ná 31 phointe céatadáin). I measc na 24 thír sin, ní dhearna ach 10 dtír dul chun cinn i dtreo a spriocanna (i gcomparáid le 2016), go háirithe an Eastóin (+23 %), Málta (+22 %), an tSlóvaic (+16 %), an Ghearmáin (+16 %) agus an Spáinn (+12 %). Ina theannta sin, is minic a bhíonn rátaí rannpháirtíochta san oideachas agus san oiliúint i bhfad níos ísle sna réigiúin is forimeallaí agus sna réigiúin iargúlta agus thuaithe.

**Fíor 1.3.5: Tá gá le hiarrachtaí substaintiúla ar leibhéal na mBallstát chun na spriocanna náisiúnta foghlama aosaí a bhaint amach faoi 2030**

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas san AE-27 agus spriocanna naisiúnta 2023 an Aontais le haghaidh Ballstát (daoine atá 25-64 bliana d'aois, %)




*Tabhair faoi deara*: Briseanna sa tsraith in 2016 i gcás IE, LU, SE agus in 2022 i gcás FR, IT, RO.
*Foinse:* Ó Eurostat special extraction of the Adults participation in learning during the past 12 months without guided on the job training (GOJT) from the Adult Education Survey [eastócadh speisialta de Rannpháirtíocht Daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach] agus sa tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 in Iarscríbhinn 1.

[59] I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat faireacháin don sprioc scileanna, agus úsáid á baint as sonraí SOA gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh. Féach freisin Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta.

**Tháinig laghdú ar an mbochtaineacht d'ainneoin comhthéacs socheacnamaíoch dúshlánach, ina raibh géarchéim COVID-19, costais arda fuinnimh agus boilsciú.** In 2023, tháinig laghdú 703 000 ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 2022, agus laghdú 1 571 000 i gcoibhneas leis an mbonnbhliain 2019 (féach **Error! Reference source not found.**.3.6). Léiríonn an léamh deireanach sin ar na sonraí go bhfuil meath ann don dara bliain as a chéile, tar éis tréimhse cobhsaíochta i gcaitheamh 2018-21. Mar sin féin, beidh dlús mór ag teastáil le linn a bhfuil fágtha den deacáid chun go mbainfear amach príomhsprioc 2030 an Aontais maidir leis an mbochtaineacht a laghdú faoi 15 mhilliún ar a laghad.

**Fíor 1.3.6: Tá laghdú tagtha ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas ó bhí 2019 ann, ach tá gá fós le hiarrachtaí móra chun sprioc 2030 an Aontais a bhaint amach**

Athrú ar leibhéal AROPE AE-27 maidir le bonnbhliain 2019 agus príomhsprioc ghaolmhar an Aontais le haghaidh 2030 (daonra iomlán, míle duine)




*Tabhair faoi deara*: Ríomhanna bunaithe ar shraitheanna saor ó bhriseadh, agus luach measta 2019 agus athríomhanna bunaithe ar na luachanna le haghaidh na Fraince Dúthaí seachas na luachanna le haghaidh na Fraince in 2022 agus 2023, le bheith i gcomhréir le bonnlíne 2019.

*Foinse:* Tuarascáil bhliantúil 2024 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta.

**Fíor 1.3.7: Níor léirigh ach thart ar leath de na Ballstáit roinnt dul chun cinn i dtreo a spriocanna náisiúnta, agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí**

Athruithe i leibhéil AROPE i gcaitheamh 2019-23 agus spriocanna náisiúnta 2030 (daonra iomlán, míle duine)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh sa tsraith in 2020 le haghaidh FR, IE, DK, LU, in 2021 le haghaidh LU, in 2022 le haghaidh FR agus LU. Sloinneann DK agus DE a spriocanna náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta mar laghdú ar an líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (i.e. teaghlaigh a bhfuil déine oibre an-íseal acu), [tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) i gcaitheamh na deacáide seo dá réir]. Cuireann DE a sprioc náisiúnta in iúl i gcomparáid le 2020 mar an bhliain tagartha. Shocraigh FR a sprioc náisiúnta i ndáil leis an bhFrainc Dhúthach agus tá an faireachán ailínithe leis an raon feidhme geografach sin. Sloinneann HU a sprioc náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta mar laghdú ar an ráta díothachta ábhartha agus sóisialta i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí acu [ar féidir laghdú AROPE a dhéanamh de má bhíonn na himthosca atá i bhfeidhm faoi láthair i réim]. Sloinneann MT a sprioc náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta mar laghdú ar ráta AROPE, i dtéarmaí pointí céatadáin (i.e. -3,1 pointe céatadáin).
*Foinse:* Eurostat [ilc_pecs01] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 in Iarscríbhinn 1.

**Tá an dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta an-éagsúil ó Bhallstát go chéile.** Ó bhí 2019 ann, níl ach thart ar leath de na Ballstáit tar éis dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a spriocanna náisiúnta le haghaidh 2030. Tá aon trian díobh (an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Pholainn agus an Rómáin) ar an mbóthar ceart a bheag nó a mhór chun a spriocanna náisiúnta a bhaint amach, tar éis dóibh ráta dul chun cinn aon trian nó níos mó a bhaint amach. Ar an taobh eile, tháinig meath ar bheagnach leath díobh (an Ostair, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn) agus bhog siad sa treo eile (féach Fíor 1.3.7)[60]. Ina theannta sin, tháinig méadú 583 000 ar an líon leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas idir 2019 agus 2023. Mar sin féin, breathnaíodh forbairtí dearfacha in 13 thír (an Bheilg, an Bhulgáir, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Chróit, an Chipir, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn), i measc an 21 thír a leag síos spriocanna comhlántacha maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú[61]. Ba é a mhalairt treochta a chonacthas i gcás na hOstaire, na Seicia, na Fraince, na Gearmáine, Lucsamburg, na Polainne, na Slóvaice agus na Spáinne.

---

[60] Chun faireachán a dhéanamh ar spriocanna laghdaithe bochtaineachta an Aontais agus na mBallstát, chomh maith le míniú ar na bristeacha sa tsraith agus ar choigeartuithe gaolmhara ar na sonraí, féach freisin Tuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta.

[61] Shocraigh na Ballstáit seo a leanas sprioc maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, agus an

## 1.4 Príomhthorthaí cothrománacha ón anailís tíre chéadchéime maidir leis an gcóineasú sóisialta

**Leis an anailís tíre chéadchéime, déantar scrúdú ar an margadh saothair, scileanna agus forbairtí sóisialta i ngach Ballstát chun nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol, a údaraíonn anailís bhreise mar pháirt d'anailís dara céim, a bhrath.** In eagrán 2025 den togra ón gCoimisiún le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, ionchorpraítear anailís thírshonrach chéadchéime den sórt sin bunaithe ar phrionsabail an chreata maidir le cóineasú sóisialta (SCF), tar éis na trialach píolótaí a rinneadh i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024[62]. Tá an anailís i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE. Freagraíonn sé freisin d'Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, lena léirítear go n-áirítear san fhaireachas bliantúil a dhéanann an Coimisiún ar chur chun feidhme na dtreoirlínte fostaíochta, mar chuid den Seimeastar Eorpach, an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phríomhspriocanna, tríd an scórchlár sóisialta agus trí chreat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint[63]. Tá an anailís chéadchéime ar an gcreat bunaithe ar phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta agus sainaithnítear inti *rioscaí féideartha* don chóineasú sóisialta aníos (féach an bosca modheolaíochta ag deireadh na roinne seo chun tuilleadh sonraí a fháil). Chun a chinneadh an ann do *dhúshláin iarbhír* don chóineasú sóisialta aníos agus cé na príomhthosca is cúis leis na dúshláin sin, déanfar anailís dara céim ina dhiaidh sin a bheidh ag brath ar thacar níos leithne d'fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil agus de chuntais ar na bearta a rinne na Ballstáit nó atá beartaithe acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin. Cuirtear i láthair sa roinn seo na príomhthorthaí cothrománacha ón anailís tíre chéadchéime ar SCF (féach Caibidil 3), lena léirítear cé na tíortha ar gá tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu sa dara céim.

**Cuirtear i dtábhacht san anailís tíre chéadchéime feidhmíocht láidir fhoriomlán mhargadh an tsaothair agus cóineasú aníos ann, ach chonacthas feabhsuithe níos teoranta sna réimsí scileanna agus beartais shóisialta chomh maith le rioscaí don chóineasú aníos.** Nuair a chuirtear mhodheolaíocht soilse tráchta na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht i bhfeidhm maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta, cuidítear le dúshláin a shainaithint lena mbaineann ábharthacht ar leith do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (féach Iarscríbhinní 6 agus 2, faoi seach). Trí na comharthaí ó tháscairí an Scórchláir Shóisialta a chomhiomlánú ar bhonn tíre (féach an bosca ag deireadh na roinne seo chun mínithe modheolaíochta breise a fháil) is féidir meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar na rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos a bhfuil aghaidh le tabhairt

---

tSualainn. Féach Tuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le faireachán ar na spriocanna sin.

[62] Tar éis an phlé a rinneadh sa Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) i mí an Mheithimh 2023 i ndáil le creat maidir le cóineasú sóisialta (SCF) agus príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) bunaithe ar an obair a rinne Meitheal chomhpháirteach thiomnaithe EMCO-SPC ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023. D'iarr Comhairle EPSCO i mí Feabhra 2024 ar EMCO agus SPC scrúdú a dhéanamh ar thionchar na hanailíse píolótaí thuasluaite ar a ngníomhaíochtaí agus ar thimthriall Sheimeastar Eorpach 2024.

[63] Ina theannta, mar chuid d'aithris 8 den Rialachán, soiléirítear 'Mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta'.

ag an Aontas agus a Bhallstáit orthu. Leagtar amach achoimre ar phríomhthorthaí cothrománacha thíos (féach freisin Tábla 1.4.1 agus Fíor 1.5.1).

- **Leanadh den chóineasú aníos i margadh an tsaothair in 2023 ar an iomlán ach bhí gá fós le feabhsuithe i dtéarmaí torthaí fostaíochta grúpaí faoi ghannionadaíocht.** Ar an iomlán, tháinig méadú ar an ráta fostaíochta don Aontas, ach bhí an fás níos moille agus míchothrom ó Bhallstát go chéile, agus chonacthas laghduithe i gcúig thír a bhfuil a bhfeidhmíocht go maith nó gar don mheán. Cuid de na tíortha a bhfuil feidhmíocht faoi bhun an mheáin acu, chuaigh siadsan freisin níos faide ar gcúl, rud a d'fhág go raibh roinnt dibhéirseachta sna torthaí fostaíochta. Léirítear é sin le hocht gcás atá 'criticiúil' (dearg) nó a bhfuil 'faire' le déanamh orthu (flannbhuí) a sainaithníodh ó Bhallstát go chéile (bunaithe ar mhodheolaíocht chomhaontaithe na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht). Tháinig feabhsuithe beaga ar an meán ar an dífhostaíocht agus ar a comhpháirt fhadtéarmach, agus bhí treocht cóineasaithe ann arbh iad gnóthachain sna tíortha is measa feidhmíocht ba chúis léi. Mar sin féin, tháinig méadú ar an dífhostaíocht in 12 Bhallstát in 2023, agus tá 'faire' le déanamh ar ocht gcinn díobh san iomlán. D'ainneoin feabhsuithe, tá torthaí mhargadh an tsaothair i dtaca le daoine faoi mhíchumas, mná agus daoine óga fós chun deiridh. Tá 'cásanna criticiúla' i sé cinn de Bhallstáit a mhéid a bhaineann leis an mbearna fostaíochta i gcás daoine faoi mhíchumas agus i gcúig cinn eile a mhéid a bhaineann leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní, agus tá 'faire' le déanamh ar thrí thír agus ar thír amháin eile sna grúpaí sin, faoi seach, agus gan mórán cóineasaithe ann, nó gan aon chóineasú ann de réir dealraimh, maidir leis an dá tháscaire. Tháinig feabhas ar an sciar de dhaoine óga (15-29 mbliana d'aois) nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna, cé go bhfuil sé fós ard, agus tharla cóineasú teoranta in 2023 de réir mar a chuaigh na gníomhaithe is fearr in olcas ar éigean agus mar a rinne na gníomhaithe is measa feidhmíocht dul chun cinn measartha.
- **D'ainneoin feabhsuithe beaga ar leibhéal an Aontais, tá rioscaí ann fós don chóineasú aníos maidir le scileanna, rud a d'fhéadfadh na dúshláin a bhaineann le hinfhostaitheacht, táirgiúlacht saothair, iomaíochas agus ganntanais saothair agus scileanna a dhéanamh níos measa mura ngéaraítear go mór ar iarrachtaí beartais.** Leis na ceithre tháscaire ceannlíne sa Scórchlár Sóisialta, ar táscairí iad a bhaineann le scileanna (rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil; Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint; rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim; daoine aonair a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu), léirítear gur tháinig feabhsuithe beaga foriomlána ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, bhí éagothromaíochtaí substaintiúla fós idir na Ballstáit. Ba mhó ná 55 phointe céatadáin an bhearna idir na tíortha is fearr agus is measa feidhmíocht maidir le foghlaim aosach agus scileanna digiteacha, mar shampla, agus chonacthas bearna is mó ná 70 pointe céatadáin maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige. Thairis sin, ní raibh aon chomhartha cóineasaithe ann, óir tháinig feabhas níos tapúla ar thíortha dea-fheidhmiúla agus chuaigh na tíortha nach bhfuil ag feidhmiú chomh maith céanna níos faide ar gcúl. Rud atá ina léiriú air sin is ea an líon mór tíortha a bhfuil aghaidh le tabhairt acu ar chásanna 'criticiúla' agus ar chásanna a bhfuil 'faire' le déanamh orthu (9-10) maidir le gach ceann de na ceithre tháscaire thuasluaite. Cuireann sé sin i dtábhacht scála an dúshláin atá roimh na Ballstáit, idir an luathoideachas agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus oiriúnú an lucht saothair do riachtanais scileanna athraitheacha mhargadh an tsaothair i gcomhthéacs an dá aistriú, agus chun táirgiúlacht, iomaíochas agus fás cuimsitheach a áirithiú.

- **Cé gur tháinig laghdú beag ar an mbochtaineacht ar leibhéal an Aontais in 2023, d'fhan sí os cionn na leibhéal a bhí ann roimh COVID, agus léirigh roinnt táscairí a bhaineann leis an mbochtaineacht go bhfuil méadú ag teacht ar an éagsúlacht i measc na mBallstát.** Tháinig méadú ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita ar an meán in 2023, cé gur lean na Ballstáit de bheith ag imeacht ó chéile den chuid is mó agus go raibh 'faire' le déanamh ar dheich gcinn díobh nó go raibh cás 'criticiúil' iontu. Tháinig laghdú beag ar an tionchar a d'imir aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta in 2023, cé go raibh sé fós níos airde ná mar a bhí in 2019, agus tá cásanna 'criticiúla' i naoi dtír nó cásanna a bhfuil 'faire' le déanamh orthu ina leith sin. D'fhan an sciar de leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cuibheasach cobhsaí ach, i gcás an daonra fhoriomláin, níor fhill an ráta ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim go fóill. Thairis sin, cé gur lean rátaí AROPE de bheith ag teacht le chéile ar an iomlán, lean rátaí do leanaí de bheith ag léiriú forbairtí éagsúla ar fud na mBallstát. Tá cásanna 'criticiúla' nó cásanna bhfuil 'faire' le déanamh orthu i sé cinn agus i seacht gcinn de thíortha maidir le ráta AROPE agus ráta AROPE i gcás leanaí, faoi seach. Maidir le neamhionannas ioncaim (arna thomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim), tharla roinnt cóineasaithe agus ba iad feabhsuithe sna tíortha is measa feidhmíocht ba chúis leis. Tá sé fós ard i roinnt Ballstát, áfach, agus ba in olcas a chuaigh roinnt tíortha a raibh a bhfeidhmíocht gar don mheán in 2023, rud a d'fhág 11 tír i gcásanna 'criticiúla' nó i gcásanna a raibh 'faire' le déanamh orthu faoin ngné sin. Ar deireadh, tháinig méadú beag ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta agus ar an ngá le cúram leighis nár sásaíodh, arna fhéintuairisciú, a raibh éagsúlacht mhór eatarthu, agus bhí cúig Bhallstát i gcásanna 'criticiúla' nó i gcásanna a raibh 'faire' le déanamh orthu sa dá chás.

**Leis an anailís tíre chéadchéime, sainaithnítear gur gá anailís dara céime níos doimhne a dhéanamh ar dheich mBallstát i bhfianaise na ndúshlán atá ann de réir tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta, rud léiríonn go bhfuil rioscaí féideartha ann don chóineasú sóisialta aníos.** Déantar measúnú ar na rioscaí sin, a chuirtear i dtábhacht i gCaibidil 3 den tuarascáil seo, agus úsáid á baint as modheolaíocht na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht mar a leagtar amach i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus sa tuarascáil ón Meitheal is bun leo (féach an Bosca ag deireadh na roinne seo). Is iad na Ballstáit lena mbaineann an Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, an Rómáin, an Ghréig, an Chróit agus Lucsamburg. Astu sin, bhí na chéad seacht mBallstát sa dara céim an bhliain roimhe sin freisin, agus tá na trí Bhallstát dheireanacha ann den chéad uair i mbliana[64] (féach Caibidil 3 chun an bhunanailís a fháil). I

[64] I gcás na Gréige, is é is cúis leis sin gur tháinig meathlú áirithe ar an gcobhsaíocht leathan ar leibhéil atá fós i bhfad ó mheán an Aontais sa réimse sóisialta (ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta; an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú; AROPE – ar an iomlán agus i gcás leanaí; an tionchar a imríonn aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta; neamhionannais ioncaim); dúshláin leanúnacha i margadh an tsaothair do mhná agus don óige; agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim atá íseal agus ag dul in olcas. I gcás na Cróite, sainaithníodh don anailís dara céime í mar gheall ar an réimse scileanna (rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim atá íseal agus ag dul in olcas; meathlú mór a bheith tagtha ar an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu); ráta foriomlán fostaíochta atá fós níos ísle ná meán an Aontais, d'ainneoin feabhsuithe, agus cás fostaíochta daoine faoi mhíchumas atá fós deacair; chomh maith le roinnt dúshlán sa réimse sóisialta (an tionchar a imríonn aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta; neamhionannais ioncaim). I gcás Lucsamburg, sainaithníodh don anailís dara céime é mar gheall ar roinnt táscairí sóisialta a bheith ag dul in olcas go mór le déanaí (AROPE - ar an iomlán agus i gcás leanaí; an tionchar a imríonn aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta) agus an ráta ró-ualaigh maidir le costas

gcás na dtíortha sin uile, rinneadh rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos a shainaithint i ndáil le cásanna dúshlánacha i líon mór réimsí beartais, agus i gcás na Bulgáire, na hEastóine, na Spáinne, na Liotuáine agus Lucsamburg bhí ról lárnach ag meathlúcháin le himeacht ama maidir le líon níos lú réimsí beartais. Áirítear ar na táscairí a léiríonn rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos i gcás fhormhór na dtíortha thuasluaite an sciar de NEETanna óga, an cóimheas idir cúigilí ioncaim, an ráta foriomlán daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE), ráta AROPE i gcás leanaí agus an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, agus ina dhiaidh sin rannpháirtíocht daoine fásta san oiliúint, an sciar den daonra a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu agus tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta. I gcás na 10 mBallstát sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin anailís dara céim níos doimhne.

tithíochta a bheith ard i gcónaí; na treochtaí i margadh an tsaothair a bheith ag dul in olcas le déanaí (rátaí dífhostaíochta agus rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí; an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas), agus mar gheall ar laghdú ar an sciar de dhaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu, fiú má tá na staitisticí fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Cuirtear anailís níos mionsonraithe i láthair i gCaibidil 3 den tuarascáil le haghaidh gach ceann de na 27 mBallstát.

## Tábla 1.4.1: Scórchlár Sóisialta: forléargas ar na dúshláin ó Bhallstát go chéile de réir an phríomhtháscaire

| | | | Na gníomhaithe is fearr | Níos fearr ná an meán | Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu | Ar an meán | Lag ach ag feabhsú | Le breathnú orthu | Cásanna criticiúla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhdheiseanna | Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim (le 12 mhí anuas, gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh, % den daonra 25-64 bliana d'aois) | 2022 | DE, HU, NL, SE | DK, EE, IE, FR, LU, MT, AT, SK, FI | | BE, ES, LV, PT | RO | HR, IT, CY, LT, SI | BG, CZ, EL, PL |
| | Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18- 24 bliana d'aois) | 2023 | EL, HR, IE, PL | BE, BG, CZ, EE, LU, NL, SE, SK | LT, SI | AT, FR, LV | IT | CY, DK, FI, MT, PT | DE, ES, HU, RO |
| | An sciar daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16-74 bliana d'aois) | 2023 | FI, IE, NL | AT, BE, CZ, DK, EE, ES, HU, SE | | DE, EL, FR, LT, MT, PT | | CY, HR, IT, LU, LV, SI, SK | BG, PL, RO |
| | Ráta NEET an aosa óig (% den daonra iomlán idir 15-29 mbliana d'aois) | 2023 | NL, SE | DE, DK, IE, MT, PL, PT, SI | LU | AT, BE, CZ, EE, FI, HR, HU, LV, SK | IT | BG, ES, FR, LT | CY, EL, RO |
| | An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadáin) | 2023 | EE, FI, LV | CY, DK, FR, HR, IE, PT, SE | LT | AT, BE, BG, DE, ES, HU, LU, NL, SI, SK | | PL | CZ, EL, IT, MT, RO |
| | Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) | 2023 | BE, CZ, FI, SI | DK, IE, NL, PL | SK | AT, CY, DE, FR, LU | BG, IT | EE, EL, ES, HR, HU, MT, PT, SE | LT, LV, RO |
| Dálaí córa oibre | Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d'aois) | 2023 | CZ, EE, NL, SE | CY, DE, HU, MT, PL | DK | BG, IE, LU, LV, PT, SK | EL, ES, IT | AT, FI, FR, LT, SI | BE, HR, RO |
| | Ráta dífhostaíochta (% den lucht saothair 15-74 bliana d'aois) | 2023 | CZ, DE, MT, PL | BG, CY, HR, HU, IE, NL, SI | | AT, BE, LV, PT, RO, SK | EL, ES | DK, EE, FI, FR, IT, LT, LU, SE | |
| | Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den lucht saothair 15-74 bliana d'aois) | 2023 | DK, NL | AT, DE, EE, IE, MT, PL | CZ | BE, BG, CY, FI, FR, HR, LT, LV, PT, RO, SE, SI | EL, ES | HU, LU | IT, SK |
| | Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita (2008=100) | 2023 | HU, LT, MT, PL, RO | HR | | CY, DE, DK, IE, LU, LV, PT, SI | EL, ES | BE, CZ, EE, FI, FR, NL, SE, SK | AT, IT |
| Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta | An ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (% den daonra iomlán) | 2023 | CZ, FI, NL, SI | AT, CY, DK, IT, PL | SK | BE, DE, FR, HR, IE, MT, PT, SE | BG, RO | EE, HU, LT, LU | EL, ES, LV |
| | An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanaí (% den daonra idir 0-17 mbliana d'aois) | 2023 | CZ, DK, FI, NL, SI | BE, CY, EE, HR, PL | | AT, DE, IE, LT, LV, MT, PT, SE, SK | IT, RO | EL, FR, HU, LU | BG, ES |
| | Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP) | 2023 | BE, DK, FI, IE | AT, CZ, DE, FR, IT, NL, SK | | CY, HU, LT, PL, SE, SI | BG | EE, LU, LV, MT | EL, ES, HR, PT, RO |
| | An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pointí céatadáin) | 2023 | ES, IT, PT, SI | EE, FI, FR, LV, MT | | AT, CY, CZ, DE, EL, NL, SE, SK | | HU, LU, RO | BE, BG, HR, IE, LT, PL |
| | Ró-ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra foriomlán) | 2023 | CY | AT, BG, FI, HR, IE, IT, LT, PL, PT, SI | SK | BE, CZ, EE, ES, FR, HU, LV, NL, RO, SE | | DE, MT | DK, EL, LU |
| | Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois) | 2023 | FR, LU, NL, SE | BE, CY, ES, MT, PT, SI | DK | EE, EL, FI, HR, IT, LV | HU | AT, BG, DE, IE, LT | CZ, PL, RO, SK |
| | Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d'aois) | 2023 | | AT, BE, BG, CY, CZ, DE, HR, HU, LU, MT, NL | | DK, ES, FR, IE, IT, LT, PL, PT, SE, SI, SK | | RO | EE, EL, FI, LV |

*Tabhair faoi deara:* Nuashonrú mhí na Samhna 2024. Is do 2016 a thagraíonn an luach leathdheireanach don táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim agus braitheann an catagóiriú ar an athrú ón méid sin go dtí 2022. Ós rud é go mbailítear sonraí gach dara bliain le haghaidh an táscaire maidir leis an sciar de dhaoine aonair a bhfuil bunscileanna digiteacha foriomlána ar a laghad acu, braitheann an catagóiriú ar an athrú ó 2021 go 2023. Níl sonraí fáis ollioncaim indiúscartha teaghlaigh per capita ar fáil i gcás na Bulgáire. Tuairiscítear bristeacha i sraitheanna agus i bhfoláirimh eile in Iarscríbhinní 3 agus 4.

## Fíor 1.4.1: Forléargas ar an bhfostaíocht, scileanna agus treochtaí sóisialta agus dúshláin de réir phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta

Meánráta an Aontais, treochtaí agus dáileadh na mBallstát lena ngabhann catagóiriú sonrach na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht i measc na nithe sin uile le haghaidh gach príomhtháscaire, agus iad comhiomlánaithe freisin le haghaidh na dtrí chaibidil den Cholún

| Príomhtháscaire | Bliain | Meán an Aontais luach | Meán an Aontais treocht |
|---|---|---|---|
| **COMHDHEISEANNA** | | | |
| Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim | 2022 | 39.5 | |
| Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint | 2023 | 9.5 | |
| An sciar daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach | 2023 | 55.6 | |
| Ráta NEET an aosa óig | 2023 | 11.2 | |
| An bhearna fostaíochta idir na hinscní | 2023 | 10.2 | |
| Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) | 2023 | 4.72 | |
| **DÁLAÍ CÓRA OIBRE** | | | |
| Ráta fostaíochta | 2023 | 75.3 | |
| Ráta dífhostaíochta | 2023 | 6.1 | |
| Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí | 2023 | 2.1 | |
| Fás ar OIIT per capita | 2023 | 111.1 | |
| **COSAINT SHÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA** | | | |
| Ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta | 2023 | 21.3 | |
| Ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanaí | 2023 | 24.8 | |
| Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta | 2023 | 34.7 | |
| An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas | 2023 | 21.5 | |
| Ró-ualach maidir le costas tithíochta | 2023 | 8.8 | |
| Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil | 2023 | 37.5 | |
| Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú | 2023 | 2.4 | |

Nótaí: Tá sonraí ar iarraidh i gcás táscairí áirithe le haghaidh tíortha áirithe – féach Nóta le haghaidh Thábla 1.4.1.

Cásanna criticiúla
Le breathnú orthu
Lag ach ag feabhsú
Ar an meán

**Cur chuige modheolaíochta i leith nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol san anailís tíre chéadchéime ar an gcóineasú sóisialta**

**Braitheann an anailís ar uirlisí atá ann faoi láthair agus a forbraíodh in éineacht leis na Ballstáit le blianta beaga anuas, bunaithe go háirithe ar an Scórchlár Sóisialta agus an rud ar a dtugtar modheolaíocht (soilse tráchta) na Tuarascála Comhphháirtí ar Fhostaíocht[65].** Tá an anailís tíre chéadchéime bunaithe ar thacar iomlán phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta. Déantar grinnscrúdú ar gach ceann de na táscairí bunaithe ar mhodheolaíocht na Tuarascála Comhphháirtí ar Fhostaíocht, lena gcinntear seasamh coibhneasta na mBallstát, arna shloinneadh i dtéarmaí dialltaí caighdeánacha ó mheán dhearbhleibhéal na luachanna táscaire agus i dtéarmaí an athraithe a tháinig air i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin araon (féach Iarscríbhinn 4 chun mionsonraí teicniúla a fháil). Déantar achoimre ar na torthaí i gceann amháin de sheacht gcatagóir fhéideartha le haghaidh gach táscaire don tír atá i gceist ('an gníomhaí is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu', 'ar an meán', 'lag ach ag feabhsú', 'le breathnú orthu' agus 'cás criticiúil'). Comhfhreagraíonn sé sin do scála na ndathanna, ó ghlas go dearg.

**Déantar measúnú ar gach ceann de phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta chun a shainaithint an bhfuil rioscaí féideartha don chóineasú sóisialta aníos mar thoradh orthu, agus dá bhrí sin an bhfuil gá le tuilleadh anailíse sa dara céim.**[79] Tagraíonn 'cás criticiúil' do na Ballstáit a fhaigheann scór i bhfad níos measa ná meán an Aontais maidir le táscaire sonrach agus ina bhfuil an cás ag dul in olcas nó nach bhfuil feabhas leordhóthanach á chur air i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Marcáiltear cás mar 'le breathnú air' in dhá chás: a) nuair a bhaineann an Ballstát scór amach atá níos measa ná meánscór an Aontais i dtaca le táscaire sonrach agus inarb amhlaidh go bhfuil an cás sa tír ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas sách tapa ag teacht air agus (b) nuair a bhíonn an scór i dtéarmaí na leibhéal i gcomhréir le meánleibhéal an Aontais ach inarb amhlaidh go bhfuil an cás ag meathlú ina leith i bhfad níos tapúla ná meánleibhéal an Aontais. Meastar go bhfuil údar le tuilleadh anailíse i ndara céim i gcás na mBallstát lena luaitear sé phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta atá dearg ('cás criticiúil') nó flannbhuí ('le breathnú orthu') san eagrán is déanaí den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. Tá cúis bhreise ann lena mheas gur gá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcás má thagann dhá mheathlúchán *as a chéile* ar chatagóiriú na Tuarascála Comhphháirtí ar Fhostaíocht i gcás táscaire a bhfuil bratach dhearg nó fhlannbhuí curtha leis (mar a míníodh roimhe seo). Sampla de sin is ea athrú ó 'ar an meán' go dtí 'lag ach ag feabhsú' i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, agus meathlú breise go dtí 'cás criticiúil' in eagrán 2025 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht. D'áireofaí é sin mar 'bhratach' bhreise i dtreo íostairseach na sé bhratach ar an iomlán le haghaidh na gcatagóirí. Más amhlaidh, mar shampla, go bhfuil bratach dhearg nó fhlannbhuí curtha le 5 tháscaire ceannlíne den Scórchlár Sóisialta in eagrán 2025 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, agus má thagann dhá mheathlúchán as a chéile ar cheann amháin acu in eagráin 2024 agus 2025 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, meastar go bhfuil 6 bhratach ag an tír ar an iomlán in eagrán 2025 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (5 chomhartha dhearga/fhlannbhuí ó na táscairí in eagrán 2025 + ceann amháin ar ar tháinig dhá mheathlúchán as a chéile). Dá thoradh sin, bheadh sé riachtanach tuilleadh anailíse a dhéanamh air mar dhara céim chomh maith. Aon bhriseadh i sraith agus saincheisteanna i ndáil le cáilíocht agus le léirmhíniú na sonraí, meastar iad sa mheastóireacht ar an líon iomlán bratach i dtreo na tairsí.

[65] Féach Príomhtheachtaireachtaí EMCO-SPC bunaithe ar an Tuarascáil ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach.

**Braitheann príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta agus a meastóireacht ar na sonraí is déanaí atá ar fáil an scoithdháta sonraí.[66].** I gcás inarb amhlaidh maidir le sonraí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an gcatagóiriú de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht, go bhfuil na sonraí sin ar iarraidh i gcás tír ar leith, úsáidtear an catagóiriú comhfhreagrach de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht ó eagrán na Tuarascála roimhe (más infhaighte) chun an fhaisnéis atá ar iarraidh a líonadh isteach. Má bhíonn luachanna ar iarraidh i dtaca leis an táscaire le haghaidh an eagráin is déanaí den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht *agus* an eagráin roimhe, ní áirítear na catagóirithe de réir na Tuarascála i dtreo thairseach táscach na sé bhratach i gcás na hanailíse dara céim.

[66] Is é an 4 Samhain 2024 scoithdháta sonraí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht 2025.

# CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA mBALLSTÁT

## 2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 5 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a sholáthar chun an t-éileamh saothair agus cruthú post a chur chun cinn, i gcomhréir le prionsabail 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) agus 6 (pá) den Cholún. Dírítear i Roinn 2.1.1 ar phríomhfhorbairtí i margadh an tsaothair, lena léirítear freisin tionchar an bhoilscithe aird agus an chostais aird mhaireachtála. Le Roinn 2.1.2, tuairiscítear na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme sna réimsí sin, agus beartais atá dírithe ar fhostaíocht a mhéadú agus ar thacú le cruthú post i gcomhthéacs ganntanas saothair agus scileanna á gcur i dtábhacht go háirithe.

### 2.1.1 Príomhtháscairí

**D'fhan margadh saothair an Aontais láidir in 2023, agus fás fostaíochta measartha ach fós láidir ann d'ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar le déanaí.** Fostaíodh níos mó ná 2 mhilliún go leith oibrí breise i gcomparáid le 2022, rud a fhágann gurb é 217,5 milliún an líon iomlán. Shroich an ráta fostaíochta (aoisghrúpa 20-64) 75,3 % in 2023 (ardú 0,7 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022), agus 76,0 % níos airde ná riamh in R2-2024, agus is gearr go mbainfear amach príomhsprioc an Aontais go mbeidh ráta fostaíochta 78,0 % ann ar a laghad faoi 2030[67]. Ar an iomlán, tháinig moilliú ar an bhfás fostaíochta (ó 2,0 % in 2022 go 1,2 % in 2023) ach d'fhan sé láidir, d'ainneoin gníomhaíocht eacnamaíoch lag. Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta i bhformhór na mBallstát, agus go háirithe sa Chipir, i Málta, san Iodáil, sa Spáinn, sa Pholainn agus sa Ghréig (Fíor 2.1.1). Os a choinne sin, chonacthas laghduithe san Ostair, san Fhionlainn, sa Danmhairg, sa tSlóivéin agus sa Liotuáin. Tá an Rómáin, an Bheilg agus an Chróit i 'gcásanna criticiúla', mar a bhfuil rátaí fostaíochta fós ag leibhéil réasúnta íseal (faoi bhun 72,5 %) agus, i gcás an chéad dá cheann, méaduithe an-íseal i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá 'faire' le déanamh ar an bhFrainc, ar an Ostair, ar an bhFionlainn, ar an tSlóivéin agus ar an Liotuáin, tar éis feabhsuithe faoi bhun an mheáin aníos ó leibhéil réasúnta íseal (i gcás na Fraince) nó tar éis laghduithe ó leibhéil os cionn an mheáin (i gcás na gceithre thír eile). Ar an taobh eile, is iad an Ísiltír, an tSualainn, an Eastóin agus an tSeicia na 'gníomhaithe is fearr' óir tá rátaí fostaíochta os cionn 80 % acu. Ar an iomlán, is féidir cóineasú na rátaí fostaíochta a fheiceáil ó Bhallstát go chéile. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha idir roinnt mhaith Ballstát i gcónaí (féach Fíor 5 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.

**Rud a thacaigh leis an bhfás fostaíochta ba ea lucht saothair a bhí ag méadú agus bhí an fás sin ní ba láidre in earnálacha ina bhfuil ganntanais saothair réasúnta ard.** Tar éis phaindéim COVID-19, ó bhí 2020 ann, tá méadú 9 milliún duine tagtha ar an bhfostaíocht a bhuí le méadú comhuaineach 6,9 milliún ar an lucht saothair agus laghdú 2,1 milliún ar an dífhostaíocht. In 2023, bhí poist á gcruthú go príomha in earnálacha amhail trádáil, iompar agus seirbhísí cóiríochta agus bia[68]. Ar an iomlán, bhí an fás fostaíochta níos airde in earnálacha ina bhfuil ganntanais mhóra saothair. Is féidir é sin a chur i leith an tsoláthair saothair atá ag dul i méid agus leithdháileadh post a bheith á aistriú i dtreo na n-earnálacha

[67] Féach an Coimisiún Eorpach, Dearbhú Porto agus spriocanna, 2021.

[68] Féach an Coimisiún Eorpach, Employment and social developments in Europe 2024 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

ardéilimh sin. Ina theannta sin, tugann a mharthanaí atá ganntanais saothair in earnálacha ina bhfuil fás láidir fostaíochta le fios go bhfuil acmhainneacht fós ann chun poist a chruthú. Bhí an t-éileamh ar shaothar fós athléimneach in aghaidh an mhoillithe ar an ngeilleagar, rud a chuir le riteacht leanúnach mhargadh an tsaothair. Tháinig laghdú ar an ráta folúntas ó 2,9 % in R1-2023 go 2,4 % in R2-2024 (sonraí arna gcoigeartú de réir an tséasúir), rud atá fós i bhfad os cionn an mheáin 1,7 % a bhí ann roimh an bpaindéim a chonacthas idir 2013 agus 2019[69].

**Fíor 2.1.1: Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta i bhformhór na mBallstát in 2023 ach ar luas níos moille**

Ráta fostaíochta (20-64 bliana d'aois), leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás CY agus DK.
*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], SFS an Aontais.

**I bhformhór na mBallstát, tháinig méadú ar fhostaíocht agus ar an líon iomlán uaireanta oibre araon, rud a léirigh margadh saothair láidir san Aontas.** Tá an fhostaíocht níos airde anois ná na leibhéil a bhí ann roimh COVID-19 i ngach Ballstát seachas an Laitvia, an Rómáin agus an tSlóvaic. Tháinig méadú 0,9 % ar an líon iomlán uaireanta oibre in 2023 agus bhí sé ní b'airde in R2-2024 ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim i bhformhór na mBallstát, seachas an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Laitvia, an Ostair agus an tSlóvaic. In 2023, ba mhó an méadú ar an bhfostaíocht ná an fás ar an líon iomlán uaireanta oibre, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 0,2 % ar an meánlíon

[69] Eurostat [jvs_q_nace2]. Is é an ráta folúntais poist líon foriomlán na bpost atá folamh (i.e. poist íoctha a cruthaíodh as an nua, poist fholmha, nó a bheidh folamh go luath) ina gcéatadán de na poist atá líonta agus folamh.

uaireanta oibre in aghaidh an fhostaí. Tá an meánlíon uaireanta oibre in aghaidh an fhostaí san Aontas fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh COVID-19. Léiríonn an fás níos moille ar an líon iomlán uaireanta oibre i gcoibhneas leis an bhfostaíocht treocht fhadtéarmach anuas maidir leis an meánlíon uaireanta oibre in aghaidh an oibrí. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh go páirteach ar fhás fostaíochta níos láidre i seirbhísí agus in earnálacha eile mar ar gnách níos lú uaireanta oibre a bheith ag oibrithe[70], ach d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar roghanna athraitheacha oibrithe freisin.

**Tá cruthaithe gur uirlis éifeachtach beartais iad socruithe maidir le hobair ghearr-ama chun suaití eacnamaíocha sealadacha a mhaolú.** Le linn ghéarchéim COVID-19, d'éirigh le scéimeanna oibre gearr-ama dea-cheaptha agus scéimeanna coinneála post comhchosúla cosaint a thabhairt do phoist agus ioncaim san Aontas. Rud a d'éascaigh a n-úsáid fhorleathan ba ea cistiú a bheith ar fáil tríd an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE). De réir anailís eimpíreach a rinne Eurofound, chaomhnaigh scéimeanna coinneála post 24,8 milliún post in 2020 agus 2,1 milliún post in 2021, arb é atá iontu sin 13,3 % agus 1,1 % den fhostaíocht iomlán, faoi seach[71]. Bhí an líon post a sábháladh sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Ghearmáin an-mhór, mar a meastar gur caomhnaíodh 6,6 milliún post (25,0 % den fhostaíocht iomlán), 4,7 milliún (21,8 %) agus 4,7 milliún (12,2 %) faoi seach trí úsáid a bhaint as scéimeanna coinneála post le linn na chéad bhliana den phaindéim. I dtéarmaí coibhneasta, rannchuidigh scéimeanna coinneála post le líon substaintiúil post a shábháil freisin i roinnt mhaith tíortha a bhfuil margaí saothair níos lú acu (mar shampla, níos mó ná 14,5 % de phoist in 2020 sa Chróit, sa Chipir, i Lucsamburg, i Málta agus san Ísiltír).

**Tá an fhéinfhostaíocht ag dul i laghad san Aontas, ach tá roinnt éagsúlachta idir tíortha agus earnálacha.** Tháinig laghdú ar sciar na n-oibrithe féinfhostaithe san fhostaíocht iomlán ó 14,8 % in 2010 go 13,3 % in 2023. Le linn na tréimhse sin, chonacthas na laghduithe ba mhó sa talmhaíocht agus sa tráchtáil, agus tharla méaduithe suntasacha sna hearnálacha poiblí agus neasphoiblí (lena n-áirítear riarachán poiblí, oideachas agus sláinte) agus san earnáil TFC. Aistríodh próifíl scileanna na ndaoine féinfhostaithe freisin, agus oideachas treasach ag 39 % díobh in 2023 i gcomparáid le gan ach 28,0 % in 2010. Tá rátaí riosca na bochtaineachta i measc daoine féinfhostaithe (18 go 64 bliana) níos airde ná na rátaí dóibh siúd atá fostaithe (22,1 % vs 9,6 %). In 2023, bhí sciar na n-oibrithe féinfhostaithe an-éagsúil ó Bhallstát go chéile, óir bhí sé gar do 20 % nó os a chionn sin san Iodáil agus sa Ghréig agus d'fhan sé faoi bhun 8 % sa Ghearmáin agus sa Danmhairg (féach freisin roinn 2.3.1). Ba iad oibrithe féinchuntais an sciar ba mhó de dhaoine féinfhostaithe san Aontas (thart ar 70 %) agus i bhformhór na mBallstát. Idir 2013 agus 2023, tháinig laghdú ar sciar na n-oibrithe féinchuntais san fhostaíocht iomlán ó 10,3 % go 9,0 %, toisc go ndeachaigh níos lú daoine óga i mbun féinfhostaíochta, gan cúiteamh a dhéanamh i leith oibrithe scothaosta a d'fhág an fhostaíocht.

**Tá dúshláin mheántéarmacha fós ann a bhaineann le fás íseal táirgiúlachta san Aontas.** Cé go raibh fás táirgiúlachta thart ar 1,4 % ar an meán in aghaidh na bliana roimh 2007, laghdaigh sé go 0,8 % idir 2010 agus 2019 agus tháinig laghdú breise air go 0,7 % in 2023[72].

---

[70] Féach an Coimisiún Eorpach, Employment and social developments in Europe 2023 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

[71] Eurofound, Weathering the crisis: How job retention schemes preserved employment and incomes during the pandemic [Teacht slán as an ngéarchéim: Conas a chaomhnaigh scéimeanna coinneála post fostaíocht agus ioncaim le linn na paindéime], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[72] An Coimisiún Eorpach, Labour market and wage developments in Europe 2024, [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

D'ainneoin réamhaisnéisí lena dtuartar feabhsuithe beaga, tá an fás táirgiúlachta fós íseal ó thaobh struchtúir de, rud a bhaineann an bonn d'iomaíochas domhanda an Aontais. Spreagann fás na fostaíochta fás OTI níos mó anois ná táirgiúlacht i bhformhór na mBallstát, seachas an Danmhairg, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic. Cuirtear iomaíochas, fás eacnamaíoch, cruthú post agus caighdeáin mhaireachtála i mbaol mar gheall ar tháirgiúlacht saothair a leanann de bheith íseal, agus is measa sin mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois. Sa tuarascáil ó Mario Draghi maidir le Todhchaí an Iomaíochais Eorpaigh, cuirtear i dtábhacht na bearnaí móra i speisialtóireacht, nuálaíocht agus infheistíocht ardteicneolaíochta an Aontais, go háirithe i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe[73]. Ba é fás lag táirgiúlachta na bhfachtóirí uile an príomhrud ba chúis leis an bhfás díomách ar tháirgiúlacht saothair agus tá sé nasctha go háirithe le meath ar nuálaíocht theicneolaíoch agus ar ghlacadh teicneolaíochta, agus tá ról freisin ag an ath-leithdháileadh neamhleor caipitil agus saothair ar fud gnólachtaí, lucht saothair atá ag dul in aois, rud a laghdaíonn an dul i bhfiontar, agus carnadh caipitil dhaonna níos laige. Cuireann ganntanais saothair agus scileanna moill ar ghlacadh na teicneolaíochta, méadaíonn siad costais agus laghdaíonn siad an t-éileamh ar shaothar a thuilleadh. Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh ganntanais iallach a chur ar ghnólachtaí oibrithe a choinneáil, rud a chuireann bac ar ath-leithdháileadh saothair, agus iallach a chur ar fhostaithe uaireanta níos faide a oibriú, rud a d'fhéadfadh táirgiúlacht a ísliú agus mímheaitseálacha post a dhéanamh níos measa, as a leanann dífhostaíocht struchtúrach níos airde. Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna a oiriúnú do riachtanais scileanna atá ag forbairt, go háirithe scileanna le haghaidh an dá aistriú, agus tosaíocht a thabhairt don fhoghlaim aosach agus don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint chun borradh a chur faoin iomaíochas. Trí bhacainní riaracháin a laghdú, nuálaíocht a chothú, agus tacú le cómhargáil éifeachtach, is féidir cuidiú le gnóthachain táirgiúlachta a áirithiú agus fás pá agus iomaíochas a chothú.

**Tá ganntanais saothair agus scileanna fós mór agus forleathan san Aontas, ach tá siad ag dul i laghad ó na buaicphointí a bhí ann.** Le 10 mbliana anuas, tá méadú tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna ar fud na mBallstát uile. Leis an sleabhcadh eacnamaíoch le déanaí, tháinig laghdú beag ar an sciar de bhainisteoirí a shonraíonn go bhfuil ganntanas saothair ina thoisc a chuireann teorainn leis an táirgeadh (18,0 % i mí Dheireadh Fómhair 2024 vs 22,4 % i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus 25,9 % i mí Dheireadh Fómhair 2022), ach tá sé fós réasúnta ard[74]. Bhí ganntanais forleathan in earnálacha ETIM (go háirithe TFC), sa tógáil, i gcúram sláinte agus cúram fadtéarmach, san iompar, sa turasóireacht agus in earnálacha eile atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach. De réir thuarascáil EURES 2023[75], chonacthas na ganntanais is géire i ngairmeacha amhail tiománaithe trucaile troime, gairmithe altranais (lena n-áirítear speisialtóirí), dochtúirí, leictreoirí, díonadóirí, freastalaithe agus oibrithe tógála. I mBosca 1 den Cholún, tugtar anailís níos mionsonraithe ar na dúshláin thábhachtacha atá le sárú i ndáil leis sin.

**Bosca Cholún 1: Dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas**

**Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna chun borradh a chur faoi iomaíochas, acmhainneacht nuálaíochta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe an Aontais**. Le beagnach 10 mbliana anuas, tá méadú tagtha ar ghanntanais saothair agus scileanna i ngach Ballstát agus tá coinne leis go leanfaidh siad de bheith ag

[73] Draghi, M. (2024a), Draghi, M. (2024b).
[74] An Coimisiún Eorpach, Suirbhé gnó agus tomhaltóirí.
[75] An tÚdarás Eorpach Saothair, Labour shortages and surpluses in Europe 2023 [Ganntanais agus barrachais saothair san Eoraip 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

méadú i gcomhthéacs an chlaochlaithe dhigitigh agus ghlais. Níor tháinig laghdú mór ar ghanntanais saothair fiú i bhfianaise an mhoillithe ar an ngeilleagar le déanaí. Is iad an t-athrú déimeagrafach, an t-éileamh ar scileanna nua a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta agus an dá aistriú, chomh maith le drochdhálaí oibre in earnálacha áirithe, is cúis leis na ganntanais sin. Bíonn siad á dtuairisciú ag cuideachtaí de gach méid agus gach earnáil, agus tá siad an-mharthanach sa chúram sláinte, i réimsí ETIM (go háirithe TFC), sa tógáil, san iompar agus i ngairmeacha áirithe seirbhísbhunaithe (e.g. cócairí agus freastalaithe)[76]. Cé go bhféadfadh ganntanais saothair a bheith ina léiriú ar gheilleagar láidir, rud a chumhachtaíonn oibrithe chun pá agus dálaí oibre níos fearr a chaibidliú, d'fhéadfaidís bac a chur ar tháirgiúlacht agus ar acmhainneacht nuálach, iomaíochas an Aontais a lagú, bacainní a chur ar an bhfás agus bac a chur ar an dul chun cinn maidir leis an dá aistriú an tráth céanna. Trí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, go háirithe maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil (prionsabal 1), tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht (prionsabal 4), agus fostaíocht shlán inoiriúnaithe (prionsabal 5), rannchuideofar freisin le dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna.

**Tá éagsúlacht shubstaintiúil sna ganntanais saothair ó Bhallstát go chéile, agus níl siad dáilte go cothrom thar earnálacha agus gairmeacha.** In R2-2024, bhí an ráta folúntas poist (arna choigeartú de réir an tséasúir) ab airde le sonrú sa Bheilg (4,4 %), san Ísiltír (4,3 %), san Ostair (ag 4,0 %), sa tSeicia (3,4 %), sa Ghearmáin (3,2 %) agus i Málta (3,0 %). Os a choinne sin, bhí na rátaí ab ísle (iad uile faoi bhun 1 %) ag an mBulgáir, ag an Rómáin, ag an Spáinn agus ag an bPolainn – féach Fíor thíos. Tá ganntanais saothair san earnáil monaraíochta thar a bheith ard agus lean siad de bheith ag méadú le linn 2022 agus 2023 sa Chróit, sa tSlóivéin agus sa Bhulgáir. In earnáil na tógála, is ag an tSlóivéin, ag an nGréig agus ag an gCróit atá na fadhbanna is measa maidir le hoibrithe a earcú, agus ó thaobh seirbhísí de tá na ganntanais is géire i Málta, san Ísiltír agus sa Ghearmáin. Le déanaí, shainaithin an Coimisiún 42 ghairm bheatha a mheastar a bheith ina ngairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe ar fud an Aontais iontu[77]. Áirítear ar ghanntanais earnáilsonracha gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta, seirbhísí cóiríochta agus bia, TFC, agus tógáil. Thairis sin, bíonn gnólachtaí ag tuairisciú níos mó agus níos mó i suirbhéanna nach féidir leo teacht ar na scileanna sonracha is gá chun a bhfolúntais a líonadh[78] [79].

---

[76] Eurofound, Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí 2019, agus an Coimisiún Eorpach, Employment and Social Developments in Europe 2023: Addressing labour shortages and skills gaps in the EU [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2023: Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus ar bhearnaí scileanna san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

[77] Teachtaireacht: Plean Gníomhaíochta maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas (2024) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach.

[78] An Coimisiún Eorpach, Flais-Eorabharaiméadar FL529: An Bhliain Eorpach um Scileanna - Ganntanais scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, 2023.

[79] BEI, Suirbhé Infheistíochta BEI 2023.

**Tá ganntanais saothair fós níos airde i bhformhór na mBallstát ná mar a bhí in 2019**

Ráta folúntas poist, R4-2019 vs R2-2024




*Tabhair faoi deara:* Gníomhaíochtaí NACE 2, B-S (Tionscal, tógáil, agus seirbhísí).
*Foinse:* Eurostat [ei_lmjv_q_r2], sonraí arna gcoigeartú de réir an tséasúir, ní de réir na féilire.

**Tá gníomhaíocht chomhbheartaithe threisithe ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal réigiúnach, ina dtabharfar rannpháirt freisin do chomhpháirtithe sóisialta agus do pháirtithe leasmhara ábhartha eile, ríthábhachtach chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna.** I mí an Mhárta 2024, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta i láthair chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna, rud a ullmhaíodh i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta[80]. Cuireann sé leis an iliomad tionscnamh a rinneadh cheana agus leagtar amach ann 87 ngníomhaíocht nua a dhéanfaidh an tAontas, na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta, nó ba cheart dóibh a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna. Tagann na bearta sin faoi chúig réimse beartais: (i) gníomhachtú daoine faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, (ii) tacaíocht do scileanna, oiliúint agus oideachas, (iii) feabhas a chur ar dhálaí oibre, (iv) soghluaisteacht chóir laistigh den Aontas a fheabhsú agus (v) tallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir lena ghealltanais a chur chun feidhme. Ar bhonn na nuashonruithe a fuarthas, as measc na 30 gealltanas nua a ghlac an Coimisiún sa Phlean Gníomhaíochta, tá 6 cinn curtha chun feidhme go hiomlán (20 %) agus tá 22 cheann fós á gcur chun feidhme (73 %). Ar an gcaoi chéanna, tá gealltanas tugtha ag comhpháirtithe sóisialta 34 ghníomhaíocht san iomlán a dhéanamh agus, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailigh an Coimisiún, tá aon trian de na gealltanais sin (11 ghníomhaíocht, 32 % dá ngealltanais iomlána) á gcur chun feidhme faoi láthair. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an bplean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh. Ina theannta sin, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit sa Choiste Fostaíochta (EMCO) agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) malartuithe trípháirteacha a bheith acu maidir leis an tsaincheist sin, ina mbeidh na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta rannpháirteach. Tá sé ríthábhachtach an plean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme freisin chun príomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht agus scileanna a bhaint amach faoi 2030[81].

[80] Teachtaireacht: Plean Gníomhaíochta maidir le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas (2024) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach.
[81] Féach an Coimisiún Eorpach, Dearbhú Porto agus spriocanna, 2021.

**Ghlac roinnt Ballstát bearta chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna, lena n-áirítear trí náisiúnaigh tríú tír a mhealladh.** I mí an Mhárta 2024, tháinig an tAcht um Inimirce Oibrithe Oilte i bhfeidhm sa **Ghearmáin**, lena ndearnadh athbhreithniú agus leathnú ar rialacháin maidir le hoibrithe oilte a bhfuil oideachas treasach acu, rud a bhí ag brath ar an liosta leathnaithe de ghairmeacha a bhfuil ganntanais saothair iontu (féach Roinn 2.2.2). I mí na Nollag 2023, rinne **an Fhrainc** athchóiriú ar a Seirbhís Phoiblí Fostaíochta (ar a dtugtar anois *'France Travail'*) chun tacaíocht do chuardaitheoirí poist a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais níos fearr (féach Roinn 2.3.2). In 2023, chuir **an Ostair** 'Plean Gníomhaíochta in aghaidh ganntanas oibrithe oilte' chun feidhme, lena leithdháiltear EUR 75 mhilliún ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair le haghaidh 2024 agus 2025. Áirítear sa Phlean freisin gníomhaíochtaí a thacaíonn le himeascadh iarrthóirí tearmainn agus tairbhithe cosanta coimhdí i margadh an tsaothair. I mí Feabhra 2024, ghlac **an tSlóivéin** forálacha chun íocaíocht fhorlíontach/bónais a chinneadh as ualach oibre breise a dhéanamh i ngairmeacha áirithe in earnáil na sláinte ina bhfuil ganntanas oibrithe (i.e. leigheas teaghlaigh). Chuir **Málta** síneadh leis an 'Scéim Forbartha Scileanna' i mí na Nollag 2023 chun sealbhú scileanna ag an lucht saothair a chur chun cinn. I mí Dheireadh Fómhair 2023, thug **an Iodáil** a reachtaíocht cothrom le dáta agus chuir sí le hinfheistíochtaí i gcláir uas-scilithe agus athscilithe chun rochtain ar a margadh saothair a éascú do ghairmithe ardoilte agus chun freagairt níos fearr do ghanntanais saothair agus scileanna, mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin. I mí Lúnasa 2023, leasaigh **Lucsamburg** reachtaíocht chun an próiseas earcaíochta do náisiúnaigh tríú tír a shimpliú agus chun feabhas a chur ar mhealladh agus coinneáil tallainne.

**Shroich ráta dífhostaíochta an Aontais na leibhéil is ísle riamh in 2023 agus go luath in 2024 d'ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar.** Tháinig laghdú ar an meánráta dífhostaíochta san Aontas (15-74 bliana d'aois) go 6,1 % (ó 6,2 % in 2022), arb é an leibhéal is ísle riamh (Fíor 2.1.2). Chonacthas na laghduithe ba mhó sa Ghréig, sa Chipir agus sa Spáinn, faoi 1,4 pointe céatadáin, 1,0 pointe céatadáin agus 0,8 pointe céatadáin, faoi seach. Os a choinne sin, chonacthas méaduithe 0,5 pointe céatadáin nó os a chionn sa Liotuáin, san Eastóin, sa Danmhairg, i Lucsamburg agus san Ungáir. Tá an cás san Iodáil, sa Fhrainc, sa tSualainn, san Fhionlainn, sa Liotuáin, sa Danmhairg, san Eastóin agus i Lucsamburg 'le faire', mar gheall ar dhífhostaíocht réasúnta ard nó feabhsuithe faoi bhun an mheáin. Cé go bhfuil na rátaí dífhostaíochta is airde i bhfad ag an Spáinn agus ag an nGréig, ag 12,2 % agus 11,1 %, faoi seach, tá an cás ina bhfuil siad 'lag ach ag dul i bhfeabhas' óir tháinig laghduithe sa dá thír a bhí i bhfad os cionn mheán an Aontais. Is iad an tSeicia, an Pholainn, an Ghearmáin agus Málta na 'gníomhaithe is fearr' agus rátaí dífhostaíochta idir 2,6 % agus 3,1 % acu. Faoi mhí Mheán Fómhair 2024, tháinig laghdú breise go 5,9 % ar mheánráta dífhostaíochta an Aontais. Mar gheall ar ghanntanais saothair atá ard, bíodh is go bhfuil siad ag laghdú[82], tá gnólachtaí tar éis fostaithe a choinneáil d'ainneoin éileamh níos laige ar a gcuid táirgí agus seirbhísí, rud a chuidíonn leis an ráta dífhostaíochta a choinneáil íseal[83]. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur chuir ganntanais saothair agus scileanna leis an ráta íseal aistrithe ón bhfostaíocht go dtí an dífhostaíocht. Tá laghdú seasta tagtha ar na difríochtaí sa ráta dífhostaíochta idir tíortha an Aontais tar éis an bhuaicphointe a bhaint amach in 2013 agus tá siad beagnach chomh híseal anois agus a bhí roimh an ngéarchéim airgeadais in 2008-

[82] Féach an Coimisiún Eorpach: Autumn 2024 Economic Forecast - A gradual rebound in an adverse environment [Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Fhómhair 2024 - Téarnamh de réir a chéile i dtimpeallacht dhiúltach].

[83] Féach an Coimisiún Eorpach, Labour market and wage developments in Europe 2024, [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

09. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha fós i roinnt mhaith tíortha (féach Fíor 6 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.

**Fíor 2.1.2: Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta i mbeagnach leath de na Ballstáit in 2023**

Ráta dífhostaíochta (15-74 bliana d'aois), leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás CY agus DK.
*Foinse:* Eurostat [une_rt_a], SFS an Aontais.

**Tá athmhúnlú á dhéanamh ag an aistriú glas ar an ngeilleagar, as a leanann éileamh ar chúraimí agus scileanna nua sna hearnálacha atá ann cheana, ath-leithdháileadh saothair ó earnáil go chéile, agus poist nua sa 'gheilleagar glas' a bhféadfadh glanchruthú post a bheith mar thoradh air agus tacaíocht bheartais iomchuí ann.** Leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach ísealcharbóin, bíonn oibrithe ag aistriú idir earnálacha, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh, na mianadóireachta, na tógála, na monaraíochta, an iompair agus na bainistíochta dramhaíola. Léiríonn anailís a rinneadh le déanaí go n-aistríonn 1,8 go 3,9 % d'oibrithe san Aontas ó earnáil amháin chuig earnáil eile gach bliain ar an meán. D'fhan an figiúr sin cobhsaí le himeacht ama, agus méadú beag air i roinnt tíortha, thart ar leibhéal 2016[84]. An tráth céanna, d'fhás sciar na n-oibrithe sa gheilleagar glas ó 2,2 % in 2015 go 2,5 % in 2021 san Aontas, agus bhí difríochtaí suntasacha ó Bhallstát go chéile (ó 0,9 % san Ungáir agus 1,4 % i Málta go 4,9 % san Eastóin agus 5,4 % i Lucsamburg in 2021)[85]. Tugann tomhais mhalartacha le fios go bhféadfadh an geilleagar glas a bheith níos mó, agus go bhféadfadh sé gur suas le 11,3 % de lucht saothair an Aontais a bheadh ann (vs

[84] Fulvimari A. et al., *Estimating labour market transition costs and social investment needs of the green transition – a new approach*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024 (le teacht).
[85] Bunaithe ar Eurostat [env_ac_egss1] agus [nama_10_a10_e].

10,8 % in 2015) [86]. Idir an dá linn, tá sciar mór oibrithe fós fostaithe in earnálacha atá dian ar astaíochtaí[87] (3,5 % san Aontas in 2023), agus tá an raon difríochta idir 0,8 % sa Chipir agus 0,9 % in Éirinn agus 7,4 % sa tSeicia. Tugann an fhianaise le fios go bhféadfadh glanchruthú post san Aontas a bheith mar thoradh ar bheartais dhea-cheaptha lena dtacaítear le hoibrithe maidir le cineál athraitheach a bpoist nó lena n-aistriú chuig earnálacha nó poist nua – go háirithe iad siúd is mó a ndéanann an t-aistriú i dtreo aeráidneodrachta difear dóibh – agus go dtugann na beartais dhea-cheaptha sin aghaidh freisin ar ghanntanais saothair i ngairmeacha atá fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbeidh geilleagar glan-nialasach agus aistriú cóir ann[88].

**Tá an claochlú digiteach ag tacú le cruthú post in earnálacha áirithe.** Tá méadú leanúnach ag teacht ar an líon speisialtóirí TFC san Aontas ó 2013 (méadú 59,3 %), agus breis agus 9,5 milliún acu ann in 2023. Faoi 2030, ar an luas atá ann faoi láthair, ní shroichfidh an líon speisialtóirí TFC ach 12 mhilliún, rud atá go mór faoi bhun na sprice 20 milliún agus i measc iomaíocht mhéadaithe i gcomhair daoine tréitheacha a bhfuil scileanna digiteacha acu[89]. Mar sin féin, tá mná fós go mór faoi ghannionadaíocht, óir ní mná iad ach 19 % de speisialtóirí TFC in 2023. Ina theannta sin, tá an dul chun cinn teicneolaíoch i réimsí amhail an Intleacht Shaorga (IS), anailísíocht sonraí, domhain fhíorúla, an chibearshlándáil, an ríomhaireacht chandamach, an néalríomhaireacht agus an imeall-ríomhaireacht ag claochlú geilleagair agus margaí saothair a thuilleadh. Fágfaidh sé sin go mbeidh scileanna digiteacha ag éirí níos riachtanaí, ach faoi láthair níl bunscileanna digiteacha fiú ag ceathrar as gach deichniúr aosach ná ag aon trian d'oibrithe san Eoraip (féach roinn 2.2.1). Is i réimsí amhail cruthú ábhair dhigitigh agus ríomhchlárú a thuairiscítear na ganntanais is mó, go háirithe sa Laitvia, sa Danmhairg, sa Pholainn agus sa Spáinn[90].

---

[86] Bunaithe ar ríomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a rinneadh faoi thionscadal GreenJobs, de réir oibríochtú chur chuige tascbhunaithe ONET a mhol Gili, Verdolini agus Vona (2020) chun fostaíocht ghlas san Aontas a thomhas.

[87] Ar thionscail atá dian ar astaíochtaí áirítear an mhianadóireacht agus cairéalú, monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha, monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile, monarú miotal bunúsach, agus monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí.

[88] An Coimisiún Eorpach, SWD(2020) 176 final. Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar EQUEST, agus úsáid á baint as cás 'cánachais níos ísle lucht saothair ar bheagán oiliúna', 2020.

[89] An Coimisiún Eorpach, Deacáid Dhigiteach na hEorpa: spriocanna digiteacha le haghaidh 2030, 2023.

[90] ECFE, Skills for Jobs 2022, 2022.

**Fíor 2.1.3: Leanadh den fhás ar phá in 2023 agus an boilsciú fós ard agus dálaí dochta sa mhargadh saothair**

Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, athrú céatadáin bliantúil




*Tabhair faoi deara*: Tabhair faoi deara: EA-20, an 20 tír a ghlac an euro. Déantar an cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí a ríomh mar chúiteamh iomlán na bhfostaithe roinnte ar an líon iomlán fostaithe. Áirítear leis an gcúiteamh ainmniúil, i dteannta ollphá, ranníocaíochtaí fostóra.
*Foinse:* Bunachar sonraí AMECO agus Eurostat, Cuntais náisiúnta [namq_10_gdp], [namq_10_a10_e].

**D'fhan fás pá san Aontas láidir in 2023 ach bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile.** Bhain an fás bliantúil ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí 6,1 % amach (bliain ar bhliain), arb é an leibhéal is airde riamh, tar éis 4,9 % in 2022, i gcomhthéacs boilsciú atá fós ard[91] agus margaí saothair rite. Tháinig laghdú air ansin go 5,0 % in R2-2024 de réir mar a laghdaigh an boilsciú. Bhí éagsúlacht mhór san fhás pá ó Bhallstát go chéile (Fíor 2.1.3). In R2-2024, ba mhó an fás pá ainmniúil (bliain ar bhliain) ná 11 % sa Bhulgáir, sa Chróit, san Ungáir, sa Laitvia, sa Pholainn agus sa Rómáin, agus bhí sé idir 6 % agus 10 % san Eastóin, sa Liotuáin, sa tSlóvaic, san Ostair agus sa Phortaingéil. Bhí sé faoi bhun 3,2 % sa Bheilg, san Fhionlainn, sa Fhrainc, in Éirinn, san Iodáil, i Lucsamburg agus i Málta.

**Bhí fás láidir le sonrú ar phá idirbheartaithe freisin, arna spreagadh ag éileamh méadaithe a rinne caillteanais cumhachta ceannaigh a fhritháireamh**. Tháinig méadú 3,6 % (bliain ar bhliain) ar phá idirbheartaithe sa limistéar euro in R2-2024, rud a léiríonn moilliú ar na rátaí fáis idir 4,4 % agus 4,7 % a breathnaíodh ó bhí R1-2023 ann[92]. Mar sin féin, tá an méadú is déanaí fós i bhfad níos airde ná na méaduithe a chonacthas le linn 2022, idir 2,6 % agus 3,1 %. Tharla roinnt díospóidí saothair in 2023, rud a spreag imní nach raibh pá ag coinneáil suas leis an gcostas méadaitheach maireachtála[93].

---

[91] Bhí an boilsciú fós ag 4,9 % bliain ar bhliain i mí Mheán Fómhair 2023, sular thit sé níos suntasaí sa cheathrú ráithe agus shroich sé 3,1 % i mí na Nollag.

[92] Is é fás an phá idirbheartaithe toradh díreach na margála pá idir na comhpháirtithe sóisialta. Áirítear ann pá a caibidlíodh le déanaí agus pá a comhaontaíodh roimhe seo. Mar riail ghinearálta, eisiatar bónais, ragobair agus pá aonair eile nach bhfuil nasctha le cómhargáil. I gcomparáid le pá a íocadh, níl pá idirbheartaithe íogair i leith an lín uaireanta oibre ach oiread (toisc go socraítear ar bhonn lánaimseartha é) agus tá sé ina íosráta pá i roinnt earnálacha.

[93] Eurofound, Labour disputes across Europe in 2023: Ongoing struggle for higher wages as cost of living rises [Díospóidí saothair ar fud na hEorpa in 2023: An streachailt leanúnach ar son pá níos airde de réir mar a mhéadaíonn an costas maireachtála], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

**Fíor 2.1.4: Tá fíorphá ag téarnamh arís, ach níor tháinig sé chuige féin go fóill ó chaillteanais i mblianta roimhe seo**

Fíor- ollphá agus fíor- olltuarastail in aghaidh an fhostaí, athrú céatadáin bliantúil




*Tabhair faoi deara*: Tagraíonn EA do EA-20, an 20 tír a ghlac an euro. Ríomhadh fíorphá agus úsáid á baint as an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí mar dhíbhoilsceoir.
*Foinse:* Ameco [5000 HWWDW, 5000 ZCPIH] agus Eurostat [namq_10_gdp, namq_10_a10_e, prc_hicp_midx].

**Tar éis laghdú mór in 2022, thosaigh fíorphá ag fás ó R3-2023, arbh é maolú ar an mboilsciú ba chúis leis go príomha.** Tháinig laghdú 3,7 % ar fhíorphá san Aontas in 2022, agus leanadh den laghdú sin go luath in 2023, rud a d'fhág go raibh laghdú bliantúil 0,2 % ann[94]. Mar sin féin, thosaigh fíorphá ag fás arís ón dara leath de 2023 agus shroich sé 2,4 % (bliain ar bhliain) in R2-2024 – féach Fíor 2.1.4. Ba é boilsciú laghdaitheach agus fás láidir leanúnach ar phá ainmniúil ba chúis leis an téarnamh sin. In R2-2024, bhí an fás fíorphá níos mó ná 4,0 % san Ostair, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn, sa Phortaingéil, san Ungáir agus sa Rómáin. Os a choinne sin, bhí sé faoi bhun 1,0 % san Fhionlainn, sa Fhrainc agus sa Spáinn, agus tháinig laghdú 1,4 % air i Lucsamburg agus 2,1 % sa Bheilg, tar éis gnóthachain láidre in 2023 sa dá Bhallstát dheireanacha sin. D'ainneoin na bhfeabhsuithe sin le déanaí, tá fíorphá san Aontas agus i bhformhór na mBallstát fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Tá coinne leis go sroichfidh fíorphá leibhéil 2019 in 2025 san Aontas agus in 2026 sa limistéar euro[95].

**Fritháiríonn méaduithe ar phá íosta náisiúnta an caillteanas cumhachta ceannaigh den chuid is mó do shaothraithe ar phá íosta i bhformhór na mBallstát.** Idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2024, tháinig méadú is mó ná 7 % ar an bpá íosta náisiúnta i dtéarmaí ainmniúla sna Ballstáit uile ina bhfuil an pá sin i bhfeidhm[96]. Tháinig méadú is mó ná 40 % orthu sa Pholainn, sa Bhulgáir agus sa Laitvia, agus méadú is mó ná 20 % sa Chróit, sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Eastóin, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ungáir, san Ísiltír agus sa

---

[94] Ríomhtar fíorphá agus úsáid á baint as an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí mar dhíbhoilsceoir.
[95] An Coimisiún Eorpach, Autumn 2024 Economic Forecast: A gradual rebound in an adverse environment [Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Fhómhair 2024: Téarnamh de réir a chéile i dtimpeallacht dhiúltach], mí na Samhna 2024.
[96] Tá pá íosta náisiúnta ag 22 Bhallstát: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn. Is iad seo a leanas na cúig Bhallstát nach bhfuil pá íosta náisiúnta acu: An Ostair, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Iodáil agus an tSualainn.

Rómáin[97]. Bhí na méaduithe sin mar thoradh go príomha ar na gnáth-nuashonruithe bliantúla i mí Eanáir 2023 agus i mí Eanáir 2024, in éineacht le coigeartuithe substaintiúla le linn 2022 agus 2023. I dtéarmaí réadacha, tháinig méadú is mó ná 10 % ar phá íosta náisiúnta sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Ghearmáin, sa Laitvia agus sa Pholainn, agus idir 5 % agus 10 % sa Ghréig, in Éirinn, sa Liotuáin, i Málta, san Ísiltír agus sa Rómáin (Fíor 2.1.6). San Eastóin, sa Fhrainc, san Ungáir, i Lucsamburg, sa Phortaingéil agus sa Spáinn, tháinig méadú is lú ná 5 % ar fhíorphá íosta náisiúnta idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2024. Os a choinne sin, laghdaigh fíorphá níos mó ná 3 % sa tSeicia, sa tSlóvaic agus sa tSlóivéin.

**Fíor 2.1.5: Méaduithe ar phá íosta náisiúnta, tacaíonn siad le caillteanais cumhachta ceannaigh a fhritháireamh do shaothraithe ar phá íosta**

Forbairtí maidir le pá íosta i mBallstáit a bhfuil pá íosta náisiúnta acu, (% athrú)




*Tabhair faoi deara:* Eisiadh an Chipir toisc gur tugadh isteach an pá íosta náisiúnta in 2023.
*Foinse:* Eurofound agus Eurostat [earn_mw_cur, prc_hicp_midx].

**Tháinig laghdú beag ar bhochtaineacht lucht oibre san Aontas in 2023, ach rinne sí difear fós do dhuine as gach dáréag oibrí.** Tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine fostaithe 18 mbliana d'aois nó níos sine atá i mbaol bochtaineachta go 8,3 % in 2023, síos ó 8,5 % in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2022 agus 2021, faoi seach)[98]. Bhí an sciar sin ní b'ísle freisin ná 10 mbliana roimhe sin agus díreach roimh phaindéim COVID-19 (9,1 % in 2013 agus 9 % in 2019, ag tagairt d'ioncaim 2012 agus 2018, faoi seach). In 2023, tháinig laghdú ar bhochtaineacht lucht oibre in dhá Bhallstát déag, d'ainneoin go raibh boilsciú ard agus laghduithe móra ar fhíorphá i gceist le roinnt mhaith acu in 2022. Tugann sé sin le fios gur tháinig laghdú níos géire ar ioncaim airmheánacha sna tíortha sin ná ar ioncaim oibrithe atá bocht, ar thacaigh nuashonruithe ar phá íosta agus aistrithe sóisialta leo[99]. Ba san Iodáil agus sa Ghréig a chonacthas na laghduithe ba mhó (-1,6 pointe céatadáin agus -0,7 pointe céatadáin, faoi seach, go 9,9 %), cé go raibh an dá cheann fós os cionn mheán an Aontais (8,3 %). Os a choinne sin, tháinig méadú 1 phointe céatadáin nó níos mó ar bhochtaineacht lucht oibre i Lucsamburg, sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa tSlóvaic. Ba sa Rómáin, i Lucsamburg agus an Bhulgáir a chonacthas na leibhéil ab airde (15,3 %, 14,8 % agus 11,4 %

[97] Tugtar pá íosta cothrom le dáta go bliantúil go minic, ag tús na bliana. Idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2024, chonacthas na méaduithe ba mhó sa Pholainn (49 %), sa Bhulgáir (44 %), sa Laitvia (40 %), agus sa Chróit (34 %). Mhéadaigh siad idir 20 % agus 30 % sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Eastóin, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ungáir, san Ísiltír agus sa Rómáin.

[98] Eurostat [ilc_iw01], staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála, briseadh sa tsraith i gcás na Cróite.

[99] Féach an Coimisiún Eorpach, Labour market and wage developments in Europe 2024, [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

faoi seach), agus bhí rátaí ag 10 % nó os a chionn ag an Spáinn, ag an Eastóin agus ag an bPortaingéil freisin. Tugann luathmheastacháin Eurostat le fios go bhfanfaidh bochtaineacht lucht oibre cobhsaí in 2024 (ag tagairt d'ioncaim 2023)[100]. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí bochtaineacht lucht oibre níos airde ar fud an Aontais i measc daoine nach saoránaigh den Aontas iad (22,5 %), daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (18,5 %), oibrithe ar bheagán oideachais (18,4 %), fostaithe páirtaimseartha (12,6 %), oibrithe sealadacha (12,6 %) agus teaghlaigh a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu (10,0 %).

**Fíor 2.1.6: In 2023, bhí an ding chánach le haghaidh duine aonair a thuilleann an meánphá níos ísle ná mar a bhí 10 mbliana roimhe sin i bhformhór na mBallstát**

Ding chánach le haghaidh duine aonair a thuilleann an meánphá, 2023




*Tabhair faoi deara*: Cuireadh sonraí ó 2014 in ionad sonraí ó 2013 i gcás na Cipire, toisc nach bhfuil sonraí 2013 ar fáil.
*Foinse:* An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí Aibreáin 2024).

**Is mó an tionchar a imríonn cánachas saothair ar dhreasachtaí oibre agus fostaíochta.** Leis an ding chánach, tomhaistear an difríocht idir costais saothair fostóirí agus glanphá fostaithe, arna sloinneadh mar chéatadán de na costais saothair iomlána. D'fhéadfadh ding chánach ard dreasachtaí oibre agus fostaíochta a mhaolú, go háirithe do ghrúpaí sonracha, amhail an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, a bhfuil soláthar a saothair níos freagrúla do dhreasachtaí den sórt sin. Ó bhí 2013 ann, tá laghdú 2,2 pointe céatadáin tagtha ar an ding chánach do dhuine aonair a thuilleann an meánphá san Aontas, rud a bhain 40,2 % amach in 2023 (Fíor 2.1.6). Mar sin féin, tá sé sin fós os cionn mheán ECFE, is é sin 34,8 %. Le linn na tréimhse céanna, chonacthas laghduithe móra i dtrí Bhallstát déag (níos mó ná 1 phointe céatadáin) ar a ndingeacha cánach le haghaidh meánsaothraithe, agus bhí na laghduithe ba láidre san Ungáir (-7,9 pointe céatadáin), san Ísiltír (-5,5 pointe céatadáin), sa Rómáin (-3,7 pointe céatadáin) agus sa Bheilg (-2,9 pointe céatadáin). Os a choinne sin, tharla méaduithe móra (níos mó ná 1 phointe céatadáin) i sé thír, a raibh na méaduithe ba mhó acu sa Chipir (8,0 pointe céatadáin), i Lucsamburg (3,1 pointe céatadáin) agus i Málta (2,2 pointe céatadáin). I gcás saothraithe ar ioncam íseal (50 % den mheánioncam), ba é 31,7 % an ding chánach le haghaidh duine aonair in 2023, rud a léiríonn laghdú 3,1 pointe céatadáin ó bhí 2013 ann agus laghdú 0,1 pointe céatadáin ó 2022.

[100] Latest developments in income dynamics and poverty - Statistics Explained [Na forbairtí is déanaí sa dinimic ioncaim agus sa bhochtaineacht – Míniú ar Staidreamh], mí an Mheithimh 2024.

**Fíor 2.1.7: Tá an ding chánach níos ísle le haghaidh oibrithe ar phá íseal**

Ding chánach le haghaidh saothraí ar phá íseal (50 % agus 67 % den mheánphá) i gcomparáid leis an meánphá in 2023




*Tabhair faoi deara:* Rangaítear na Ballstáit in ord íslitheach de réir leibhéal a bhforchéimnitheachta (meánráta pá na dinge cánach lúide ding chánach 50 % den mheánphá).
*Foinse:* An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí Aibreáin 2024).

**Córais fhorchéimnitheacha a bhíonn i gceist le córais chánach ioncaim phearsanta go hiondúil, agus dingeanna cánach níos ísle i gceist i gcás daoine atá ag tuilleamh níos lú.** Is suntasach go maith an fhorchéimnitheacht i dtíortha amhail an Fhrainc, an Bheilg agus Lucsamburg, agus is iad córais chánachais ar ráta comhréidh a chuirtear i bhfeidhm sa Bhulgáir agus san Ungáir (Fíor 2.1.7). Ualaí cánach níos ísle ar shaothraithe ar phá íseal, laghdaíonn siad an saobhadh ar éileamh agus ar sholáthar an tsaothair araon agus éascaíonn siad earcú oibrithe ar bheagán oiliúna. Cé go mbíonn ualaí cánach níos ísle ar shaothraithe ar phá íseal tairbheach ó thaobh bacainní earcaíochta a laghdú, ba cheart iad a cheapadh sa chaoi nach ndídhreasófar aistrithe chuig poist a bhfuil pá níos airde ag baint leo.

**D'fhéadfadh an boilsciú a bheith ina chúis le saobhadh i gcórais chánach, rud a dhéanann difear don fhorchéimnitheacht agus don chothroime araon.** Is minic a eascraíonn saobhadh córais cánach as tairseacha a shainítear go hainmniúil amhail réimeanna cánach, creidmheasanna, asbhaintí nó díolúintí. I gcórais cánach forchéimnithí is é 'bogadh réime cánach' an toradh a bhíonn ar an mboilsciú de ghnáth, ina mbrúnn tairseacha ainmniúla seasta níos mó cáiníocóirí isteach i réimeanna cánach níos airde, rud a mhéadaíonn a n-ualach cánach. D'fhéadfadh sé sin, mar aon le creimeadh creidmheasanna cánach agus sochar cánach, rioscaí bochtaineachta a mhéadú mura gcuirtear coigeartuithe boilscithe nó bearta beartais eile chun feidhme. Nuair a dhéantar réimeanna cánach (agus paraiméadair sheasta eile den chóras cánach) a oiriúnú chun léiriú a thabhairt ar bhoilsciú, cibé acu a dhéantar sin go huathoibríoch trí innéacsú nó trí bhearta lánroghnacha, is féidir maolú a dhéanamh ar bhogadh réime cánach agus ar shaobhadh eile a eascraíonn as boilsciú. In 2023 agus go luath in 2024, rinne roinnt mhaith Ballstát coigeartuithe den sórt sin ar a gcórais cánach ioncaim phearsanta chun aghaidh a thabhairt ar an saobhadh sin (féach roinn 2.1.2).

**Tríd an ualach cánach a aistriú ón lucht saothair go dtí boinn chánach eile i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil, is féidir dreasachtaí sa mhargadh saothair a fheabhsú, cothroime a chur chun cinn agus tacú leis an aeráidneodracht an tráth céanna.** Tá na

hathruithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[101], atá á gcaibidliú faoi láthair ag comhreachtóirí, ag teacht leis na spriocanna sin trí phraghsanna a shocrú lena laghdaítear ídiú breosla iontaise agus lena spreagtar infheistíocht i bhfuinneamh inbhuanaithe agus glan. Ina theannta sin, leis an moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta[102], moltar go laghdófaí an t-ualach cánach ar an lucht saothair, go háirithe i gcás grúpaí ísealioncaim agus meánioncaim, agus go n-aistreofaí i dtreo foinsí ioncaim lena gcuirtear inbhuanaitheacht chomhshaoil chun cinn. Cé go bhféadfadh éifeachtaí cúlchéimnitheacha a bheith ag cánacha carbóin, is féidir iad sin a mhaolú trí bhearta cúiteacha atá ceaptha go cúramach. Bearta tacaíochta lena n-áirithítear fuinneamh inacmhainne do ghrúpaí leochaileacha, nó bearta cánachais lena ndreasaítear coigilteas fuinnimh agus lena laghdaítear ídiú breosla iontaise, go háirithe i gcomhthéacs praghsanna fuinnimh atá fós ard, tagann siad leis na cuspóirí aeráide agus cothroime sin.

### 2.1.2 Bearta a rinne na Ballstáit

**Thug roinnt Ballstát isteach dreasachtaí fostaíochta agus fóirdheontais chun poist a chruthú, agus aird á díriú ar fhostaíocht a chur chun cinn i bpríomhearnálacha agus ar thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.** Le tacaíocht ó STA, baineann **an Ghréig** úsáid as fóirdheontais fostaíochta lenar féidir 67 000 duine dífhostaithe a earcú go lánaimseartha agus aird á díriú ar na daoine is leochailí (daoine dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, Romaigh). I **Málta**, mairfidh Scéim A2E, arna cómhaoiniú ag CSE+ agus Rialtas Mhálta, go dtí 2029. Cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil d'fhostóirí chun daoine faoi mhíbhuntáiste a fhostú agus lucht saothair éagsúil cuimsitheach a chur chun cinn dá réir sin. Thug **an Fhionlainn** athchóiriú ar fhóirdheontas pá isteach in 2023 d'fhostóirí a fhostaíonn cuardaitheoirí poist dífhostaithe. Is féidir le fostóirí tacaíocht airgeadais a fháil lena gcumhdaítear 50 % de na costais phá, nó 70 % chun oibrithe a bhfuil cumas oibre laghdaithe acu a fhostú. In 2024, lean **an tSeicia** de threoirthionscadal lena gcomhcheanglaítear fóirdheontais phá chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a fhostú le gníomhaíochtaí lánpháirtithe, amhail oiliúint, obair shóisialta, cúnamh poist, agus treoraíocht agus comhairleoireacht chuimsitheach, chun tacú le forbairt phearsanta le linn fostaíocht fhóirdheonaithe. Thug **an Iodáil** isteach trí Dhlí Foraithne Uimh. 60 an 7 Bealtaine 2024 dreasachtaí le haghaidh féinfhostaíochta in earnálacha straitéiseacha chun teicneolaíochtaí nua agus an dá aistriú a fhorbairt. Ar na dreasachtaí áirítear díolúine suas le EUR 800 in aghaidh na míosa ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta i gcás daoine dífhostaithe faoi bhun 35 bliana d'aois a thionscnaíonn gnólacht sna hearnálacha sin agus a fhostaíonn oibrithe buana idir an 1 Iúil 2024 agus an 31 Nollaig 2025. Ina theannta sin, is féidir le tairbhithe ranníocaíocht mhíosúil saor ó cháin EUR 500 in aghaidh an oibrí a iarraidh ar INPS (an Institiúid Náisiúnta um Shlándáil Shóisialta) ar feadh suas le 3 bliana. Le tacaíocht ó STA, bhunaigh **an Phortaingéil** an clár Gealltanais Fostaíochta Inbhuanaithe, lena gcuirtear fóirdheontais airgeadais agus laghduithe slándála sóisialta ar fáil d'fhostóirí chun tacú le cruthú 30 000 post buan, chun deighilt mhargadh an tsaothair a laghdú agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus lánpháirtiú na hóige i margadh an tsaothair á éascú.

**Agus leas á bhaint freisin as an taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19, tá socruithe maidir le hobair ghearr-ama tugtha isteach nó coigeartaithe ag roinnt tíortha.** I mí na

[101] COM(2021)563 — Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.
[102] *Council Recommendation on ensuring a fair transition towards climate neutrality 2022/C 243/04* [Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04].

Bealtaine 2024, ghlac **an Eastóin** an reachtaíocht maidir le 'cumas oibre a chosc' chun dálaí oibre solúbtha a sholáthar d'fhostaithe a fhilleann ar an obair tar éis saoire bhreoiteachta fhadtéarmach agus chun tacú le daoine a bhfuil tinnis ainsealacha orthu imeascadh i margadh an tsaothair. Faoin gcóras sin, cumhdaíonn fostóirí 50 % ar a laghad den tuarastal iomlán, agus cumhdaíonn an Ciste Árachais Sláinte náisiúnta an chuid eile. I mí Iúil 2023, rith **an Spáinn** forálacha lena ndearnadh tuilleadh forbartha ar chóras dlí an tSásra RED chun solúbthacht agus cobhsú fostaíochta a fheabhsú, lena mionsonraítear teorainneacha ar ragobair, rialacha maidir le fostú agus coinneáil post agus coinníollacha maidir le seachfhoinsiú post. I mí na Nollag 2023, chuir **an Iodáil** síneadh lena socrú maidir le hobair ghearr-ama ('Cassa Integrazione Guadagni') chun cásanna d'uaireanta oibre laghdaithe i ngeall ar dhálaí aeráide foircneacha a chur san áireamh. Leis an síneadh, a bheidh infheidhme idir mí Iúil agus mí na Nollag 2023, spriocdhírítear go sonrach ar earnálacha amhail an talmhaíocht, an tógáil agus an mhianadóireacht.

**Tá roinnt Ballstát tar éis a gcreataí pá íosta a leasú nó tá sé beartaithe acu iad a leasú.** Thug **an Chipir** pá íosta náisiúnta uilíoch isteach i mí Eanáir 2023, arb é is aidhm dó cumhacht cheannaigh saothraithe ar phá íseal a chosaint. Ó mhí Eanáir 2024, déanfar an pá íosta a athchoigeartú gach 2 bhliain bunaithe ar chritéir shonracha, lena n-áirítear cumhacht cheannaigh saothraithe ar phá íosta i ndáil leis an gcostas maireachtála. Rinneadh an chéad athbhreithniú cheana féin i mí Eanáir 2024, agus tháinig méadú ar an bpá íosta ó EUR 940 go EUR 1 000 in aghaidh na míosa. In 2024, sa **Laitvia** agus sa **Ghréig**, phléigh an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta athchóirithe chun an sásra socraithe pá íosta a leasú, agus tagairt á déanamh do luachanna a leagtar amach sa Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach[103]. Sa **Laitvia**, is é EUR 740 a bheidh sa phá íosta ó 2025 ar aghaidh, rud a chuirfidh tús le bunú an leibhéil in aghaidh an phá airmheánaigh. Rinne **an Bhulgáir** agus **an Liotuáin** a bpróiseas maidir le pá íosta a shocrú a athshainiú chun luach tagartha táscach a chur san áireamh, i gcoibhneas go háirithe le pá iarbhír, agus rinne **an Ísiltír** a sainmhíniú ar phá íosta a leasú ó ráta míosúil go ráta in aghaidh na huaire. Sa **Rómáin**, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, glacadh Dlí nua i mí na Samhna 2024 chun sásra agus foirmle nua a bhunú chun an leibhéal pá íosta a shocrú agus a nuashonrú go córasach i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, chun teacht leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach. Tá na hathruithe sin mar chuid de thrasuí níos leithne na Treorach sna Ballstáit, atá le cur i gcrích faoin 15 Samhain 2024. Sa **Chróit**, faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, leasaíodh an tAcht um Pá Íosta chun méaduithe íosta a shainordú i gcás ragobair, obair oíche, obair ar an Domhnach agus obair ar laethanta saoire poiblí, agus chun toirmeasc a chur ar an bhféidearthacht go dtréigfí an pá íosta. Tá sé beartaithe aici freisin an pá íosta a mhéadú go 50 % den mheánphá ón mbliain roimhe sin.

**Glacadh bearta éagsúla a bhaineann le pá na hearnála poiblí nó tá siad á mbreithniú.** Sa **Chróit**, mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá sé d'aidhm ag an Acht um Thuarastail, a tháinig i bhfeidhm in 2024, critéir socraithe pá a chaighdeánú agus tuarastail a chomhchuibhiú ar fud an riaracháin stáit agus na seirbhísí poiblí, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta. San **Iodáil**, leithdháil an Dlí Buiséadach EUR 3 bhilliún le haghaidh 2024 agus EUR 5 bhilliún in aghaidh na bliana ó 2025 ar aghaidh chun an comhaontú náisiúnta cómhargála saothair (CCNL) a athnuachan d'fhostaithe stáit. Tá sé beartaithe ag **an nGréig** pá na hearnála poiblí a mhéadú in 2025, tar éis Párolla Aonair nua a ghlacadh. Sa **tSlóivéin**, glacadh an tAcht maidir le bunsraitheanna coiteanna an chórais

---

[103] Treoir 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

tuarastail san earnáil phoiblí i mí Dheireadh Fómhair 2024, mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus tiocfaidh sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2025. Leis an athchóiriú, cuireadh deireadh leis na réimeanna faoi bhun an phá íosta agus méadaíodh luach saothair oifigigh agus státseirbhísigh uile earnáil phoiblí na Slóivéine.

**Rinneadh athbhreithnithe eile ar chórais socraithe pá, go háirithe i ndáil le cómhargáil.** Sa **Pholainn**, tá sé d'aidhm ag bille atá beartaithe rialacha a thabhairt cothrom le dáta maidir le comhaontuithe cómhargála a bhunú agus a chlárú, ábhair chaibidlíochta a leathnú, an próiseas clárúcháin i gClár Náisiúnta na gComhaontuithe Cómhargála Saothair a shimpliú, síneadh comhaontuithe a éascú agus cead a thabhairt do ghnólachtaí tarraingt siar ó chomhaontuithe ilchuideachta ar chúiseanna tráchtála. Sa **Fhrainc**, eisíodh foraithne nua chun dlús a chur le leathnú comhaontuithe cómhargála chuig gach oibrí agus cuideachta i mbrainse, lena n-áirithítear nach laghdóidh an pá íosta earnála faoi bhun an phá íosta náisiúnta (SMIC)[104]. Ina theannta sin, bunaíodh Ardchomhairle nua maidir le Luach Saothair, Fostaíocht agus Táirgiúlacht i mí an Mhárta 2024 chun táirgiúlacht, cruthú luacha agus pá a ailíniú níos fearr, agus faireachán á dhéanamh ar chinntithigh phá. Sa **Phortaingéil**, le nuashonrú a rinneadh le déanaí ar an gCód Saothair tugtar aghaidh ar nósanna imeachta maidir le comhaontuithe cómhargála a fhoirceannadh, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra comhaontuithe a fhoirceannadh, agus tugtar isteach módúlacht nua eadrána[105]. Sa **Bheilg**, níor tháinig na comhpháirtithe sóisialta ar chomhaontú maidir le pá, agus rinne an rialtas feidearálach cinneadh dá réir gan an norm pá a mhéadú le haghaidh 2023 agus 2024, rud a fhágann go bhfuil méaduithe pá teoranta don ghnáthinnéacsú i ndáil le boilsciú. Mar sin féin, is féidir le comhpháirtithe sóisialta bónas aonuaire suas le EUR 500 nó EUR 750 in aghaidh an fhostaí a chaibidliú nuair a ghnóthaíonn cuideachtaí brabús thar a bheith ard.

**Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun an geilleagar sóisialta a neartú, agus leas á bhaint acu as an móiminteam a cruthaíodh le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an nGeilleagar Sóisialta[106] agus as an moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt[107].** I mí Feabhra 2024, shínigh 19 mBallstát Treochlár Liège um an nGeilleagar Sóisialta san Aontas Eorpach[108], lena mbeartaítear tosaíochtaí agus lena ndéantar machnamh treorach maidir leis an ngeilleagar sóisialta sa chéad chlár oibre sóisialta Eorpach eile. Tá a straitéisí maidir leis an ngeilleagar sóisialta á bhforbairt nó á dtabhairt cothrom le dáta ag na Ballstáit faoi láthair, rud atá fíor-riachtanach chun creatdálaí fabhracha a bhunú. I mí Iúil 2024, sheol **Éire** a Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta 2024-2027. I mí Lúnasa 2023, ghlac **an tSlóvaic** plean gníomhaíochta chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta agus le fiontair shóisialta go dtí 2030. D'ullmhaigh **an tSlóivéin** straitéis forbartha don gheilleagar sóisialta, a bhfuiltear ag fanacht leis an rialtas faoi láthair lena formheas. Sa **Bheilg**, rith Comhphobal na Gearmáinise a chéad fhoraithne féin i mí Eanáir 2024 maidir le fiontair gheilleagair shóisialta a aithint agus a chur chun cinn, agus rinne Flóndras foraithne ina dhiaidh sin i mí Aibreáin 2024 lena gcuirtear an geilleagar

[104] Eurofound, An Fhrainc: Developments in working life 2023 [An Fhrainc: Forbairtí i saol na hoibre 2023], Páipéar oibre, WPEF24045, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[105] Eurofound (2024), An Phortaingéil: Developments in working life 2023 [An Phortaingéil: Forbairtí i saol na hoibre 2023], Páipéar oibre, WPEF24057, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[106] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Building an economy that works for people: an action plan for the social economy [Geilleagar a thógáil a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta um an ngeilleagar sóisialta] (COM (2021) 778 final).

[107] Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (C/2023/1344).

[108] Féach an dearbhú ar líne.

sóisialta agus an fhreagracht chorparáideach chun cinn. Sa **Chipir**, formheasadh i mí na Nollag 2023 leasuithe ar Dhlí 2020 maidir le Fiontair Shóisialta agus rialachán lena gcruthaítear clárlann d'fhiontair shóisialta, agus tá an chlárlann ar oscailt anois le haghaidh iarratas. Sa **tSeicia**, tá dréachtdlí maidir leis an ngeilleagar sóisialta le cur faoi bhráid na parlaiminte in 2024. Is é is aidhm don reachtaíocht sin tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta trí chreat a sholáthar lena bhfeabhsaítear a ról sa gheilleagar, lena n-áirítear trí rochtain ar chistiú a éascú, feabhas a chur ar dhálaí rialála agus samhlacha gnó inbhuanaithe an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn. Sheol **an Phortaingéil** an tionscnamh 'Nuálaíocht Shóisialta na Portaingéile 2030', chun fiontraíocht, nuálaíocht shóisialta agus infheistíocht tionchair a chothú sa tír. Is iad na príomhthairbhithe eintitis phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear eintitis an gheilleagair shóisialta, a dhéanann tionscadail nuálaíochta sóisialta a fhorbairt, a oiliúint, a chur chun cinn nó a thacaíonn leo. Sa **Ghearmáin**, le clár tacaíochta nua, arna chómhaoiniú ag CSE+, infheisteofar EUR 110 mbilliún faoi 2028 chun fiontair leasa phoiblí a neartú, lena dtacófar le spásanna comhoibre, ollscoileanna nó gorlanna gnó, rud a sholáthróidh comhairle agus oiliúint scileanna d'fhiontair shóisialta ar a seal.

**Tá bearta curtha chun feidhme ag roinnt Ballstát chun cothroime chánach a fheabhsú agus chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.** San **Iodáil**, deimhníodh an ding chánach laghdaithe d'fhostaithe in 2024, rud a tugadh isteach ar dtús in 2022 agus ar cuireadh síneadh leis in 2023[109]. Ina theannta sin, gnólachtaí agus gairmithe a fhostaíonn pearsanra breise faoi chonarthaí neamhiata, tá siad incháilithe le 120 % de chostais saothair a asbhaint le haghaidh thréimhse chánach 2024. Cuirfidh **an Laitvia** athchóiriú cánach lucht saothair chun feidhme ó 2025 ar aghaidh, tríd an ualach cánach ar oibrithe ar ioncam íseal agus ar mheánioncam a laghdú. Chuir **an Phortaingéil** san áireamh i dtogra Bhuiséad Stáit 2025 modhnú ar an gcóras cánach do dhaoine óga is infheidhme ó 2025 ar aghaidh. Leis sin, leathnófar an incháilitheacht chun daoine aonair suas le 35 bliana d'aois a chur san áireamh ann gan beann ar a leibhéal oideachais agus cuirfear síneadh le fad na ndíolúintí go dtí suas le 10 mbliana (5 bliana roimhe sin). Mar shampla eile, san **Fhionlainn**, rinne an rialtas cánachas ar ioncam oibre a laghdú tríd an gcreidmheas le haghaidh ioncam oibre a mhéadú faoi dhó i gcás daoine atá os cionn 65 bliana d'aois, agus trína bhaint i gcás daoine atá 60-64 bliana d'aois. Is é is aidhm don athdhíriú sin feabhas a chur ar dhreasachtaí oibre le haghaidh daoine os cionn 65 bliana d'aois.

**Rinneadh córais cánach ioncaim phearsanta a choigeartú freisin chun tionchar an bhoilscithe ar oibrithe a mhaolú[110].** Nuair nach n-athraítear tairseacha an sceidil cánach, tá an boilsciú in ann teaghlaigh a bhrú isteach i réimeanna cánach níos airde, rud ar a dtugtar an 'bogadh réime cánach'. Cé go gcoigeartaíonn an chuid is mó de thíortha a réimeanna cánach ar bhonn discréide, tá sásraí uathoibríocha coigeartaithe i bhfeidhm **ag an mBeilg, ag an Danmhairg, ag an Liotuáin, ag an Ísiltír, ag an tSlóvaic, ag an tSlóivéin, ag an tSualainn** agus, le déanaí, **ag an Ostair**[111]. Rinne **an Ghearmáin, an Liotuáin, Lucsamburg, Éire** agus **an Phortaingéil** a réimeanna cánach a choigeartú ar bhonn discréide in 2023 agus/nó 2024, agus laghdaigh **an Phortaingéil** an ráta imeallach cánach i gcás na dara réime freisin. Rinne **an Iodáil** an dá réim chánach is ísle (as ceithre cinn) a chumasc in 2024, agus ráta

[109] Is é 6 % an ráta díolúine fós i gcás pá inchánach míosúil suas le EUR 2 692 agus 7 % suas le EUR 1 923. An laghdú a tugadh isteach cheana féin ar an ding chánach atá cothrom le 15 % den oll-luach saothair a íoctar as obair oíche agus ragobair a dhéantar ar laethanta saoire poiblí, deimhníodh é freisin don chéad 6 mhí de 2024.

[110] Féach: An Coimisiún Eorpach, Annual Report on Taxation 2024 [Tuarascáil Bhliantúil ar Chánachas 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[111] Chun tuairisc mhionsonraithe a fháil ar chineálacha éagsúla cur chuige i leith innéacsú ar fud an Aontais, féach Tábla 3 i dTuarascáil Bhliantúil ar Chánachas 2023 (maidir le bearta a achtaíodh in 2022).

cánach 23 % á chur i bhfeidhm aici chun an t-ualach ar mheánioncaim a laghdú. Ar deireadh, rinne **an Spáinn** innéacsú ar na boinn agus na rátaí ranníocaíochta slándála sóisialta in 2023 agus 2024 araon. I dteannta na gcoigeartuithe cánach ioncaim phearsanta sin, tá bearta fioscacha breise tugtha isteach ag na Ballstáit arb é is aidhm dóibh cur in aghaidh an bhoilscithe.

## 2.2. Treoirlíne 6 – An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil

Féachtar sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 6, ina moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an soláthar saothair a fheabhsú, sealbhú scileanna agus inniúlachtaí ar feadh saol duine a chur chun cinn, comhdheiseanna a chothú do chách, bacainní ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a bhaint agus dreasachtaí a sholáthar ina leith, i gcomhréir le prionsabail 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 2 (comhionannas inscne), 3 (comhdheiseanna), 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), 9 (cothromaíocht oibre is saoil), 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) agus 17 (cuimsiú daoine faoi mhíchumas) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tuairiscítear i roinn 2.2.1 faoi phríomhfhorbairtí i réimse an oideachais, oiliúna, agus scileanna, mar aon leis an gcás ó thaobh an mhargaidh saothair de maidir le grúpaí leochaileacha agus tearcionadaithe. Tuairiscítear i roinn 2.2.2 faoi bhearta beartais atá déanta ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

### 2.2.1 Príomhtháscairí

**Is mall an dul chun cinn a rinneadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le 10 mbliana anuas ó thaobh rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige de, agus tá éagsúlacht mhór idir na Ballstáit.** In 2022, bhí 93,1 % de leanaí idir 3 bliana d’aois agus tús an bhunoideachais éigeantaigh cláraithe in oideachas agus cúram luath-óige, rud atá ina mhéadú 0,6 pointe céatadáin ó bhí 2021 ann agus ina mhéadú 1,9 pointe céatadáin ó bhí 2014 ann. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí móra idir tíortha i bhfolach sa mheán uile-Aontais sin. Tá an spriocráta rannpháirtíochta 96 % ar leibhéal an Aontais faoi 2030 bainte amach cheana féin ag seacht mBallstát (an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Spáinn, an Liotuáin, an Phortaingéil, an tSualainn), ach tá rátaí fós faoi bhun 85 % i gcúig thír (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Rómáin agus an tSlóvaic, agus tá siad faoi bhun 80 % sa dá thír dheireanacha sin). Rinne roinnt Ballstát dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas, agus chonacthas na méaduithe ba mhó sa Phortaingéil (5,8 pointe céatadáin), sa Liotuáin (4,6 pointe céatadáin), sa Chróit (2,8 pointe céatadáin) agus sa Pholainn (2 phointe céatadáin) idir 2021 agus 2022. Os a choinne sin, chonacthas laghdú i sé Bhallstát, go háirithe an Chipir (-1,4 pointe céatadáin), an Fhionlainn (-1,6 pointe céatadáin) agus Éire (-3,2 pointe céatadáin). Tá inacmhainneacht agus ganntanais acmhainneachta, lena n-áirítear ganntanais foirne, fós ina mbacainní tábhachtacha ar rochtain, go háirithe i gcás leanaí óga agus iad siúd ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste. Is dúshlán mór fós í rannpháirtíocht leanaí Romacha in oideachas agus cúram luath-óige, a bhfuil a ráta thart ar leath de mheán an Aontais (42-44 % in 2021), agus tá sí i bhfad faoi bhun na sprice go mbainfear 70 % ar a

laghad amach faoi 2030 faoi chreat straitéiseach nua an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach[112].

**Fíor 2.2.1: Léiríonn rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh go mall ar leibhéal an Aontais ach tá éagsúlacht mhór ann ó thír go chéile**

Rannpháirtíocht in ECEC ag leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois a dtosaítear ar an oideachas éigeantach bunscoile (%)




*Tabhair faoi deara*: 2013: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh EL agus PT. 2021: tá an sainmhíniú éagsúil i gcás an Aontais agus PT. Sonraí sealadacha atá ann i gcás FR le haghaidh 2022: tá an sainmhíniú éagsúil i gcás an Aontais agus PT. Sonraí sealadacha atá ann i gcás FR, MT, PL agus PT. Is ó 2019 na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le EL.
*Foinse:* Eurostat, [educ_uoe_enra21].

**Tá laghdú ag teacht ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna ar fud an Aontais ach is dúshlán fós í, go háirithe i measc fir óga.** In 2023, d'fhág 9,5 % de dhaoine 18-24 bliana d'aois an t-oideachas nó an oiliúint roimh am, ar laghdú 0,2 pointe céatadáin é ó bhí 2022 ann. Tá sé sin 2,3 pointe céatadáin níos ísle ná 10 mbliana roimhe sin, agus rinne cúig thír (an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, Málta agus an Phortaingéil) laghduithe ba mhó ná 5 phointe céatadáin a bhaint amach i gcaitheamh na tréimhse sin. Mar sin féin, d'fhág thart ar 3,1 milliún duine óg an t-oideachas nó an oiliúint go luath san Aontas in 2023 agus cáilíocht meánscoile sóisearaí ar a mhéad acu. Tá sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO) bainte amach cheana féin ag 16 Bhallstát, is é sin luathfhágáil na scoile a laghdú faoi bhun 9 % faoi 2030. Mar sin féin, sa Rómáin, sa Spáinn, sa Ghearmáin agus san Ungáir, tá rátaí fós os cionn nó thart ar 12 %, rud a léiríonn 'cás criticiúil' gan ach laghduithe fíorbheaga nó méaduithe fiú le sonrú i gcaitheamh na bliana roimhe sin – féach Fíor 2.2.2. Ba sa Chipir a chonacthas an t-ardú ba mhó in 2023 (faoi 2,3 pointe céatadáin), agus san Fhionlainn, sa tSlóivéin, sa Phortaingéil agus sa Liotuáin ina diaidh sin, mar ar tháinig méadú ba mhó ná 1 phointe céatadáin ar an sciar de luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna. An tráth céanna, ba iad an Chróit (2,0 %), an Ghréig (3,7 %), an Pholainn (3,7 %) agus Éire (4,0 %) na 'gníomhaithe is fearr'. D'ainneoin treocht beagán dearfach ar an iomlán, ní léir go bhfuil aon chóineasú aníos i measc na mBallstát. Thairis sin, tá an bhearna idir na hinscní fós mór, agus is lú i bhfad an seans go bhfágfaidh mná óga an t-oideachas nó an oiliúint go luath (7,7 %) ná fir óga (11,3 %). An seans go bhfágfaidh daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas (21,6 %)

[112] Bunaithe ar Shuirbhé Romach na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha 2021 is déanaí, a foilsíodh in 2022. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh um chomhionannas, um chuimsiú agus um rannpháirtíocht le haghaidh 2020-2030.

go luath, tá sé beagnach trí oiread níos mó ná i gcás daoine a rugadh i mBallstát den Aontas (8,2 %). Is ábhar imní é go háirithe an cás maidir le Romaigh óga (18-24), ar fhág níos mó ná dhá thrian díobh (71 %) an t-oideachas sular bhain siad leibhéal an oideachais meánscoile shinsearaigh amach idir 2020 agus 2021[113]. Ina theannta sin, is ábhar imní freisin an cás do dhaoine óga faoi mhíchumas den aoisghrúpa céanna, arbh é 22,2 % a ráta luathfhágála in 2022[114]. Tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha freisin i mBallstáit amhail an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ungáir, an Phortaingéil agus an Spáinn (féach Fíor 1 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.

**Fíor 2.2.2: Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag leanúint de laghdú atá mall, agus tá éagsúlachtaí nach beag ann ó Bhallstát go chéile**

Luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (18-24 bliana d'aois), leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh SK agus CY. Sonraí ar bheagán iontaofachta i gcás HR agus LU.
*Foinse:* Eurostat [edat_lfse_14], SFS an Aontais.

**Bosca Cholún 2: Feabhas a chur ar bhunscileanna**

**Is iad na bunscileanna an bhunchloch d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil daoine óga, agus d'iomaíochas agus do chomhtháthú sóisialta an Aontais amach anseo.**

[113] Féach Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Roma in 10 European Countries – Main Results [Na Romaigh in 10 dTír Eorpacha – Príomhthorthaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

[114] Féach EDE, European comparative data on persons with disabilities [Sonraí comparáideacha Eorpacha ar dhaoine faoi mhíchumas], 2022. An ráta luathfhágála scoile níos airde i measc daoine faoi mhíchumas, d'fhéadfadh sé a bheith i ngeall ar shaincheisteanna inrochtaineachta (e.g. bacainní fisiciúla agus ailtireachta) i measc nithe eile, agus gan cláir oiriúnaithe a bheith ann.

Feidhmíonn bunscileanna mar bhunchlocha a chuireann ar a gcumas do dhaoine dul i ngleic le castachtaí an tsaoil, rannpháirt a ghlacadh ina bpobail, leanúint den fhoghlaim níos deireanaí sa saol agus rannchuidiú go fóinteach leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar. Tacaíonn siad le táirgiúlacht saothair agus leis an luas nuálaíochta a theastaíonn le haghaidh an aistrithe dhigitigh agus le geilleagar atá bunaithe níos mó agus níos mó ar eolas[115]. Tá ionchais fostaíochta níos fearr ag daoine óga a bhfuil scileanna níos fearr acu, is lú an baol go bhfágfaidh siad an t-oideachas agus gan ach cáilíochtaí ísle acu agus is mó an seans go nglacfaidh siad páirt san fhoghlaim aosach[116]. I gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Oideachais (LEO), leag an tAontas spriocanna síos maidir le bunscileanna (arna dtomhas de réir Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí, PISA), ar dá réir ba cheart na rátaí tearcghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a bheith faoi bhun 15 % faoi 2030. Léiríonn treochtaí le déanaí gur gá iarrachtaí athnuaite feabhsaithe a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach. Leis na hiarrachtaí sin, ba cheart cur leis na tionscnaimh atá ann cheana agus borradh breise a chur faoi chur chun feidhme an Mholta maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile ó mhí na Samhna 2022, lena leagtar amach creat beartais um chur chuige sistéamach ilghnéitheach i leith feabhas a chur ar thorthaí oideachais[117]. Thairis sin, faoin sainordú nua, cuirfidh an Coimisiún plean gníomhaíochta tiomnaithe maidir le bunscileanna ar aghaidh. Mar chomhlánú air sin, le Plean Straitéiseach Oideachais ETIM tabharfar aghaidh ar na dúshláin shonracha agus mharthanacha a bhaineann le hoideachas ETIM.

**Deimhnítear le sonraí a fuarthas le déanaí go bhfuil laghdú níos fadtéarmaí ag teacht ar fheidhmíocht bunscileanna, rud a chruthaíonn riosca mór do tháirgiúlacht saothair agus d'iomaíochas an Aontais amach anseo, agus a thugann dúshlán ghnéithe cothromais agus barr feabhais chórais oideachais an Aontais.** Ó bhí 2012 ann, tá rátaí tearcghnóthachtála i ngach ceann de thrí ghné PISA ag méadú go seasmhach ar leibhéal an Aontais, agus doiciméadaítear i dtorthaí PISA 2022 an laghdú is suntasaí ar fheidhmíocht bunscileanna i gcaitheamh na tréimhse sin. Léirítear leis na torthaí is déanaí gur tháinig méadú mór ar rátaí tearcghnóthachtála sa mhatamaitic (6,6 pointe céatadáin) agus sa léitheoireacht (3,7 pointe céatadáin), agus méadú níos measartha san eolaíocht (1,9 pointe céatadáin) – treocht a léirítear freisin i bhfeidhmíocht aonair fhormhór na mBallstát[118]. Ar leibhéal an Aontais, shroich an ráta tearcghnóthachtála 29,5 % sa mhatamaitic, 26,2 % sa léitheoireacht agus 24,2 % san eolaíocht (vs 22,9 %, 22,5 % agus 22,3 %, faoi seach, in 2018), agus thuairiscigh 18 mBallstát rátaí tearcghnóthachtála os cionn 25 % sa mhatamaitic, agus bhí rátaí chomh hard céanna sa léitheoireacht in 14 Bhallstát. Mar thoradh air sin, tá an tAontas tar éis bogadh níos faide óna sprioc LEE maidir le tearcghnóthachtáil a laghdú go 15 %, agus tá an bhearna atá ann faoi láthair níos leithne ná mar a bhí sí

[115] Féach: ECFE (2014), A New Macroeconomic Measure of Human Capital Exploiting PISA and PIAAC: Linking Education Policies to Productivity, Páipéir Oibre Roinn Eacnamaíochta ECFE, Uimh. 1709, 2022; An Coimisiún Eorpach, *Investing in People's Competences – A Cornerstone for Growth and Wellbeing in the EU [Infheistíocht a Dhéanamh in Inniúlachtaí Daoine – Bunchloch Fáis agus Folláine san Aontas Eorpach]*, *Plépháipéir maidir le Geilleagar na hEorpa,* 139, 2021; Woessmann L., *The Economic Case for Education*, *Tuarascáil Anailíseach EENEE Uimh. 20,* 2014.

[116] An Coimisiún Eorpach, Investing in education in a post-Covid EU [Infheistíocht a dhéanamh san oideachas san Aontas tar éis COVID], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[117] Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile agus lena n-ionadaítear an Moladh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) 2022/C 469/01.

[118] An Coimisiún Eorpach, The twin challenge of equity and excellence in basic skills in the EU [Dúshlán dúbailte an chothromais agus an bharr feabhais i mbunscileanna san Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

10 mbliana roimhe sin. An tráth céanna, léiríonn na sonraí PISA is déanaí go bhfuil laghdú tagtha ar an ráta feidhmíochta is airde, i.e. an sciar de mhic léinn a bhaineann ardleibhéal inniúlachta amach, sna grúpaí socheacnamaíocha uile[119]. Tá laghdú suntasach tagtha ar an ráta i gcoitinne sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht, agus san eolaíocht tá sé fós cuibheasach cobhsaí i bhformhór na dtíortha. In 2022, níor shroich ach 7,9 % de mhic léinn an Aontais ardleibhéal inniúlachta sa mhatamaitic, 6,5 % sa léitheoireacht agus 6,9 % san eolaíocht (vs 11 %, 8,1 % agus 6,3 %, faoi seach, in 2018). Cé gur féidir glacadh leis go raibh ról ag géarchéim COVID-19 sa laghdú feidhmíochta, bhí an fheidhmíocht ag dul i laghad i roinnt tíortha cheana féin roimh an bpaindéim.

**Tá méadú mór tagtha ar rátaí tearcghnóthachtála sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht, agus méadú níos measartha san eolaíocht**

Sciar na mac léinn nach bhfuil in ann tagarmharc inniúlachta íosta Leibhéal 2 PISA a bhaint amach (%)




*Tabhair faoi deara*: Ní mór a bheith cúramach agus luach 2022 an Aontais á léirmhíniú: níor chomhlíon an Danmhairg, Éire, an Laitvia ná an Ísiltír caighdeán samplála PISA amháin nó níos mó (féach ECFE, Torthaí PISA 2022 (Imleabhar 1), A2 agus A4). Tá sonraí 2012 in easnamh i gcás Mhálta.
*Foinse:* ECFE, PISA 2012, 2015, 2018, 2022, ríomhanna AS EAC.

**Tá roinnt tíortha tar éis bearta nua a sheoladh nó a bhreithniú mar fhreagairt ar thorthaí PISA, ar ábhar imní iad.** Sa **Pholainn**, cuireadh roinnt beart ceartaitheach chun feidhme láithreach agus tá sé beartaithe aici athchóiriú curaclaim a bheidh bunaithe ar inniúlachtaí, faoina dtairbheofar de phiarchomhairleoireacht faoi chreat straitéiseach LEO, a dhéanamh ó 2026 ar aghaidh ar an leibhéal réamh-bhunscoile agus bunscoile. Méadóidh **an Fhionlainn** an t-íoslíon ceachtanna éigeantacha don léitheoireacht, don scríbhneoireacht agus don uimhearthacht ar an mbunleibhéal. Tabharfar an t-athchóiriú isteach ó mhí Lúnasa 2025, agus tiocfaidh méadú EUR 200 milliún ar mhaoiniú oideachais bhunata. Is é is aidhm do thionscadal ilnáisiúnta arna mhaoiniú ag Ionstraim an Aontais um Thacaíocht Theicniúil (TSI) tacú leis **an mBulgáir** agus leis **an Rómáin** a gcumas a neartú chun a n-athchóirithe curaclaim a dhearadh agus a sholáthar trí athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais tosaíochta agus trí mholtaí a cheapadh chun feabhas a chur ar dhearadh, ar chur chun feidhme, ar fhaireachán agus ar mheastóireacht an churaclaim. I mí na Bealtaine 2024, ghlac **Málta** Straitéis nua Náisiúnta Oideachais (2024-30), lena moltar go n-aistreofar de réir a chéile ó sholáthar eolais go córas atá bunaithe ar inniúlacht. Beartaítear leis freisin Straitéis

[119] In PISA, gabhtar é sin le hinnéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha (ESCS). Sa chatagóir 'cúlra socheacnamaíoch faoi bhuntáiste' tá 25 % de na mic léinn uile a bhfuil na scóir ESCS is airde acu sa tír ar leith, ach sa chatagóir 'cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste' tá 25 % de na mic léinn uile a bhfuil na scóir ESCS is ísle acu.

Uimhearthachta agus tiomantas chun scileanna litearthachta a neartú. San **Ísiltír**, cuirtear oideachas fianaise-shaibhrithe chun cinn leis an Máistirphlean maidir le bunscileanna, faoina bhfaigheann scoileanna rannpháirteacha EUR 500 in aghaidh an mhic léinn chun feabhas a chur ar bhunscileanna, ar choinníoll go n-úsáidtear modhanna a bhfuil cruthúnas ann go bhfuil siad éifeachtach, amhail méideanna ranganna níos lú, rud lena ngabhann méadú buiséid de thart ar 50 % i dtaca lena leathnú. Mar léiriú ar an aistriú ó mhodhanna digiteacha teagaisc agus foghlama chuig modhanna níos analógaí, tá **an tSualainn** ag díriú ar rochtain saor in aisce ar théacsleabhair agus ar leabharlanna agus acmhainní foghlama analógacha a chur chun cinn chun feabhas a chur ar bhunscileanna. Le tacaíocht ó CSE+, tá clár náisiúnta á bhunú ag **an Rómáin** chun neamhlitearthacht fheidhmiúil a chosc agus a laghdú.

**Tá tearcghnóthachtáil sna bunscileanna tar éis dul in olcas go mór i dtromlach na mBallstát, rud a chuireann táirgiúlacht saothair agus iomaíochas an Aontais amach anseo go mór i mbaol.** Léiríonn na torthaí ó Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí (PISA) 2022 nach bhfuil bunscileanna sa mhatamaitic ag beagnach duine as gach triúr atá 15 bliana d'aois, agus nach bhfuil bunscileanna ag duine as gach ceathrar díobh sa léitheoireacht agus san eolaíocht. Tá an tAontas tar éis imeacht níos faide óna sprioc LEE maidir le tearcghnóthachtáil a laghdú go 15 %, agus an bhearna atá ann faoi láthair, tá sí níos leithne ná mar a bhí sí 10 mbliana roimhe sin. Is é an ráta sa mhatamaitic (+6,6 pointe céatadáin) is mó atá dulta in olcas ó bhí na sonraí deireanacha ar fáil in 2018 – féach Fíor 2.2.3. Is í an Eastóin amháin a chomhlíonann an sprioc i ngach ceann de na trí réimse, agus comhlíonann Éire an sprioc sa léitheoireacht. Is ábhar imní ar leith é go dtuairiscíonn 18 dtír rátaí tearcghnóthachtála os cionn 25 % sa mhatamaitic anois, agus go bhfeictear rátaí chomh hard céanna sa léitheoireacht i 14 thír. Is ábhar imní ar leith é cás na matamaitice sa Bhulgáir, sa Chipir, sa Rómáin agus sa Ghréig, mar ar mó ná 45 % an tearcghnóthachtáil. Thairis sin, tá laghdú tagtha ar an sciar de mhic léinn a bhaineann ardleibhéil inniúlachta amach sna ngrúpaí socheacnamaíocha uile, rud a léiríonn a fhairsinge atá an dúshlán. Léiríonn na forbairtí sin go bhfuil bacainní móra ar fhorbairt bunscileanna ar fud an Aontais, rud a chuireann táirgiúlacht saothair agus iomaíochas i mbaol sa mheántéarma.

**Fíor 2.2.3: Tá méadú mór tagtha ar rátaí tearcghnóthachtála sa mhatamaitic**

Sciar na mac léinn nach bhfuil in ann tagarmharc inniúlachta íosta Leibhéal 2 PISA a bhaint amach (%)




*Tabhair faoi deara*: Ní mór a bheith cúramach agus sonraí 2022 á léirmhíniú i gcás na Danmhairge, Éireann, na Laitvia agus na hÍsiltíre toisc nár comhlíonadh caighdeán samplála PISA amháin nó níos mó. Tá sonraí 2012 in easnamh i gcás Mhálta.

*Foinse:* OECD, PISA 2012, 2018, 2022, ríomhanna AS EAC.

**Tá neamhionannais oideachais tar éis dul in olcas, rud a chuireann le leochaileachtaí mac léinn ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus ó chúlra imirceach.** Tearcghnóthachtáil sa

mhatamaitic a bhí i gceist le beagnach leath (48 %) de mhic léinn faoi mhíbhuntáiste in 2022, tar éis ardú substaintiúil ó 2018 (38,2 %). Tháinig méadú freisin ar thearcghnóthachtáil i measc mic léinn faoi bhuntáiste, fiú más ar bhealach i bhfad níos measartha é (ó 8,6 % go 10,9 %), rud a fhágann an bhearna shocheacnamaíoch atá ann cheana níos leithne fós. I ngach Ballstát, seachas Málta, tháinig méadú ar an mbearna sin (cé nach mbíonn sé sin suntasach i gcónaí ó thaobh staidrimh de). Tháinig méadú díréireach ar thearcghnóthachtáil thromchúiseach i measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste freisin (i.e. an sciar de mhic léinn nach n-éiríonn go maith leo sna trí réimse uile), a d'fhás ó 23,3 % go 28,8 %. Chonacthas na méaduithe ba mhó sa Chipir (16,2 pointe céatadáin), san Ísiltír (13,8 pointe céatadáin), sa tSlóvaic (11,5 pointe céatadáin) agus sa Bhulgáir (10 bpointe céatadáin). Os a choinne sin, níor tháinig ach laghdú 0,5 pointe céatadáin ar fheidhmíocht mac léinn faoi bhuntáiste idir 2018 agus 2022. Is sa Rómáin, sa tSlóvaic, sa Bhulgáir agus san Ungáir is suntasaí an difríocht sa tearcghnóthachtáil thromchúiseach idir mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha faoi bhuntáiste agus faoi mhíbhuntáiste. I bhformhór na dtíortha, bíonn tearcfheidhmíocht mhór i gceist le mic léinn a rugadh ar an gcoigríoch i gcomparáid lena bpiaraí a rugadh ina dtír ghnáthchónaithe do thuismitheoirí nach ó chúlra imirceach iad, agus a mhéid a bhaineann le mic léinn a rugadh ina dtír ghnáthchónaithe do thuismitheoirí a rugadh ar an gcoigríoch, tá siad ag breith suas go páirteach. Níl difríochtaí beaga idir na grúpaí mac léinn uile le sonrú ach i roinnt bheag Ballstát (an Chróit, Málta, Éire, agus an Chipir). Tá na torthaí sin i gcomhréir le taighde a rinneadh le déanaí ar thionchar COVID-19 ar thorthaí foghlama, a léiríonn gur bhain caillteanais foghlama ní ba mhó, ar an meán, do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ná mar a bhain dá bpiaraí faoi bhuntáiste le linn na paindéime.

**Tá sé ríthábhachtach oideachas agus oiliúint dhigiteach ar ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear trína áirithiú go leanfaidh na córais oideachais de luas an dul chun cinn theicneolaíoch amhail an Intleacht Shaorga (IS), chun tacú le haistriú digiteach cothrom.** I ndáil leis sin, i mí na Samhna 2023, ghlac an Chomhairle dhá Mholadh chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le hoideachas agus oiliúint dhigiteach atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus inrochtana a sholáthar agus scileanna digiteacha a fhorbairt do chách. Is éard atá sna Moltaí sin, a glacadh mar chuid de chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais don Oideachas Digiteach (2021-27), céim i dtreo spriocanna LEO agus na deacáide digití a bhaint amach. Ar an gcéad dul síos, leis an Moladh maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil, iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain uilíoch ar oideachas agus oiliúint dhigiteach chuimsitheach ar ardchaighdeán[120]. Ar an dara dul síos, leis an Moladh maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint, iarrtar ar na Ballstáit scileanna digiteacha a sholáthar ar bhealach comhleanúnach ar fud earnálacha uile an oideachais agus na hoiliúna[121]. I dteannta a chéile, tugann an dá mholadh aghaidh ar an ngá go n-oiriúnófar an t-oideachas don chlaochlú digiteach agus go mbeifear in ann leanúint de luas forbairtí leanúnacha teicneolaíochta, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Sna moltaí, sainaithníonn an Chomhairle IS mar ábhar a bhfuil príomhthábhacht straitéiseach ag baint leis, a bhfuil cur chuige comhordaithe ina leith ag teastáil ar leibhéal an Aontais. Tá siad sin ina gcomhlánú ar thionscnaimh an Choimisiúin faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach arb é is aidhm dó tacú le córais

[120] Féach Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil (C/2024/1115).
[121] Féach Moladh ón gComhairle an 23 Samhain 2023 maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint (C/2024/1030).

oideachais agus oiliúna na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh na hintleachta saorga, amhail na treoirlínte eiticiúla d'oideoirí maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS) agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim, an Creat nuashonraithe Inniúlachta Digití do Shaoránaigh ('DigComp 2.2') agus rannchuidiú Erasmus+ chun cleachtais agus scileanna oideolaíocha nuálacha a fhorbairt a bhaineann le húsáid IS. Thairis sin, gabhann siad leis an tacaíocht a thugtar faoin gclár don Eoraip Dhigiteach chun úsáid ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn in earnáil an oideachais agus chun forbairt clár ardoideachais agus cúrsaí oiliúna gearrthéarmacha lena gcumhdaítear raon leathan príomhréimsí digiteacha a chur chun cinn freisin. Ó Bhallstát go chéile, tacaíonn STA le hinfheistíochtaí in athchóirithe bonneagair, oiliúna agus curaclaim chun inniúlachtaí digiteacha a fheabhsú, lena n-áirithítear cuimsitheacht, nuálaíocht agus ailíniú leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus le spriocanna na deacáide digití. Le déanaí, sheol an Coimisiún staidéar ar impleachtaí seacht gcinn de acquis digiteacha, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga, maidir le cleachtais oideachais agus oiliúna, arb é is aidhm dó ullmhacht a fheabhsú a thuilleadh ar fud gníomhaithe oideachais agus oiliúna poiblí agus príobháideacha. Thairis sin, faoin sainordú nua, cuirfidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach ar aghaidh mar aon le glacadh Treochláir um thodhchaí an oideachais agus na hoiliúna digití.

**Leanann torthaí fostaíochta céimithe nua ón ngairmoideachas agus ón ngairmoiliúint (VET) de bheith ag dul i bhfeabhas ar fud an Aontais.** Is é is aidhm don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh gairmeacha sonracha agus, ar bhonn níos leithne, le haghaidh mhargadh an tsaothair, a thabhairt do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. In 2022, bhí níos mó ná leath (52,8 %) de mhic léinn agus daltaí a bhfuil oideachas meánscoile sinsearach nó oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (oideachas meánleibhéil) acu cláraithe i gcláir ghairmoideachais[122]. In 2023, bhí 81,0 % de dhaoine (20-34) a bhain céim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna amach le déanaí fostaithe san Aontas, rud a léiríonn méadú 1,2 pointe céatadáin ón mbliain roimhe sin[123]. Tugann an treocht dhearfach sin le fios go bhféadfadh sé go mbainfidh an tAontas amach a sprioc go mbeidh 82 % ar a laghad de chéimithe nua gairmoideachais agus gairmoiliúna fostaithe faoi 2025[124], tar éis dó an sprioc a bhaint amach cheana féin go mbeadh taithí ar fhoghlaim obairbhunaithe ag 60 % de chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna[125], óir fuair 64,5 % acu taithí san ionad oibre in 2023[126] mar chuid dá gcuraclam gairmoideachais agus gairmoiliúna[127]. Tá rátaí fostaíochta níos airde acu siúd a ghlac páirt san fhoghlaim obairbhunaithe (84,8 % in 2023) ná iad siúd nár ghlac páirt inti (71,5 %). An tráth céanna, tá éagothromaíochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile: tá rátaí fostaíochta céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna idir níos lú ná 70 % san Iodáil, sa Spáinn, sa Rómáin agus sa Ghréig agus níos mó ná 90 % san Ísiltír, sa Ghearmáin

---

122 Eurostat, bunaithe ar bhailiú sonraí UNESCO-OECD-Eurostat [educ_uoe_enra16]. Is éard atá i gceist le hoideachas meánleibhéil oideachas meánscoile sinsearach (ISCED leibhéal 3) nó oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (ISCED leibhéal 4).

123 Eurostat, [edat_lfse_24].

124 Féach Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht.

125 Féach Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht 2020/C 417/01 agus Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) 2021/C 66/01.

126 Lasmuigh den fhoghlaim scoilbhunaithe nó de chleachtaí praiticiúla in ionad oiliúna, nó ina dteannta.

127 Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [tps00215].

agus i Málta[128]. Tá éagsúlacht mhór ann freisin maidir le taithí ar fhoghlaim obairbhunaithe, ó faoi bhun 20 % sa Rómáin agus sa tSeicia go dtí os cionn 90 % san Ostair, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa Spáinn. Faoin sainordú nua, forbróidh an Coimisiún Straitéis Eorpach um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint, lena n-áirítear borradh a chur faoin líon daoine a bhfuil céim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna thánaisteach acu, agus printíseachtaí san áireamh.

**Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun a sprioc maidir le gnóthachtáil oideachais threasaigh a bhaint amach, ach tá an bhearna idir na hinscní fós mór agus is beag comhartha cóineasaithe atá ann.** In 2023, bhí céim threasach ag 43,1 % de dhaoine óga (25-34) san Aontas. Chonacthas méaduithe i ngach Ballstát seachas trí cinn (an Fhionlainn, an Ungáir, an Rómáin) le 5 bliana anuas, ach tá difríochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile. Le 22.5 %, chláraigh an Rómáin an ráta gnóthachtála oideachais threasaigh is ísle san Aontas, agus thuairiscigh Éire an ráta ab airde, ag 62.7 %. Sprioc LEE go mbeidh 45 % ann faoi 2030, tá sí bainte amach cheana féin ag 13 Bhallstát, agus méid is mó ná 50 % bainte amach ag ocht gcinn acu[129], ach tá ocht dtír fós faoi bhun 40 %. An tráth céanna, is mó i bhfad an seans go mbeidh céim threasach ag mná óga (48,8 %) ná ag fir (37,6 %) – féach Fíor 2.2.4. Tá éagothromaíochtaí móra idir na hinscní i ngach tír, agus bearna is mó 20 pointe céatadáin i gcúig Bhallstát (an Chróit, an Liotuáin, an tSlóivéin, an Laitvia agus an Eastóin). Thairis sin, tá difríochtaí idir na hinscní fós ann de réir réimsí ábhair, ós rud é go bhfuil mná chun tosaigh i réimsí an oideachais agus na sláinte agus go bhfuil ró-ionadaíocht ar fhir in TFC agus san innealtóireacht. Thairis sin, ós dúshlán do dhaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste fós í rochtain leordhóthanach ar ardoideachas, tá an baol ann go dtreiseofar na héagothromaíochtaí socheacnamaíocha atá san oideachas cheana féin. Feictear freisin go bhfuil rátaí gnóthachtála oideachais threasaigh níos ísle (38 %) i gcás daoine a rugadh ar an gcoigríoch. Ar an iomlán, tá éagothromaíochtaí náisiúnta i rátaí gnóthachtála oideachais threasaigh fós leathan agus is beag comhartha cóineasaithe aníos atá ann[130]. Thairis sin, tá difríochtaí móra réigiúnacha ann fós, a bhfuil méadú seasta tagtha orthu ó bhí 2015 ann, agus tá roinnt réigiún i mbaol titim chun deiridh ar réimsí níos dinimiciúla de réir mar a leathnaíonn deighiltí tallainne agus eacnamaíocha[131], mar a leagtar amach freisin sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Tallann a chur chun tairbhe i Réigiúin na hEorpa[132].

[128] Ríomh an Choimisiúin Eorpaigh féin, féach an Coimisiún Eorpach, Education and Training Monitor 2024 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[129] Chun sonraí a fháil, féach *European Commission Communication on Harnessing talent in Europe's regions (COM(2023) 32 final)* [Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa (COM(2023) 32 final)].

[130] Eurofound, The role of human capital for cohesion and convergence [Ról an chaipitil dhaonna maidir le comhtháthú agus cóineasú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[131] Féach an Coimisiún Eorpach, Employment and Social Developments in Europe 2024 [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[132] An Coimisiún Eorpach, Harnessing Talent in Europe: a new boost for EU Regions [Tallann a chur chun tairbhe san Eoraip: borradh nua faoi Réigiúin an Aontais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

**Fíor 2.2.4. Tá gnóthachtáil oideachais threasaigh níos airde i measc na mban**

Cion na ndaoine (25-34 bliana d'aois) a bhain oideachas treasach amach (ISCED 5-8, %, 2023)




*Foinse:* Eurostat, [edat_lfse_03].

**Is príomhthosaíocht fós é borradh a chur faoin tsoghluaisteacht foghlama san ardoideachas chun scileanna mac léinn a fheabhsú agus cur lena ndeiseanna ar an gcoigríoch.** In 2022, níor chuir ach 4,3 % de chéimithe treasacha san Aontas a gcéimeanna i gcrích i dtír nach í an tír ina bhfuair siad a ndioplómaí meánscoile sinsearacha (soghluaisteacht céime), agus bhí taithí shealadach ar an gcoigríoch ag 6,7 % díobh (soghluaisteacht creidiúintí). Ar an iomlán, ba é 11,0 % an sciar de chéimithe treasacha san Aontas a bhfuil soghluaisteacht foghlama de chineál éigin ar an gcoigríoch acu, 12 phointe céatadáin faoi bhun na sprice go mbeidh 23 % ann faoi 2030[133]. Formhór na dtréimhsí gearrthéarmacha staidéir ar an gcoigríoch, maoiníodh iad ó chláir de chuid an Aontais amhail Erasmus+ (54,6 %). An tráth céanna, bhí éagsúlacht mhór idir cion na gcéimithe treasacha eachtracha ó thír go chéile, lena n-áirítear i dtéarmaí mór-roinne tionscnaimh, rud a bhíonn ag brath, i measc nithe eile, ar naisc stairiúla, ar ghaireacht gheografach agus ar ghnéithe comhchoiteanna teanga. In 2022, ba ó Bhallstáit eile a tháinig beagnach aon trian (30 %) den tsoghluaisteacht isteach i dtíortha an Aontais, agus, in aon trian de na tíortha, ba shoghluaisteacht céime laistigh den Aontas a bhí i gceist le níos mó ná leath den tsoghluaisteacht céime isteach uile.

**Tá bearta éifeachtacha chun scileanna an lucht saothair a chothú fíor-riachtanach chun tacú leis an iomaíochas, chun fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn agus chun samhail shóisialta an Aontais a chaomhnú, agus is amhlaidh sin freisin i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus an athraithe dhéimeagrafaigh.** Le suirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i mí na Bealtaine 2023[134], fuarthas go measann 95 % de na freagróirí go bhfuil sé 'measartha tábhachtach' nó 'an-tábhachtach' oibrithe oilte a bheith acu. I bhfianaise an mhéid sin, agus i bhfianaise na nganntanas forleathan saothair agus scileanna, thuairiscigh níos mó ná leath de

[133] Tagraíonn an sciar sin do shoghluaisteacht céime agus creidiúintí. Is dócha go ndéantar gannmheastachán ar mheánfheidhmíocht an Aontais agus ar fheidhmíocht na dtíortha mar gheall ar roinnt teorainneacha a dhéanann difear do shonraí soghluaisteachta foghlama. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: An Coimisiún Eorpach, Education and Training Monitor 2024 – Comparative report [Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2024 – Tuarascáil chomparáideach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[134] Féach an Coimisiún Eorpach, Flais-Eurobharaiméadar 529 – Skills shortages, recruitment and retention strategies in small and medium-sized enterprises [Ganntanais scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

FBManna (52 %) go raibh deacrachtaí acu teacht ar oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu, agus tá beagnach dhá thrian díobh (63 %) á gcoinneáil siar ina ngníomhaíochtaí ginearálta gnó mar gheall ar ghanntanais scileanna. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach dá réir sin go mbeidh córais oideachais agus oiliúna dhea-fheidhmiúla éifeachtacha ann chun scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a thabhairt do dhaoine óga agus do dhaoine fásta le haghaidh poist ardcháilíochta, agus is amhlaidh sin freisin i bhfianaise na gclaochluithe móra atá os comhair an Aontais. Tacaíonn cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais[135] leis na Ballstáit san iarracht sin, agus leithdháileadh EUR 44 bhilliún ar fhorbairt scileanna le linn chlárthréimhse 2021-27[136]. I roinnt Ballstát, tacaíonn cistí STA le forbairt clár oiliúna inrochtana atá ábhartha don mhargadh saothair, inter alia cláir atá dírithe ar scileanna digiteacha agus inniúlachtaí glasa a fheabhsú, rud a chuidíonn le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais chriticiúla saothair. San iomlán, leithdháiltear EUR 17,8 billiún ar bhearta a bhaineann le foghlaim aosach, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach agus chun scileanna a aithint agus a bhailíochtú. An glao sa Chlár Oibre Eorpach um Scileanna 2020 ar mhéadú radacach ar uas-sciliú agus athsciliú, saothrófar a thuilleadh é trí Aontas na Scileanna a fógraíodh cheana sna Treoirlínte Polaitiúla nua. Ina theannta sin, leis an Moladh ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair, leagtar amach conas is féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a chomhcheangal ar bhealach éifeachtach chun daoine fásta a chumasú chun a scileanna a fhorbairt ar feadh a saoil oibre ar fad[137]. Bunaithe ar an Moladh ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr, tá ról tábhachtach ag na micridhintiúir i ndáil leis sin freisin, chun deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a bheidh solúbtha, spriocdhírithe agus ar ardchaighdeán a sholáthar d’oibrithe agus do chuardaitheoirí poist[138].

---

[135] Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC).

[136] Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an infheistíocht ón Aontas arna leithdháileadh chun tacú le scileanna, féach an Coimisiún Eorpach, An in-depth overview of the EU cohesion funds’ investments in skills in the context of the European Year of Skills [Forbhreathnú cuimsitheach ar infheistíochtaí chistí comhtháthaithe an Aontais i scileanna i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[137] Chun sonraí a fháil, féach: *COUNCIL RECOMMENDATION of 16 June 2022 on individual learning accounts 2022/C 243/03* [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03].

[138] Chun sonraí a fháil, féach: *COUNCIL RECOMMENDATION of 16 June 2022 on a European approach to micro-credentials for lifelong learning and employability 2022/C 243/02* [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht (2022/C 243/02)].

**Fíor 2.2.5: Tá mímheaitseálacha scileanna ar an leibhéal maicreacnamaíoch ag dul i laghad san Aontas le 10 mbliana anuas**

Scaipeadh coibhneasta rátaí fostaíochta na n-oibrithe ag a bhfuil leibhéil oideachais dhifriúla, arna ualú de réir sciar gach grúpa sa daonra iomlán atá in aois oibre (20-64 bliana d'aois)




*Tabhair faoi deara*: Cuirtear i dtábhacht leis an táscaire sin an deacracht a bheith níos airde, ar bhonn coibhneasta, ag daoine ag a bhfuil leibhéal íseal cáilíochtaí agus meánleibhéal cáilíochtaí chun dul isteach sa mhargadh saothair, i gcomparáid le daoine ardcháilithe.
*Foinse:* Ríomhanna AS EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, [lfsg_egaed; lfsq_pgaed; lfsq_agaed], SFS an Aontais.

**Tá mímheaitseálacha scileanna ar an leibhéal maicreacnamaíoch ag dul i laghad san Aontas le 10 mbliana anuas.** Leis an táscaire maidir le mímheaitseálacha scileanna maicreacnamaíocha (lena dtomhaistear scaipeadh coibhneasta rátaí fostaíochta i measc oibrithe 20-64 bliana d'aois a bhfuil leibhéil éagsúla gnóthachtála oideachais acu - íseal, meánach agus ard), léirítear a mhéad nach dtagann an soláthar scileanna leis an éileamh orthu ar fud an lucht saothair – féach Fíor 2.2.5. Cuirtear i dtábhacht leis an táscaire an deacracht a bheith níos mó, ar bhonn coibhneasta, ag daoine ag a bhfuil leibhéal íseal cáilíochtaí agus meánleibhéal cáilíochtaí chun dul isteach sa mhargadh saothair, i gcomparáid le daoine ardcháilithe. Ó bhí 2013 ann, tá mímheaitseálacha scileanna maicreacnamaíocha ag dul i laghad i bhformhór thíortha an Aontais, ach amháin sa Phortaingéil, sa Rómáin, i Lucsamburg agus sa tSlóivéin, mar a bhfuil méadú tagtha ar mhímheaitseálacha scileanna maicreacnamaíocha, agus sa Ghearmáin, mar ar fhan siad cobhsaí. Is é is príomhchúis leis an laghdú foriomlán sin feabhsuithe gnóthachtála oideachais agus méadú ar an líon post a bhfuil oideachas meánscoile ar a laghad ag teastáil ina leith. Ar bhonn níos lú, léiríonn an feabhsú freisin go mbíonn laghdú ag teacht ar bhearnaí fostaíochta idir grúpaí den daonra a bhfuil leibhéil éagsúla oideachais acu. Mar sin féin, tá leibhéil arda mímheaitseálacha scileanna ann fós i dtíortha amhail an Iodáil, an Bheilg agus an Chróit. Sna tíortha sin, d'fhéadfadh feabhsú torthaí oideachais agus uas-sciliú tríd an bhfoghlaim aosach cuidiú le scileanna an lucht saothair a ailíniú níos fearr le riachtanais mhargadh an tsaothair.

**Fíor 2.2.6: Níor tháinig ach méadú beag ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ó bhí 2016 ann, agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile**

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas in AE-27 (25-64 bliana d'aois), leibhéil 2022 agus athruithe ó 2016 (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat faireacháin don sprioc scileanna, agus úsáid á baint as sonraí SOA gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh. Féach freisin Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta. Ríomhtar an t-athrú go 2022 i ndáil le luach 2016, an ceann deireanach a bhí ar fáil roimh 2022. Briseadh san amshraith in 2022 le haghaidh FR, IT agus RO.

*Foinse:* Ó Eurostat special extraction of the adults' participation rate in learning during the past 12 months without guided on the job training (GOJT), from the Adult Education Survey [eastóscadh speisialta de ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach].

**D'ainneoin méaduithe beaga, tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós i bhfad faoi bhun phríomhsprioc an Aontais go mbainfear 60 % amach faoi 2030 agus tá éagsúlacht mhór ann fós ó Bhallstát go chéile, rud a léiríonn a thábhachtaí atá gníomhaíocht chinntitheach beartais.** Leis na figiúirí is déanaí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach (SOA), léirítear go bhfuil méadú beag tagtha ar an sciar de dhaoine fásta atá rannpháirteach san fhoghlaim san Aontas (gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh), ó 37,4 % in 2016 go 39,5 % in 2022, agus éagothromaíochtaí móra ann ó Bhallstát go chéile[139]. Tuairiscíodh na rátaí rannpháirtíochta ab airde sa tSualainn (66,5 %), san Ungáir (62,2 %), san Ísiltír (56,1 %) agus sa Ghearmáin (53,7 %), rud a fhágann gurb iad 'na gníomhaithe is fearr' iad – féach Fíor 2.2.6. Chonacthas méaduithe ba mhó ná 7 bpointe céatadáin sna tíortha sin uile ó bhí 2016 ann, seachas an Ísiltír inar tháinig laghdú 1 phointe céatadáin ar

[139] I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat faireacháin don sprioc i dtaobh scileanna, agus úsáid á baint as sonraí SOA gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh. Féach freisin Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta.

rannpháirtíocht. Dá réir sin, chonacthas leibhéil rannpháirtíochta atá an-íseal agus ag dul in olcas sa Bhulgáir (9,5 %), sa Ghréig (15,1 %), sa Pholainn (20,3 %) agus sa tSeicia (21,2 %), a bhfuil 'cásanna criticiúla' iontu sin uile, rud a léiríonn treocht éagsúlaithe go pointe ar fud an Aontais. Sna tíortha sin, tá laghdú tagtha ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach ó bhí 2016 ann, agus chonacthas na laghduithe ba mhó sa Bhulgáir (-2,3 pointe céatadáin) agus sa tSeicia (-1,6 pointe céatadáin). Cé go bhfuil rannpháirtíocht fós íseal ar an iomlán sa Rómáin, is inti a chonacthas an méadú ba mhó san Aontas (13,3 pointe céatadáin, cé go bhféadfadh sé sin a bheith mar gheall ar an mbriseadh sa tsraith freisin), agus cás 'lag ach ag dul i bhfeabhas' atá ann. Cé go n-iarrtar le príomhsprioc 2030 go mbeidh 60 % ar a laghad de dhaoine fásta rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain, bhí suas le 24 thír fós faoi bhun a spriocanna náisiúnta in 2022, agus níor thuairiscigh ach 13 cinn acu gur tháinig méadú ar rannpháirtíocht (féach Roinn 1.3). Tá gá le hiarrachtaí comhordaithe beartais agus le huaillmhian athnuaite chun an lucht saothair a oiriúnú do riachtanais scileanna atá ag athrú, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus chun leanúint de bheith iomaíoch, nuálach agus cuimsitheach i gcomhthéacs an dá aistriú agus an athraithe dhéimeagrafaigh [140].

**Ní bhíonn daoine a bhfuil cáilíochtaí ísle acu, iad siúd lasmuigh den lucht saothair ná daoine scothaosta rannpháirteach chomh minic céanna in oiliúint, agus tá bearta beartais spriocdhírithe ina leith ag teastáil.** Cé gur rud riachtanach do chách é forbairt scileanna ar feadh an tsaoil i margadh an tsaothair agus sochaí an lae inniu atá ag athrú go tapa, tá sé ríthábhachtach do ghrúpaí áirithe go sonrach, go háirithe daoine a bhfuil cáilíochtaí ísle acu (i.e. oideachas meánscoile sóisearach ar a mhéad) agus iad siúd atá lasmuigh de mhargadh an tsaothair, chomh maith le daoine scothaosta. Tá na grúpaí sin go háirithe i mbaol titim chun deiridh in ionad oibre ina mbíonn na scileanna a éilítear ag athrú. Léirítear sna sonraí SOA is déanaí (2022) difríochtaí móra i rátaí rannpháirtíochta de réir leibhéil gnóthachtála oideachais, stádas saothair agus aoise – féach Fíor 2.2.7. Tá sé fós níos mó ná trí oiread níos dóchúla go mbeidh daoine ardcháilithe, arb é 58,9 % an sciar díobh (i gcomparáid le 58,1 % in 2016), rannpháirteach san fhoghlaim ná iad siúd atá ar bheagán cáilíochtaí, arb é 18,4 % an sciar díobh (i gcomparáid le 17,9 % in 2016), rud a leathnaíonn a thuilleadh an bhearna scileanna tar éis an oideachais fhoirmiúil. Cé go ndeachaigh rannpháirtíocht i measc daoine fostaithe agus iad siúd lasmuigh den lucht saothair i méid go 44,7 % agus 23,7 %, faoi seach (méadú 1,4 pointe céatadáin agus 2,4 pointe céatadáin i gcomparáid le 2016), d'fhan rannpháirtíocht i measc daoine dífhostaithe mórán mar an gcéanna ag 26,8 % (26,0 % in 2016). Tá éagothromaíochtaí a bhaineann le haois fós ann freisin: bhí beagnach gach dara duine fásta óg 25-34 bliana d'aois (49,5 %) rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama in 2022, ach ba lú ná aon trian de dhaoine 55-64 bliana d'aois (29,9 %) a bhí rannpháirteach iontu. Tá méadú suntasach tagtha ar an rannpháirtíocht ó bhí 2016 ann i gcás an dá ghrúpa, ach ar luas níos gasta i gcás daoine fásta óga ná daoine scothaosta (méadú faoi 3,7 pointe céatadáin agus 2,5 pointe céatadáin, faoi seach). Mar a chuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht ar an tionscnamh maidir le Conairí Uas-Scilithe,[141] is gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht na ngrúpaí sin san fhoghlaim. Le tionscnaimh amhail cuntais foghlama aonair, is féidir deiseanna foghlama a dhéanamh níos inrochtana do chách, lena n-áirítear grúpaí tearcfheidhmíochta ar féidir tuilleadh tacaíochta a

---

[140] Féach an Coimisiún Eorpach, Employment and social developments in Europe 2024 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[141] An Coimisiún Eorpach, SWD(2023) 460 final – Evaluation of the Council Recommendation of 19 December 2016 on Upskilling Pathways: New Opportunities for adults [Meastóireacht ar an Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-Scilithe: Deiseanna nua do dhaoine fásta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

thabhairt dóibh trí bhreisithe, gairmthreoir oiriúnach agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe for-rochtana agus múscailte feasachta. Ó Bhallstát go chéile, tacaíonn STA agus CSE+ le bearta spriocdhírithe a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh rochtain chuimsitheach ar dheiseanna athscilithe a áirithiú, déanann siad grúpaí leochaileacha a ullmhú chun oiriúnú don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus cuireann siad feabhas ar a n-infhostaitheacht.

**Fíor 2.2.7: Saintréith de rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach is ea éagsúlacht mhór ó ghrúpa go chéile sa daonra**

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas de réir foghrúpa (25-64 bliana d'aois, %), 2022




*Tabhair faoi deara*: I mí Mheán Fómhair 2024, tháinig Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcreat faireacháin don sprioc scileanna, agus úsáid á baint as sonraí SOA gan oiliúint threoraithe ar an láthair oibre a chur san áireamh. Féach freisin Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta.
*Foinse:* Ó Eurostat special extraction of the adults' participation rate in learning during the past 12 months without guided on the job training (GOJT), from the Adult Education Survey [eastóscadh speisialta de ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach].

**Ar an iomlán, tá an dul chun cinn maidir le scileanna digiteacha mall, agus tá éagothromaíochtaí móra idir na Ballstáit.** In Eoraip atá claochlaithe go digiteach, is réamhchoinníoll iad bunscileanna digiteacha don fhostaíocht agus don chuimsiú sóisialta, rud a léirítear sa sprioc a leagtar síos ar leibhéal an Aontais go mbeidh bunscileanna digiteacha ag 80 % ar a laghad de dhaoine fásta (16-74) faoi 2030[142]. In 2023, d'ainneoin an t-idirlíon a bheith á úsáid uair sa tseachtain ar a laghad ag níos mó ná 90 % de dhaoine san Aontas[143], ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 55,6 % díobh, méadú beag ó 2021 (53,9 %). Ar an luas sin, ní bheadh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 59,8 % de dhaoine fásta faoi dheireadh na deacáide[144]. Tá bearnaí móra san fheidhmíocht idir na Ballstáit agus tá siad ag dul i méid a thuilleadh. Níor léirigh an Rómáin, an tír a bhfuil an sciar is ísle de dhaoine

[142] Sainítear an sprioc sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sa Chompás Digiteach don Deacáid Dhigiteach.
[143] Féach an Coimisiún Eorpach, Digitalisation in Europe – 2024 edition [Digitiú san Eoraip – eagrán 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
[144] Maidir leis an gconair i dtreo sprioc 2030, féach an Coimisiún Eorpach, Tuarascáil 2024 ar Staid na Deacáide Digití, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu (27.7 % in 2023), aon dul chun cinn idir 2021 agus 2023. Tháinig feabhas éigin ar an gcás sa Bhulgáir (35,5 %) agus sa Pholainn (44,3 %), mar a bhfuil leitheadúlacht scileanna digiteacha i measc daoine fásta íseal freisin (faoi 4,3 pointe céatadáin agus 1,4 pointe céatadáin, faoi seach). Mar sin féin, léiríonn modheolaíocht an Scórchláir Shóisialta go bhfuil ‘cás criticiúil’ i ngach ceann de na trí thír. Os a choinne sin, sháraigh an Ísiltír (82,7 %) agus an Fhionlainn (82,0 %) araon sprioc 2030 an Aontais agus meastar gurb iad ‘na gníomhaithe is fearr’ iad i dteannta Éireann (72,9 %) ina bhfacthas méadú freisin. Tá treochtaí éagsúla i measc tíortha atá gar do mheán an Aontais, óir tháinig feabhsuithe ar an gcás i roinnt tíortha agus meathlú i dtíortha eile – féach Fíor 2.2.8. Ar an iomlán, rinne formhór na mBallstát (17) dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar scileanna digiteacha. Léiríonn sna sonraí is déanaí, áfach, go bhfuil laghdú beag tagtha ar bhunscileanna digiteacha i measc daoine óga 16-24 bliana d’aois (ó 71,2 % in 2021 go 70,0 % in 2023), rud a bhréagnaíonn an smaoineamh gur ‘dúchasaigh dhigiteacha’ iad gach duine óg. Ar bhonn níos ginearálta, tá scileanna digiteacha an-íseal i measc daoine nach bhfuil aon cháilíocht fhoirmiúil acu nó nach bhfuil mórán cáilíochtaí foirmiúla acu (33,6 % in 2023), i measc daoine scothaosta (37,1 % ag 55-74 bliana d’aois), i measc daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe (47,5 %) agus i measc daoine dífhostaithe (47,7 %). An tráth céanna, tá an líon speisialtóirí TFC i bhfad faoi bhun an riachtanais réamh-mheasta. In 2023, d’oibrigh beagnach 9,8 milliún duine mar speisialtóirí TFC, arb é a bhí iontu 4,8 % díobh siúd uile a bhí fostaithe, agus bhí bearna shubstaintiúil leanúnach idir na hinscní (ní raibh ach 19,4 % de speisialtóirí TFC ina mná). Ar an luas atá ann faoi láthair, agus an iomaíocht i leith daoine tréitheacha a bhfuil scileanna digiteacha acu ag dul i méid, ní shroichfidh an líon speisialtóirí TFC ach 12 mhilliún faoi 2030, i bhfad faoi bhun sprioc an Aontais don deacáid dhigiteach go mbeidh 20 milliún ann, rud a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar iomaíochas agus nuálaíocht an Aontais amach anseo.

**Fíor 2.2.8: Tá difríochtaí móra ann idir tíortha maidir le scileanna digiteacha daoine fásta**

Sciar an daonra ag a bhfuil bunscileanna digiteacha foriomlána nó scileanna digiteacha níos fearr ná sin (16-74 bliana d'aois, leibhéil 2023 vs athruithe ó 2021, %, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tagraíonn scileanna digiteacha foriomlána do chúig réimse: scileanna faisnéise agus litearthachta sonraí, scileanna cumarsáide agus comhoibrithe, scileanna cruthaithe ábhair dhigitigh, scileanna sábháilteachta agus scileanna réitigh fadhbanna. Chun bunscileanna digiteacha foriomlána ar a laghad a bheith ag daoine, ní mór gurb eol dóibh conas gníomhaíocht amháin ar a laghad a bhaineann le gach réimse a dhéanamh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Eurostat.
*Foinse:* Eurostat, [tepsr_sp410].

**Cé go bhfuil laghdú ag teacht i gcónaí ar an dífhostaíocht i measc na hóige ar leibhéal an Aontais, tá méadú ag teacht arís ar na rátaí i bhformhór na mBallstát.** Tar éis bhuaic ghéarchéim COVID-19 (16,8 % san Aontas in 2020), tháinig laghdú leanúnach ar an ráta dífhostaíochta i measc na hóige (15-24), a bhain 14,5% amach in 2023, síos ó 15,1 % in 2019. Cobhsaíodh an ráta in 2023, gan aon fheabhsú breise a bheith ag teacht air agus fás eacnamaíoch níos laige ann, ach aisiompaíodh an treocht i 15 Bhallstát. Cé go raibh an méadú faoi bhun 1 phointe céatadáin i seacht mBallstát, bhí sé idir 1 agus 2 phointe céatadáin i sé thír agus fiú amháin 2 phointe céatadáin san Fhionlainn agus 2,2 pointe céatadáin san Ungáir. Idir an dá linn, lean rátaí dífhostaíochta i measc na hóige de bheith ag laghdú i dtíortha a bhfuil leibhéil an-ard acu, amhail an Ghréig (-4,7 pointe céatadáin), an Spáinn, an Iodáil agus an Rómáin (-1,0 pointe céatadáin an ceann), rud a dheimhníonn treocht chóineasaithe ar fud an Aontais le 5 bliana anuas – féach Fíor 2.2.9. Mar sin féin, tá an ráta dífhostaíochta i measc na hóige fós dhá oiread níos airde ná an ráta dífhostaíochta i gcás daoine idir 15-74 bliana d'aois (6,1 %). Tá an dífhostaíocht forleathan go háirithe i measc daoine óga ar bheagán cáilíochtaí (19,3 %) agus i measc daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (20,5 %). Leis na forbairtí sin, cuirtear i dtábhacht an ngá atá le gníomhaíocht leanúnach chun dul i ngleic le dúshláin struchtúracha a chuireann bac ar imeascadh daoine óga i margadh an tsaothair, go háirithe i bhfianaise ganntanas forleathan saothair agus scileanna agus na rioscaí fadtéarmacha d'ionchais ghairme na hóige.

**Fíor 2.2.9: Tháinig méadú ar rátaí dífhostaíochta i measc na hóige i bhformhór na mBallstát**

Ráta dífhostaíochta i measc na hóige (15-24 bliana d'aois, % den daonra gníomhach) i gcás 2019 (roimh an ngéarchéim), 2020 (buaic na géarchéime), 2022 agus 2023




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amsraith le haghaidh BG, HR, NL agus PL in 2019. Briseadh san amshraith i gcás na mBallstát uile in 2021. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás FR in 2021. Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2022. Briseadh san amsraith le haghaidh DK, SI agus CY in 2023. Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2023.
*Foinse:* Eurostat [lfsa_urgaed], SFS an Aontais.

**Ar an taobh dearfach de, tá laghdú ag teacht i gcónaí ar an sciar de dhaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET), agus tá roinnt comharthaí ann go bhfuil cóineasú ann ar fud an Aontais.** Tar éis an bhuaicphointe ag 13,9 % in 2020, tháinig laghdú comhsheasmhach ar ráta NEET (15-29) san Aontas, go 11,2 % in 2023. Tá an treocht sin ag teacht le rannpháirtíocht mhéadaithe na hóige sa mhargadh saothair, rud a chuireann go mór le fás an lucht saothair[145]. Is mór an ilchineálacht ó Bhallstát go chéile, áfach, agus chonacthas na rátaí NEET is airde sa Rómáin (19,3 %), san Iodáil (16,1 %), sa Ghréig (15,9 %) agus sa Chipir (13,9 %) in 2023 – féach Fíor 2.2.10. Níor tháinig ach laghdú beag ar an ráta sa Rómáin agus sa Chipir (faoi -0,5 pointe céatadáin araon), agus tháinig méadú air fiú sa Ghréig (0,6 pointe céatadáin), ar 'cásanna criticiúla' iad an dá chás sin. Tá méadú tagtha ar rátaí NEET sa Liotuáin agus sa Fhrainc, agus tá 'faire' le déanamh ar an gcás sa Chipir, sa Bhulgáir agus sa Spáinn, ar tháinig roinnt laghduithe orthu. Chonacthas an feabhas ba láidre san Iodáil (-2,9 pointe céatadáin), mar a raibh an cás 'lag ach ag dul i bhfeabhas'. Ba iad an Ísiltír (4,7 %) agus an tSualainn (5,7 %) na 'gníomhaithe is fearr'. Maidir leis na daoine sin atá ag lorg oibre go gníomhach agus atá ar fáil lena haghaidh, i.e. ráta NEET daoine dífhostaithe, d'fhan sé cobhsaí ag 4,3 % in 2023[146]. Bhí an ráta ab airde sa Ghréig (8,6 %) agus sa Spáinn (6,8 %), cé gur léirigh an dá cheann feabhsuithe ó leibhéil 2022 (9,2 % agus 7,1 % faoi seach). Tháinig feabhas beag ar an sciar de NEETanna lasmuigh den lucht saothair (7,0 % in 2023 vs 7,4 % in 2022) ach d'fhan sé ard sa Rómáin (14,3 %) agus sa Bhulgáir (10,8 %). Nuair a bhreathnaítear ar an sciar de NEETanna atá díspreagtha, feictear treocht laghdaitheach ar leibhéal an Aontais (ó 4,9 % ag buaic na paindéime in 2020 go 4,2 % in 2023). Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha ann fós maidir le rátaí NEET (féach Fíor 2 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, ach ar an iomlán tá difríochtaí náisiúnta agus réigiúnacha á gcúngú, rud a léiríonn cóineasú méadaitheach ar fud

[145] Féach an Coimisiún Eorpach, Labour market and wage developments in Europe 2024, [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
[146] Eurostat [edat_lfse_20], LFS.

an Aontais[147]. I bhfianaise an mhéid sin, tacaíonn an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg le NEETanna trí fhostaíocht ardcháilíochta, breisoideachas, printíseachtaí nó tréimhsí oiliúna a sholáthar laistigh de 4 mhí ó thagann siad chun bheith dífhostaithe nó ó fhágann siad an t-oideachas foirmiúil[148], agus cuidíonn an tionscnamh Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh agus Gnóthaigh (ALMA) le NEETanna faoi mhíbhuntáiste taithí ghairmiúil a fháil ar an gcoigríoch[149].

**Fíor 2.2.10: Tá laghdú ag teacht ar na difríochtaí i rátaí NEET ach tá siad fós mór**

Ráta NEET (aois 15-29 mbliana), leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás DK agus CY.
*Foinse:* Eurostat [lfsi_neet_a], SFS an Aontais.

**Tá ráta NEET fós níos airde i measc na mban agus i gcás daoine ó chúlra imirceach.** In 2023, bhí an sciar de NEETanna ar mná iad (12,5 %) fós ar chonair laghdaitheach (ó 13,0 % in 2022 agus 15,4 % in 2020). Bhí sé fós 2,4 pointe céatadáin níos airde, áfach, ná mar a bhí i gcás na bhfear (10,1 %) – féach Fíor 2.2.11. Cé gur lú ná 1 phointe céatadáin an difríocht i roinnt Ballstát (an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Laitvia, Éire, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn), ba mhó í ná 10 bpointe céatadáin i mBallstáit eile (an tSeicia agus an Rómáin), rud a léiríonn go bhfuil constaicí móra le sárú ag mná óga sna tíortha sin. D'ainneoin an mhéid sin, chonacthas cóineasú suntasach i rátaí

[147] Féach an Coimisiún Eorpach, Employment and Social Developments in Europe 2024 [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
[148] Féach *Council Recommendation of 30 October 2020 on A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee* [Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.
[149] Tá tuilleadh eolais le fáil ag: ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

NEET idir fir agus mná ó bhí 2007 ann. I measc NEETanna ar mná iad, bíonn siad lasmuigh den lucht saothair níos mó ná dhá oiread níos minice ná mar a bhíonn siad dífhostaithe (8,7 % vs 3,8 % in 2023, i gcomparáid le 5,4 % vs 4,7 % i gcás na bhfear). Tá ráta NEET i gcás daoine óga nár rugadh san Aontas go mór os cionn an ráta i gcás daoine a rugadh san Aontas (19,6 % vs 10,3 %), agus is substaintiúil an éagsúlacht ó thaobh na hinscne de freisin: tá an ráta i gcás na mban a rugadh lasmuigh den Aontas (25,2 %) níos mó ná 14 phointe céatadáin níos airde ná i gcás na mban a rugadh san Aontas (11,1 %), agus beagnach 11 phointe céatadáin níos airde ná i gcás na bhfear óg nár rugadh san Aontas. Ina theannta sin, tá éagothromaíochtaí idir na réigiúin ilchríochacha agus na réigiúin is forimeallaí agus tá deighilt shoiléir idir ceantair uirbeacha agus thuaithe, ós mó an seans nach mbeidh daoine óga ó cheantair thuaithe fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna[150].

**Fíor 2.2.11: I mbeagnach gach Ballstát, tá an ráta NEET níos airde i measc na mban**

Rátaí NEET d'fhir agus do mhná (15-29 mbliana d'aois, %, 2023)




*Tabhair faoi deara*: Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.
*Foinse:* Eurostat [lfsi_neet_a], SFS an Aontais.

**Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar rátaí fostaíochta daoine scothaosta ó bhí 2009 ann, tá éagsúlacht mhór ann fós ó Bhallstát go chéile[151], rud a léiríonn go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur orthu**. In 2023, shroich ráta fostaíochta daoine scothaosta (55-64) 63,9 %, beagnach 20 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé in 2009, agus ba láidre na gnóthachain a chonacthas maidir le ráta fostaíochta na mban (4,9 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí sé i gcás na bhfear). D'ainneoin an fheabhsaithe fhoriomláin sin, tá difríochtaí substaintiúla ann fós ar fud an Aontais: bhí rátaí fostaíochta daoine scothaosta os cionn 70 % sa tSualainn, san Fhionlainn, san Eastóin, san Ísiltír, sa Ghearmáin, sa tSeicia agus sa Laitvia, ach bhí na rátaí faoi bhun 55 % i Lucsamburg, sa Rómáin, sa Chróit, sa Ghréig agus sa tSlóivéin. Cé go raibh an méadú ar fhostaíocht daoine scothaosta níos mó ná ceithre huaire níos airde ná mar a bhí sé i gcás daoine san aoisghrúpa príomha (25-54), d'fhan a ráta fostaíochta 18 bpointe céatadáin níos ísle (63,9 % vs 82,2 %). Is é is cúis leis sin go príomha méadú ar choinneáil poist seachas fostú nua, rud a bhí íseal i gcónaí le linn na tréimhse sin. Go sonrach, is gnách go bhfanann daoine scothaosta a bhfuil leibhéil oideachais níos airde acu níos faide i margadh an tsaothair, agus is dóichí go n-imeoidh daoine a bhfuil leibhéal

[150] Féach: Eurofound, Becoming adults: Young people in a post-pandemic world [Dul in aois: Daoine óga i ndiaidh na paindéime], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[151] Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar chás oibrithe scothaosta i margadh an tsaothair, féach: *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2024* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2024] ón gCoimisiún Eorpach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

oideachais níos ísle acu go luath uaidh. Bhí drochdhálaí oibre – idir dhálaí fisiceacha agus síceolaíocha – ina bpríomhthosca a spreag an luathscor, agus a chuir bac ar roinnt mhaith oibrithe scothaosta dul isteach i margadh an tsaothair arís[152].

**Fíor 2.2.12: Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní cúngaithe i bhfórmhór na dtíortha ach is suntasach fós í gan aon chomhartha ann go bhfuil an cóineasú aníos ag tarlú ó Bhallstát go chéile**

Bearna fostaíochta idir na hinscní (20-64 bliana d'aois), leibhéal 2023 agus athrú ón mbliain roimhe sin (pointí céatadáin, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás DK agus CY.
*Foinse:* Eurostat [tesem060], SFS an Aontais.

**Tá neamhionannais inscne i margadh an tsaothair i gcónaí, agus ní fheictear ach comharthaí measartha cóineasaithe sna bearnaí fostaíochta idir fir agus mná[153].** In 2023, ba é 80,4 % an ráta fostaíochta d'fhir, i gcomparáid le 70,2 % i gcás na mban, rud a d'fhág go raibh bearna fostaíochta 10,2 pointe céatadáin idir na hinscní. Tháinig laghdú beag ar an mbearna sin le blianta beaga anuas (ó 10,9 pointe céatadáin in 2021 agus 10,7 pointe céatadáin in 2022), rud a léiríonn méadú níos láidre ar fhostaíocht na mban (1 phointe céatadáin) ná na bhfear (0,5 pointe céatadáin) in 2023 freisin. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí móra ann fós, go háirithe sa Ghréig agus san Iodáil (19,8 pointe céatadáin agus 19,5 pointe céatadáin, faoi seach), áit a raibh díreach os cionn leath de na mná fostaithe (57,6 % agus 56,5 %) – féach Fíor 2.2.12. Sa Rómáin, áit a raibh an bhearna mór freisin (19,1 pointe céatadáin), leathnaigh sí a thuilleadh fiú. I Málta agus sa tSeicia freisin chonacthas bearnaí suntasacha idir na hinscní (14,1 pointe céatadáin agus 13,9 pointe

[152] Féach: Eurofound, Keeping older workers engaged: Policies, practices and mechanisms [Oibrithe scothaosta a choimeád fostaithe: Beartais, cleachtais agus sásraí], Páipéar Oibre Eurofound, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
[153] Chun léargas níos fadtéarmaí a fháil, féach an Coimisiún Eorpach, Employment and Social developments in Europe 2024 [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

céatadáin). I ngach ceann de na cúig thír, tá 'cás criticiúil' ann maidir leis na héagothromaíochtaí fostaíochta idir na hinscní. Ar an taobh eile den speictream, bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní réasúnta cúng sna Stáit Bhaltacha (1,5 pointe céatadáin sa Liotuáin, 2,4 pointe céatadáin san Eastóin agus 3,1 pointe céatadáin sa Laitvia) agus ba bheag nár ann di in aon chor san Fhionlainn (0,2 pointe céatadáin). Bhí na tíortha sin, seachas an Liotuáin, mar ar tháinig méadú ar an mbearna le déanaí, i measc na 'ngníomhaithe is fearr' i bhfianaise a mbearnaí atá beag cobhsaí nó á gcúngú. Thairis sin, chonacthas éagsúlacht mhór réigiúnach i mbearnaí fostaíochta idir na hinscní i roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin agus an Spáinn (féach Fíor 3 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí. Le gníomhaíocht beartais mharthanach is féidir cuidiú le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis Eorpach um chomhionannas inscne 2020-25[154]. Le bearta den sórt sin is féidir rannchuidiú freisin le baint amach na sprice maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath faoi 2030, rud a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

**Oibríonn mná go páirtaimseartha níos minice ná fir, rud a fhágann go mbíonn bearna fostaíochta níos leithne idir na hinscní agus breithniú á dhéanamh ar líon na bpost coibhéiseach lánaimseartha (FTE).** In 2023, d'oibrigh 27,9 % de mhná (20-64) san Aontas go páirtaimseartha, níos mó ná trí oiread sciar na bhfear (7,7 %), rud a d'fhág go raibh bearna fostaíochta páirtaimseartha 20,2 pointe céatadáin idir na hinscní, gan athrú ó 2022. Chonacthas na bearnaí fostaíochta páirtaimseartha ba mhó san Ísiltír (41,8 pointe céatadáin), san Ostair (38,6 pointe céatadáin), sa Ghearmáin (36,9 pointe céatadáin) agus sa Bheilg (27,4 pointe céatadáin), agus chonacthas na bearnaí ba chúinge sa Bhulgáir (0,2 pointe céatadáin) agus sa Chróit (1,5 pointe céatadáin). Go sonrach, ba í an Rómáin an t-aon tír inar minice ar éigean fir a bheith fostaithe go páirtaimseartha ná mná (-0,7 pointe céatadáin). I bhfianaise leitheadúlacht níos airde na hoibre páirtaimseartha i measc na mban, ba é 15,7 pointe céatadáin an bhearna fostaíochta idir na hinscní ó thaobh fostaíocht FTE de in 2023[155], níos mó ná 50 % (5,5 pointe céatadáin) níos leithne ná an ráta nuair nach n-áirítear difríochtaí in obair pháirtaimseartha ann. Ba san Iodáil (24,1 pointe céatadáin), sa Ghréig (21,5 pointe céatadáin) agus san Ostair (19 bpointe céatadáin) a bhí na bearnaí fostaíochta ba mhó idir na hinscní arna gcoigeartú de réir FTE, rud a léiríonn éagothromaíochtaí i bhfad níos mó ná sa chás nach gcuirtear obair pháirtaimseartha san áireamh, agus bhí na bearnaí ba lú sa Liotuáin agus san Fhionlainn (2,5 pointe céatadáin).

**Tá bearnaí fostaíochta idir na hinscní níos leithne fós i gcás daoine a bhfuil leanaí acu, óir imríonn an tuismíocht tionchar níos mó ar ghairmeacha ban ná ar ghairmeacha fear.** In 2023, ba é 74,9 % an ráta fostaíochta i gcás na mban idir 25-54 bliana d'aois a bhfuil leanaí acu, i gcomparáid le 91,9 % i gcás na bhfear, rud a d'fhág go raibh bearna fostaíochta 17 bpointe céatadáin idir na hinscní i measc tuismitheoirí, i gcomparáid le bearna 4 phointe céatadáin ina measc siúd nach bhfuil leanaí acu. I measc na mban fostaithe a raibh leanaí acu, d'oibrigh 31,8 % acu go páirtaimseartha, i gcomparáid le 5.0 % d'fhir. I bhformhór na

[154] Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach An Coimisiún Eorpach, *2023 report on gender equality in the EU* [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

[155] Le ráta fostaíochta FTE, cuirtear difríochtaí idir grúpaí i gcomparáid le chéile maidir le líon na n-uaireanta a oibríodh ar an meán. Ríomhtar ráta fostaíochta FTE trí iomlán na n-uaireanta a oibríodh sa gheilleagar (an chéad phost, an dara post, etc.) a roinnt ar mheánlíon na n-uaireanta i sceideal lánaimseartha (thart ar 40) agus ar an líon daoine idir 20-64 bliana d'aois. Foinse: Joint Assessment Framework [Comhchreat Measúnúcháin], ríomh bunaithe ar shonraí Eurostat.

dtíortha, lena n-áirítear an Ghearmáin, an Ostair agus an Iodáil, is léir tionchar na tuismíochta i rátaí fostaíochta níos ísle do mhná agus in obair pháirtaimseartha níos airde i measc na mban. Cuireann freagrachtaí neamhfhoirmiúla cúraim fhadtéarmaigh (CFT) leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní freisin, agus cúram neamhfhoirmiúil á sholáthar ag 19,1 % de mhná san Aontas i gcomparáid le 14,8 % d'fhir. Is mó an seans go mbeidh mná ag caitheamh cuid mhór ama ag tabhairt cúraim[156], b'fhéidir toisc go bhfaigheann cúramóirí fireanna (73 %) níos mó tacaíochta ó sheirbhísí foirmiúla CFT ná cúramóirí baineanna (61 %)[157]. Chun tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla, cuirtear i dtábhacht sa Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, an gá le hoiliúint leordhóthanach, comhairleoireacht, tacaíocht shíceolaíoch, cúram faoisimh, bearta cothromaíochta oibre is saoil, rochtain ar chosaint shóisialta agus/nó tacaíocht airgeadais leordhóthanach. An tráth céanna, ba cheart do na Ballstáit féachaint freisin le tairiscint na seirbhísí CFT a ailíniú le riachtanais chúraim[158].

**Tháinig laghdú ar an mbearna phá idir na hinscní le 10 mbliana anuas ach tá sí fós substaintiúil i bhformhór na mBallstát.** In 2021 agus 2022, ba í 12,7 % an bhearna phá idir na hinscní san Aontas, agus ba mhó í ná 15 % san Eastóin, san Ostair, sa tSeicia, sa tSlóvaic, sa Ghearmáin, san Ungáir, sa Laitvia agus san Fhionlainn[159]. Tá bearnaí pá, i measc tosca eile, á spreagadh ag difríochtaí idir na hinscní ó thaobh gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus gairmeacha beatha de, gannionadaíocht na mban i bpoist shinsearacha, ró-ionadaíocht na mban san fhostaíocht pháirtaimseartha agus neamhbhuan, deacrachtaí maidir le hobair agus freagrachtaí cúraim a thabhairt chun réitigh le chéile, chomh maith leis an idirdhealú agus struchtúir phá neamh-thrédhearcacha[160]. Imríonn bearnaí pá idir na hinscní tionchar mór ar chinnteoireacht teaghlaigh, rud a dhéanann difear do mháithreacha go háirithe, a bhíonn faoi mhíbhuntáistí carnacha a chuireann bac breise ar a ndeiseanna fostaíochta. Le himeacht ama, bíonn bearnaí substaintiúla pinsin idir na hinscní mar thoradh ar chomhiomlánú na mbearnaí tuillimh sin – rud atá níos measa mar gheall ar shosanna gairme ar son cúram leanaí. Cé go raibh an bhearna á cúngú beagán, in 2023 bhí ollphinsin na mban idir 65-79 mbliana d'aois 25,4 % ní b'ísle ar an meán ná pinsin na bhfear san aoisghrúpa céanna. Tá éagsúlacht mhór sa bhearna phinsin sin ó thír go chéile, agus í chomh hard le 43,9 % i Málta, 39,9 % san Ísiltír agus 36,4 % i Lucsamburg agus chomh híseal le 4 % sa tSlóivéin, 4,6 % sa Danmhairg agus 5,8 % san Eastóin.

**Trí fheabhas a chur ar sholáthar agus inrochtaineacht oideachas agus chúram na luath-óige atá ar ardchaighdeánagus inacmhainne, is féidir tacú le cothromaíocht oibre is saoil, le comhionannas inscne agus le forbairt leanaí, ach tá rátaí rannpháirtíochta fós íseal.** In 2023, ba é 37,5 % an sciar de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a bhí i gcúram leanaí foirmiúil san Aontas, rud a léiríonn méadú 1,7 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022 ach atá fós faoi bhun leibhéal 2021, is é sin 37,9 %, agus i bhfad faoi bhun sprioc athbhreithnithe

---

[156] Féach an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (babhta 3 de chuid EHIS), 2019.

[157] EIGE: 2022 Survey of gender gaps in unpaid care, individual and social activities (CARE) [Suirbhé ar bhearnaí idir na hinscní i ngníomhaíochtaí cúraim, aonair agus sóisialta gan phá (CARE)].

[158] Chun sonraí a fháil, féach *Council Recommendation of 8 December 2022 on access to affordable high-quality long-term care (2022/C 476/01)* [Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (2022/C 476/01)].

[159] Is éard a úsáidtear anseo an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní. Déantar an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní a shainmhíniú mar an difríocht idir meán-olltuilleamh na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire arna sloinneadh mar chéatadán de mheán-olltuilleamh na bhfear in aghaidh na huaire.

[160] Féach an Coimisiún Eorpach, Employment and Social Developments in Europe 2024 [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

Barcelona go mbeidh 45 % ann[161]. Níor bhain ach deich mBallstát níos mó ná 50 % amach agus tá difríochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile – féach Fíor 2.2.13. Ag 1 % agus 4,4 % faoi seach, thuairiscigh an tSlóvaic agus an tSeicia na rátaí rannpháirtíochta ab ísle agus laghduithe móra ón mbliain roimhe sin (-1,3 pointe céatadáin agus -2,4 pointe céatadáin, faoi seach). Mar gheall ar na leibhéil ísle sin atá ag dul in olcas sa dá thír, agus sa Rómáin (12,3 %) agus sa Pholainn (12,6 %) freisin, tá 'cás criticiúil' ann nach mór aird ar leith a thabhairt air. Cé gur thuairiscigh siad leibhéil beagán níos airde, bhí rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige íseal freisin sa Bhulgáir (17,4 %), in Éirinn (22,1 %) agus san Ostair (24,1 %). Sna tíortha sin uile, d'fhan na rátaí cobhsaí nó tháinig méadú orthu – murab ionann agus an Liotuáin (19,9 %) agus an Ghearmáin (23,3 %), mar ar tháinig laghdú ar an rannpháirtíocht in 2023. I ngach ceann de na cúig thír, meastar go bhfuil 'faire' le déanamh ar an gcás. Os a choinne sin, is iad an tSualainn (56,9 %), an Fhrainc (57,4 %), Lucsamburg (60 %) agus an Ísiltír (71,5 %) na 'gníomhaithe is fearr', óir tá a rátaí rannpháirtíochta ard agus ag dul i méid. D'fhéadfadh sé go bhfuil roinnt bacainní ar rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige, lena n-áirítear bacainní airgeadais, cultúrtha agus teanga, chomh maith le difríochtaí i mbeartais réigiúnacha agus náisiúnta maidir le saoire agus liúntais tuismitheora nó cearta dlíthiúla chun cúraim leanaí. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe á maoiniú ag STA lena dtacaítear le leathnú seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige, le forbairt bonneagair agus le hoiliúint an lucht saothair. Mar gheall ar luas íseal an fheabhsaithe, tá gá le hiarrachtaí treisithe i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, le Straitéis Cúraim na hEorpa agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige.

[161] Féach Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram luath-óige:spriocanna Barcelona le haghaidh 2030 (2022/C 484/01). Leis an moladh, leagtar amach spriocanna nua ar oideachas agus cúram na luath-óige, rud lena ndéantar aithris ar na spriocanna a leagadh amach i dtionscnamh an Limistéir Eorpaigh Oideachais. Faoi 2030, ba cheart 45 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus 96 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois tosaigh don bhunoideachas éigeantach a bheith in oideachas agus cúram luath-óige. Na Ballstáit sin a raibh a meán-rannpháirtíocht sa tréimhse 2017-21 faoi bhun 20 %, beidh orthu í a mhéadú go dtí 90 %, agus na Ballstáit sin arbh é 20-33 % a meán-rannpháirtíocht, beidh orthu méadú 45 % a dhéanamh, agus 45 % mar theorainn.

**Fíor 2.2.13: Tá an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige fós íseal i bhformhór na mBallstát**

Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois sa chúram leanaí oifigiúil agus athrú bliantúil, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe seo (%, Príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh DK.
*Foinse:* Eurostat [tepsr_sp210], SIDM-AE.

**Cruthaíonn struchtúir chánachais i bhformhór na mBallstát dídhreasachtaí don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, go háirithe mná, páirt iomlán a ghlacadh i margadh an tsaothair, rud a chuireann le neamhionannas inscne san fhostaíocht.** Córais chomhchánachais, lena gceadaítear do theaghlaigh ioncam comhcheangailte a chomhdú ar mhaithe le cánacha a d'fhéadfadh a bheith níos ísle, méadaíonn siad an ráta imeallach cánach i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, ar bean í de ghnáth (bean ba ea an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh i 78 % de na cásanna in 2022[162]), ar mó an seans dá réir sin go mbeidh orthu dul i ngleic le dreasachtaí laghdaithe chun obair a dhéanamh nó go mbeidh orthu síneadh a chur lena n-uaireanta oibre[163]. Ina theannta sin, fágann faoisimh chánach a bhraitheann ar chomhdú comhpháirteach, nó iad siúd atá dírithe ar chéile amháin, go ndíspreagtar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a thuilleadh[164]. In 2023, ba sa Liotuáin, sa tSlóivéin, sa Danmhairg, i Lucsamburg, sa Bheilg agus sa Ghearmáin a chonacthas na 'sáinneacha neamhghníomhaíochta' ab airde (is é sin, cás ina bhfuil cánacha agus sochair aistarraingthe ina ndíspreagadh mór don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ó bheith ag dul isteach i margadh an tsaothair) – féach Graf 2.2.14. Sna tíortha sin, maidir leis an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh agus atá ag dul isteach i margadh an tsaothair,

[162]Féach An Coimisiún Eorpach, *2023 report on gender equality in the EU* [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.
[163] Féach Coelho, M. et al., *Gendered Taxes: The Interaction of Tax Policy with Gender Equality.* An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, 2022.
[164] Chun plé cuimsitheach a fháil ar chánachas saothair, féach freisin Roinn 3.2 agus Roinn 4.2.3 An Coimisiún Eorpach, *Annual Report on Taxation 2024 [Tuarascáil Bhliantúil ar Chánachas 2024],* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

d'fhéadfadh sé thart ar 50 % nó níos mó dá thuilleamh a chailleadh mar gheall ar chánacha agus sochair aistarraingthe. Os a choinne sin, áirítear an Ostair, an Iodáil, an Eastóin agus an Chipir ar na tíortha a bhfuil sáinneacha neamhghníomhaíochta níos ísle acu, ina bhféadfadh an caillteanas sin a bheith níos lú ná 20 %. Dá dtabharfaí aghaidh ar na dídhreasachtaí struchtúracha sin, d'fhéadfaí an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú agus OTI a mhéadú, agus tugann meastacháin an Bhainc Dhomhanda le fios go bhféadfaí gnóthachan eacnamaíoch 10 % a bheith ag an Eoraip dá ndúnfaí bearnaí fostaíochta idir na hinscní[165].

**Fíor 2.2.14: Cuireann cánachas go mór le sáinn na neamhghníomhaíochta don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh**

Sáinn neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (%, 2023)




*Tabhair faoi deara*: Tá na sonraí le haghaidh an dara saothraí ar 67 % den mheánphá i dteaghlach beirte saothraí ag a bhfuil beirt leanaí; tá an príomhshaothraí ar an meánphá. Tagraítear le 'Ranníocaíocht an chánachais do chéatadán an ollioncaim breise as a mbaintear cáin de bharr an chánachais (gnéithe eile a rannchuidíonn le sáinn na neamhghníomhaíochta pá is ea sochair dhífhostaíochta tarraingthe siar, cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta).
*Foinse:* An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí Aibreáin 2024).

**Bíonn tionchar díréireach ag 'sáinn an phá ísil' ar mhná, a ndéanann méaduithe géara ar chánacha agus laghduithe ar shochair a n-ioncam incriminteach a laghdú de réir mar a mhéadaíonn a dtuilleamh.** I bhformhór na mBallstát, mar is amhlaidh i gcás sháinn na neamhghníomhaíochta, tá ról tábhachtach ag an gcánachas maidir le leibhéal sáinne an phá ísil a chinneadh don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, ar mná iad a bhformhór mór[166]. Mar sin féin, níl an cás sin mar an gcéanna le sáinn na neamhghníomhaíochta, ina bhfuil daoine aonair lasmuigh den lucht saothair. Mar a léirítear i bhFíor 2.2.15, an cion d'ioncam breise 'a bhaintear de bharr cánachais' go héifeachtach nuair a mhéadaíonn pá an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ó aon trian go dhá thrian den mheánphá trí uaireanta oibre a mhéadú, d'fhéadfadh sé a bheith substaintiúil – thart ar aon trian (36,6 %) dá dtuilleamh incriminteach ar an meán san Aontas, agus is mó ná 105 % an caillteanas sin sa Liotuáin mar gheall ar aistarraingt sochair tithíochta. D'fhéadfadh sé sin tionchar mór a imirt sa Bheilg (60,3 %) agus i Lucsamburg (53 %) freisin, ach is cosúil gur sa Chipir (14,6 %) atá an tionchar is lú. Tá infhaighteacht agus rochtain ar sheirbhísí cúraim inacmhainne ar

[165] Pennings, S. M., *A Gender Employment Gap Index (GEGI): A Simple Measure of the Economic Gains from Closing Gender Employment Gaps, with an Application to the Pacific Islands.* Grúpa an Bhainc Dhomhanda, Grúpa Taighde na hEacnamaíochta Forbartha. Washington: An Banc Domhanda 2022.

[166] Féach An Coimisiún Eorpach, *2023 report on gender equality in the EU* [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

ardchaighdeán, chomh maith le beartais dhea-cheaptha maidir le cothromaíocht oibre is saoil, ríthábhachtach chun daoine aonair a spreagadh chun a n-uaireanta oibre a mhéadú.

**Fíor 2.2.15: I mórán Ballstát, is é an cánachas a sholáthraíonn díspreagadh do shaothraithe ar phá íseal chun uaireanta an chloig níos faide a oibriú**

Sáinn an phá ísil le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (%, 2023)




*Tabhair faoi deara*: Sáinn an phá ísil nuair a thagann méadú ó 33 % go 66 % ar phá an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus an príomhshaothraí ag tuilleamh 100 % den mheánphá, a bhfuil beirt leanaí acu.
*Foinse:* An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí Aibreáin 2024).

**Níor tháinig aon athrú ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair, agus tá treocht éagsúlaithe ann ó Bhallstát go chéile.** D'fhan an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (i.e. an difríocht sna rátaí fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas) beagnach gan athrú in 2023, ag 21,5 pointe céatadáin (21,4 pointe céatadáin in 2022), rud a chuir deireadh leis an treocht dhearfach roimhe sin a mhair 2 bhliain. Cé gur tháinig laghdú ar an mbearna i 15 Bhallstát, lena n-áirítear feabhsuithe suntasacha san Eastóin (-6,0 pointe céatadáin) agus i Málta (-4,3 pointe céatadáin), leathnaigh sí go mór i mBallstáit eile, amhail Lucsamburg (15,2 pointe céatadáin) agus an Bhulgáir (10,0 pointe céatadáin). Tuairiscíodh na bearnaí ba lú sa Spáinn (13,8 pointe céatadáin), sa Phortaingéil (14,0 pointe céatadáin) agus san Iodáil (15,9 pointe céatadáin), arbh é ba chúis leo go páirteach rátaí fostaíochta foriomlána níos ísle, agus sa tSlóivéin (17,3 pointe céatadáin), arbh iad na 'gníomhaithe is fearr' iad uile. Os a choinne sin, chonacthas 'cás criticiúil' sa Liotuáin, sa Bheilg, sa Pholainn agus in Éirinn, mar ar sháraigh an bhearna 30 pointe céatadáin, agus sa Chróit agus sa Bhulgáir freisin, mar a raibh an bhearna ag teannadh le 40 pointe céatadáin. Bíonn sciar ard neamhghníomhaíochta ag daoine faoi mhíchumas freisin: in 2022, in 20 Ballstát, bhí os cionn 40 % den daonra in aois oibre faoi mhíchumas (15-64) lasmuigh den lucht saothair, agus ba mhó ná 60 % an ráta sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Rómáin, san Ungáir, sa Chróit agus sa Pholainn[167]. Easpa bearta leordhóthanacha cuimsithe agus coinneála i margadh an tsaothair i gcás daoine faoi mhíchumas, easpa scileanna leordhóthanacha agus easpa feasachta ar an iomlán maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus bearta tacaíochta beartais i measc fostóirí, is tosca iad sin fós ar dócha gur cúis leis na rátaí arda neamh-rannpháirtíochta sin iad.

[167] Eurostat, [lfsa_argaeddl].

**Fíor 2.2.16: Tá bearna dhífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas fós ard, agus is suntasach an treocht i dtreo na héagsúlachta i measc Ballstát**

An bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (20-64 bliana d'aois), leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith i gcás HR. Luach measta i gcás DE. Beagán iontaofachta i gcás PL. Catagóiriú in easnamh i gcás DK.
*Foinse:* Eurostat [tepsr_sp200], SIDM-AE.

**Tá feabhas á chur i gcónaí ar imeascadh náisiúnach tríú tír i margadh an tsaothair, ach tá mímheaitseáil mhór ann fós idir a leibhéil cháilíochta agus a stádas fostaíochta.** Shroich ráta fostaíochta náisiúnach tríú tír 63 % in 2023, rud atá i bhfad faoi bhun an ráta i gcás daoine a rugadh san Aontas, agus ní léir in aon chor go bhfuil an bhearna á dúnadh. Tar éis phaindéim COVID-19, ba le náisiúnaigh tríú tír a bhain níos mó ná dhá thrian (70 %) den mhéadú ar lucht saothair an Aontais in 2022[168], cé gur bhain leibhéil arda dífhostaíochta dóibh i gcónaí (12,2 % in 2023 vs 5,4 % i gcás saoránaigh den Aontas) chomh maith le rátaí arda rócháilíochta (39,4 % vs 20,8 %)[169]. Staid an-leochaileach a bhí ann do mhná a rugadh lasmuigh den Aontas, óir bhí bearna fostaíochta 4 phointe céatadáin idir na hinscní agus 44 % díobh róch※áilithe[170]. Chonacthas treocht ghinearálta i dtreo fostaíocht níos cobhsaí i gcás gach grúpa, ach bhí náisiúnaigh tríú tír fostaithe ar chonarthaí ar théarma seasta níos minice ná daoine a rugadh san Aontas (lena n-áirítear saoránaigh den Aontas Eorpach a fhanann ina

[168] Féach an Coimisiún Eorpach, *Labour market and wage developments in Europe 2024*, [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
[169] An Coimisiún Eorpach, staidéar GIE 2023: Annual Report on Migration and Asylum [Staidéar 2023 ó Ghréasán Imirce na hEorpa: Tuarascáil bhliantúil Eorpach ar thearmann agus imirce], 2023.
[170] ECFE/An Coimisiún Eorpach, Indicators of Immigrant Integration 2023: Settling In [Táscairí maidir le Lánpháirtiú Imirceach 2023: Socrú isteach], Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2023.

mBallstát dúchais agus lucht aistrithe tíre an Aontais). In 2024, lean an tAontas de chur chun feidhme a Phlean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-27, lena soláthraítear creat coiteann beartais chun tacú leis na Ballstáit beartais náisiúnta um imeascadh eachtrannach a fhorbairt[171].

**Tá méadú tagtha i bhformhór na mBallstát ar rátaí fostaíochta i gcás daoine ón Úcráin ar tairbhithe cosanta sealadaí iad, rud a léiríonn imeascadh níos tapúla i margadh an tsaothair i gcomparáid le grúpaí eile dídeanaithe[172].** Faoi mhí na Bealtaine 2024, bhí stádas cosanta sealadaí ag thart ar 4,3 milliún duine san Aontas, agus 2,5 milliún duine idir 18 mbliana agus 64 bliana d'aois. Meastar go bhfuil ionchais arda ag muintir na hÚcráine maidir le himeascadh, i bhfianaise a leibhéal ard oideachais i gcomparáid le grúpaí eile, a líonraí sóisialta seanbhunaithe agus rochtain a bheith acu láithreach ar fhostaíocht. Ó R3-2023, bhí fostaíocht ag 40 % de dhaoine in aois oibre (18-64) atá faoi chosaint shealadach, ach bhí difríochtaí móra ó thír go chéile, idir thart ar dhá thrian (66 %) sa Liotuáin agus níos lú ná 20 % sa Bheilg agus sa Chróit. Is minic a luann Úcránaigh atá faoi chosaint shealadach agus fós lasmuigh den lucht saothair go bhfuil dualgais chúraim ina mbacainn orthu, ach sainaithníonn daoine atá dífhostaithe gurb í an teanga an phríomhbhacainn. Mar sin féin, cuireann daoine easáitithe ón Úcráin go mór le fás lucht saothair an Aontais, mar a léiríonn meastacháin éagsúla[173]. Cé go bhfuil roinnt mhaith acu óg agus ardoilte, tá deiseanna fostaíochta a thagann lena gcáilíochtaí fós teoranta[174].

**Bosca Cholún 3: Dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht i margadh saothair an Aontais**

**I gcomhthéacs ganntanas leanúnach saothair agus daonra atá ag dul in aois, is dúshlán mór é daoine lasmuigh den lucht saothair a ghníomhachtú agus tá gníomhaíocht bheartais ag teastáil ina leith.** Má bhíonn sciartha móra daoine lasmuigh den lucht saothair, d'fhéadfadh sé an fás eacnamaíoch a shrianadh toisc go gcuireann siad leis an nganntanas saothair agus scileanna atá ann cheana agus, ar an gcaoi sin, bac ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas. Cuireann siad inbhuanaitheacht fhioscach agus leordhóthanacht na gcóras cosanta sóisialta i mbaol freisin i bhfianaise aosú an daonra. D'ainneoin feabhsuithe ar ráta fostaíochta an Aontais, tá 20 % de dhaonra an Aontais san aoisghrúpa 20-64 sa lá atá inniu ann fós lasmuigh den lucht saothair (gan bheith fostaithe ná dífhostaithe), agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile. An tráth céanna, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an daonra in aois oibre san Aontas sna blianta amach romhainn. Faoi 2045, tá coinne leis go mbeidh 16 dhuine fostaithe in aghaidh gach deichniúr atá os cionn 65 bliana d'aois lasmuigh den lucht saothair, agus nach mbeidh ach 14 dhuine fostaithe faoi 2070, síos ó 22 in 2022[175]. Tá gá le réitigh bheartais a dhíreoidh ar an éagothroime mhéadaitheach réamh-mheasta sin. Tugann na meastacháin le fios go mbeidh sé ríthábhachtach rannpháirtíocht i margadh saothair an Aontais a mhéadú chun an sprioc maidir leis an ráta fostaíochta 78 % a bhaint

[171] Féach an Coimisiún Eorpach:, Action plan on Integration and Inclusion 2021-2027 [An Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027].

[172] Gréasán Imirce na hEorpa (EMN), 'Tairbhithe de chosaint shealadach ón Úcráin a imeascadh i margadh an tsaothair: Comhfheasacht EMN-ECFE' 2024.

[173] Chun anailís níos mionsonraithe a fháil ar thorthaí mhargadh an tsaothair i gcás daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin chuig an Aontas Eorpach, féach an Coimisiún Eorpach, Labour market and wage developments in Europe 2024 [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[174] Tuarascáil Bhliantúil 2023 ó Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF).

[175] An Coimisiún Eorpach, 2024 Ageing Report [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

amach faoi 2030. Tá gníomhachtú agus imeascadh níos láidre i margadh an tsaothair ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le prionsabal 4 (maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. I gcomhréir leis sin, tá raon tionscnamh curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun dul i ngleic leis an sciar ard daoine lasmuigh den lucht saothair, amhail an Ráthaíocht Threisithe don Aos Óg, an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, agus le déanaí an Plean Gníomhaíochta maidir le ganntanais saothair agus scileanna (féach freisin an Bosca Colúin i roinn 2.1.), ina leagtar amach gníomhaíochtaí nua don Aontas, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta chun, inter alia, tacú le gníomhachtú grúpaí faoi ghannionadaíocht [176].

**D'fhéadfadh líon mór daoine dul isteach i margadh saothair an Aontais trí thacaíocht spriocdhírithe shaincheaptha a thabhairt do na grúpaí is mó atá faoi ghannionadaíocht**

Rannchuidiú féideartha grúpaí éagsúla den daonra le sciar comhiomlán na ndaoine i lucht saothair an Aontais faoi 2030




*Tabhair faoi deara*: Ionsamhlú a dhéanamh ar sciar 2030 an Aontais de dhaoine sa lucht saothair dá dtiocfadh na Ballstáit ina bhfuil an sciar de dhaoine sa lucht saothair faoi bhun an mheáin in aghaidh an fhoghrúpa suas le meán fhoghrúpa an Aontais, cé go nglactar leis go bhfanann na sciartha de dhaoine sa lucht saothair i gcás na bhfoghrúpaí eile seasmhach. Leis an ríomh sin, ní chuirtear san áireamh aon fhorluí ná aon chomhaireamh dúbailte a d'fhéadfadh a bheith idir grúpaí agus níor cheart a thuiscint gur réamhaisnéis atá ann.
*Foinse:* Ríomhanna AS-EMPL, bunaithe ar shonraí Eurostat agus réamh-mheastacháin EUROPOP2023.

**D'ainneoin feabhsuithe, tá roinnt grúpaí den daonra fós go mór faoi ghannionadaíocht i margadh saothair an Aontais.** Áirítear orthu sin mná, daoine scothaosta, daoine ar bheagán cáilíochtaí agus daoine a bhfuil meánleibhéal cáilíochtaí acu, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó chúlra imirceach nó mionlaigh, ag brath ar an gcomhthéacs tírshonrach. Astu sin, is iad mná, daoine a bhfuil oideachas meánscoile acu agus daoine scothaosta na grúpaí is mó a bhíonn lasmuigh de lucht saothair an Aontais ar an iomlán agus a d'fhéadfaí a thabhairt i mbun fostaíochta trí bhearta gníomhachtúcháin leordhóthanacha[177]. Maidir leis na Ballstáit a bhfuil a sciartha de dhaoine sa lucht saothair níos ísle ná an meán i gcás gach ceann de na foghrúpaí thuas, léiríonn meastacháin an Choimisiúin, dá ndéanfadh na Ballstáit sin an

[176] An Coimisiún Eorpach, [Ganntanais saothair agus scileanna san Aontas Eorpach:plean gníomhaíochta. COM(2024) 131 final.]

[177] Ní raibh 32 mhilliún bean (25,2 %), 20 milliún duine scothaosta (33 %) ná 25 mhilliún duine a bhfuil oideachas meánscoile acu (21,1 %) rannpháirteach i margadh saothair an Aontais in 2023.

meánleibhéal rannpháirtíochta sna foghrúpaí AE faoi seach a mhéadú faoi 2030, go mbeadh 3,6 milliún bean bhreise, 2,9 milliún duine breise a bhfuil oideachas meánscoile acu agus 2,2 milliún oibrí scothaosta breise, faoi seach, i margadh an tsaothair (gan aon fhorluí ná aon chomhaireamh dúbailte a d'fhéadfadh a bheith idir na grúpaí a chur san áireamh) – féach Fíor [178]. Chuige sin, trí obair tí gan íocaíocht agus freagrachtaí cúraim a dháileadh ar bhealach níos cothroime agus trí fheabhas a chur ar rochtain, inacmhainneacht agus cáilíocht oideachais agus cúraim luath-óige, rannchuidítear le laghdú bacainní ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. I gcás daoine scothaosta, is iad breoiteacht nó míchumas na príomhchúiseanna le fanacht lasmuigh den lucht saothair mar aon le freagrachtaí cúraim, tosca a bhaineann leis an áit oibre agus bacainní institiúideacha, amhail rialacháin slándála sóisialta agus pinsin, ar gá dul i ngleic leo chun caoi a thabhairt do rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair. Is minic a bhíonn deacrachtaí ag daoine a bhfuil oideachas meánscoile nó oideachas níos ísle acu rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair, rud a bhfuil beartais oiliúna leordhóthanacha agus tacaíocht spriocdhírithe agus aonair ag teastáil ina leith. Is féidir le daoine ó chúlra imirceach nó mionlaigh tairbhiú go mór de bhearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna, feabhas a chur ar inniúlacht teanga, an t-idirdhealú a chomhrac agus seirbhísí tacaíochta saincheaptha comhtháite a fháil. Trí fheabhas a chur ar an rochtain ar dheiseanna fostaíochta ardcháilíochta agus teidlíochtaí a bhaineann le míchumas a áirithiú an tráth céanna, is féidir laghdú a dhéanamh ar na tosca a d'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas a dhídhreasú ó bheith ag dul isteach sa lucht saothair.

**Le blianta beaga anuas, rinne roinnt Ballstát gníomhaíochtaí tiomnaithe chun bacainní ar rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a bhaint.** I mí Mheán Fómhair 2023, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Chróit** samhail chun costais oibriúcháin saoráidí oideachais agus cúraim luath-óige a chómhaoiniú le haghaidh bardais a bhfuil acmhainneacht airgeadais níos ísle acu, chun inbhuanaitheacht infheistíochtaí in athchóiriú saoráidí oideachais agus cúraim luath-óige atá ann cheana nó i dtógáil saoráidí nua oideachais agus cúraim luath-óige a áirithiú. Dá bhrí sin, cuirtear ar a gcumas do rialtais áitiúla agus réigiúnacha infhaighteacht oideachais agus cúraim luath-óige a mhéadú agus feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus inacmhainneacht oideachais agus cúraim luath-óige. In **Éirinn**, ó mhí an Mhárta 2024, tá sé de cheart ag cúramóirí obair sholúbtha a iarraidh, lena n-áirítear uaireanta laghdaithe agus comhbhrúite. Faoi Chlár Fostaíochta 2024-29, faigheann daoine in aois scoir san **Eastóin**, i measc nithe eile, rochtain ar oiliúint agus ar thacaíocht chun cáilíochtaí a fháil. I **Málta**, leis an Straitéis Náisiúnta um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2023-30, spriocdhírítear go háirithe ar dhaoine fásta ar bheagán oiliúna agus ar bheagán cáilíochtaí agus é d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus easnaimh i mbunscileanna. San **Ostair**, tá sé i gceist leis an 'Intensivprogramm Arbeitsmarktintegration' imeascadh tapa daoine ó chúlra imirceach a chur chun cinn trí bhíthin cúrsaí Gearmáinise, aitheantas do cháilíochtaí agus gairmthreorach i gcaitheamh 2024 agus 2025. In 2023, mhéadaigh **an Ghearmáin** an uasteorainn ioncaim ón obair i gcás daoine faoi mhíchumas a fhaigheann pinsean as cumas laghdaithe tuillimh.

### 2.2.2 Bearta a rinne na Ballstáit

**Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige a mhéadú, agus iad ag díriú ar inacmhainneacht agus ar mhéadú acmhainneachta.** Sa **Liotuáin**, ó mhí Mheán Fómhair 2024, beidh sé de cheart ag gach

---

[178] Ós rud é go bhfuil forluí idir na foghrúpaí, níl na figiúirí maidir leis an líon breise daoine sa lucht saothair suimitheach ó fhoghrúpa go chéile.

leanbh 3 bliana d'aois, agus faoi mhí Mheán Fómhair 2025, gach leanbh 2 bhliain d'aois, rochtain a fháil ar oideachas agus cúram luath-óige. Tá saoráidí oideachais agus cúraim luath-óige á leathnú ar fud an Aontais i gcónaí le tacaíocht cistiúcháin ón Aontas. Sa **Chróit**, áirítear 343 thionscadal a bhfuil buiséad iomlán EUR 214 mhilliún acu sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, lena soláthrófar 22 500 áit bhreise ar a laghad, d'fhonn rannpháirtíocht a mhéadú go 90 % faoi 2026. Faoi chlár 'Lapadán Gníomhach' 2022-2029 agus le tacaíocht cistiúcháin ón Aontas (CSE+ agus STA), cruthóidh **an Pholainn** níos mó ná 100 000 áit nua cúraim leanaí, go príomha i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu, agus tá sé d'aidhm aici samhail chistiúcháin inbhuanaithe a bhunú. Le tacaíocht ó STA, tá caighdeáin nua cháilíochta do sholáthraithe á nglacadh ag an tír freisin, agus le CSE+ tá sé d'aidhm aici oiliúint a chur ar 9 000 ball foirne cúraim leanaí agus 2 500 ball foirne bainistíochta chomh maith le 1 400 ionadaí ó bhardais, agus fostaithe cúraim leanaí a iompú ina n-oifigigh phoiblí an tráth céanna. Sa **Rómáin**, le tacaíocht ó STA, tá clár oiliúna leantaí ar mhórscála d'fhoireann oideachais agus cúraim luath-óige á fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme curaclaim nua agus le faireachán ar cháilíocht agus tá saoráidí oideachais agus cúraim luath-óige á dtógáil agus á n-athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais acmhainneachta, go háirithe i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu. Tá córas tacaíochta don oideachas cuimsitheach á fhorbairt ag **an tSlóvaic** faoi láthair trí chláir oideachais do dhaoine fásta a sholáthar do bhaill foirne teagaisc agus speisialtóirí, lena n-áirítear in oideachas agus cúram luath-óige. Mhéadaigh **an Iodáil** an *bonus asilo nido*. An bónas a dheonaítear chun táillí naíscoile a íoc, méadaíodh é go dtí suas le EUR 3 600 i gcás leanaí a rugadh an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh, a bhfuil Táscaire Staide Eacnamaíche Coibhéisí (ISEE) a dteaghlach suas le EUR 40 000 agus a bhfuil leanbh faoi bhun 10 mbliana d'aois ag na teaghlaigh sin cheana féin. D'fhoilsigh **an Bhulgáir** a Plean Gníomhaíochta 2024 maidir le Cur Chun Cinn na Forbartha Luath-Óige chun cur chuige iomlánaíoch beartais a fhorbairt, lena n-áirítear béim láidir ar oideachas agus cúram luath-óige. Tá **an Chipir**, i gcomhréir le hathchóiriú a chuimsítear ina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ag laghdú aois éigeantach an oideachais agus an chúraim luath-óige de réir a chéile ó 4 bliana agus 8 mí go 4 bliana; faoin scoilbhliain 2024-2025, déanfar laghdú 2 mhí air agus, faoi 2025-2026, laghdú mí amháin eile.

**Rinneadh athchóirithe agus infheistíochtaí móra chun borradh a chur faoi bhunscileanna, lena n-áirítear athbhreithnithe cuimsitheacha curaclaim, ach is gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ar fud an Aontais chun treochtaí meathlaitheacha a aisiompú.** Tá curtha chun feidhme ag an **gCipir** athchóiriú oideachais agus oiliúna a mhair 10 mbliana, lena n-áirítear athbhreithniú ar churaclaim (a chuimsítear ina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta), aistriú chuig meastóireacht fhoirmitheach ar mhic léinn, creat rialachais lena dtugtar aghaidh ar dhíscor mac léinn agus ar luathfhágáil na scoile, agus scolaíocht lae san oideachas meánscoile sóisearach. I mí Mheán Fómhair 2024, sheol **an Spáinn** an Plean Atreisithe um Thuiscint sa Mhatamaitic agus sa Léitheoireacht, a chuaigh chun tairbhe do níos mó ná 5 mhilliún dalta i scoileanna a mhaoinítear go poiblí trí thacaíocht mhéadaithe a thabhairt do mhúinteoirí agus acmhainní breise scoile agus ceachtanna seach-churaclaim a sholáthar. Thairis sin, faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, is é is aidhm do Chlár na Spáinne um Ghairmthreoir, Dul Chun Cinn agus Saibhriú Oideachais (PROA+) feabhas a chur ar thorthaí oideachais na mac léinn is mó a bhfuil deacrachtaí acu in 2 700 scoil ar a laghad, agus cistiú á sholáthar go dtí 2024. Idir 2025 agus 2028, cuideoidh CSE+ le maoiniú breise EUR 105 mhilliún a shlógadh gach bliain. Sa **Liotuáin**, rinneadh curaclam nua bunaithe ar inniúlacht a chur chun feidhme in dhá chéim i gcaitheamh 2023 agus 2024, ach ní heol fós cén tionchar atá aige. Ag tosú in 2025, beidh sásra idirghabhála á fhorbairt ag Aireacht Oideachais **na Rómáine** ar mhaithe le litearthacht fheidhmiúil san oideachas réamh-ollscoile, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na leibhéil

bunscileanna i measc mhic léinn bhunoideachais agus mheánoideachais na Rómáine, leibhéil is ábhar imní iad.

**Tá gairm na múinteoireachta á neartú ag roinnt Ballstát freisin mar fhreagairt ar an meath ar bhunscileanna.** Sa **Pholainn**, le reachtaíocht nua a glacadh i mí Feabhra 2024, méadaíodh tuarastail múinteoirí 30 %, agus rinneadh méadú 33 % ar thuarastail múinteoirí nua ó mhí Eanáir 2024. Sa **Rómáin**, tugadh isteach bearta reachtacha nua chun pá múinteoirí a ailíniú leis an meán-ollphá náisiúnta, arb éard a bhí iontu méaduithe tuarastail 25 % ar an meán in 2023 agus méaduithe breise dar tús 2024. Sa **tSlóvaic**, méadaíodh pá múinteoirí faoi dhó in 2023: 10 % i mí Eanáir agus 12 % breise i mí Mheán Fómhair. Mhéadaigh **an Eastóin** tuarastail múinteoirí faoi 23,9 % in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar bhoilsciú ard, agus tá pleananna leagtha amach ag an rialtas chun tuarastail múinteoirí a thabhairt aníos go 120 % den mheánphá faoi 2027. I mí na Nollag 2023, thug **an Ungáir** isteach mórmhéadú tuarastail do mhúinteoirí, arna chómhaoiniú ag CSE+, rud a chuimsítear freisin sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, mar chuid de chlár chun tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a fheabhsú. Mar chéad chéim, cuireadh meánmhéadú 32 % chun feidhme i mí Eanáir 2024. Gheall an rialtas go méadódh sé tuarastail múinteoirí go 80 % de thuarastail gairmithe eile a bhfuil céim threasach acu faoi 2025, agus an leibhéal sin a choinneáil ar bun go dtí 2030 ar a laghad. Tá garspriocanna tábhachtacha san athchóiriú ar oideachas tosaigh múinteoirí bainte amach ag **an tSeicia** agus creat nua inniúlachta do chéimithe foilsithe aici in 2023, rud a ionchorpraíodh i gcreidiúnú clár oiliúna múinteoirí in 2024; agus neartaigh sí an chaoi a ndírítear oiliúint múinteoirí i dtreo cleachtais. Sa bhliain acadúil 2023/2024, tosaíodh ar chláir nua um oiliúint tosaigh múinteoirí a chur chun feidhme i gComhphobal Fraincise **na Beilge**, tar éis beagnach scór bliain a chaitheamh á n-ullmhú. Leis an athchóiriú, cuirtear síneadh leis an tréimhse oiliúna ó 3 bliana go 4 bliana ('Máistreacht') agus tugtar isteach tástáil dhiagnóiseach chun inniúlachtaí Fraincise múinteoirí a threisiú amach anseo.

**Tá tionscnaimh á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile agus ar neamhionannais oideachais, le tacaíocht shubstaintiúil cistiúcháin ón Aontas**. Sa **Bhulgáir**, díríonn an tionscadal 'Success for You' (2023-2027) arna chómhaoiniú ag CSE+ ar níos mó ná 96 000 mac léinn ó ghrúpaí leochaileacha a bhfuil deacrachtaí oideachais agus bearnaí foghlama acu agus a thairbheoidh d'oiliúint bhreise sa Bhulgáiris, sa mhatamaitic agus in ábhair eile. Tabharfaidh sé oiliúint freisin do bhreis agus 4 500 oideoir. Sa **Rómáin**, tá cur chun feidhme an chláir náisiúnta chun laghdú a dhéanamh ar luathfhágáil na scoile faoi lán seoil agus tacaíocht aige ó STA agus ó CSE+. Faoin gclár, déantar 2 500 scoil ar a laghad a bhfuil rioscaí níos airde ag baint leo maidir le luathfhágáil na scoile a shainaithint ar dtús trí shásra luathrabhaidh, agus faigheann scoileanna incháilithe deontais ansin chun pleananna a chur chun feidhme le bearta atá saincheaptha dá riachtanais shonracha. Sa **Ghearmáin**, tá tús á chur i scoilbhliain 2024-2025 leis an gclár nua feidearálach 10 mbliana darb ainm 'Startchancen' atá dírithe ar suas le 4 000 scoil (thart ar 10 % de scoileanna uile na Gearmáine), lena dtabharfar tacaíocht oideachais do gach leanbh agus duine óg gan beann ar chás sóisialta a dtuismitheoirí. Déanfaidh an Rialtas Feidearálach infheistíocht EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana (a mheaitseálfaidh na Laender go hiomlán). Le tacaíocht ón bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ghlac Comhphobal Francach na **Beilge** plean gníomhaíochta cuimsitheach in 2024 chun luathfhágáil na scoile agus neamhláithreacht a chomhrac, lena n-áirítear trí threoraíocht phearsantaithe a thabhairt do dhaltaí a bhfuil líon ard neamhláithreachtaí gan údar acu, agus rannpháirt á tabhairt dá dteaghlaigh agus d'fhoireann idirghabhála oideolaíoch, agus trí chóras TF chun faireachán a dhéanamh ar neamhláithreachtaí.

**Tá na chéad chéimeanna á nglacadh ag na Ballstáit chun an intleacht shaorga (IS) a chomhtháthú san oideachas agus san oiliúint, ag freagairt dá ról méadaitheach sa phlé beartais náisiúnta.** Cé nach bhfuil straitéis náisiúnta ghaolmhar glactha ag aon tír go fóill, tá tionscnaimh seolta ag roinnt Ballstát atá dírithe ar IS a chomhtháthú i ngnéithe éagsúla den oideachas. Sa **tSualainn**, ó 2024-2025, beidh IS ina ábhar nua san oideachas meánscoile sinsearach agus san oideachas bardasach aosach ag mic léinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus d'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar breise ag mic léinn i sruthanna eile. I bPobal Pléimeannach **na Beilge**, tá treoirlínte agus oiliúint bhreise curtha ar fáil ag Lárionad Eolais Digisprong ó bhí 2023 ann, chun tacú leis an digitiú san oideachas éigeantach. Le Straitéis 2023 **na Cróite** maidir leis an gCróit Dhigiteach, spriocdhírítear ar fhorbairt IS agus inniúlachtaí digiteacha agus cuimsítear an t-aistriú digiteach mar thacaíocht d'fhorbairt an chórais oideachais agus taighde. Sa **Ghearmáin**, cuireann Deutches Schulportal ardán ar fáil chun cúnamh a thabhairt d'úsáideoirí eolas a chur ar IS. I **Lucsamburg**, cuireadh de chúram in 2021 ar an ngrúpa taighde um an Dlí Ríomhaireachtúil agus an Eitic Mheaisín (CLAiM) in Ollscoil Lucsamburg staidéar a dhéanamh ar ghnéithe eiticiúla agus eolaíocha na hintleachta saorga, agus tá sé beartaithe aige lárionad um an eitic dhigiteach a bhunú amach anseo. Sa **Pholainn**, tá treoirlínte agus caighdeáin inmheánacha leagtha síos ag roinnt ollscoileanna chun úsáid IS ag mic léinn a rialáil. Tá sé beartaithe ag an **nGréig** seimineár do 800 múinteoir a dhéanamh a mbeidh treoirlínte do mhúinteoirí ag gabháil leis. Cuirfidh **an Ostair** bogearraí IS ar fáil do 100 scoil phíolótach agus ullmhóidh sí ábhair foghlama dhigiteacha. San **Ísiltír,** forbrófar tionscadail i gcomhar le scoileanna, cuideachtaí agus eolaithe, chun eolas a fháil faoi IS san oideachas, le cistí arna soláthar go páirteach ag STA. Sa **Rómáin**, tá cistí á leithdháileadh ag STA chun tacú le rannpháirtíocht mac léinn ollscoile i gcláir oiliúna le haghaidh ardscileanna digiteacha, trí infheistíocht a dhéanamh i saotharlanna cliste lena gcumasaítear litearthacht dhigiteach agus theicneolaíoch na mac léinn a bhfuil gá léi i margadh an tsaothair nó trí oiliúint a chur ar státseirbhísigh in ardscileanna digiteacha.

**Tá nuachóiriú na gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna agus feabhas ar a dtarraingteacht ina bpríomhthosaíocht ar chlár oibre beartais roinnt mhaith Ballstát.** Sheol **an Eastóin** athchóiriú chun tarraingteacht an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna a mhéadú, lena n-áirítear curaclaim nua a fhorbairt lena dtabharfar tosaíocht d'inniúlachtaí agus lena ndéanfar an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chomhtháthú ar bhealach níos láidre le conairí oideachais eile (an t-oideachas foirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a nascadh, chomh maith leis an oideachas ginearálta, an gairmoideachas agus an t-ardoideachas feidhmeach a nascadh). Seoladh seirbhísí nua in 2023 amhail gairmchomhairleoireacht agus socruithe solúbtha staidéir chun mic léinn a choinneáil agus rátaí luathfhágála a laghdú, seirbhísí ina bhfuil páirtithe leasmhara rannpháirteach. I mí Eanáir 2024, chuir **an Ghréig** reachtaíocht nua chun feidhme chun an comhar a leathnú laistigh dá córas gairmoideachais agus gairmoiliúna agus chun sineirgí a chruthú ar fud leibhéil éagsúla an Chreata Náisiúnta um Cháilíochtaí. Le tacaíocht ó STA, tá córas rialaithe cáilíochta don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint á chur i bhfeidhm ag na húdaráis freisin chun measúnú a dhéanamh ar a aschur agus feabhas a chur ar a ábharthacht do mhargadh an tsaothair. Trí shraith athruithe rialála ó lár 2023 go 2024, d'fheabhsaigh **an Spáinn** an tsolúbthacht i mbainistiú gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'ionchorpraigh sí scileanna digiteacha, rinne rialáil ar ghnéithe eagraíochtúla den churaclam le haghaidh timthriallta oiliúna bunleibhéil, meánleibhéil agus ardleibhéil agus ar chomhpháirteanna an Chórais Gairmoiliúna, amhail Catalóg Náisiúnta na gCáilíochtaí agus na gClár Gairmiúil a fhorbairt, rinne sí Rialacha Oibríochta na Comhairle Ginearálta um Ghairmoiliúint a nuashonrú agus a chomhchuibhiú agus bhunaigh sí cáilíochtaí gairmoiliúna níos airde agus íoscheanglais ghaolmhara teagaisc. Ó bhí mí an Mheithimh 2024 ann, tá curaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna á nuashonrú ag an **gCipir**, le tacaíocht ó STA, chun

mímheaitseálacha scileanna leis an margadh saothair a laghdú. Leasaigh **an Ghearmáin** a Gníomh Oideachais agus Oiliúna i mí Iúil 2023, lenar tugadh isteach intéirneachtaí fóirdheonaithe gairmthreorach, deontais soghluaisteachta agus cáilíochtaí iontrála gairmoiliúna níos cuimsithí do dhaoine faoi mhíchumas, agus lenar cuireadh le deiseanna gairmoiliúna státchistithe, go háirithe i réimsí nach bhfuil mórán roghanna iontu.

**Tá infheistíocht mhór á déanamh ag roinnt tíortha ina gcórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna freisin.** Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá uasghrádú á dhéanamh ag an **gCipir** ar a bonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna trí thionscnaimh amhail ceardscoil nua a thógáil in Limassol, atá le cur i gcrích faoi mhí an Mheithimh 2026, agus uasghrádú ar 20 saotharlann chun aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna le margadh an tsaothair. Le buiséad **na Sualainne** 2024, cuireadh SEK 1,36 billiún (EUR 15,2 billiún) leis an ngairmoideachas agus gairmoiliúint aosach réigiúnach, ina bhfuil thart ar 16 500 áit bhreise sa ghairmoideachas aosach le haghaidh na bliana iomláine agus thart ar 3 000 san ard-ghairmoideachas. Ina theannta sin, le plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne, tacaítear le 16 900 áit staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach le haghaidh na bliana iomláine agus 14 900 san ard-ghairmoideachas. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá **an Pholainn** ag obair chun ionaid scileanna earnála a bhunú, de mheon ionad barr feabhais gairme, lena bhfreastalaítear ar riachtanais roinnt grúpaí, e.g. daoine fásta, mic léinn, daoine óga, múinteoirí gairmoideachais agus fostaithe. Ar na príomh-chomhpháirtithe san iarracht sin beidh, inter alia, gairmscoileanna, institiúidí ardoideachais, fiontair agus eagraíochtaí fostóirí, údaráis áitiúla chomh maith le hionaid taighde agus forbartha. Agus leas á bhaint ag **an Spáinn** as tacaíocht ó CSE+ agus mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá sí ag déanamh infheistíochta i gclaochlú digiteach agus glas na gairmoiliúna, agus aird á díriú ar oiliúint múinteoirí, ar sheomraí ranga nuachóirithe lena n-ionsamhlaítear ionaid oibre teicneolaíochta agus ar líonra de 50 ionad barr feabhais chun taighde agus nuálaíocht a spreagadh. Faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, féachann **an Phortaingéil** le hathchóiriú a chur chun feidhme arb é is aidhm dó comhordú beartais oideachais agus oiliúna ar an iomlán a neartú, an Chatalóg Náisiúnta um Cháilíochtaí a thabhairt cothrom le dáta chun scileanna agus gairmeacha atá ag teacht chun cinn a ionchorprú inti, cláir spriocdhírithe litearthachta d'aosaigh a chur chun cinn d'oibrithe ar bheagán oiliúna agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais shocheacnamaíocha trí athdháileadh an líonra gairmoideachais agus gairmoiliúna. Tá an t-athchóiriú sin á chomhlánú le hinfheistíochtaí suntasacha i mbunú agus in athriochtú 365 Lárionad Teicneolaíochta Speisialaithe i scoileanna agus in institiúidí gairmoideachais, in éineacht leis na hinfheistíochtaí in 111 lárionad gairmoiliúna poiblí trí lárionaid nua a thógáil nó cinn atá ann cheana a athchóiriú, agus trí threalamh ardteicneolaíochta a cheannach i réimsí amhail digitiú, fuinneamh in-athnuaite, agus Tionsclaíocht 4.0.

**Tá foghlaim obairbhunaithe agus printíseachtaí á gcur chun cinn i roinnt Ballstát.** I mí an Mhárta 2024, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, leasaigh **an Bhulgáir** a creat rialála gairmoideachais agus gairmoiliúna chun an comhar le fostóirí a leathnú, go háirithe trí fhoghlaim obairbhunaithe agus déchóras oideachais. I mí Iúil 2023, rith **an Fhrainc** dlí nua chun soghluaisteacht idirnáisiúnta printíseach a chur chun cinn trí 'Erasmus do phrintísigh'. I mí na Bealtaine 2023, chuir Comhghuaillíocht **na Gearmáine** um Oideachas Tosaigh agus Breisoideachas agus Oiliúint a cuid tosaíochtaí le haghaidh 2023-2026 i láthair, lena n-áirítear dé-oiliúint ag an rialtas feidearálach, ag na stáit fheidearálacha, ag an tionscal agus ag ceardchumainn a neartú. I mí na Nollag 2023, chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a ailíniú le riachtanais na sochaí, chuir **an Eastóin** síneadh le PRÕM+, arb é a clár forbartha gairmoideachais agus gairmoiliúna agus ardoideachais é, go dtí 2027.

Faoin gclár, cruthófar áiteanna nua oiliúna in earnálacha tosaíochta náisiúnta agus fáis eacnamaíoch, bunaithe ar riachtanais agus ullmhacht fostóirí, agus leithdháilfear 30 % ar a laghad d'áiteanna ar dhaoine óga faoi bhun 26 bliana d'aois nach bhfuil cáilíochtaí gairmiúla acu. Arna chómhaoiniú ag CSE+ agus mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá sé beartaithe ag an **nGréig** gairmscoileanna printíseachta na seirbhíse poiblí fostaíochta (DYPA EPAS) a athbhunú faoi dheireadh 2024, mar chuid lárnach de straitéis an rialtais maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus fostaíocht don aos óg.

**Leanann na Ballstáit de thacaíocht a thabhairt do nuachóiriú an ardoideachais trí athchóirithe rialachais agus bearta chun borradh a chur faoin idirnáisiúnú.** Faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, leithdháil **an Rómáin** deontais digitithe ar thart ar 70 % dá hollscoileanna (61 institiúid) chun an t-éiceachóras digiteach a fheabhsú, agus gheobhaidh 100 000 múinteoir ar a laghad oiliúint chun feabhas a chur ar a scileanna oideolaíochta digití. Le tacaíocht ó CSE+, sheol an tír an clár 'First Student in the Family' freisin i mí Mheán Fómhair 2024 chun rochtain ar ardoideachas a mhéadú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus chun luathfhágáil na hollscoile a laghdú. Athchóirithe rialachais arb é is aidhm dóibh barr feabhais, taighde agus idirnáisiúnú a threisiú, tá siad á gcur i bhfeidhm go céimneach i roinnt Ballstát. Sa **Bhulgáir**, is é is aidhm don Acht nua maidir le taighde agus nuálaíocht eolaíoch, a glacadh i mí Aibreáin 2024 mar chuid d'athchóiriú ar a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, timpeallacht taighde agus nuálaíochta atá dinimiciúil, dírithe ar thorthaí agus éifeachtach a chruthú. Tá conradh aitheantais dioplómaí curtha chun feidhme ag an **Aontas Eacnamaíoch Benelux** agus ag **na Stáit Bhaltacha** ó mhí na Bealtaine 2024, lena gcumasaítear aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí ardoideachais. Tá bearta á ndéanamh ag roinnt Ballstát freisin chun rochtain a fheabhsú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Sa **Liotuáin**, tá thart ar 1 300 áit staidéir, nó thart ar 10 % den líon iomlán áiteanna státchistithe, curtha i leataobh do mhic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha leochaileacha. Ó mhí Mheán Fómhair 2024, is féidir le mic léinn incháilithe iarratas a dhéanamh trí scuaine iontrála ar leithligh, faoi na ceanglais acadúla iontrála chéanna. Tá cuótaí á dtabhairt isteach ag an **bPortaingéil** freisin maidir le mic léinn faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, agus tá sí ag cur leis an rochtain ag diaspóra na Portaingéile agus ag méadú cuótaí maidir le mic léinn lánfhásta os cionn 23 bliana d'aois. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú 78 % ar an acmhainneacht chóiríochta do mhic léinn idir 2021 agus 2026, a bhuí go príomha le tacaíocht mhór ó infheistíochtaí leanúnacha faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Tá **an Spáinn** ag leathnú scoláireachtaí chuig mic léinn leochaileacha, agus ba é EUR 1 bhilliún an cistiú a tugadh in 2023-2024, rud a rachaidh chun tairbhe do 300 000 mac léinn, nó thart ar 25 % de mhic léinn bhaitsiléara agus mháistreachta in ollscoileanna poiblí. Tacaíonn plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne leis an méadú ar scoláireachtaí freisin mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an gcóras ollscoile lena bhfuil sé beartaithe, i measc nithe eile, rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn. An tráth céanna, tá méadú 29 % tagtha ar an meánmhéid scoláireachta le 5 bliana anuas. Chun feabhas a chur ar an rochtain ag mic léinn faoi mhíchumas, bhronn **an Fhrainc** cistiú EUR 10 milliún ar shé ollscoil chun dea-chleachtais oideachais chuimsithigh agus teagaisc inrochtana a fhorbairt agus a chomhroinnt in 2024.

**Tá córais nua réamhaisnéise á gcur chun feidhme chun riachtanais scileanna i margadh an tsaothair a réamh-mheas.** I mí na Nollag 2023, sheol **an Fhionlainn** an 'Clár Dea-Oibre' chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanra i seirbhísí cúraim sláinte, leasa shóisialta agus tarrthála trí fheabhsú a dhéanamh ar an mbonn eolais agus ar an acmhainneacht chun riachtanais foirne agus oiliúna amach anseo a réamh-mheas. Faoina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá riachtanais scileanna á sainaithint ag **an Spáinn** agus ag **an tSualainn** agus é d'aidhm acu iarrachtaí oiliúna agus athscilithe a

ailíniú le héilimh mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear scileanna atá ríthábhachtach don aistriú digiteach agus don aistriú glas. Déanfaidh an Spáinn é sin trí chláir thaighde a dhéanamh, bunaithe ar shuirbhéanna ar fud earnálacha éagsúla.

**Sheol na Ballstáit bearta chun scileanna digiteacha an daonra a fhorbairt a thuilleadh chun freastal ar éilimh an aistrithe dhigitigh.** I mí an Mhárta 2024, leasaigh **an Bhulgáir** a creat rialála gairmoideachais agus gairmoiliúna mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun riachtanais ghairmiúla atá ag teacht chun cinn a mheas, lena n-áirítear san earnáil ghlas agus san earnáil dhigiteach. I mí an Mheithimh 2024, chruthaigh an tír modúl TFC chun scileanna digiteacha gan oiliúint fhoirmiúil a thástáil agus a fhéindeimhniú, atá le fáil mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Chuir **an Phortaingéil** tús leis an dara céim den chlár gairme 'Fostaíocht + Digiteach 2025' i mí Eanáir 2024. In 2024, chuir **an Ungáir** tús le tionscadail lena ndeartar agus lena gcuirtear chun feidhme oiliúint i scileanna digiteacha mar chuid den Chlár Oibríochtúil um Athnuachan Digiteach Plus 2021-2027, arna chómhaoiniú ag CSE+. I mí Iúil 2023, rialaigh **an Spáinn** an nós imeachta um inniúlachtaí digiteacha sa teagasc a aithint agus, i gcomhthéacs a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá sé d'aidhm aici 825 000 duine ar a laghad a oiliúint i scileanna digiteacha, scileanna éiceolaíocha agus scileanna claochlaithe tháirgiúil faoi dheireadh 2025. Mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, i mí Iúil 2023, bhunaigh **an Laitvia** creat coiteann bunaithe ar an gCreat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh (DigComp) chun measúnú agus pleanáil a dhéanamh ar thorthaí foghlama i ndáil le scileanna digiteacha, lena n-áirítear san oideachas seachfhoirmiúil. Rinne **Lucsamburg** Páipéar Bán maidir leis an gcuraclam nua don bhunoideachas a chur i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2023, lena n-áirítear scileanna digiteacha a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus leis an litearthacht sna meáin mar cheann dá cheithre phríomhcholún théamacha. Tá straitéisí tugtha isteach ag na Ballstáit freisin chun tacú le scileanna digiteacha. Sa **Rómáin**, sa Straitéis Náisiúnta um Oiliúint Aosach 2023-2027, a glacadh i mí na Nollag 2023, agus sa Straitéis Náisiúnta um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil do Dhaoine Fásta 2024-2030, a glacadh i mí na Bealtaine 2024, cuirtear forbairt scileanna glasa agus digiteacha i dtábhacht. I mí Lúnasa 2023, i gcomhthéacs an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, sheol **an Laitvia** an Straitéis Sláinte Dhigiteach lena gcumhdaítear gnéithe éagsúla amhail malartú trasteorann sonraí agus scileanna digiteacha. Eisíodh Treochlár **na hÉireann** um Chuimsiú Digiteach i mí Lúnasa 2023 chun a áirithiú gur féidir le gach duine tairbhiú de dheiseanna digiteacha, lena n-áirítear trí scileanna agus litearthacht dhigiteach. Tá bunachar sonraí poiblí de chúrsaí uas-scilithe agus athscilithe cruthaithe ag **an tSeicia** mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus gheobhaidh 65 000 duine ar a laghad uas-sciliú nó athsciliú i scileanna digiteacha faoi dheireadh 2025.

**Tá tionscnaimh rialála agus infheistíochta á ndéanamh chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá don aistriú glas a chur chun cinn.** I mí Mheán Fómhair 2023, thug **Málta** dreasachtaí airgeadais isteach chun tacú le fostóirí agus fostaithe áitiúla uas-sciliú a dhéanamh, lena n-áirítear le haghaidh inniúlachtaí glasa. Dhírigh **an Chipir** ar infheistíochtaí sa bhonneagar glas le haghaidh scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna agus tá athbhreithniú á dhéanamh aici ar phleananna tógála le haghaidh scoil ghairmoideachais agus ghairmoiliúna ghlas in Larnaca a bhfuil an Ciste um Aistriú Cóir á cistiú ó bhí mí Iúil 2023 ann. Sa **Phortaingéil,** bhunaigh an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta agus an Comhlachas um Fhuinneamh In-athnuaite prótacal i mí an Mheithimh 2023 chun Lárionad Oiliúna um Aistriú Fuinnimh (CTE) a chruthú, lena soláthrófar oiliúint san aistriú fuinnimh agus i ngníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear i bhfuinneamh hidrigine in-athnuaite agus glas, d'oibrithe agus do dhaoine dífhostaithe araon. Déanfar thart ar 25 000 duine a oiliúint i scileanna glasa

faoi na cláir a fhaigheann tacaíocht ó STA. Tá infheistíocht á déanamh freisin ag roinnt Ballstát, lena n-áirítear **an Spáinn** agus **an tSeicia**, i scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais i gcomhthéacs a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. I mí Mheán Fómhair 2024, le tacaíocht ó STA, sheol Seirbhís Phoiblí Fostaíochta **na Gréige** clár nua chun scileanna glasa a shealbhú agus a uasghrádú do 50 000 fostaí.

**Is príomhchuspóir beartais ó Bhallstát go chéile i gcónaí é rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a mhéadú, agus aird ar leith á díriú ar dhaoine ar bheagán oiliúna, agus tá cuntais foghlama aonair agus micridhintiúir á bhforbairt ag roinnt mhaith tíortha.** Faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus le tacaíocht ó CSE+, bhunaigh **an Spáinn** creat tagartha chun measúnú agus deimhniú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí bunúsacha a shealbhaíonn daoine fásta trí thaithí oibre, oiliúint sheachfhoirmiúil agus foghlaim neamhfhoirmiúil, chun cuidiú le daoine fásta a bhfuil leibhéal íseal bunscileanna acu dul i mbun oiliúna. I mí na Samhna 2023, sheol **Málta** Straitéis Náisiúnta don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2023-2030, lena spriocdhírítear ar na daoine is leochailí trí raon éagsúil deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán. Tá scéimeanna um chuntais foghlama aonair á bhforbairt ag roinnt Ballstát freisin, chun é a chur ar a gcumas do dhaoine fásta dul i mbun conairí foghlama pearsantaithe. Áirítear in RRP na **Beilge** athchóiriú chun ceart aonair chun ceithre lá oiliúna a bhunú le haghaidh gach fostaí atá ag obair go lánaimseartha ó 2023 ar aghaidh, rud a mhéadóidh go cúig lá ó 2024 ar aghaidh, agus a riarfar trí ardán an Chuntais Foghlama Fheidearálaigh (FLA) a seoladh i mí Aibreáin 2024. Tá sé beartaithe ag **an tSlóvaic** scéim nua chistiúcháin a thabhairt isteach le haghaidh foghlaim aosach trí bhíthin cuntais foghlama aonair agus aghaidh a thabhairt ar chomhordú idir-aireachta na foghlama ar feadh an tsaoil, le tacaíocht ó fhorbairt an Ardáin Leictreonaigh do Chuntais Foghlama Aonair (EPIVU) agus úsáid á baint as cistí ón Aontas. Tá cuntais foghlama aonair á bhforbairt **ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag an gCipir** agus **ag an gCróit** freisin le tacaíocht ó STA agus/nó CSE+, lena leathnaítear an rochtain ar fhoghlaim aosach trí ardáin phearsantaithe inrochtana. Ina theannta sin, tá córais micridhintiúr á gcur chun cinn ag na Ballstáit chun borradh a chur faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. In 2023, leasaigh **an Eastóin** a Gníomh um Oideachas Aosach chun an córas micridhintiúr a leathnú chuig gairmoideachas agus oiliúint aosach, lenar tugadh isteach sainmhínithe ar mhicridhintiúir, ceanglais maidir le méid an chláir, prionsabail maidir le soláthar agus sásra dearbhaithe cáilíochta. Faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá sé d’aidhm ag **an Spáinn** plean gníomhaíochta a eisiúint chun creat micridhintiúr a fhorbairt, a bheidh le mionsaothrú ag Aireacht na nOllscoileanna tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Áirítear leis sin, inter alia, micridhintiúir a chur chun cinn chun an t-éileamh ag daoine fásta agus fostóirí orthu a mhéadú, cáilíocht agus ábharthacht micridhintiúr a chur chun cinn agus tacú le cothromas rochtana.

**Leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, mar aon le tionscnaimh eile, leantar d’athchóirithe struchtúracha agus bearta a dhéanamh a thacaíonn le hinfhostaitheacht daoine óga.** Faoin Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, tá geallta ag na Ballstáit go n-áiritheoidh siad go bhfaighidh gach duine faoi bhun 30 bliain d’aois tairiscint ardchaighdeáin ar fhostaíocht, ar oideachas leanúnach, ar phrintíseacht nó ar thréimhse oiliúna laistigh de 4 mhí ó thagann siad chun bheith dífhostaithe nó ó fhágann siad an t-oideachas foirmiúil. Cuireann **an Ungáir** fóirdheontais phá agus oiliúint ar fáil do NEETanna idir 15-29 mbliana d’aois idir 2024-2029 trína Clár náisiúnta um Ráthaíocht don Aos Óg Plus, arna chómhaoiniú ag CSE+ sa Chlár Oibríochtúil um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Nuálaíocht Plus. Sa **Phortaingéil**, tá athbhreithniú á dhéanamh ar phróifíl NEETanna óga sa Phlean Náisiúnta maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg trí staidéar a fhaigheann tacaíocht ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), ina ndírítear ar mhapáil a dhéanamh ar

dhaoine óga dífhostaithe agus neamhghníomhacha nach bhfuil cláraithe. I gcomhthéacs an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, thug **an Spáinn** isteach a 'Phlean Ráthaíochta don Aos Óg Plus', arb é is aidhm dó feabhas a chur ar cháilíochtaí NEETanna óga chun na scileanna is gá a fháil chun dul isteach i bpróiseas clárúcháin NEETanna óga i margadh an tsaothair. San **Iodáil**, ó mhí Mheán Fómhair 2024, leis an 'bhForaithne Bónais um Chomhtháthú na hÓige', tugadh isteach díolúintí ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta chun oibrithe faoi bhun 35 bliana d'aois a fhostú ar chonarthaí buana, ar choinníoll nach raibh conradh buan acu riamh roimhe sin. Sa **Bheilg**, a mhéid a bhaineann leis an tionscadal 'Coup de Boost' lena dtugtar tacaíocht do dhaoine óga 18-29 mbliana d'aois atá i bhfad ón margadh saothair cáilíochtaí a fháil, dul i mbun staidéir nó post a fháil, rinneadh é a uas-scálú i mí Aibreáin 2024 le tacaíocht ó CSE+ agus STA.

**Tá bearta á gcur chun feidhme ag roinnt Ballstát chun an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú trí thacú le fostaíocht leathnaithe d'oibrithe scothaosta.** San **Fhionlainn**, tá daoine 55 bliana d'aois atá i mbaol dífhostaithe incháilithe do 'liúntas slándála idirthréimhsí' ó bhí 2023 ann, lena soláthraítear rochtain ar dheiseanna oiliúna agus saoire íoctha fhadaithe athfhostaíochta le linn na tréimhse fógra. Le Clár Fostaíochta **na hEastóine** 2024-2029 cuirtear seirbhísí mhargadh an tsaothair ar fáil do dhaoine atá ar scor agus ag lorg fostaíochta, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht do cháilíochtaí agus don fhiontraíocht. Na tionscnaimh sin chun scor níos déanaí a chur chun cinn, ba cheart iad a bhreithniú i gcomhar le bearta pinsin (féach Roinn 2.4.2). Faoina phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, sheol **Lucsamburg** an clár oiliúna *FutureSkills* lena ndírítear aird ar leith ar chuardaitheoirí poist atá 45 bliana d'aois nó níos sine ionas go soláthrófar dóibh bogscileanna agus scileanna digiteacha agus bainistíochta chun a n-athimeascadh gearrthéarmach i margadh an tsaothair a éascú.

**Tá bearta á ndéanamh chun tacú le fostaíocht na mban agus chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní, lena n-áirítear iarrachtaí chun leithscaradh inscne san fhostaíocht a laghdú agus chun feabhas a chur ar thrédhearcacht pá.** Ó mhí Eanáir 2025, cumhdóidh **Málta** go dlíthiúil prionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann, lena sainordófar pá comhionann do gach fostaí, lena n-áirítear oibrithe gníomhaireachta sealadacha agus oibrithe seachfhoinsithe. Sheol Málta treoirthionscadal freisin i ndáil le hUirlis Pá Chomhionainn chun cur i bhfeidhm an phá chomhionainn a éascú agus chun neamhionannais phá fhéideartha nach bhfuil údar leo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu laistigh d'eagraíochtaí a fhostaíonn 50 fostaí ar a laghad agus a dheimhnítear leis an marc Comhionannais. In **Éirinn**, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a thuairisciú, leathnófar iad chuig fostóirí a bhfuil níos mó ná 150 fostaí acu in 2024 agus chucu siúd a bhfuil 50 fostaí nó níos mó acu in 2025. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta tá infheistíocht déanta ag Éirinn i gclár athscilithe agus uas-scilithe, lena ngabhann spriocanna maidir leis an sciar de rannpháirtithe baineanna. I mí Aibreáin 2024, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, sheol **an Eastóin** ionstraim dhigiteach nua, an Scáthán Pá mar a thugtar air, chun tacú le fostóirí anailís a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní agus í a laghdú. San **Iodáil**, faoi Dhlí Buiséadach 2024, a mhéid a bhaineann le fostóirí san earnáil phríobháideach a fhostaíonn mná dífhostaithe ar íospartaigh foréigin iad agus tairbhithe an 'reddito di libertà', tá siad díolmhaithe ó chuid de na ranníocaíochtaí slándála sóisialta suas le 100 % agus EUR 8 000 a íoc. Thairis sin, mhéadaigh an tír an cistiú don 'Fondo per il reddito di libertà' chun cuidiú le mná ar íospartaigh foréigin atá faoi bhochtaineacht iad neamhspleáchas eacnamaíoch agus fuascailt a bhaint amach. Déantar leithdháiltí airgeadais a mhéadú EUR 10 milliún in aghaidh na bliana idir 2024 agus 2026, agus EUR 6 mhilliún in aghaidh na bliana dar tús 2027. Faoi dheireadh 2025, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus

athléimneachta, bunóidh **an Spáinn** seirbhís nua treoraíochta sóisialta agus fostaíochta chun tacú le híospartaigh foréigin ar mná iad, lena n-áirítear íospartaigh gáinneála agus teacht i dtír ghnéasaigh, trí chúnamh socrúcháin fostaíochta, comhairle dlí agus tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach. Le Dianchlár **na hOstaire** um Imeascadh i Margadh an tSaothair 2024-2025, faoin bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach in aghaidh an Ghanntanais Oibrithe Oilte, soláthraítear tacaíocht shaincheaptha do mhná ar dídeanaithe iad, trí chúrsaí Gearmáinise, aitheantas cáilíochtaí agus gairmthreoir a sholáthar. Ghlac **an Fhrainc** reachtaíocht i mí Iúil 2023 lena ndéantar foráil, i measc nithe eile, maidir le sochair bhreoiteachta do mhná a bhfuil breith anabaí acu, chomh maith le cosaint 10 seachtaine ar dhífhostú, cúram síceolaíoch agus cúnamh leighis feabhsaithe dar tús 2024.

**Tá bearta glactha ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil, go háirithe trí thrasuí na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil,**[179] lena n-áirítear saoire teaghlaigh a fheabhsú. Ó mhí Iúil 2023, deonaíonn **Lucsamburg** saoire atharthachta don duine a aithnítear mar an dara tuismitheoir faoin dlí náisiúnta. Ó mhí an Mhárta 2024, áirithítear le hAcht leasaithe **na Danmhairge** um Shaoire Mháithreachais go roinnfear saoire tuismitheora (48 seachtaine) go cothrom idir an bheirt tuismitheoirí (24 seachtaine an duine), agus féadfaidh teaghlaigh aontuismitheora roinnt seachtainí saoire a aistriú chuig dlúthdhuine den teaghlach. Faoi Dhlí Buiséadach 2024, íoctar saoire tuismitheora san **Iodáil** anois mar a leanas: 80 % de phá an oibrí don chéad mhí, 60 % (80 % do 2024 amháin) don dara mí agus 30 % do mhíonna ina dhiaidh sin. I dtéarmaí socruithe solúbtha oibre, rinne **Éire** an Bille um an gCeart chun Cianobair a Iarraidh a chomhtháthú leis an Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus um Fhorálacha Ilghnéitheacha 2023, lena mbunaítear, le héifeacht ó mhí an Mhárta 2024, an ceart chun cianobair agus obair sholúbtha a iarraidh le haghaidh cúramóirí, lena n-áirítear uaireanta comhbhrúite nó laghdaithe. Leis an Acht, ceadaítear freisin 5 lá de shaoire bhliantúil ar son cúram leighis tromchúiseach agus cuirtear síneadh leis an teidlíocht reatha i leith sosanna beathaithe cíche ó 6 mhí go 2 bhliain. Le dlí nua sa **Fhrainc**, a glacadh i mí Aibreáin 2024, beidh fostaithe in ann 4 seachtaine ar a laghad de shaoire íoctha a ghlacadh gach bliain, gan beann ar aon tréimhse a chaitear ar shaoire bhreoiteachta.

**Tá iarrachtaí á ndéanamh chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a neartú.** In **Éirinn**, le fóirdheontas pá a seoladh i mí Mheán Fómhair 2023, tugtar tacaíocht airgeadais d'fhostóirí a fhostaíonn daoine faoi mhíchumas; ó mhí Aibreáin 2024, rinneadh an íostairseach uaireanta in aghaidh na seachtaine chun go mbeifear incháilithe faoin scéim sin a laghdú ó 21 uair go 15 uair an chloig. Thairis sin, le tacaíocht ó CSE+, thug Éire an clár 'WorkAbility' isteach i mí Lúnasa 2024 lena ndéanfar, inter alia, tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí ar féidir leo conairí forchéimnitheacha i dtreo an oideachais, na hoiliúna agus na fostaíochta (lena n-áirítear féinfhostaíocht) a sholáthar do rannpháirtithe. Leithdháil **an Ostair** EUR 30 milliún breise in 2023 agus 2024 chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair, lena n-áirítear chun tionchar an bhoilscithe aird a mhaolú. Sa **tSualainn**, leis an litir rialacháin maidir leis an tseirbhís phoiblí fostaíochta (SPF) le haghaidh 2024, sainordaítear go sainaithneofar ar bhealach níos tapúla míchumais a dhéanann difear d'acmhainneacht oibre cuardaitheoirí poist, rud a chumasóidh idirghabhálacha níos ábhartha agus a mhéadóidh an líon rannpháirtithe a fhaigheann fóirdheontais phá chun fostaíocht níos fearr a chur chun cinn i measc daoine faoi mhíchumas.

[179] Féach Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle.

**Tugadh isteach roinnt tionscnamh chun imeascadh náisiúnach tríú tír a fheabhsú.** I mí Eanáir 2024, tháinig dlí nua maidir le hidirchultúrthacht i bhfeidhm i **Lucsamburg**, rud a réitigh an bealach chun daoine ó chúlra imirceach a imeascadh ar bhealach níos rianúla. Tacóidh **an Ghréig** le náisiúnaigh tríú tír chun a n-imeascadh i margadh an tsaothair a éascú faoi CSE+. Thairis sin, le tacaíocht ó STA, bíonn 8 000 dídeanaí sa tír rannpháirteach i gcláir oiliúna i ngnólachtaí san earnáil phríobháideach, rud a chuireann ar a gcumas dóibh imeascadh i margadh an tsaothair. Soláthraíonn **an Ostair** 'Cárta Gorm AE' do thairbhithe cosanta sealadaí lena n-éascaítear rochtain ar shochair, ar chúram agus ar sheirbhísí éagsúla. Ina theannta sin, tugtar tacaíocht do shealbhóirí an Chárta Ghoirm lena n-imeascadh i margadh an tsaothair trí thairiscintí bunaithe ar riachtanais amhail ábhair faisnéise ilteangacha, cáilíochtaí, agus comhairle maidir le haitheantas cáilíochtaí, cúrsaí Gearmáinise, measúnuithe inniúlachta agus socrúchán gníomhach fostaíochta. Ó mhí na Samhna 2023, is féidir le daoine a bhfuil cáilíochtaí aitheanta acu sa **Ghearmáin** rochtain a fháil ar fhostaíocht cháilithe i ngairmeacha neamhrialáilte, agus maolaíodh na ceanglais maidir le 'Cárta Gorm AE' trí thairseacha tuarastail a ísliú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar iontráil speisialtóirí TF sa mhargadh. Dar tús mhí an Mhárta 2024, is féidir le hoibrithe eachtracha a bhfuil taithí 2 bhliain ar a laghad acu agus tairiscint poist dul ag obair i ngairmeacha neamhrialáilte gan a gcáilíochtaí a bheith aitheanta go foirmiúil.

## 2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta

Sa roinn seo, breathnaítear ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 7, ina moltar do Bhallstáit feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta. Cumhdaítear leis sin, i measc nithe eile, cothromaíocht a bhaint amach idir an tsolúbthacht agus an tslándáil i mbeartais mhargadh an tsaothair, cosc a chur ar dheighilt mhargadh an tsaothair, oiriúnú do mhodhanna nua oibre, chomh maith le héifeachtacht bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair a áirithiú agus obair neamhdhearbhaithe a chomhrac. Tá na spriocanna sin i gcomhréir le prionsabal 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), prionsabal 5 (fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe), prionsabal 7 (eolas faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe), prionsabal 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe), prionsabal 10 (timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí) agus prionsabal 13 (sochair dhífhostaíochta) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Pléitear tógáil ar chleachtais náisiúnta atá ann, idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus caidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin. Tuairiscítear i Roinn 2.3.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

### 2.3.1 Príomhtháscairí

**Cé gur mór ag roinnt oibrithe an tsolúbthacht, má mhaireann deighilt mhargadh an tsaothair i bhfad d'fhéadfadh sí tionchar diúltach a imirt ar chothroime shóisialta.** I gcás roinnt grúpaí, go háirithe daoine óga agus daoine ardoilte, is féidir le poist neamhbhuana agus leis an bhfostaíocht pháirtaimseartha iontráil sa mhargadh saothair agus forbairt scileanna a éascú, agus níos mó solúbthachta agus cothromaíocht oibre is saoil a sholáthar freisin. Mar sin féin, fágann bearnaí leanúnacha idir oibrithe ó thaobh slándála poist agus dálaí oibre de (a mbíonn iarmhairtí acu go minic i dtéarmaí rochtain ar chosaint shóisialta) go gcruthaítear deighiltí nach meastar a bheith cothrom go sóisialta agus ar gnách leo

neamhionannais a mhéadú[180]. Go sonrach, is mó an éiginnteacht fostaíochta a bhaineann leis an bhfostaíocht shealadach nuair nach bhfeidhmíonn sí mar chéim i dtreo conarthaí níos buaine. Chomh maith leis sin, cuireann an éiginnteacht a eascraíonn as sin le dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe ar saintréith díobh ganntanais mhóra leanúnacha saothair[181]. Is féidir aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair, i measc nithe eile, trí bheartais ghníomhacha shaincheaptha um margadh an tsaothair lena spreagtar aistrithe post aníos, agus trí dhreasachtaí d'fhostóirí oibrithe a fhostú agus a choinneáil.

**I bhfianaise rátaí arda fostaíochta san Aontas, leanadh den treocht mheasartha anuas maidir leis an sciar d'oibrithe sealadacha[182].** I measc na bhfostaithe uile 20-64 bliana d'aois, tháinig laghdú ar an sciar ó 12,9 % in 2022 go 12,3 % in 2023, rud atá 2 phointe céatadáin faoi bhun an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Tá an éagsúlacht ó Bhallstát go chéile substaintiúil i gcónaí, áfach, agus bearna 21,7 pointe céatadáin idir na sciartha is airde agus na sciartha is ísle. Cé go bhfacthas sciartha den fhostaíocht shealadach os cionn 15 % san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa Spáinn agus san Iodáil in 2023, bhí na figiúirí faoi bhun 3 % sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Laitvia, sa Rómáin agus sa Liotuáin – féach Fíor 2.3.1.

**Fíor 2.3.1: Tá an sciar fostaíochta sealadaí ag dul i laghad, ach tá éagsúlacht shubstaintiúil ann fós ó Bhallstát go chéile**

Sciar na bhfostaithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile (20-64, %, sonraí bliantúla)




*Tabhair faoi deara*: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2022 agus 2023 (féach na meiteashonraí). Briseadh sa tsraith le haghaidh CY agus DK.
*Foinse:* Eurostat, [lfsi_pt_a], SFS an Aontais.

**Tá sciartha arda conarthaí sealadacha fós ag roinnt Ballstát chomh maith le rátaí ísle aistrithe chuig poist bhuana.** In 2023, chonacthas rátaí arda conarthaí sealadacha san Iodáil agus sa Spáinn (os cionn 15 %) mar aon le rátaí ísle aistrithe (faoi bhun agus thart ar 30 %, faoi seach, féach Fíor 2.3.2). Bhí rátaí fostaíochta sealadacha os cionn mheán an Aontais ag

180 Eurofound, Labour market segmentation [Deighilt mhargadh an tsaothair], An Foclóir Eorpach um Chaidreamh Tionsclaíoch, 2019.
181 Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2024* [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2024], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
182 Déantar fostaithe ar chonarthaí sealadacha a shainmhíniú mar fhostaithe ar chonradh tréimhse teoranta, a dtiocfaidh deireadh lena bpríomhphost tar éis tréimhse a bheidh socraithe roimh ré, nó tar éis tréimhse nach eol roimh ré, ach a shainítear mar sin féin de réir critéir oibiachtúla, amhail cur i gcrích taisc nó tréimhse neamhláithreachta fostaí ar cuireadh fostaí eile ina ionad go sealadach (táscaire Eurostat [lfsi_pt_a]).

an bhFionlainn, ag an bPolainn, ag an Ísiltír, ag an bPortaingéil agus ag an gCipir, ach bhí a rátaí aistrithe chuig conarthaí buana réasúnta ard (idir 40 % agus 51 %), rud a léiríonn margaí saothair a bhí solúbtha ach réasúnta dinimiciúil. Ar an taobh eile, léirigh an Laitvia, an Rómáin agus an Liotuáin meascán de sciartha ísle conarthaí sealadacha (faoi bhun 3 %) agus rátaí arda aistrithe (idir 50 % agus 64 %), rud a thugann le fios go raibh cobhsaíocht mhór fostaíochta ann.

### Fíor 2.3.2: Tá ilchineálacht i measc na mBallstát a mhéid a bhaineann leis an sciar de chonarthaí sealadacha agus a rátaí aistrithe chuig poist bhuana

An sciar fostaithe sealadacha de na fostaithe uile (20-64) in 2023 agus an ráta aistrithe chuig poist bhuana (15-64) (meánluach le haghaidh 2021, 2022 agus 2023).




*Tabhair faoi deara*: Breithnítear an cohórt aoise níos forleithne 15-64 bliana d'aois le haghaidh rátaí aistrithe ó chonarthaí sealadacha go conarthaí buana. Tagraíonn an ráta aistrithe saothair le haghaidh 2023 i gcás DE, FR, LV agus tagraíonn an luach do 2022 i gcás LU. Úsáidtear cohórt aoise 20-64 bliana d'aois le haghaidh fostaíocht shealadach, i gcomhréir le príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta maidir le fostaíocht agus anailís ghaolmhar sa roinn. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás CY, DK agus FR.
*Foinse:* Eurostat, [lfsa_pt_a] SFS an Aontais agus [ilc_lvhl32] SIDM-AE.

### Fíor 2.3.3: Is gnách go mbíonn fostaíocht shealadach ainneonach níos forleithne i measc na mban

An sciar de na fostaithe uile (20-64) ar fostaithe sealadacha ainneonacha iad in 2023




*Tabhair faoi deara*: Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Sonraí ar bheagán iontaofachta i gcás BG, EE, HR, LV, LT, LU, MT, AT, SI, SK. Sonraí maidir leis an iomlán amháin le haghaidh 'Ní raibh post le fáil ach ar chonradh sealadach' i gcás EE, LV. Sonraí maidir le mná agus fir amháin le haghaidh 'Ní raibh post le fáil ach ar chonradh sealadach' i gcás LU, AT. Sonraí maidir le mná agus fir amháin le haghaidh 'Ní bhfuarthas aon phost buan' i gcás SK. Sonraí maidir le mná amháin le haghaidh 'Ní bhfuarthas aon phost buan' i gcás RO. Sonraí maidir le mná agus fir amháin le haghaidh 'Ní raibh post le fáil ach ar chonradh sealadach' i gcás MT.
*Foinse:* [lfsa_etgar] agus [lfsa_etgar]

**Tá éagsúlacht mhór san fhostaíocht shealadach ainneonach ó Bhallstát go chéile freisin agus is gnách go ndéanann sí difear níos mó do mhná.** I measc na n-oibrithe sealadacha

uile, tugann an cion oibrithe atá sa chás sin go hainneonach léiriú tábhachtach ar a dheacra atá sé d'fhostaithe post buan a fháil[183]. Ba é 6,7 % céatadán na bhfostaithe sin (20-64 bliana d'aois) in 2023 san Aontas, rud atá 0,7 pointe céatadáin níos ísle ná an bhliain roimhe sin. Mar sin féin, tá difríochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile, óir tá an raon figiúirí idir níos mó ná 10 % sa Phortaingéil, sa Spáinn, sa Chipir, san Iodáil agus sa Ghréig agus níos lú ná 2 % san Ungáir, sa Rómáin, sa Laitvia, sa Liotuáin agus san Eastóin. Is airde go ginearálta an sciar fostaíochta sealadaí i measc na mban atá fostaithe (cé is moite de roinnt eisceachtaí amhail an Rómáin, Málta, an Bhulgáir agus an Ungáir) – féach Fíor 2.3.3, cé go bhfuil an bhearna fós réasúnta cúng ar an iomlán (1,2 pointe céatadáin), ach amháin i gcás na Gréige, na Cipire, na Spáinne, na Fionlainne agus na Cróite (inarb airde ná 3 phointe céatadáin í).

**Tá conarthaí sealadacha fós níos forleithne i measc daoine óga agus na mban.** Tháinig laghdú 1,5 pointe céatadáin ó 2022 ar an sciar fostaíochta sealadaí i measc daoine óga (15-24 bliana d'aois) san Aontas go 48,1 % in 2023. Mar sin féin, tá an figiúr sin 37,1 pointe céatadáin níos airde ná mar atá i gcás fostaithe 25-54 bliana d'aois. In 2023, ba san Ísiltír, sa Pholainn, san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa tSlóivéin a tuairiscíodh na sciartha is airde de dhaoine óga ar chonarthaí sealadacha (idir 55 % agus 60 %), agus chonacthas na sciartha is ísle sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Liotuáin agus sa Laitvia (faoi bhun 10 %) – féach Fíor 2.3.4. Tháinig laghdú beag ar an sciar de mhná fostaithe (20-64 bliana d'aois) ar chonarthaí sealadacha san Aontas ó 13,9 % in 2022 go 13,2 % in 2023. Chonacthas na sciartha ba mhó san Ísiltír, sa Spáinn, sa Phortaingéil agus san Iodáil (os cionn 17 %), agus chonacthas na sciartha ba lú sa Rómáin, sa Liotuáin, sa Laitvia, san Eastóin agus sa Bhulgáir (faoi bhun 3 %). Ar an iomlán, d'fhan an bhearna san fhostaíocht shealadach idir na hinscní cobhsaí ag thart ar 2 phointe céatadáin san Aontas. In 2023 (bunaithe ar ioncaim 2022), ba mhó i bhfad a bhí oibrithe i bhfostaíocht shealadach i mbaol bochtaineachta lucht oibre (12,6 %) ná iad siúd ar chonarthaí buana (5,2 %)[184].

[183] Déantar fostaíocht shealadach ainneonach a shainmhíniú mar fhostaíocht a tharlaíonn sa dá chás seo a leanas: ní bhfuarthas aon phost buan [lfsa_etgar] agus ní raibh post le fáil ach ar chonradh sealadach [lfsa_etgar].
[184] Eurostat [ilc_iw05], SIDM-AE.

**Fíor 2.3.4: Tá difríocht mhór ó Bhallstát go chéile idir na sciartha de dhaoine óga agus de mhná atá san fhostaíocht shealadach**

An sciar fostaithe sealadacha de na fostaithe óga uile (15-24 bliana d'aois) (%, 2023) agus an sciar fostaithe sealadacha de na mná fostaithe uile (%, 2023).




*Tabhair faoi deara*: Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR (féach na meiteashonraí).
*Foinse:* Eurostat [lfsi_pt_a] – daoine óga agus [lfsi_pt_a] – mná, SFS an Aontais.

**Tá méadú beag tagtha ar an sciar fostaíochta páirtaimseartha, tar éis laghdú mall ach seasta le 8 mbliana anuas, agus léirítear comhpháirt mhór ainneonach i roinnt Ballstát fós.** I bhfianaise an ráta fostaíochta is airde riamh, tháinig méadú ar an sciar de dhaoine fostaithe (20-64 bliana d'aois) atá ag obair go páirtaimseartha san Aontas ó 16,9 % in 2022 go 17,1 % in 2023. Lean cúig Bhallstát (an Ísiltír, an Ostair, an Ghearmáin, an Bheilg agus an Danmhairg) de bheith ag tuairisciú figiúirí os cionn 20 %, agus d'fhan cúig Bhallstát eile (an Bhulgáir, an tSlóvaic, an Rómáin, an Chróit agus an Ungáir) faoi bhun 5 % (Fíor 2.3.5). Tháinig laghdú breise 1,6 pointe céatadáin go 20 % ar an sciar fostaíochta páirtaimseartha ainneonaí den mhéid iomlán in 2023 san Aontas, agus é fós ag leibhéal réasúnta ard. Chonacthas na sciartha ba mhó, os cionn 50 %, sa Rómáin, san Iodáil agus sa Spáinn agus bhí na sciartha san Ísiltír, i Málta agus sa Ghearmáin thart ar 5 % nó faoina bhun.

**Fíor 2.3.5: Tá méadú beag tagtha ar an sciar fostaíochta páirtaimseartha, agus tá difríochtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile maidir leis an gcomhpháirt ainneonach de**

An sciar fostaíochta páirtaimseartha den fhostaíocht iomlán (20-64 bliana) agus an sciar fostaíochta páirtaimseartha ainneonaí mar chéatadán den fhostaíocht pháirtaimseartha iomlán (20-64 bliana), (%, sonraí bliantúla).




*Tabhair faoi deara:* Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR (féach na meiteashonraí). Amshraith ainneonach ar bheagán iontaofachta i gcás MT agus SI.
*Foinse:* Eurostat, [lfsi_pt_a] agus [lfsa_eppgai], SFS an Aontais.

**An sciar d'oibrithe féinfhostaithe gan fostaithe, d'fhan sé réasúnta cobhsaí san Aontas ach tá difríochtaí móra ann ó Bhallstát go chéile.** In 2023, bhí thart ar 17,8 milliún oibrí féinfhostaithe gan fostaithe san Aontas, arbh é a bhí iontu 9,1 % den fhostaíocht iomlán don aoisghrúpa 20-64 bliana d'aois[185]. Cé go bhféadfadh sé go bhfuil féinfhostaíocht aonair ina comhartha ar threallús fiontraíochta, d'fhéadfaí í a úsáid freisin mar athróg ionadach don fhéinfhostaíocht 'bhréagach' ina gcuirtear caidrimh fostaíochta spleácha i bhfolach[186]. In 2023, ba sa Ghréig, sa Pholainn, sa tSeicia agus san Iodáil a chonacthas na sciartha ba mhó d'oibrithe féinfhostaithe gan fostaithe (os cionn 13 %) agus ba sa Ghearmáin, i Lucsamburg, sa Danmhairg agus sa tSualainn a chonacthas na sciartha ba lú (faoi bhun 6 %).

**Is cuid de gheilleagar an Aontais iad ardáin saothair dhigitigh atá ag éirí níos tábhachtaí, lena dtugtar deiseanna fostaíochta ach lena mbaineann dúshláin shonracha freisin, go háirithe maidir le stádas fostaíochta na n-oibrithe**. Idir 2016 agus 2020, tháinig méadú faoi chúig, nach mór, ar ioncam ó gheilleagar ardán an Aontais, ó thart ar EUR 3 bhilliún go dtí thart ar 14 bhilliún. Sainaithníodh níos mó ná 500 ardán saothair dhigitigh a bhí ag feidhmiú laistigh den Aontas in 2021. De réir staidéar ón gCoimisiún[187], measadh go raibh níos mó ná 28 milliún duine san Aontas ag obair trí ardáin saothair dhigitigh in 2020, agus measadh go raibh an líon sin ag fás go seasta. Cé go bhfuil formhór na ndaoine sin féinfhostaithe i ndáiríre, measadh go raibh 5,5 milliún duine aicmithe go mícheart mar dhaoine féinfhostaithe. Níos mó ná leath na ndaoine a dhéanann obair ardáin,

[185] Eurostat, [lfsa_egaps] agus [lfsi_emp_a], SFS an Aontais. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR (féach na meiteashonraí).
[186] Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023*, [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.
[187] An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre – Achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

tuilleann siad níos lú ná an pá íosta[188]. I bhfianaise an mhéid sin, is é is aidhm do Threoir an Aontais maidir le feabhas a chur ar dhálaí san obair ardáin[189], i measc nithe eile, aghaidh a thabhairt ar shaincheist na féinfhostaíochta bréagaí ar ardáin saothair dhigitigh trí chinneadh ceart an stádais fostaíochta a éascú trí bhíthin toimhde dhlíthiúil fostaíochta. Thairis sin, soláthraíonn sé cearta nua d'oibrithe ardáin fostaithe agus féinfhostaithe araon, rud a áirithíonn níos mó trédhearcachta, cothroime agus cuntasachta maidir le bainistiú de réir algartam. Leis sin freisin cruthaítear an creat chun go bhfaighidh údaráis náisiúnta agus ionadaithe oibrithe rochtain níos fearr ar fhaisnéis ó ardáin saothair dhigitigh agus neartaítear an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil.

**Ar an iomlán, is féidir coinne a bheith leis go spreagfaidh dul chun cinn tapa san intleacht shaorga (IS) agus i dteicneolaíochtaí digiteacha eile claochluithe móra i margadh an tsaothair**. Is féidir coinne a bheith leis go mbeidh tionchar aige sin ar chainníocht agus ar cháilíocht post, agus ar cháilíocht saoil oibrithe. Measann an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) go bhféadfadh cur i bhfeidhm fheidhmchláir IS difear a dhéanamh do suas le 60 % d'fhostaithe i ngeilleagair shárfhorbartha, agus go bhféadfadh sé tionchar díobhálach a imirt ar a leath[190]. Tá sé beartaithe ag níos mó ná 75 % de chuideachtaí ar fud an domhain feidhmchláir bunaithe ar IS a ghlacadh idir 2023 agus 2027, agus measann thart ar 70 % díobh go mbeidh an litearthacht theicneolaíoch ag éirí níos tábhachtaí sa tréimhse ama sin[191]. Mar sin féin, tá bacainní ar fhostóirí maidir le daoine a fhostú a bhfuil na scileanna riachtanacha acu. Bunaithe ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, tuairiscíonn trí cinn as gach ceithre chuideachta de chuid an Aontais (go háirithe FBManna) gur deacair dóibh teacht ar oibrithe a bhfuil na scileanna riachtanacha acu[192]. Cé go ndeimhníonn staidéir a rinneadh le déanaí[193] go bhféadfadh príomh-ghlantionchar na hintleachta saorga ar an bhfostaíocht a bheith dearfach sa ghearrthéarma, rud a mhéadódh an t-éileamh ar na scileanna is gá chun í a fhorbairt agus a ghlacadh, ba cheart na gnóthachain fostaíochta a mheá go cúramach in aghaidh acmhainneacht na hintleachta saorga gnáthphoist a ionadú[194]. Thairis sin, murab ionann agus rabhartaí uathoibrithe roimhe seo, d'fhéadfadh IS giniúnach tionchar nach beag a imirt ar oibrithe ardoilte. De réir EIS, d'fhéadfadh os cionn 5 % den fhostaíocht i dtíortha ardioncaim a bheith neamhchosanta ar éifeachtaí uathoibritheacha na hintleachta saorga giniúnaí[195]. Ina theannta sin, is féidir le huathoibriú trí ardteicneolaíochtaí róbataice bunaithe ar IS tionchar mór a imirt ar phróisis táirgthe agus ar sholáthar seirbhísí, agus próifílí poist a athrú agus an

---

[188] An Coimisiún Eorpach, Study to gather evidence on the working conditions of platform workers [Staidéar chun fianaise a bhailiú maidir le dálaí oibre oibrithe ardáin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020.
[189] Treoir (AE) 2024/2831 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, IO L, 2024/2831, 11.11.2024.
[190] An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (2024), *Ionchas Eacnamaíochta Domhanda.*
[191] An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, Future of Jobs Report 2023, 2023.
[192] Tá Innéacs an Choimisiúin Eorpaigh um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) le fáil anseo.
[193] Féach Albanesi, S., Da Silva, A., Jimeno, J., Lamo, A., & Wabitsch, A. (2023), *New technologies and jobs in Europe*, Páipéar Oibre BCE Uimh. 2023/2831 agus Hayton, J., Rohenkohl, B., Christopher, P., Liu, HY (2024). *What drives UK firms to adopt AI and robotics, and what are the consequences for jobs?*, Ollscoil Sussex. Tuarascáil.
[194] An Coimisiún Eorpach, Artificial Intelligence: Economic Impact, Opportunities, Challenges, Implications for Policy [Intleacht Shaorga: Tionchar Eacnamaíoch, Deiseanna, Dúshláin, Impleachtaí Beartais], (Páipéar Plé 210), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.
[195] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, Generative AI and jobs: A global analysis of potential effects on job quantity and quality, 2023.

gá le scileanna digiteacha, anailíseacha agus boga a mhéadú an tráth céanna[196]. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm do Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga (a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024) a áirithiú go bhfuil an intleacht shaorga iontaofa, sábháilte agus i gcomhréir le cearta bunúsacha an Aontais. Cé go soláthraítear creat rialála ginearálta leis an nGníomh, tá roinnt tagairtí ann freisin d'úsáid IS san ionad oibre (amhail an toirmeasc ar chórais IS a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse chun mothúcháin duine san ionad oibre a thabhairt le tuiscint)[197].

**Bosca Cholún 4: Modhanna nua oibre agus an ceart chun dícheangail**

**Is iomaí deis a thugann an teilea-obair do shaol na hoibre.** D'imir paindéim COVID-19 tionchar tábhachtach ar phatrúin oibre. Agus an digitiú méadaithe ag tacú leis, tháinig méadú ar leitheadúlacht na hoibre ón mbaile san Aontas ó 11,1 % in 2019 go 19,8 % in 2023[198]. Léiríonn torthaí ó shuirbhé Eurofound gur gné bhuan dár gcleachtais oibre í an teilea-obair san Eoraip faoi láthair, óir thug níos mó ná 60 % d'oibrithe le fios gurbh fhearr leo oibriú ón mbaile roinnt uaireanta in aghaidh na míosa ar a laghad. Cuireann an teilea-obair deiseanna ar fáil i dtéarmaí neamhspleáchais, solúbthachta agus cuimsitheachta, chomh maith le coigilteas féideartha costais d'oibrithe agus d'fhostóirí araon. Iad siúd ar féidir leo, úsáideann siad a n-oifigí i gcónaí freisin. Dá thoradh sin, tá socruithe oibre hibrideacha ina bhfuil meascán den obair ó áitreabh an fhostóra agus den teilea-obair ar bhealaí éagsúla tagtha chun bheith ina samhail thábhachtach le haghaidh eagrú na hoibre[199]. An fhéidearthacht go mbeifí ag obair am ar bith, áfach, d'fhéadfadh sé a fhágáil go mbeidh oibrithe ar fáil ar bhonn leathnaithe agus go gcothófaí cultúr 'síor-reatha' dá dheasca.

**D'fhéadfadh an cultúr 'síor-reatha', a mbíonn uaireanta oibre breise agus dothuartha mar thoradh air go minic, dochar a dhéanamh don chothromaíocht oibre is saoil agus do shláinte agus dea-bhail oibrithe.** Bunaithe ar shuirbhé ar leibhéal cuideachta a rinne Eurofound in 2022 i gceithre thír (an Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn), thuairiscigh níos mó ná 80 % de na freagróirí go ndeachthas i dteagmháil leo chun críocha a bhaineann leis an obair lasmuigh dá n-uaireanta oibre conarthacha, agus d'fhreagair naonúr as gach deichniúr na hiarrachtaí teagmhála sin. Ba iad seo a leanas na príomhchúiseanna a tuairiscíodh leis sin: mhothaigh siad freagrach as a dtascanna (82 %), ba mhian leo smacht a choimeád ar chúrsaí (75 %), bhí coinne lena bhfreagra (75 %), bhí imní orthu go mbeidís thíos leis mura dtabharfaidís aon fhreagra (61 %) agus mheas siad go mbeadh dul chun cinn gairme níos fearr acu (50 %)[200]. Is minic a mheasann oibrithe go n-imríonn an ró-cheangal, agus é á éascú ag digitiú shaol na hoibre, tionchar diúltach ar chothromaíocht oibre is saoil, ar an tsláinte agus ar an dea-bhail (féach Fíor thíos). Tugann an fhianaise le fios, cé gur rudaí a

[196] Eurofound, Human–robot interaction: What changes in the workplace? [Idirghníomhaíocht idir daoine agus róbait: Cad iad na hathruithe san ionad oibre?], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[197] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), IO L 2024/1689, 12.7.2024.

[198] Eurostat [lfsa_ehomp], sciar na bhfostaithe 15-74 bliana d'aois a thuairiscíonn go mbíonn siad ag obair ón mbaile uaireanta agus de ghnáth.

[199] Eurofound, Fifth round of the Living, working and COVID-19 e-survey: Living in a new era of uncertainty [An cúigiú babhta den ríomhshuirbhé maidir le cónaí, obair agus COVID-19: Ag maireachtáil i ré nua na héiginnteachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[200] Eurofound, Right to disconnect: Implementation and impact at company level [An ceart chun dícheangail: Cur chun feidhme agus tionchar ar leibhéal na cuideachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

dhéanann difear do gach oibrí iad strusairí amhail déine oibre, cur isteach ar an gcothromaíocht oibre is saoil agus obair in am saor duine (mar ghné d'uaireanta oibre neamhshóisialta), go bhfuil éifeacht níos láidre acu ar fhostaithe a dhéanann teilea-obair ná orthu siúd a oibríonn in áitreabh a bhfostóra. Tá imní, tuirse mhothúchánach, tnáitheadh de dheasca tamall fada a chaitheamh i gcruinnithe fíorúla, agus leithlisiú ar chuid de na saincheisteanna meabhairshláinte is mó a thuairiscítear i measc teilea-oibrithe[201]. Chun na rioscaí agus na strusairí a bhaineann le cultúr 'síor-reatha' a mhaolú, d'fhéadfadh an 'ceart chun dícheangail' cuidiú le teorainneacha níos soiléire a tharraingt idir saol gairmiúil agus saol príobháideach duine, rud a chuirfeadh le sláinte, sábháilteacht agus cothromaíocht oibre is saoil oibrithe. Léiríonn na sonraí go bhfuil baint dhearfach, ar leibhéal na cuideachta, idir cur chun feidhme an chirt chun dícheangail agus cothromaíocht oibre is saoil agus sláinte agus dea-bhail fostaithe, chomh maith lena sástacht fhoriomlán lena bpost[202].

**Is minic a mheastar go n-imríonn an ró-cheangal tionchar diúltach ar chothromaíocht oibre is saoil, ar an tsláinte agus ar an dea-bhail**

An tionchar a mheastar a bheidh ag an ró-cheangal ar an tsláinte agus ar an dea-bhail (%)




*Foinse:* Ríomhanna Eurofound, bunaithe ar shuirbhé 2022 maidir leis an gceart chun dícheangail.

I bhfianaise an mhéid sin, ghlac Parlaimint na hEorpa rún in 2021 lenar iarradh ar an gCoimisiún togra reachtach maidir leis an gceart chun dícheangail agus creat reachtach AE maidir leis an teilea-obair a thíolacadh[203]. Mar chuid den obair leantach maidir leis an rún, d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar lena ndéantar iniúchadh ar an gcomhthéacs sóisialta, eacnamaíoch agus dlíthiúil agus ar threochtaí na teilea-oibre agus an chirt chun

[201] An Coimisiún Eorpach, Study exploring the social, economic and legal context and trend of telework and the right to disconnect, in the context of digitalisation and the future of work, during and beyond the COVID-19 pandemic [Staidéar lena ndéantar iniúchadh ar chomhthéacs sóisialta, eacnamaíoch agus dlíthiúil agus ar threocht na teilea-oibre agus an chirt chun dícheangail, i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus thodhchaí na hoibre, le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[202] Eurofound, Right to disconnect: Implementation and impact at company level [An ceart chun dícheangail: Cur chun feidhme agus tionchar ar leibhéal na cuideachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

[203] P9_TA (2021)0021 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 le moltaí don Choimisiún maidir leis an gceart chun dícheangail (2019/2181(INL)).

dícheangail[204]. Cé nár tháinig na comhpháirtithe sóisialta ar aon chomhaontú faoin athbhreithniú ar an gCreat-Chomhaontú maidir leis an teilea-obair, chuir an Coimisiún tús le comhairliúchán foirmiúil dhá chéim maidir le tionscnamh féideartha de chuid an Aontais a d'fhéadfadh i ndáil le teilea-obair agus leis an gceart chun dícheangail. Bhí an chéad chéim den chomhairliúchán sin[205] ar siúl idir an 30 Aibreán agus an 25 Iúil 2024. Ina theannta sin, i mí Iúil 2024 sheol an Coimisiún staidéar chun fianaise a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar bhreisluach agus ar thionchair na roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tionscnamh i ndáil le teilea-obair agus leis an gceart chun dícheangail. Thairis sin, luaitear tabhairt isteach an chirt chun dícheangail i litir mhisin Roxana Mînzatu, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Sóisialta agus Scileanna, um Poist Ardcháilíochta agus um Ullmhacht[206].

**Tá bearta curtha chun feidhme cheana féin ag roinnt Ballstát lena ndírítear ar theilea-obair agus ar an gceart chun dícheangail.** Ó thosaigh ráig phaindéim COVID-19, ghlac nó leasaigh roinnt Ballstát reachtaíocht maidir leis an sainmhíniú reachtúil ar theilea-obair. Faoi láthair, tá reachtaíocht ábhartha maidir leis an gceart chun dícheangail i 13 Bhallstát ach tá éagsúlachtaí ann i dtéarmaí raon feidhme, sainmhínithe, cur chun feidhme agus forfheidhmithe de. Ba iad **an Fhrainc**, **an Spáinn**, **an Bheilg** agus **an Iodáil** na chéad cheithre thír a raibh reachtaíocht náisiúnta acu maidir leis an gceart chun dícheangail, agus tá tugtha isteach ag na naoi dtír eile, is iad sin **an Bhulgáir**, **an Chipir**, **an Ghréig**, **an Chróit**, **Éire**, **Lucsamburg**, **an Phortaingéil**, **an tSlóivéin** agus **an tSlóvaic**, reachtaíocht nua, leasú ar dhlíthe náisiúnta atá ann cheana nó treoraíocht náisiúnta chun an ceart sin a bhunú.

**Tá ról lárnach ag cigireachtaí saothair maidir le drochdhálaí oibre a bhrath agus a chosc agus maidir le hobair neamhdhearbhaithe a chomhrac.** De bharr méadú ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus de bharr fhorbairt an gheilleagair ardán, tá dúshláin nua anois roimh chigireachtaí saothair a gcúraimí a dhéanamh. Is féidir le huirlisí IS feabhas mór a chur ar bhrath calaoise agus ar mheasúnú riosca, agus tá sé tábhachtach i gcónaí a áirithiú go mbeidh trédhearcacht ann agus go bhforbrófar na huirlisí agus na ráthaíochtaí uile is gá do ghnólachtaí agus do shaoránaigh ann. Tá sé ríthábhachtach rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus trédhearcacht a chomhlíonadh i ndáil leis sin. An tráth céanna, ní mór na hacmhainní iomchuí a thabhairt do chigireachtaí saothair chun a gcúraimí a dhéanamh[207]. Léiríonn táscairí EIS maidir le cigireachtaí saothair go bhfuil an acmhainneacht agus na hacmhainní i ndáil leis sin an-éagsúil ó Bhallstát go chéile. Bhí

---

[204] An Coimisiún Eorpach, Study exploring the social, economic and legal context and trend of telework and the right to disconnect, in the context of digitalisation and the future of work, during and beyond the COVID-19 pandemic [Staidéar lena ndéantar iniúchadh ar chomhthéacs sóisialta, eacnamaíoch agus dlíthiúil agus ar threocht na teilea-oibre agus an chirt chun dícheangail, i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus thodhchaí na hoibre, le linn phaindéim COVID-19 agus ina diaidh], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[205] An Coimisiún Eorpach, Consultation document: First-phase consultation of social partners under Article 154 TFEU on possible EU action in the area of telework and workers' right to disconnect [Doiciméad comhairliúcháin: Comhairliúchán céadchéime leis na comhpháirtithe sóisialta faoi Airteagal 154 CFAE maidir le gníomhaíocht a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh i réimse na teilea-oibre agus an chirt ag oibrithe chun dícheangail, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[206] Litir mhisin Roxana Mînzatu, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta Sóisialta agus Scileanna, um Poist Ardcháilíochta agus um Ullmhacht.

[207] Chun sonraí a fháil, féach suíomh gréasáin an Údaráis Eorpaigh Saothair: www.ela.europa.eu; An tÚdarás Eorpach Saothair, The rise of teleworking: improvements in legislation and challenges for tackling undeclared work [Teacht chun cinn na teilea-oibre: feabhsuithe ar an reachtaíocht agus dúshláin chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023; An tÚdarás Eorpach Saothair, Methods and instruments to gather evidence of undeclared work [Modhanna agus ionstraimí chun fianaise ar obair neamhdhearbhaithe a bhailiú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

táscaire EIS maidir le líon na gcigirí in aghaidh gach 10 000 duine fostaithe idir 0,18 i Málta agus 1,8 sa Rómáin in 2021. Idir 2009 agus 2021, tháinig méadú mór an líon cigirí sa tSeicia (+58,1 %) agus sa Phortaingéil (+36,8 %), agus tháinig laghdú air sa Liotuáin (-38%), sa Rómáin (-28,8%), in Éirinn (-25,4%) agus sa Chróit (-22,6%). Ar an iomlán, tá treocht laghdaitheach sa líon cigireachtaí saothair[208]. Leanann an tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, arna chomhordú ag an Údarás Eorpach Saothair (ELA), de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát cineálacha cuimsitheacha cur chuige a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán.

**Lean an dífhostaíocht fhadtéarmach de bheith ag laghdú san Aontas, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil na leibhéil is airde.** Ba é 2,1 % an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí san Aontas in 2023, rud a bhí 0,3 pointe céatadáin faoi bhun leibhéal 2022. Tháinig laghdú breise ar an difríocht idir na rátaí is airde agus is ísle ó Bhallstát go chéile ó 7,2 pointe céatadáin in 2022 go 5,7 pointe céatadáin in 2023 (Fíor 2.3.6). Chonacthas laghdú mór sa Ghréig (-1,5 pointe céatadáin go 6,2 %) agus sa Spáinn (-0,8 pointe céatadáin go 4,3 %). Agus an tríú ráta is airde san Aontas ag an Iodáil (4,2 %), tá 'cás criticiúil' ann agus sa tSlóvaic chomh maith. Tar éis méadú ar rátaí, tá 'faire' le déanamh ar an Ungáir agus ar Lucsamburg anois, agus tá cás na Seicia 'go maith ach tá faireachán le déanamh air'. Ar an taobh eile, is iad an Danmhairg agus an Ísiltír na 'gníomhaithe is fearr', agus rátaí an-íseal ar an iomlán acu in 2023. B'íseal an bhearna idir na hinscní sna rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí (faoi bhun 0.5 pointe céatadáin) in 2023 i bhformhór na mBallstát, cé is moite den Ghréig, den Spáinn agus den Iodáil (4.5 pointe céatadáin, 1.5 pointe céatadáin agus 1 phointe céatadáin faoi seach). Tá difríochtaí móra réigiúnacha le sonrú i roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Rómáin, an Bhulgáir, an Ungáir, an tSlóvaic agus an Fhrainc (féach Fíor 7 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.

---

[208] Eurofound, Pá íosta: Non-compliance and enforcement across EU Member States – Comparative report [Pá íosta: Neamhchomhlíonadh agus forfheidhmiú ó Bhallstát go chéile – Tuarascáil chomparáideach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

**Fíor 2.3.6: Lean rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí de bheith ag laghdú i bhformhór mór na mBallstát**

Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, leibhéil 2023 agus athruithe ó bhí 2022 ann (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR. Briseadh sa tsraith i gcás CY agus DK.
*Foinse:* Eurostat [tesem130], SFS an Aontais.

**I bhfianaise margaidh saothair rite, tá éagsúlachtaí móra ann fós ó Bhallstát go chéile maidir le rátaí rannpháirtíochta i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair.** In 2022, d'fhan an sciar de dhaoine dífhostaithe a bhí toilteanach obair a dhéanamh agus a ghlac páirt i mbearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair réasúnta cobhsaí i bhformhór na mBallstát i gcomparáid le 2021, ach chonacthas laghduithe géara i gcásanna áirithe (Fíor 2.3.7). Chonacthas na rátaí rannpháirtíochta ab ísle (faoi bhun 10 %) in 2022 sa Rómáin, sa Laitvia, sa Ghréig, sa Chróit agus sa Chipir. Ar an taobh eile, chonacthas figiúirí os cionn 70 % sa Danmhairg, san Ísiltír, sa Spáinn agus in Éirinn. I gcomparáid le 2021, tháinig laghdú beagnach faoina leath ar an ráta rannpháirtíochta san Ungáir (ó 72,5 % go 37,3 %) agus sa Bhulgáir (ó 51,9 % go 27,3 %), agus tháinig laghdú mór ar ráta na Portaingéile freisin, ó 62,0 % go 42,5 %. Chonacthas méadú suntasach 16,7 pointe céatadáin san Iodáil. Ar an taobh fadtéarmach de, tá méadú seasta de bhreis agus 50 % ó bhí 2013 ann tagtha ar an sciar de dhaoine dífhostaithe atá rannpháirteach i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair san Aontas.

**Fíor 2.3.7: Bhí rátaí rannpháirtíochta i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair marbhánta nó tháinig laghdú orthu i bhformhór na mBallstát**

Rannpháirtithe in idirghabhálacha tráthrialta i mbeartas maidir leis an margadh saothair (catagóir 2-7) in aghaidh gach 100 duine dífhostaithe ar mian leo a bheith ag obair, aicme aoise iomlán




*Tabhair faoi deara*: Níl amshraith ar fáil i gcás CZ. Is ó 2020 na sonraí is déanaí atá ar fáil i gcás an Aontais agus RO agus ó 2021 i gcás CY, EL, HR, IE. Meastar na hamshraitheanna le haghaidh DK, NL agus SE. Sonraí ar bheagán iontaofachta i gcás EL agus LT. Níl sonraí ar fáil i gcás PL (2021). Léireofaí le figiúirí os cionn 100 % go gcláraíonn daoine níos mó ná uair amháin sa tacar sonraí Bheartas Gníomhach maidir leis an Margadh Saothair mar chuid dá rannpháirtíocht i gcatagóirí éagsúla beart nó go bhfuil daoine rannpháirteach ann nach bhfuil cláraithe mar chuardaitheoirí poist.
*Foinse:* Eurostat [lmp_ind_actsup].

**Tá ilchineálacht ann fós ó Bhallstát go chéile maidir le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i bhfabhar daoine dífhostaithe go fadtéarmach.** Le bailiú sonraí 2022 i gcomhthéacs an fhaireacháin ar an Moladh ón gComhairle maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach[209], léirítear gur bhain beagán os cionn leath de na Ballstáit (15) cumhdach 90 % ar a laghad amach i dtaca le comhaontuithe maidir le himeascadh i bpost a sholáthar do gach duine dífhostaithe go fadtéarmach atá cláraithe ar feadh 18 mí ar a laghad. I sé Bhallstát, ní raibh comhaontú maidir le himeascadh i bpost ag duine amháin ar a laghad as gach triúr díobh. Os a choinne sin, in 13 Bhallstát eile, fuair níos mó ná 95 % de na daoine uile atá dífhostaithe go fadtéarmach comhaontú maidir le himeascadh i bpost nó a choibhéis, agus tháinig méadú ar an sciar foriomlán i gcomparáid le 2021. Maidir leo siúd a úsáideann comhaontaithe maidir le himeascadh i bpost, tháinig meathlú beag ar a n-ionchais fostaíochta in 2022. Léiríonn na sonraí atá ar fáil do 23 Bhallstát gur chuir beagán faoi bhun 3,7 milliún duine a úsáideann comhaontuithe maidir le himeascadh i bpost deireadh lena dtréimhse dífhostaíochta, agus is eol gur ghabh 1,7 milliún (nó 47,6 %) díobh don fhostaíocht (vs 49,1 % in 2021). Níos tábhachtaí fós, léiríonn na figiúirí go comhsheasmhach go bhfaigheann an grúpa Ballstát a sholáthraíonn Pleananna Gníomhaíochta Aonair lena ngabhann measúnú domhain torthaí i bhfad níos fearr a mhéid a bhaineann le daoine dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh i margadh an tsaothair[210].

**Tá beartais ghníomhacha éifeachtacha agus éifeachtúla maidir leis an margadh saothair tábhachtach chun tacú le dea-thorthaí i margadh an tsaothair**. Léiríonn caiteachas na

[209] Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine dífhostaithe go fadtéarmach a imeascadh i margadh an tsaothair

[210] An Coimisiún Eorpach, Data collection for monitoring of the LTU Recommendation: [Bailiú sonraí le faireachán a dhéanamh ar Mholadh maidir le Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach]:Torthaí 2022, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

mBallstát ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair difríochtaí suntasacha. In 2022, chonacthas rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí ba mhó ná meán 2,4 % an Aontais sa Ghréig, san Iodáil, sa tSlóvaic agus sa Phortaingéil, agus bhí an caiteachas ar idirghabhálacha gníomhacha sa mhargadh saothair ní ba lú ná meán an Aontais, is é sin 0,6 % de OTI (Fíor 2.3.8). Ar an taobh eile, leithdháil Éire, an Danmhairg, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ostair, a bhfuil rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí faoi bhun 2 % acu, na sciartha is mó de OTI ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (idir thart ar 0,5 % agus 1,2 %). Lean an Spáinn de níos mó a chaitheamh, i gcoibhneas le OTI, ar bhearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair, agus ráta ard dífhostaíochta fadtéarmaí ann (rud a laghdaigh, áfach, ó 6,2 % go 5,1 %). Ar deireadh, léirigh an Chróit, an Bheilg agus an Fhrainc luachanna atá réasúnta gar do mheán an Aontais a mhéid a bhaineann le caiteachas ar bheartas gníomhach maidir leis an margadh saothair agus le dífhostaíocht fhadtéarmach araon.

**Fíor 2.3.8: Is éagsúil go mór caiteachas gach Ballstáit ar bhearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair**

Caiteachas ar idirghabhálacha beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2-7, mar chéatadán de OTI, 2022) agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (15-74 bliana d'aois) (%, 2022)




*Tabhair faoi deara:* Is ó 2020 na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le caiteachas ar bheartas margaidh saothair (BMS) i gcás an Aontais, IT, CY agus RO agus ó 2021 i gcás HR agus IE. Sonraí maidir le caiteachas bheartas mhargadh an tsaothair a mheastar le haghaidh DE, NL, agus SE. Sonraí sealadacha maidir le beartas mhargadh an tsaothair i gcás FR. Tá an sainmhíniú ar dhífhostaíocht fhadtéarmach éagsúil i gcás ES agus FR.
*Foinse:* Eurostat [lmp_expsumm], Bunachar sonraí bheartas maidir leis an margadh saothair agus [tesem130], SFS an Aontais.

**In 2023, bhí seirbhísí poiblí fostaíochta (SPF) ag oibriú i dtimpeallacht ganntanas saothair lenar ghabh leibhéil ísle dífhostaíochta agus dá bhrí sin laghdú ar an líon daoine dífhostaithe a bhí cláraithe i bhformhór na mBallstát.** Chun freagairt do na ganntanais saothair, rinne Líonra na SPFanna[211] an creat tagartha maidir le barr feabhais institiúideach SPF a oiriúnú, lena leagtar níos mó béime ar ghníomhachtú agus ar chomhpháirtíochtaí ilghníomhaithe[212]. Tá straitéisí agus spriocanna leagtha síos ag SPF i 26 Bhallstát chun rochtain ar an margadh saothair a éascú do na grúpaí is leochailí. Chomh maith leis sin, d'oibrigh SPF in 2023 chun aistrithe córa glasa agus digiteacha a chothú, agus scileanna agus tacaíocht d'oibrithe a bhfuil aistrithe poist rompu á gcur i dtábhacht go mór.

[211] Féach: Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta.
[212] An Coimisiún Eorpach, PES Network Benchlearning manual [Lámhleabhar Tagarfhoghlama Líonra na SPFanna], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

Go sonrach, chuaigh SPF ó 18 mBallstát i gcomhar le fostóirí chun riachtanais scileanna a shainaithint le haghaidh poist ghlasa, chun tacú le hathstruchtúrú tionsclaíoch agus chun cuidiú le fóirdheontais fostaíochta a chur chun feidhme le haghaidh poist ghlasa. Sholáthair SPF ó 17 mBallstát uas-sciliú agus athsciliú d'oibrithe. Chun tacú le FBManna teacht ar oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu, rinne SPF bearta chun dul ó chineálacha cur chuige gairmbhunaithe i dtreo cineálacha cur chuige bunaithe ar scileanna agus a ngníomhaíochtaí próifílithe agus meaitseála á ndéanamh acu. Tá forbairt á déanamh freisin ar an gcomhar idir seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha le blianta beaga anuas, agus tá leathnú agus treisiú á dhéanamh ag roinnt SPF ar a gcomhar le tairseacha post príobháideacha agus gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha nó tá sé beartaithe acu déanamh amhlaidh[213].

**An sciar de dhaoine dífhostaithe go gearrthéarmach a chumhdaítear le sochair dhífhostaíochta san Aontas, tháinig méadú beag air in 2023 bíodh is go raibh éagsúlacht ann ó Bhallstát go chéile.** Tháinig méadú air ó 35,8 % in 2022 go 36,6 % in 2023 (Fíor 2.3.9)[214]. Cé gur tharla na laghduithe ba mhó sa tSlóivéin (-5,9 pointe céatadáin), in Éirinn (-5 phointe céatadáin) agus sa Bheilg (-4 phointe céatadáin), chonacthas méaduithe arda ar chumhdach san Eastóin (5,9 pointe céatadáin) agus sa Bhulgáir (5,3 pointe céatadáin). In 2023, ba sa Ghearmáin, san Fhionlainn agus san Ostair a chonacthas na rátaí cumhdaigh ab airde (os cionn 50 %), agus ina ndiaidh sin san Eastóin, sa Fhrainc agus sa Liotuáin (os cionn 40 %). Os a choinne sin, chonacthas an cumhdach ba lú sa Rómáin agus sa Pholainn (faoi bhun 15 %). I gcomparáid le 2022, maidir leis an sciar de dhaoine dífhostaithe a bhí cláraithe ar feadh níos lú ná 1 bhliain amháin agus a fuair sochair nó cúnamh, d'fhan sé réasúnta cobhsaí san Aontas in 2023 ag thart ar 35 %. An sciar de dhaoine dífhostaithe go gearrthéarmach a chumhdaítear le sochair dhífhostaíochta, tá comhghaol dearfach idir sin agus aistrithe méadaithe ó dhífhostaíocht ghearrthéarmach go fostaíocht agus cásanna laghdaithe dífhostaíochta fadtéarmaí. Ar an iomlán, d'fhan na rialacha maidir leis an tréimhse cháilitheach cobhsaí i mbeagnach gach Ballstát, ach ba mhór an éagsúlacht eatarthu, ó 13 seachtaine de ranníocaíochtaí árachais san Iodáil, 51 seachtain san Ungáir, sa Phortaingéil nó sa Spáinn, go 104 seachtaine sa tSlóvaic[215]. Níor tháinig aon athrú ach oiread ar uasfhad na sochar dífhostaíochta dóibh siúd a bhfuil taifead oibre 1 bhliain amháin acu i bhformhór na mBallstát. Ar an iomlán, i 16 thír den Aontas, tá daoine dífhostaithe a bhfuil stair oibre 1 bhliain amháin acu incháilithe do shochair ar feadh 6 mhí ar a mhéad. Tá dlúthbhaint ag athsholáthar ioncaim le fad na tréimhse dífhostaíochta freisin. Tá éagsúlachtaí móra ann ó Bhallstát go chéile maidir le glanrátaí athsholáthair i gcás saothraithe ar phá íseal a bhfuil taifead gearr oibre acu. Sa dara mí, tá na glanrátaí athsholáthair idir 6,9 % den (ghlan)tuilleamh roimhe sin san Ungáir agus 90 % sa Bheilg (Fíor 2.3.10). I Lucsamburg, sa Danmhairg, sa Fhrainc agus san Fhionlainn, tá an ráta athsholáthair (iad uile os cionn 60 %, agus i gcásanna áirithe i bhfad níos airde) mar an gcéanna ag an 2ú agus an 12ú mí den dífhostaíocht.

[213] An Coimisiún Eorpach, Trends in PES: Assessment report on PES capacity [Treochtaí i Seirbhísí Poiblí Fostaíochta: Tuarascáil mheasúnaithe ar acmhainneacht SPF], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, sonraí arna gcoigeartú chun léiriú a thabhairt ar an Aontas amháin.

[214] Is éard is daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach ann daoine atá dífhostaithe ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí.

[215] Tagraíonn an anailís do shochair dhífhostaíochta a thugtar go ginearálta dóibh siúd a chláraíonn tar éis dóibh a bheith dífhostaithe gan aon locht orthu féin, gan scéimeanna de chineál sealadach a chur san áireamh.

### Fíor 2.3.9: Tháinig athruithe teoranta ar an gcumhdach sochar dífhostaíochta do chuardaitheoirí poist gearrthéarmacha, agus bhí difríochtaí leanúnacha ann ó Bhallstát go chéile

Rátaí cumhdaigh sochar dífhostaíochta le haghaidh daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach (níos lú ná 12 mhí, 15-64 bliana d'aois, %)




*Tabhair faoi deara*: Níl sonraí ar fáil i gcás MT. Tá an sainmhíniú éagsúil i gcás ES agus FR (féach meiteashonraí). Briseadh sa tsraith le haghaidh DK agus CY. Iontaofacht íseal le haghaidh LU agus SI.
*Foinse:* Eurostat, [lfsa_ugadra], SFS an Aontais.

### Fíor 2.3.10: Tá difríochtaí móra sna rátaí athsholáthair ó Bhallstát go chéile maidir le dífhostaíocht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach araon

Glanráta athsholáthair sochar dífhostaíochta ag 67 % den mheánphá, ag an 2ú agus an 12ú mí dífhostaíochta (2023 agus 2022)




*Tabhair faoi deara*: Ríomhtar an táscaire i gcás duine aonair gan leanaí a bhfuil stair oibre ghairid aige (1 bhliain amháin) agus atá 20 bliain d'aois. Áirítear leis comhpháirteanna difriúla ioncaim, sochar dífhostaíochta agus sochar eile (mar shampla cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta). Baineann na sonraí uile le 2023, seachas i gcás BE, CY, DK, FI, agus PT, a mbaineann a sonraí le 2022.
*Foinse:* Ríomhanna an Choimisiúin Eorpaigh, bunaithe ar Shamhail Cánach Sochair ECFE.

**Tá feabhas ag teacht i gcónaí ar thorthaí mhargadh an tsaothair do lucht aistrithe tíre an Aontais**[216] **.** Leantar den treocht aníos maidir le líon iomlán lucht aistrithe tíre an Aontais atá in aois oibre, a bhain 10,1 milliún amach, agus maidir lena ráta fostaíochta, a bhain 78 %

[216] Is saoránaigh den Aontas Eorpach nó de CSTE iad lucht aistrithe tíre an Aontais nó CSTE a bhfuil cónaí orthu i dtír den Aontas nó de CSTE nach í tír a saoránachta í (Féach Tuarascálacha bliantúla maidir le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas).

amach (vs 76 % i gcás saoránaigh den Aontais Eorpach a fhanann ina mBallstát dúchais) in 2023. Sa bhliain chéanna, ba é 1,8 milliún an líon iomlán oibrithe trasteorann san Aontas (méadú 3 % i gcomparáid le 2022) agus d'aistrigh 1,5 milliún saoránach den Aontas ó thír amháin chuig tír eile chun dul ag obair. Filleann formhór na n-oibrithe taistil ar a dtír thionscnaimh, ach tháinig méadú 6 % ar a líon san Aontas in 2023 agus bhí éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile[217]. In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún athbhreithniú ar chleachtais chomhair agus ar dhúshláin a bhaineann le hoibrithe ar phostú san Aontas, inar díríodh ar a gcearta, go háirithe a mhéid a bhaineann le cóiríocht agus rochtain ar fhaisnéis maidir leis na coinníollacha fostaíochta[218].

**Tá idirphlé sóisialta agus cómhargáil dhea-fheidhmiúil ríthábhachtach chun feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ganntanais saothair a mhaolú, ach tá rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta éagsúil ó réimse beartais go chéile.** Idir mí Aibreáin 2020 agus mí Iúil 2024, tuairiscíodh gur le beartais maidir le COVID-19 a bhain an leibhéal rannpháirtíochta ba mhó a bhí ag na comhpháirtithe sóisialta, óir rinneadh beagnach 37 % de na beartais sin a chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta nó chuathas i gcomhairle leo ina leith. Ina dhiaidh sin bhí bearta maidir le tionchar an chostais mhaireachtála níos airde a mhaolú (31 %), bearta a bhaineann leis an aistriú glas (27 %), ionstraimí tacaíochta athstruchtúrúcháin (26 %) agus bearta a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin (25 %). Chonacthas an leibhéal rannpháirtíochta ab ísle i gcás bearta beartais i gcomhthéacs an chlaochlaithe dhigitigh (22 %) nó i mbearta beartais a bhaineann le teagmhais adhaimsire (13 %). Léiríonn sé sin gur gnách leis na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach go háirithe i réimsí beartais a bhaineann leis an ionad oibre (a dhéanann difear do ghnólachtaí agus d'oibrithe) (Fíor 2.3.11). Le hathbhreithniú faireachais iltaobhach bliantúil an Choiste Fostaíochta (EMCO) ar an idirphlé sóisialta i mí na Samhna 2023, cuireadh i dtábhacht go ndearnadh dul chun cinn teoranta maidir le hidirphlé sóisialta níos éifeachtaí agus rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a bhaint amach. Chomh maith leis sin, bhí an measúnú a rinne na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta ar cháilíocht a rannpháirtíochta i gcur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 míchothrom. Chun a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, roghnaigh gach Ballstát struchtúr rialachais arna oiriúnú dá gcreataí náisiúnta faoi seach maidir le hidirphlé sóisialta. Dá bhrí sin, tá éagsúlacht sna creataí institiúideacha maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, ós rud é gur bhunaigh roinnt Ballstát socruithe agus nósanna imeachta sonracha agus gur bhain cinn eile úsáid as bealaí idirphlé shóisialta atá ann cheana. I roinnt tíortha, bhí na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach trí bhíthin comhlachtaí nua nó meithleacha sonracha a cruthaíodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh nó chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta[219].

---

[217] An Coimisiún Eorpach (le teacht), *Annual report on intra EU-labour mobility 2024* [Tuarascáil bhliantúil maidir le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas 2024].

[218] Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin atá le fáil anseo.

[219] Eurofound, *Social governance of the Recovery and Resilience Facility: Involvement of the national social partners [Rialachas sóisialta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta],* Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

**Fíor 2.3.11: Athraíonn leibhéal rannpháirtíochta comhpháirtithe sóisialta de réir comhthéacs beartais**

Rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas náisiúnta de réir comhthéacs beartais




*Tabhair faoi deara:* Áirítear san fhigiúr sin 2 290 beartas atá clibeáilte leis an gcomhthéacs faoi seach (tá roinnt comhaireamh dúbailte ann mar gheall ar an bhféidearthacht go mbainfeadh beartas amháin le níos mó ná comhthéacs amháin), a bailíodh idir mí Aibreáin 2020 agus mí Iúil 2024. Ní áirítear ar bheartais ach reachtaíocht nó rialacháin reachtúla eile agus comhaontuithe trípháirteacha. Cuirtear rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i láthair mar mheánráta rannpháirtíochta fostóirí agus ceardchumann i ngach catagóir de réir comhthéacs. Is miondifríochtaí iad na difríochtaí idir leibhéal rannpháirtíochta na bhfostóirí agus na gceardchumann.
*Foinse:* Bunachar sonraí Eurofound EU PolicyWatch.

**Ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtithe Sóisialta Val Duchesse an 31 Eanáir 2024, shínigh an Coimisiún, Uachtaránacht na Beilge, agus na comhpháirtithe sóisialta trastionscail 'Dearbhú Trípháirteach ar mhaithe le hIdirphlé Sóisialta faoi Bhláth'.** Léiríonn sé sin tiomantas athnuaite chun an t-idirphlé sóisialta a neartú ar leibhéal an Aontais agus chun teacht le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá roimh ár ngeilleagair agus ár margaí saothair[220]. Fógraíodh sa Dearbhú gur cheap an Coimisiún Toscaire nua maidir le hidirphlé sóisialta Eorpach agus gur seoladh próiseas i dtreo Comhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta a bheidh le tabhairt i gcrích ag tús 2025. Tacóidh an Toscaire le cur chun feidhme Theachtaireacht 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas agus comhordóidh sé an cur chun feidhme sin, agus déanfaidh sé amhlaidh freisin i ndáil le freagairt an Choimisiúin ar na tuarascálacha comhpháirteacha ó na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i dtaca leis an idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais. A mhéid a bhaineann leis an gComhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach, reáchtálfar sraith cruinnithe trípháirteacha agus dépháirteacha leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha chun tograí nua a shainaithint chun an t-idirphlé sóisialta Eorpach a threisiú. Tabharfar aghaidh sna cruinnithe sin, i measc nithe eile, ar thacaíocht institiúideach agus airgeadais an Aontais don idirphlé sóisialta Eorpach ar gach leibhéal, ar fhothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta (lena n-áirítear trí CSE+), ar chur chuige dépháirteach comhaontaithe maidir le comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a chaibidliú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

**Tá idirphlé agus comhairliúchán tráthrialta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun beartais chuimsitheacha a mbeidh tionchar acu a chur i gcrích.** Mar a aithnítear i nDearbhú La Hulpe 2024 maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart

---

[220] Dearbhú Trípháirteach ar mhaithe lehIdirphlé Sóisialta Eorpach faoi Bhláth.

Sóisialta, tá ról lárnach ag an tsochaí shibhialta sa chomhrac in aghaidh an eisiaimh shóisialta agus an neamhionannais, agus maidir le beartais a bhaineann le grúpaí faoi ghannionadaíocht agus grúpaí leochaileacha. Ar leibhéal an Aontais, bíonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach go gníomhach sa Seimeastar Eorpach, le malartú tuairimí agus plé téamach tráthrialta ar réimsí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo. Le taighde a rinne Eurofound le déanaí, déantar scrúdú ar rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme luath na bpleananna críochacha um aistriú cóir i roinnt Ballstát. Chun go ndéanfar idirphlé fóinteach leis an tsochaí shibhialta maidir le bearta beartais agus tacaíocht d'oibrithe, do phobail agus do thionscail leochaileacha, is é a thugann an chéad taighde eimpíreach le fios gur gá fós bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú, deiseanna a chruthú chun measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar riachtanais, tacú le fothú acmhainneachta agus comhroinnt eolais a éascú[221].

### 2.3.2 Bearta a rinne na Ballstáit

**Tá iarrachtaí fós á ndéanamh i roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá le deighilt mhargadh an tsaothair.** Tar éis comhairliúchán poiblí a seoladh i mí Iúil 2023, tá bille á ullmhú ag **an Ísiltír** atá dírithe ar shlándáil oibrithe faoi chonarthaí fostaíochta solúbtha a mhéadú trí dheireadh a chur le conarthaí gan íosmhéid uaireanta, trí chineál nua conartha lena soláthraítear níos mó slándála ioncaim d'oibrithe a chur in ionad conarthaí ar éileamh agus trí fheabhas a chur ar shlándáil poist oibrithe gníomhaireachta sealadacha. Ina theannta sin, sheol **an Ísiltír** comhairliúchán poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2023 maidir le bille lena soiléirítear coincheap an chaidrimh fostaíochta agus lena dtugtar isteach toimhde dhlíthiúil fostaíochta do dhaoine féinfhostaithe gan fostaithe (ag obair ar son taraif faoi bhun EUR 36). Sa **tSeicia**, tháinig leasú ar an Acht Fostaíochta i bhfeidhm i mí Eanáir 2024, arb é is aidhm dó na coinníollacha maidir le soláthar seirbhísí ag gníomhaireachtaí fostaíochta a shoiléiriú agus a chuíchóiriú. Tá an reachtaíocht níos doichte i réimsí na fostaíochta neamhdhleathaí agus na féinfhostaíochta bréagaí agus áirítear fíneálacha inti anois. D'fhógair **an Fhionlainn** ina clár rialtais don bhliain 2023 go ndéanfaí athchóiriú ar chonarthaí fostaíochta ar théarma seasta. Cé go bhféadfaí conarthaí fostaíochta ar théarma seasta 1 bhliain amháin a thabhairt i gcrích gan cúis speisialta, áiritheofar leis an reachtaíocht nach mbainfear úsáid gan údar as conarthaí ar théarma seasta comhleanúnacha. Tá **an Spáinn** ag ullmhú leasú ar fhorbairt rialála conarthaí oiliúna, ina bhfuiltear ag forbairt an nós imeachta um mic léinn a nascadh le cuideachtaí. Tá an leasú sin spriocdhírithe ar ghnéithe oiliúna an chonartha oiliúna sealaíochta, arb é is sprioc dó obair ar íocaíocht a dhéanamh comhoiriúnach le próisis oiliúna laistigh de raon feidhme Chatalóg Speisialtachtaí Oiliúna an Chórais Náisiúnta Fostaíochta. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá gníomh á ullmhú ag **an tSlóivéin** lena mbunófar socrú buan maidir le hobair ghearr-ama, i gcás mórshleabhcadh eacnamaíoch freisin, agus forbairt á déanamh ar an taithí a fuarthas le linn ghéarchéim COVID-19. Áireofar sa ghníomh oibleagáidí oideachais agus oiliúna le linn obair pháirtaimseartha chun inniúlachtaí oibrithe a ndéantar difear dóibh a neartú agus chun a n-infhostaitheacht a mhéadú i bhfianaise dhigitiú agus uathoibriú méadaitheach próiseas gnó.

**Ghlac roinnt Ballstát bearta arb é is aidhm dóibh a gcreataí cosanta fostaíochta a threisiú**. I mí Aibreáin 2024, thug **an tSlóivéin** bearta rialála isteach lena neartaítear cearta faisnéise agus comhairliúcháin oibrithe, chomh maith le comhchinneadh maidir le

[221] Eurofound, Creating a new social contract for the just transition: Is partnership working? [Conradh sóisialta nua a chruthú le haghaidh an aistrithe chóir: An bhfuil comhpháirtíocht ag obair?], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

comhlachtaí bainistíochta nó maoirseachta na cuideachta i gcás ina ndéanfar an chuideachta a chumasc, a dheighilt nó a athrú ar bhonn trasteorann. I mí na Bealtaine 2024, tháinig reachtaíocht maidir le cumas oibre a chosc i bhfeidhm san **Eastóin**, lena gceadaítear do dhuine atá ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach obair a dhéanamh faoi dhálaí atá oiriúnaithe dá stádas sláinte, tar éis 2 mhí le linn na saoire breoiteachta. Leis an athchóiriú sin, ba cheart tacú le próiseas cneasaithe fostaithe a bhfuil tinneas ainsealach orthu le linn a saoire breoiteachta fadtéarmaí, agus laghdú á dhéanamh ar spleáchas agus ar na rioscaí a bhaineann le caillteanas post agus/nó éagumas buan. I mí Iúil 2024, tháinig athruithe a bhaineann leis an reachtaíocht iomarcaíochta comhchoitinne i bhfeidhm sa **Spáinn**. Gnóthais a bhfuil sé beartaithe acu ionad oibre amháin nó níos mó a dhúnadh agus a mbeidh scor cinntitheach gníomhaíochta agus dífhostú 50 oibrí nó níos mó ann dá thoradh, tá oibleagáid orthu fógra 6 mhí a thabhairt roimh ré. I mí Mheán Fómhair 2024, sheol **an Ghréig** cur chun feidhme píolótach an chárta oibre dhigitigh in earnálacha na lónadóireachta agus na turasóireachta, arb é is aidhm dó ragobair neamhdhearbhaithe agus am oibre iomarcach a chomhrac. Tá an scéim phíolótach curtha i bhfeidhm cheana féin maidir le fostaithe i mbainc, in ollmhargaí móra, i gcuideachtaí árachais, i gcuideachtaí slándála agus i bhfiontair phoiblí.

**Tá bearta breise déanta ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar a gcreataí sláinte agus sábháilteachta ceirde.** I mí an Mheithimh 2023, tháinig an dlí maidir le bearta práinneacha chun oibrithe a chosaint i gcás éigeandáil aeráide i bhfeidhm san **Iodáil**. Tagraíonn ceann dá fhorálacha do ról na hAireachta Saothair maidir leis an idirphlé sóisialta a chur chun cinn chun teacht ar chomhaontuithe earnála lena n-áirithítear sábháilteacht agus sláinte cheirde i gcás éigeandálaí aeráide, lena n-áirítear tonnta teasa. Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair 2023, dhaingnigh **an Iodáil** coinbhinsiúin bhunúsacha EIS C155 (an Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde agus leis an Timpeallacht Oibre) agus C187 (an Coinbhinsiún maidir le cur chun cinn an chreata um shábháilteacht agus sláinte cheirde). I mí na Nollag 2023, chuir rialtas **na Sualainne** de chúram ar an nGníomhaireacht um Thimpeallacht Oibre tograí a chur isteach le haghaidh tionscnaimh ar dá dtoradh a d’fhéadfadh níos mó oibrithe spéis a léiriú i ról an ionadaí sábháilteachta. Chuir an Ghníomhaireacht tuarascáil faoi bhráid na hAireachta Saothair i mí Aibreáin 2024. I mí na Nollag 2023, leasaigh **an Danmhairg** an tAcht um Chúiteamh d’Oibrithe chun an córas cúitimh oibre a neartú (e.g. trí liúntas nua oiliúna, athbhreithniú ar amanna próiseála cásanna, méadú ar an leibhéal cúitimh agus scéim árachais gortuithe tionsclaíocha i gcásanna foréigin a thabhairt isteach do chúramóirí). Thairis sin, tugadh isteach leis an dlí cúiteamh caillteanais do chleithiúnaí i gcás leanaí agus daoine óga. I mí Mheán Fómhair 2024, rith **an Spáinn** rialachán maidir le sábháilteacht agus cosaint sláinte i gcomhthéacs obair tí. Sonraítear leis an rialachán liosta de na cearta atá ag oibrithe tí agus de na dualgais atá ag fostóirí, rud a sholáthraíonn an deimhneacht dhlíthiúil is gá chun go mbeidh siad éifeachtach. I mí Aibreáin 2024, dhaingnigh **an Bhulgáir** coinbhinsiúin bhunúsacha EIS C155 agus C187 agus, i mí Dheireadh Fómhair 2024, dhaingnigh **an Ísiltír** C187 a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht cheirde.

**Tá socruithe nua oibre, amhail obair sholúbtha, teilea-obair agus cianobair, ar chlár oibre roinnt Ballstát.** Tháinig leasuithe ar Chód Saothair **na Seicia** i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023, agus is é rialáil na cianoibre ceann de na príomhathruithe a rinneadh air. Chomh maith leis sin, tugtar tacaíocht fheabhsaithe do thuismitheoirí leanaí óga agus do chúramóirí saol an teaghlaigh a chomhcheangal le saol na hoibre. Rud úrnua eile is ea an fhéidearthacht go gcúiteofaí cianoibrithe as na costais is coitianta a bhaineann lena n-oifig bhaile i bhfoirm ráta comhréidh. In **Éirinn**, rinneadh an Bille um an gCeart chun Cianobair a Iarraidh a chomhtháthú leis an Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus um Fhorálacha Ilghnéitheacha, agus tháinig na hathruithe i bhfeidhm i mí an Mhárta 2024. Áirítear leis an

nGníomh an ceart atá ag oibrithe cianobair a iarraidh agus an ceart atá ag cúramóirí obair sholúbtha a iarraidh, lena n-áirítear an ceart chun uaireanta comhbhrúite nó laghdaithe a iarraidh i gcás máithreacha atá ag cothú linbh ar an gcíoch. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, thug **an Chipir** scéim isteach i mí an Mhárta 2024 chun dreasachtaí a sholáthar chun daoine dífhostaithe a fhostú trí chineálacha solúbtha oibre a sholáthar tríd an teilea-obair. I mí an Mhárta 2024, chuir **an Bhulgáir** athchóiriú chun feidhme a chuimsítear ina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta trínar leasaíodh na rialacha maidir le cianobair a bhunaítear leis an gCód Saothair sa chaoi go n-éascaítear rochtain ar chianobair trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d'oibrithe agus d'fhostóirí araon, lena ndéantar soiléiriú ar na rialacha maidir le sláinte agus sábháilteacht agus maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar am oibre.

**Rinne roinnt Ballstát gníomhaíocht reachtach chun feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn as bainistiú de réir algartam a úsáid sa spás oibre.** Sonraítear leis na hathruithe ar Acht Saothair **na Cróite**, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024 agus atá mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta go bhfuil ardáin saothair dhigitigh agus comhbhailitheoirí (idirghabhálaithe a nascann na hardáin sin le hoibrithe) faoi dhliteanas comhpháirteach as tuarastal a íoc le hoibrithe ardáin. Ní mór dóibh oibrithe ardáin a chur ar an eolas faoi eagrú na hoibre agus faoi na próisis chinnteoireachta agus trédhearcacht sonraí a áirithiú. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá **an Chipir** ag déanamh athchóiriú ar a hárachas sóisialta ionas go gcumhdófar daoine féinfhostaithe agus iad siúd i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail oibrithe ardáin. Sa **Ghearmáin**, tá an rialtas ag obair faoi láthair ar dhlí sonrach maidir le cosaint sonraí fostaithe lena ndéileálfar, i measc nithe eile, le gnáthchásanna a thagann chun cinn i gcomhthéacs an bhainistithe de réir algartam san ionad oibre, amhail físfhaireachas agus úsáid córas IS. Thug **an Phortaingéil** rialachán isteach le déanaí maidir le bainistiú de réir algartam ag an obair faoi chlár oibre 2023 maidir le hobair chuibhiúil. Sonraítear leis an dlí, i measc nithe eile, gur féidir le comhaontuithe cómhargála úsáid algartam agus na hintleachta saorga a rialáil.

**Tá bearta á ndéanamh ag roinnt Ballstát chun minicíocht na hoibre neamhdhearbhaithe a laghdú.** Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá cur chun feidhme córais TF le haghaidh faireachán ar mhargadh an tsaothair (ARIADNE) á ullmhú ag an **nGréig**, a áiritheoidh go dtaifeadfar am oibre go digiteach agus a ghníomhóidh mar thairseach aonair le haghaidh sonraí riaracháin fostaíochta agus árachais shóisialta. Ó mhí na Nollag 2023, tá Gníomhaireacht Ioncaim **na hIodáile** agus an Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta chun idir-inoibritheacht iomlán a mbunachar sonraí faoi seach a bhaint amach chun dul i ngleic le himghabháil cánach in earnáil na hoibre tí. Ó mhí Aibreáin 2024, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, neartaigh **an Iodáil** gníomhaíochtaí cigireachta saothair agus thug sí isteach beart díspreagtha agus dreasachta chun minicíocht na hoibre neamhdhearbhaithe a laghdú. In 2024, sa **Liotuáin,** tháinig athruithe ar na rialacha maidir le bailiú éigeantach fiachais i bhfeidhm, arb é is aidhm dóibh níos mó daoine dífhostaithe a dhreasú chun filleadh ar mhargadh an tsaothair agus, ar an gcaoi sin, an geilleagar dubh a laghdú. Ar chlárú dóibh leis an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta, is féidir le daoine dífhostaithe a bhfuil fiachais orthu tairbhiú de thréimhse 6 mhí (nach bhfuil ar fáil níos mó ná dhá uair i gcaitheamh 5 bliana), ar lena linn nach ndéantar aon ghníomhaíocht éigeantach bailithe fiachais ina n-aghaidh.

**Leanann na Ballstáit d'aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht fhadtéarmach trí bhearta spriocdhírithe éagsúla.** San **Ostair**, maidir le clár Springboard (a seoladh in 2021 agus a raibh sé d'aidhm aige dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac tríd an bhfostaíocht a fhóirdheonú i bhfiontair shóisialta nó trí dhálaí an-fhabhrach a chruthú le haghaidh cúnamh

imeasctha), tháinig sé chun bheith ina chuid de bhuiséad tráthrialta na seirbhíse poiblí fostaíochta ó 2023. An bhliain chéanna sin, chruthaigh **an Phortaingéil** beart eisceachtúil lenar féidir sochair dhífhostaíochta a charnadh go páirteach in éineacht le hioncam ón obair, arb é is aidhm dó daoine dífhostaithe go fadtéarmach a spreagadh chun filleadh ar mhargadh an tsaothair. I mí Aibreáin 2024, sheol **an tSlóvaic** an tionscadal náisiúnta 'Dreasachtaí Airgeadais don Fhostaíocht' chun tacú le daoine dífhostaithe atá faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar aois, cás casta teaghlaigh, oideachas íseal, caillteanas nósanna oibre, míchumas agus cúiseanna eile. Idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2024, rinne **an Ungáir** glao maidir leis an gClár Píolótach um Thrialacha Poist arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar riachtanais saothair fiontar tríd an soláthar saothair intíre a mhéadú agus trí fhostaíocht daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chur chun cinn. Faigheann FBManna rannpháirteacha tacaíocht le haghaidh pá (ar feadh suas le 9 mí) agus le haghaidh forbairt phearsantaithe agus meantóireacht a sholáthar do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach bunaithe ar an measúnú ar a n-inniúlachtaí. Faigheann daoine dífhostaithe go fadtéarmach liúntas breise (sa bhreis ar a bpá) mar dhreasacht chun fanacht san fhostaíocht, ar feadh suas le 9 mí. In 2023, sheol **an Chróit** clár spriocdhírithe beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair ('Job plus') do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí leochaileacha. Is éard a dhéanann sé, ag brath ar an bhfad ón margadh saothair, tacar 2-3 bheart a sholáthar do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach (clár gníomhachtúcháin, lánpháirtíocht oibre nó/agus uas-sciliú/oiliúint) chun tacú lena n-imeascadh i margadh an tsaothair.

**Rinne roinnt Ballstát bearta chun a mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus an cúnamh a sholáthraítear do ghrúpaí éagsúla a threisiú.** Tá athchóiriú á ullmhú ag an **bhFionlainn** ar na seirbhísí fostaíochta agus forbartha eacnamaíche. Aistreofar an fhreagracht as na seirbhísí sin a eagrú chuig bardais nó chuig limistéir chomhbhainistíochta bhardasacha, a bhunófar an 1 Eanáir 2025. Cruthófar samhail chistiúcháin do bhardais chun a ngníomhaíochtaí cur chun cinn fostaíochta a fhorbairt. Tá athbhreithniú agus nuashonrú á dhéanamh ag Aireacht Saothair, Teaghlaigh, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna **na Slóivéine** ar dhoiciméid forfheidhmiúcháin na dTreoirlínte maidir le beartas gníomhach mhargadh an tsaothair a chur chun feidhme 2021-2025, agus aird ar leith á díriú ar an bPlean um Beartas Gníomhach Fostaíochta agus ar Chatalóg na mBeart um Beartas Gníomhach Fostaíochta. Sa **Bheilg**, ghlac an rialtas feidearálach pacáiste beart chun tacú le filleadh forchéimnitheach oibrithe tar éis saoire bhreoiteachta fhadtéarmach. I mí na Samhna 2023, seoladh feachtas cumarsáide chun na hoibrithe sin a chur ar an eolas faoi na conairí athiontrála uile atá ar fáil. Le Foraithne Ríoga ó mhí an Mhárta 2024, tugadh isteach trí chruinniú treoraíochta éigeantacha le haghaidh gníomhachtú feabhsaithe. Ó mhí Aibreáin 2025, beidh dearbháin EUR 1 800 ar fáil le haghaidh gairmthreoir shaincheaptha d'oibrithe a bhí ar shaoire bhreoiteachta ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad. Chun daoine dífhostaithe os cionn 50 bliain d'aois a athimeascadh i margadh an tsaothair, tá úsáid á baint ag **an Ostair** as raon seirbhísí agus ionstraimí cistiúcháin, lena n-áirítear an fóirdheontas pá comhcheangailte (leithdháileadh thart ar EUR 286,3 milliún de chaiteachas fóirdheontais in 2023). I **Málta**, leis an scéim um Rochtain ar Fhostaíocht, a mhaireann idir 2023 agus 2029 agus a chómhaoinítear le CSE+, soláthraítear cúnamh airgeadais d'fhostóirí agus deiseanna oibre do dhaoine aonair atá scartha amach ón bhfostaíocht íoctha. Sa **Phortaingéil**, is é is aidhm don chlár 'Qualifica On', a bunaíodh in 2024, tacú le cáiliú (le hathcháiliú) oibrithe ó chuideachtaí i dtréimhse neamhghníomhaíochta táirgthe mar gheall ar athstruchtúrú. Ina plean gníomhaíochta fostaíochta náisiúnta bliantúil le haghaidh 2024, tá sé d'aidhm ag an **mBulgáir** 9 000 duine a uas-sciliú/a athsciliú agus tacaíocht fostaíochta a thabhairt do bheagnach 10 000 duine. Ina

theannta sin, idir 2023 agus 2026, tá EUR 153 mhilliún á infheistiú ag an **mBulgáir**, le tacaíocht ó CSE+, i gcur chuige iomlánaíoch chun daoine neamhghníomhacha a imeascadh i margadh an tsaothair trí ghníomhachtú, oiliúint agus múscailt feasachta níos láidre. Sa **tSlóvaic**, is é is aidhm don tionscadal náisiúnta nua 'Scileanna le haghaidh Mhargadh an tSaothair', arna chómhaoiniú ag CSE+ go dtí 2026, tacú le cuardaitheoirí poist ina n-iarrachtaí post a fháil trí athoiliúint. Is cuardaitheoirí poist faoi mhíbhuntáiste iad an spriocghrúpa faoin Acht um Sheirbhís Fostaíochta (e.g. daoine óga faoi bhun 26 bliana d'aois; saoránaigh os cionn 50 bliain d'aois; daoine dífhostaithe go fadtéarmach; oibrithe ar bheagán oiliúna).

**Tá bearta á ndéanamh ag roinnt Ballstát arb é is cuspóir dóibh acmhainneacht agus feidhmíocht a seirbhísí poiblí fostaíochta (SPF) a threisiú, i bhfianaise na nganntanas saothair agus na riachtanas scileanna atá ann cheana.** Idir 2021 agus 2023, thacaigh STA le tacar gníomhaíochtaí oiliúna leantaí d'fhostaithe SPF sa **Spáinn**. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, chuir **an Spáinn** infheistíocht i gcrích in 2023 arb é is aidhm di athchóiriú a dhéanamh ar SPF trí fheabhas a chur ar chórais bainistíochta inmheánaí, poist a nuachóiriú agus an tSeirbhís Tacaíochta do Shaoránaigh a dhigitiú. In 2023, chuaigh **an Chróit** ar aghaidh chun Seirbhísí Fostaíochta na Cróite a dhigitiú. Leis an infheistíocht sin, bunaíodh córas bainistíochta céannachta digití agus córas bainistíochta acmhainní daonna. Ó 2024, thug **an Chipir** aonaid shoghluaiste SPF isteach a bheidh ar camchuairt i ngach ceantar tuaithe agus uirbeach go dtí deireadh 2029. Tá aonaid shoghluaiste arna gcómhaoiniú ag STA go dtí an chéad leath de 2026 agus ag CSE+ ón dara leath de 2026 go dtí deireadh 2029. I mí Eanáir 2024, mar chuid den Acht um Fhostaíocht Iomlán i mí na Nollag 2023, cuireadh 'France Travail' in ionad chóras SPF **na Fraince** 'Pôle Emploi' de réir a chéile. Leis an gcóras nua sin, tá coinne leis go bhfeabhsófar an comhordú a dhéantar ar ghníomhaithe SPF, go n-atheagrófar an tacaíocht do dhaoine dífhostaithe agus an faireachán a dhéantar orthu agus go neartófar bearta um imeascadh oibrithe faoi mhíchumas.

**Neartaigh roinnt Ballstát an comhar idir seirbhísí poiblí fostaíochta agus seirbhísí sóisialta chun tionchar a mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a mhéadú.** I mí Aibreáin 2024, mar chuid dá PTA, thionscain **an Rómáin** ardán digiteach chun dearbháin d'oibrithe tí a bhainistiú. I measc nithe eile, tá coinne leis go mbeidh an t-ardán idir-inoibritheach le bunachair sonraí ábhartha eile, amhail bunachair sonraí SPF, na hAireachta Saothair agus Cosanta Sóisialta agus na hAireachta Airgeadais. I mí na Bealtaine 2024, tháinig rialacha nua i bhfeidhm san **Iodáil** arb é is aidhm dóibh an t-ardán digiteach lena mbailítear faisnéis ó sheirbhísí sóisialta agus ó sheirbhísí poiblí fostaíochta a fheabhsú. Is é an cuspóir foriomlán meaitseáil níos fearr a dhéanamh idir an soláthar saothair agus an t-éileamh air.

**Saothraíodh bearta i roinnt Ballstát chun tallann eachtrach a mhealladh agus an margadh saothair rite a mhaolú.** I mí na Samhna 2024, thug **an Spáinn** athchóiriú cuimsitheach isteach arb é is aidhm dó beartais imirce a nuachóiriú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar dhúshláin mhargadh an tsaothair. Díríonn an t-athchóiriú ar nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus ar an imeascadh a neartú trí rochtain ar fhostaíocht, ar oiliúint agus ar athaontú teaghlaigh a chur chun cinn mar phríomhcholúin, agus cásanna stádais neamhrialta á gcosc an tráth céanna. Ghlac **an Fhrainc** dlí i mí Eanáir 2024 chun rialú níos fearr a dhéanamh ar inimirce, lena n-áirítear beart chun rochtain ar cheadanna a éascú do náisiúnaigh tríú tír atá ag obair i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe nó i limistéir gheografacha inar deacair oibrithe a earcú. I mí an Mhárta 2024, chuir **an tSualainn** feabhas ar an gcomhar idir na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus 10 gcomhlacht rialtais eile (e.g., an Ghníomhaireacht um Árachas Sóisialta, an Ghníomhaireacht Cánach, an Ghníomhaireacht um Imirce) chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar bhearta

lena mealltar agus lena gcoinnítear lucht saothair idirnáisiúnta ardcháilithe. Ina theannta sin, ó mhí na Nollag 2023, tá rochtain níos éasca ar fhoghlaim teanga agus ar bhreisfhoghlaim aosach ag náisiúnaigh tríú tír atá rannpháirteach sa ráthaíocht fostaíochta agus forbartha sa **tSualainn**. I mí Iúil 2024, thug **an tSeicia** tarscaoileadh cead oibre isteach d'oibrithe ardcháilithe ó 10 dtír nach Ballstáit den Aontas iad. I mí na Samhna 2023, thug **Málta** an Rialachán maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta cothrom le dáta agus rinne sé bearta tábhachtacha dá réir chun rialáil a dhéanamh ar oibríochtaí earcaíochta, ar obair shealadach agus ar ghníomhaireachtaí seachfhoinsithe chun náisiúnaigh tríú tír a chosaint ar dhúshaothrú.

**Chuir roinnt Ballstát athchóirithe chun feidhme chun a gcórais sochar dífhostaíochta a ailíniú leis na dálaí socheacnamaíocha atá i réim.** I mí Iúil 2023, chuir **an Ghearmáin** forálacha sealadacha chun feidhme faoin Acht um Liúntas do Shaoránaigh, lena dtiomsaítear tacaíocht airgeadais do dhaoine aonair (ó EUR 502 go EUR 563) agus lena gcothaítear soláthar oiliúna. Beidh na hathruithe sin fós bailí go dtí an 31 Nollaig 2024. Rinne **an tSualainn** athchóiriú ar a hárachas dífhostaíochta i mí an Mheithimh 2024 chun feabhas a chur ar an gcumhdach dóibh siúd nach bhfuil fostaíocht acu, agus rinne sí sochair shóisialta a ailíniú níos fearr leis an tréimhse chúitimh (i.e., laghdú 5 phointe céatadáin ar an gcúiteamh gach 100 lá). Tá méadú le teacht ar an íosleibhéal tacaíochta gníomhachtúcháin freisin. Tá coinne leis go dtiocfaidh an reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2025. San **Fhionlainn**, le hathchóiriú ar an liúntas tithíochta a glacadh i mí Aibreáin 2024, baineadh an asbhaint i gcás ioncam tuillte ginearálta dar luach EUR 300. Mar sin féin, déanann méaduithe eile ar an liúntas an t-athrú sin a fhritháireamh go páirteach. I mí Eanáir 2024, rinne **Málta** athchóiriú ar a chóras sochar dífhostaíochta chun rátaí sochair a ailíniú níos fearr le tuarastal deireanach an fhaighteora, agus an pá íosta náisiúnta á chur san áireamh. Sna chéad 6 seachtaine, is é a bheidh sna sochair 60 % den tuarastal roimhe sin, rud a laghdóidh go 55 % ar feadh na 10 seachtaine ina ndiaidh sin agus go 50 % ar feadh na 10 seachtaine dheireanacha. Ina theannta sin, faoi chuimsiú an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá próiseas faireacháin á dhéanamh ag **Málta** maidir le bearta beartais a bhaineann le sochair dhífhostaíochta. Tá an chéad tuarascáil dlite go sealadach faoi dheireadh 2024 agus tiocfaidh tuarascáil nua ina diaidh i gceann 5 bliana. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, rinne **an Spáinn** athchóiriú ar an gcóras sochar dífhostaíochta neamhranníocach. Leathnaíonn an dlí na sochair sin chuig daoine aonair faoi bhun 45 bliana d'aois gan freagrachtaí teaghlaigh agus chuig oibrithe talmhaíochta, coigeartaíonn sé an scála forchéimnitheachta agus déanann sé na sochair comhoiriúnach le fostaíocht. I mí na Samhna 2023, rinne **an Phortaingéil** sochair dhífhostaíochta a leathnú chuig íospartaigh foréigin teaghlaigh, rud a thagann leis an gClár Oibre um Obair Chuibhiúil agus le leasuithe a rinneadh le déanaí ar an gCód Saothair.

**Rinne roinnt Ballstát bearta chun feabhas a chur ar ionadaíochas eagraíochtaí fostaithe agus chun tacú le fothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta.** I mí Iúil 2023, rinne **Lucsamburg** na rialacha maidir le ballraíocht i gcumainn ghairmiúla agus a rollaí toghthóirí a oiriúnú chun printísigh agus cuardaitheoirí poist i gcaidreamh fostaíochta speisialta a chur san áireamh iontu, chomh maith le fostaithe agus printísigh ar shaoire tuismitheora. I mí na Bealtaine 2024, ghlac **an Spáinn** athchóiriú, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, trínar laghdaigh sí an tsinsearacht ba ghá chun vótáil agus chun seasamh i dtoghcháin do chomhlachtaí ionadaíochta fostaithe i gcuideachtaí i gcás oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. I mí Aibreáin 2024, sheol **an Ungáir** beart arna chomhchistiú ag CSE+ lena dtacaítear le fothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta**,** trí dheiseanna maoinithe le haghaidh pá fostaithe nua, oiliúint, eagrú imeachtaí, cuairteanna staidéir nó rannpháirtíocht in imeachtaí idirnáisiúnta a sholáthar.

## 2.4 Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac

Féachtar sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 8, ina moltar do Bhallstáit comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac, i gcomhréir le Prionsabail 2 (maidir le comhionannas inscne), 3 (maidir le comhdheiseanna), 11 (maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí), 12 (maidir le cosaint shóisialta), 14 (maidir le hioncam íosta), 15 (maidir le hioncam seanaoise agus pinsin), 16 (maidir le cúram sláinte), 17 (maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas), 18 (maidir le cúram fadtéarmach), 19 (maidir le tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean) agus 20 (maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha) den Cholún. Soláthraítear anailís ar phríomhtháscairí i Roinn 2.4.1, agus tuairiscítear i roinn 2.4.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit.

### 2.4.1 Príomhtháscairí

**Tháinig méadú beag ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita ar leibhéal an Aontais in 2023.** Ba é 111,1 (leibhéal in 2008=100) a bhí ann in 2023, 0,6 pointe níos airde ná mar a bhí in 2022. I Málta a sonraíodh an méadú ba mhó, agus tuairiscíodh méaduithe níos lú, ach a bhí substaintiúil mar sin féin, sa Chróit, sa Spáinn agus sa Ghréig (féach Fíor 2.4.1). Ba iad an Rómáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn agus an Liotuáin na ‘gníomhaithe is fearr’ in 2023, mar gheall ar leibhéil arda (níos mó ná 140 % i gcoibhneas le 2008). Os a choinne sin, chonaic an Eastóin an laghdú is mó, agus an tSlóvaic agus an tSeicia ina diaidh sin, agus iad fós ag leibhéil réasúnta ard. I bhfianaise a bhfeidhmíochta in 2023, fuarthas go raibh an Iodáil agus an Ostair i ‘gcásanna criticiúla’ mar gheall ar leibhéil ísle, tar éis meathlú a tharla freisin. Bhí ‘faire’ le déanamh ar an gcás in 2023 san Eastóin, sa tSlóvaic, sa tSeicia agus sa tSualainn (mar a raibh na leibhéil gar do mheán an Aontais ach tar éis meathlú ón mbliain roimhe sin), agus san Fhionlainn, san Ísiltír, sa Fhrainc agus sa Bheilg (mar a raibh na leibhéil faoi bhun mheán an Aontais d’ainneoin cobhsaíocht leathan nó feabhsuithe beaga ón mbliain roimhe sin).

**Fíor 2.4.1: Tháinig méadú beag ar an bhfás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (OIIT) per capita san Aontas ach bhí éagsúlacht ann ó Bhallstát go chéile in 2023**

Fás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh réadach (GDHI) per capita, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (2008=100, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. An eochair eolais a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh BG.
*Foinse:* Eurostat [tepsr_wc310], Cuntais earnála Eorpaí.

**Tháinig laghdú beag ar an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) san Aontas in 2023, a bhuí freisin le gníomhaíocht beartais chinntitheach chun éifeachtaí sóisialta diúltacha an ardchostais maireachtála a mhaolú**. Mar sin féin, bhí an cás 'criticiúil' sa Spáinn, sa Ghréig agus sa Laitvia in 2023 toisc nár tháinig feabhas mór ar na leibhéil réasúnta ard a bhí acu (26,5 %, 26,1 % agus 25,6 %, faoi seach) nó toisc gur tháinig méadú beag orthu fiú (méadú 0,5 pointe céatadáin sa Spáinn) – féach Fíor 2.4.2. Bhí 'faire' le déanamh ar an Ungáir, ar Lucsamburg, ar an Eastóin agus ar an Liotuáin mar gheall ar an leibhéal réasúnta ard (24,3 % agus 24,2 % i gcás na Liotuáine agus na hEastóine, faoi seach) nó mar gheall ar an méadú mór (+2 agus +1,3 pointe céatadáin i gcás Lucsamburg agus na hUngáire, faoi seach). An tráth céanna, bhí cás na Rómáine agus na Bulgáire 'lag ach ag dul i bhfeabhas', mar a chonacthas na leibhéal ab airde san Aontas (32,0 % agus 30,0 %, faoi seach) ach na laghduithe ba mhó freisin (-2,4 pointe céatadáin agus -2,2 pointe céatadáin, faoi seach). Ar an taobh eile den speictream, ba iad an tSeicia, an tSlóivéin, an Ísiltír agus an Fhionlainn na 'gníomhaithe is fearr' (le rátaí AROPE ag 12,0 %, 13,7 %, agus 15,8 % i gcás an dá cheann dheireanacha, faoi seach). Ba léir roinnt comharthaí cóineasaithe ó Bhallstát go chéile. Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór idir réigiúin an Aontais freisin, lena n-áirítear laistigh de na Ballstáit, go háirithe san Iodáil, sa Fhrainc, sa Pholainn, sa Ghearmáin, sa Phortaingéil, sa Spáinn agus sa Bheilg (féach Fíor 8 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí. I ndáil leis sin, tá tábhacht ar leith fós ag baint leis an measúnú ar thionchar dáileach athchóirithe agus infheistíochtaí chun a áirithiú go

rannchuideoidh siad le príomhsprioc an Aontais 15 mhilliún duine ar a laghad a thabhairt slán as an mbochtaineacht faoi 2030[222].

**Fíor 2.4.2: Tháinig laghdú beag ar ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta in 2023 san Aontas, agus bhí roinnt cóineasaithe ann ó Bhallstát go chéile**

Sciar an daonra i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh HR.
*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], SIDM-AE.

**Tháinig laghdú beag ar bhochtaineacht airgeadaíochta agus ar an sciar de dhaoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe), agus d'fhan géardhíothacht ábhartha agus shóisialta cobhsaí.** D'ainneoin an chostais maireachtála níos airde, tá an chobhsaíocht leathan sin ina léiriú ar éifeachtaí maolaithe na bhfreagairtí beartais a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. In 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022), bhí na rátaí ba lú riosca bochtaineachta (AROP) ag an tSeicia, agus ina diaidh sin bhí an Danmhairg, Éire, an Fhionlainn agus an Bheilg (ag 9,8 %, 11,8 %, 12,0 %, 12,2 % agus 12,3 %, faoi seach), tar éis laghduithe teacht orthu – féach an painéal ar bharr Fhíor 2.4.3. Os a choinne sin, bhí na sciartha ab airde ag an Laitvia, ag an Eastóin, ag an Rómáin, ag an Liotuáin, ag an mBulgáir agus ag an Spáinn (ag 22,5 %, 22,5 %, 21,1 %, 20,6 %, 20,6 % agus 20,2 %, faoi seach), d'ainneoin go bhfacthas laghduithe (seachas an Laitvia a d'fhan cobhsaí). Le tobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d'ioncaim 2023, léirítear gur fhan rátaí AROP cobhsaí san Aontas ar an meán agus i bhformhór na mBallstát, gur mhéadaigh siad i Lucsamburg, sa Ghréig, san Ostair agus sa Fhrainc agus gur laghdaigh siad

[222] Féach *Commission's Communication on Better assessing the distributional impact of Member States' policies* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát] (COM(2022) 494 final).

sa Phortaingéil, sa Spáinn, sa Ghearmáin, san Fhionlainn, san Eastóin agus san Ísiltír[223]. An sciar de dhaoine i ngéardhíth ábharach agus shóisialta, bhí sé cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas in 2022, ach bhí éagsúlachtaí móra ann ó Bhallstát go chéile, ó 2 % sa tSlóivéin go 19,8 % sa Rómáin - féach an painéal láir d'Fhíor 2.4.3. Mhéadaigh sé i roinnt Ballstát áfach (an Ostair, an Danmhairg, an Ungáir agus an Spáinn, ina bhfacthas méaduithe ba mhó ná 1 phointe céatadáin), agus laghdaigh sé sa Rómáin, sa Laitvia, sa Chróit agus sa Fhrainc. Mar léiriú ar an leanúint d'fhorbairtí dearfacha i margadh an tsaothair de dhroim fás eacnamaíoch marthanach in 2022, tháinig laghdú ar an sciar de dhaoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) in 2023 (bunaithe ar ghníomhaíocht 2022). B'amhlaidh an cás i bhformhór na mBallstát, agus bhí na leibhéil ab ísle i Málta, sa tSlóivéin, i Lucsamburg agus sa Pholainn, agus na leibhéil ab airde sa Bheilg, sa Ghearmáin, sa Danmhairg, sa Fhrainc agus in Éirinn – féach an painéal láir d'Fhíor 2.4.3. Méaduithe móra ar phraghsanna le blianta beaga anuas, go háirithe ar bhia agus ar fhuinneamh, chomh maith lena n-éifeacht dhíréireach ar ioncaim níos ísle, chuir siad le méadú ar rátaí AROP arna bhfréamhú in 2019[224]. Idir 2022 agus 2023, tháinig méadú 1,3 pointe céatadáin ar an bhfigiúr sin san Aontas, go 15,1 %. D'ainneoin an chéad mhéadaithe sin tar éis cúpla bliain laghdaithe, tá an ráta fós faoi bhun luach 2019 (16,5 %). Tháinig méadú freisin ar rátaí AROP fréamhaithe i bhformhór mór na mBallstát, cé is moite den Bhulgáir, den Ostair, den Spáinn agus den Pholainn. Chonacthas na cinn ba mhó san Eastóin (+6,2 pointe céatadáin, go 20,5 %), agus ina dhiaidh sin san Ísiltír agus i Málta (+3,3 agus +3,1 pointe céatadáin, faoi seach, go 13 % don dá cheann).

[223] Féach Tobmheastacháin 2023 maidir le héagothromaíochtaí ioncaim agus táscairí bochtaineachta - Torthaí turgnamhacha ar leathanach gréasáin gaolmhar Eurostat.

[224] Is é atá i gceist le daoine atá i mbun bochtaineachta fréamhaithe ag 2019 na daoine sin ag a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta *a ríomhadh in 2019*, arna choigeartú leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna (ICPT) idir 2019 agus 2023. Tá na sonraí le fáil ag [ilc_li22].

**Fíor 2.4.3: Tháinig laghdú ar ráta riosca na bochtaineachta agus ar an sciar de dhaoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe), agus d'fhan géardhíothacht ábhartha agus shóisialta cobhsaí**

Comhpháirteanna de phríomhtháscaire an ráta riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta (%, 2015, 2022, 2023)




*Tabhair faoi deara*: Tabhair do d'aire go rangaítear táscairí de réir rátaí AROPE in 2023. Briseadh sa tsraith i gcás na Cróite maidir le ráta riosca na bochtaineachta agus i gcás na Fraince maidir leis an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta.

*Foinse:* Eurostat [tessi010], [tepsr_lm420], [tepsr_lm430], staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála.

**D'fhan bochtaineacht leanaí san Aontas cuibheasach cobhsaí, fiú má tháinig laghdú beag ar an líon leanaí a ndearnadh difear dóibh in 2023.** An bhliain sin, den chéad uair ó bhí paindéim COVID-19 ann, tháinig laghdú beag ar an líon leanaí AROPE san Aontas (19,9 milliún vs thart ar 20 milliún in 2022). Níor fhág an laghdú sin ar an líon daoine go raibh ráta ní b'ísle ann, áfach, mar gheall ar an laghdú ar an líon iomlán leanaí. Dá bhrí sin, bhí an ráta cobhsaí ag 24,8 % i gcomparáid le 24,7 % in 2022, agus d'fhan sé 3,5 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí i gcás an daonra fhoriomláin. Bhí an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSeicia, an Danmhairg agus an Ísiltír i measc na 'ngníomhaithe is fearr', agus rátaí AROPE do leanaí faoi bhun 16 % acu. Ar an taobh eile, bhí an Spáinn agus an Bhulgáir i 'gcásanna criticiúla', óir chonacthas méadú (níos mó ná 2 phointe céatadáin, go 34,5 %) i gcás na Spáinne agus rátaí os cionn 33 % gan aon fheabhsú mór i gcás na Bulgáire i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí 'faire' le déanamh ar an Ungáir in 2023, mar a bhfacthas an méadú ba mhó (+6,3 pointe céatadáin), agus ar Lucsamburg, ar an nGréig agus ar an bhFrainc, a raibh rátaí réasúnta mór acu uile. Chonacthas na laghduithe ba mhó sa Rómáin agus san Iodáil (níos mó ná 1 phointe céatadáin), a raibh cás an dá thír 'lag ach ag dul i bhfeabhas', agus chonacthas ceann de na luachanna ab airde sa Rómáin (39 %). Ar an iomlán, tháinig méadú ar an líon leanaí agus ar an sciar díobh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 15 Bhallstát.

**Fíor 2.4.4: D'fhan ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcás leanaí cuibheasach cobhsaí, ar leibhéal níos airde ná don daonra foriomlán i bhformhór na mBallstát**

Sciar na leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh na Cróite.
*Foinse:* Eurostat [tepsr_lm412], SIDM-AE.

**D'fhan comhpháirteanna ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcás leanaí cobhsaí ar leibhéal an Aontais, ach chonacthas athruithe móra i roinnt Ballstát.** D'fhan ráta riosca na bochtaineachta (AROP) do leanaí cuibheasach cobhsaí ag 19,4 % in 2023 (ó 19,3 % in 2022, ag tagairt d'ioncaim 2022 agus 2021, faoi seach). Chonacthas an méadú ba mhó san Ungáir (+7,1 pointe céatadáin), agus ba sa Ghearmáin a bhí an laghdú ba mhó (-1 phointe céatadáin). Mar a bhí in 2022, ba iad rátaí AROP na rátaí ab airde don Rómáin, don Spáinn agus don Bhulgáir, agus na rátaí ab ísle don Fhionlainn, don Danmhairg agus don tSlóivéin. Le tobmheastacháin Eurostat maidir le hioncaim 2023, léirítear cobhsaíocht fhoriomlán i mbochtaineacht leanaí san Aontas ina iomláine agus i bhformhór na mBallstát, agus gur tháinig laghduithe uirthi sa Ghearmáin, san Eastóin, sa Spáinn, san Fhionlainn, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic agus méaduithe sa tSeicia, sa Ghréig, sa Laitvia, sa Pholainn agus sa tSualainn[225]. An ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta i measc leanaí, bhí sé sin freisin fós gan athrú a bheag nó a mhór, ag 8,4 % san Aontas in 2023, ach ba mhór an laghdú a tháinig air sa Rómáin (-8,2 pointe céatadáin). Ar deireadh, d'fhan an sciar de leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) cobhsaí ag 7,5 % in 2023 san Aontas agus i bhformhór na mBallstát. Tá sé ríthábhachtach leanaí a thabhairt slán as an mbochtaineacht agus as an

[225] Féach Tobmheastacháin 2023 maidir le héagothromaíochtaí ioncaim agus táscairí bochtaineachta - Torthaí turgnamhacha agus an tábla ina bhfuil na táscairí uile ar leathanach gréasáin gaolmhar Eurostat.

eisiamh sóisialta chun cabhrú leo a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus timthriall na bochtaineachta idirghlúine a bhriseadh. Baineann príomhthábhacht leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[226] a chur chun feidhme sna Ballstáit uile chuige sin.

**Bosca Cholún 5: Cúram leanaí sna Ballstáit**

**Tá léirithe go n-imríonn oideachas agus cúram luath-óige (ECEC) ar ardchaighdeán tionchar dearfach ar ionchais leanaí agus, tríothu sin, ar fhorbairtí eacnamaíocha agus sochaíocha.** Má bhítear rannpháirteach sa luath-óige in oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán, feabhsaítear an fhorbairt shóisialta agus chognaíoch, go háirithe do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Rannchuidíonn sé sin le torthaí oideachais agus fostaíochta níos fearr amach sa saol agus maolaíonn sé tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin. Ina theannta sin, trína chur ar a gcumas do thuismitheoirí cothromaíocht a bhaint amach idir saol an teaghlaigh agus mianta oibre, rannchuidíonn oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán le comhionannas inscne níos fearr, le rannpháirtíocht níos láidre sa mhargadh saothair agus le fás eacnamaíoch, chomh maith le laghdú na bochtaineachta[227]. Leis an *Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige: Spriocanna Barcelona le haghaidh 2030*, ardaítear an sprioc le haghaidh 2030 maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige go 45 % ar a laghad i gcás leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois (cé is moite d'eisceachtaí i gcás na mBallstát atá tite ar gcúl)[228]. Iarrtar ar na Ballstáit leis freisin an bhearna idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) agus an daonra foriomlán a dhúnadh a mhéid a bhaineann lena rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige. I gcomhréir leis an *Moladh ón gComhairle maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí*[229], ba cheart rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a bheith éifeachtach agus saor in aisce do leanaí atá i mbaol bochtaineachta.

**Maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige ag leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, tháinig fás i bhfad níos lú uirthi ar an meán le 10 mbliana anuas san Aontas i gcomparáid le rannpháirtíocht leanaí eile.** Tar éis 4 bliana de mhéadú de réir a chéile i gcaitheamh 2015-18 ar rannpháirtíocht leanaí nach raibh rioscaí bochtaineachta ag baint leo agus ardú tobann in 2019 orthu siúd a bhain bochtaineacht dóibh, bhí an bhearna idir rátaí rannpháirtíochta an dá ghrúpa ag leibhéal 2015 a bheag nó a mhór in 2019, is é sin thart ar 12 phointe céatadáin. Ba mhó an bhearna ná riamh in 2021 toisc gur tháinig méadú mór ar rannpháirtíocht leanaí nach bhfuil i mbaol bochtaineachta agus gur éirigh rannpháirtíocht leanaí atá i mbaol bochtaineachta cuibheasach marbhánta. In 2023, bhí an bhearna 15,8 pointe céatadáin idir an dá ghrúpa i bhfad níos leithne ná mar a bhí in 2015 (ní raibh ach 25,2 % de leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta rannpháirteach i gcomparáid le 41,0 % díobh siúd nach raibh i mbaol).

---

[226] *Council Recommendation (EU) 2021/1004 of 14 June 2021 establishing a European Child Guarantee (OJ L 223, 22.6.2021, p. 14–23).* [Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí (IO L 223, 22.6.2021, lgh. 14-23)].

[227] Féach i measc nithe eile Darvas, Z. M., Welslau, L., & Zettelmeyer, J., *Incorporating the impact of social investments and reforms in the European Union's new fiscal framework*, Páipéar Oibre Bruegel, 2024, agus Rossin-Slater, M., & Wüst, M., *What is the added value of preschool for poor children? Long-term and intergenerational impacts and interactions with an infant health intervention*, American Economic Journal: Applied Economics, 12(3), 2020.

[228] Féach 2022/C 484/01. Leagtar amach eisceachtaí i mír 3(a) maidir leis an sprioc '45 % ar a laghad'.

[229] *Council Recommendation (EU) 2021/1004 of 14 June 2021 establishing a European Child Guarantee* [Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí].

**Bhí an dul chun cinn maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige i bhfad ní ba mhoille i measc leanaí faoi mhíbhuntáiste**

Leanaí in oideachas agus cúram luath-óige de réir riosca bochtaineachta (ar feadh 1 uair an chloig amháin nó níos mó in aghaidh na seachtaine, % de leanaí -3)




*Tabhair faoi deara*: Meastacháin is ea figiúirí 2020.
*Foinse:* Eurostat [ilc_caindform25b].

**Is bacainní ar rochtain iad inacmhainneacht íseal agus infhaighteacht íseal oideachais agus cúraim luath-óige, go háirithe do leanaí a bhfuil rioscaí bochtaineachta ag baint leo, a dtugann na Ballstáit aghaidh orthu ina bpleananna gníomhaíochta faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí**, le tacaíocht ó chistiú ón Aontas. Mar shampla, cé go bhfuil oideachas agus cúram luath-óige saor ó chostas cheana féin do leanaí ó na teaghlaigh is lú saibhreas i roinnt Ballstát (e.g. **an Danmhairg** agus **an tSlóivéin**), tá athchóiriú á chur chun feidhme ag an **bPortaingéil** chun rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige a dhéanamh saor in aisce do gach leanbh, agus tá sochair tugtha isteach ag an **bPolainn**, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, do thuismitheoirí leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a fhaigheann cúram foirmiúil chun costais a bhaineann le táillí seirbhísí cúraim leanaí a chumhdach nó a laghdú. I roinnt mhaith tíortha, tá an earnáil oideachais agus cúraim luath-óige thíos le heaspa saoráidí agus ganntanas foirne freisin. Geallann **an Bhulgáir** go leathnófar an líonra seirbhísí le haghaidh oideachas agus cúram luath-óige, agus gheall **an Ghearmáin** ina plean gníomhaíochta, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, go gcruthófar 90 000 áit bhreise cúraim leanaí trí shaoráidí nua a thógáil. Tacaíonn CSE+ le hinfheistíochtaí ar oideachas agus cúram luath-óige. In 2022, bhí méadú ar acmhainneachtaí cúraim leanaí mar chuid de 22 Chlár Oibríochtúla CSE+ ar fud sé Bhallstát, arbh é a bhí ann EUR 60,7 milliún. Thairis sin, rinne an chuid is mó de Bhallstáit an Aontais bearta lena leathnaítear acmhainneachtaí, cuimsitheacht agus/nó cáilíocht oideachais agus cúraim luath-óige a chur san áireamh ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Is fiú níos mó ná EUR 8 mbilliún iad na hinfheistíochtaí faoi seach.

**D'fhan doimhneacht na bochtaineachta don daonra foriomlán agus do leanaí cobhsaí san Aontas ach tháinig méadú suntasach uirthi i roinnt Ballstát**. Tomhaistear doimhneacht na bochtaineachta mar an bhearna idir leibhéal ioncaim na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus tairseach na bochtaineachta[230]. Tháinig laghdú beag air go 23,0 %

[230] Ríomhtar an táscaire seo, ar a dtugtar freisin bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta, mar an difríocht idir ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach daoine atá faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta agus thairseach riosca na bochtaineachta, arna shloinneadh mar chéatadán de thairseach riosca

in 2023 san Aontas (ag tagairt d'ioncaim 2022) – féach Fíor 2.4.5. Bhí an bhearna ba leithne sa Rómáin (37,4 %), agus ina dhiaidh sin sa tSlóvaic agus san Ungáir (29,9 % agus 29,5 % faoi seach), tar éis méaduithe substaintiúla (5,4, 11,5 agus 10,1 pointe céatadáin faoi seach). Chonacthas an laghdú ba mhó sa Bheilg (-4,2 pointe céatadáin), arbh é an leibhéal ab ísle san Aontas é (14,0 %). Tá an bhochtaineacht níos doimhne i measc daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe), ag thart ar 63,0 % san Aontas in 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022)[231]. I gcás leanaí, níor tháinig aon athrú ar dhoimhneacht na bochtaineachta ar an meán san Aontas agus tá an leibhéal níos airde dóibh ná don daonra foriomlán (24,4 %). I ndáil leis sin, bhí na rátaí ab airde le fáil san Ungáir (64,3 %), tar éis méadú an-substaintiúil (méadú 49,8 pointe céatadáin, níos mó ná méadú faoi thrí ar cheann de na rátaí ab ísle a bhí ann in 2022), agus sa Rómáin (39,4 %) agus sa tSlóvaic (37,7 %) ina diaidh, a chonacthas méaduithe 6,3 agus 12,7 pointe céatadáin faoi seach. Chonacthas na laghduithe ba mhó sa Bhulgáir (-10,9 pointe céatadáin), ach d'fhan siad ag leibhéal ard mar sin féin (31,9 %), agus san Iodáil (-8 bpointe céatadáin), mar ar baineadh amach leibhéal faoi bhun mheán an Aontais (19,9 %). Chonacthas na rátaí ab ísle san Fhionlainn agus sa Bheilg (15,4 % agus 15,2 %, faoi seach).

na bochtaineachta. Tá an tairseach seo socraithe ag 60 % d'ioncam indiúscartha coibhéiseach airmheánach náisiúnta gach duine i dtír agus ní don Aontas ina iomláine.

[231] Eurostat [ilc_li06].

**Fíor 2.4.5: Bhí doimhneacht na bochtaineachta cuibheasach cobhsaí san Aontas ach ba mhinic a bhí sí ní ba mhó i gcás leanaí**

Bearna choibhneasta riosca na bochtaineachta de réir thairseach na bochtaineachta, an daonra iomlán agus leanaí (0-17, %)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh sa tsraith i gcás na Fraince agus Lucsamburg in 2022 agus i gcás na Cróite in 2023.
*Foinse:* Eurostat [ilc_li11], SIDM-AE.

**Fíor 2.4.6: Tá an baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta fós níos airde i gcás daoine faoi mhíchumas i ngach Ballstát**

Sciar na ndaoine faoi mhíchumas agus sciar na ndaoine nach bhfuil faoi mhíchumas atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (16 bliana d'aois agus níos sine, %)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amshraith i gcás na Cróite agus sonraí measta i gcás na Gearmáine in 2023.
*Foinse:* Eurostat [hlth_dpe010], SIDM-AE.

**Tá rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta fós ard i gcás daoine faoi mhíchumas.** Ba é 28,8 % a ráta AROPE san Aontas in 2023, 10 bpointe céatadáin níos airde ná mar a bhí i gcás an chuid eile den daonra. Bhí éagsúlacht mhór ann freisin ó Bhallstát go chéile – féach Fíor 2.4.6. D'ainneoin laghdú beag i gcomparáid leis an mbliain seo caite, chonacthas na rátaí ab airde sa Liotuáin, sa Bhulgáir agus san Eastóin (42,7 %, 42,4 % agus 41 % faoi seach), agus bhí an ráta ab ísle sa tSlóvaic (18,6 %). Bhí na leibhéil ab airde díothachta ábhartha agus sóisialta ag an Rómáin agus ag an mBulgáir i measc daoine faoi mhíchumas (28,4 % agus 28,1 %, faoi seach). Ar an iomlán, ba iad daoine faoi mhíchumas in aois oibre ba mhó a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus daoine óga faoi mhíchumas ina dhiaidh sin (33,6 % agus 33,5 % faoi seach). Chomh maith leis sin, bhí mná faoi mhíchumas i mbaol níos airde ná fir faoi mhíchumas (29,8 % i gcomparáid le 27,6 %).

**Tháinig laghdú beag ar an mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás daoine a rugadh lasmuigh den Aontas ach bhí sé fós i bhfad níos airde dóibh ná mar a bhí i gcás daoine de bhunadh an Aontais.** Bhí ráta AROPE do dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas níos mó ná dhá oiread an ráta i gcás daoine a rugadh san Aontas, is é sin 39,2 % agus 18,4 %, faoi seach. Ba leithne an bhearna idir an dá ghrúpa san Ostair (42,7 % vs 11,4 %), sa Bheilg (42,1 % vs 14,6 %) agus sa Spáinn (46,7 % vs 21,1 %). Sa Ghréig, tháinig laghdú mór ar an mbearna sin in 2023 (faoi 5,1 pointe céatadáin go 23 phointe céatadáin), cé go raibh an ráta AROPE dóibh siúd a rugadh lasmuigh den Aontas ar cheann de na rátaí ab airde i measc na mBallstát uile in 2023 (47,1 %). Tháinig laghdú mór ar an mbearna sa Spáinn (-4,7 pointe céatadáin) agus sa Bhulgáir (-11,9 pointe céatadáin), agus tháinig an méadú ba mhó uirthi i Málta (+8,7 pointe céatadáin)[232].

**Tá líon mór Romach san Aontas fós ag dul i ngleic le rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.** De réir na sonraí suirbhé is déanaí, bhí 80 % ar an meán de na Romaigh i dtíortha an tsuirbhé i mbaol bochtaineachta (AROP)[233], agus ní fhacthas aon dul chun cinn idir 2016 agus 2021. Ar an meán, bhí suas le 83 % de leanaí Romacha (faoi bhun 18 mbliana d'aois) ina gcónaí i dteaghlaigh a bhí i mbaol bochtaineachta. Chomh maith leis sin, bhí géardhíth ábhartha ar sciar níos airde de na Romaigh (48 %) i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, go háirithe na cohóirt níos óige agus níos sine. I gCreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-30, iarrtar ar na Ballstáit an bhearna bhochtaineachta idir na Romaigh agus an daonra i gcoitinne, lena n-áirítear leanaí, a laghdú faoi leath ar a laghad agus a áirithiú go n-éalóidh tromlach na Romach ón mbochtaineacht faoi 2030[234]. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, gheall na Ballstáit ráta fíor-ard riosca na bochtaineachta agus an díothacht ábhartha agus shóisialta i measc na Romach a chomhrac, chun tacaíocht éifeachtach a sholáthar do chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach[235]. Leis an measúnú ar chreataí straitéiseacha náisiúnta athnuaite i ndáil leis na Romaigh, iarrtar ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na réimsí atá le feabhsú a sainaithníodh agus a gcreata a athnuachan agus a leasú chomh maith, lena n-áirítear iad a dhéanamh níos uaillmhianaí[236]. Leis na conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain chomhionann a áirithiú do na Romaigh ar thithíocht leordhóthanach agus dhídheighilte, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte,[237] tugtar cuireadh do na Ballstáit an cistiú uile atá ar fáil chun na críche sin a shainaithint agus a úsáid.

**Tháinig méadú ar bhochtaineacht fuinnimh in 2023 san Aontas don dara bliain as a chéile, rud a léiríonn tionchar na gcostas ard fuinnimh, agus bhí difríochtaí móra ann ó Bhallstát go chéile.** Tháinig méadú 1.3 pointe céatadáin ar bhochtainneacht fuinnimh, mar a thomhaistear é trí sciar na ndaoine nach raibh in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor

[232] Mar a léiríonn táscaire Eurostat [ilc_peps06n], agus comparáid á déanamh idir iad siúd a rugadh i dtír nach tír de chuid an Aontais í agus iad siúd a rugadh sa tír thuairiscithe; daoine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn. Níl sonraí maidir leis an gcéad cheann ar fáil i gcás na Rómáine.

[233] Roma survey 2021 [Suirbhé FRA Romach 2021]. Ba iad seo a leanas tíortha an tsuirbhé: BG, CZ, EL, ES, HR, HU, PT, RO, SK.

[234] Féach: Creat straitéiseach nua an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (an pacáiste iomlán).

[235] Féach: IO C 93, 19.3.2021, lgh. 1-14.

[236] Chun an measúnú a fháil, féach: COM/2023/7 final sa phacáiste iomlán.

[237] Conclúidí ón gComhairle maidir le Bearta chun rochtain chomhionann ar thithíocht leormhaith dhídheighilte a áirithiú do Romaigh, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte.

san Aontas, ag sroicheadh 10,6 % in 2023[238]. Ba í sin an dara bliain as a chéile ina bhfacthas méadú, tar éis laghdú seasmhach i gcaitheamh 2015-21 (ó 9,6 % go 6,9 %) – féach Fíor 2.4.7. Léirítear leis seo an tionchar a bhí ag an méadú a tháinig ar phraghsanna fuinnimh a thosaigh sa dara leath de 2021 agus a chuaigh in olcas in 2022. Ó tharla go bhfuil an méadú ar bhochtaineacht fuinnimh in 2023 níos ísle ná mar a bhí sé in 2022, agus go raibh an suaitheadh praghsanna i bhfad níos airde i ngeimhreadh 2022 ná mar a bhí i ngeimhreadh 2021, is cosúil gur mhaolaigh na bearta tacaíochta eisceachtúla a rinne an tAontas agus a Bhallstáit an tionchar go héifeachtach[239]. Bhí éagsúlacht mhór sa bhochtaineacht fuinnimh ó Bhallstát go chéile in 2023, idir 2,1 % i Lucsamburg agus 20,8 % sa Spáinn agus sa Phortaingéil. Chonacthas na méaduithe ba mhó sa Danmhairg, san Ísiltír, sa Spáinn, sa Liotuáin, san Ungáir, sa Phortaingéil agus sa tSualainn, agus chonacthas laghduithe sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Chipir, i Málta, sa Laitvia agus sa Rómáin. Bhí an méadú níos mó i gcás daoine i mbaol bochtaineachta ná don phobal i gcoitinne in 2023 (+2,1 pointe céatadáin). Maidir leis an gceann deireanach, bhí an bhochtaineacht fuinnimh níos mó ná dhá oiread an mheáin (22,2 % in 2023), agus an raon idir 3,8 % san Fhionlainn agus 43,6 % sa Chipir. Is sa Danmhairg, sa Spáinn, san Iodáil, sa Liotuáin, san Ungáir, san Ostair, sa Pholainn, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic a bhí na méaduithe ba mhó i measc daoine i mbaol bochtaineachta, agus tháinig laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Chipir agus sa Laitvia.

**Fíor 2.4.7: Tá an bhochtaineacht fuinnimh ag dul i méid san Aontas ach tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile**

Daoine nach raibh in ann an áit chónaithe a choimeád te go leor, daonra iomlán agus daonra i mbaol bochtaineachta, 2022 agus 2023 (%)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amshraith i gcás LT in 2023.
*Foinse:* Eurostat [ilc_mdes01], staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála.

**D'fhan neamhionannas ioncaim cuibheasach cobhsaí ar an meán san Aontas in 2023, agus chonacthas roinnt cóineasaithe ó Bhallstát go chéile.** D'fhan an cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) cuibheasach cobhsaí in 2023 ag 4,72 (vs 4,73 in 2022, ag tagairt

[238]Tá sciar na ndaoine nach bhfuil in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor ar cheann de na príomhtháscairí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh san Aontas. Féach Bileog SPC-ISG chun tuilleadh eolais a fháil maidir le táscairí bochtaineachta fuinnimh ar leibhéal an Aontais.

[239] Is ó staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála 2023 a thagann na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir le bochtaineacht fuinnimh. De ghnáth, déantar suirbhéanna maidir leis na saincheisteanna sin sa chéad leath den bhliain, sa tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh sa bhliain ábhartha, mar sin léiríonn sonraí ó 2023 tionchar an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh i ngeimhreadh 2022.

d'ioncaim in 2022 agus 2021, faoi seach)[240]. Bhí 'cásanna criticiúla' sa Liotuáin, sa Laitvia agus sa Rómáin, mar a raibh na leibhéil neamhionannais ioncaim ar na cinn is airde san Aontas, d'ainneoin laghduithe réasúnta beag in 2023 – féach Fíor 2.4.8. Chonacthas leibhéil arda neamhionannais sa Spáinn, san Eastóin agus sa Ghréig freisin, chomh maith leis an bPortaingéil agus Málta (tá méaduithe réasúnta mór tagtha ar an dá cheann dheireanacha). Ar an gcaoi chéanna, bhí leibhéil thart ar mheán an Aontais san Ungáir, sa tSualainn agus sa Chróit mar thoradh ar mhéaduithe móra. Bhí 'faire' le déanamh ar an gcás i ngach ceann de na hocht mBallstát sin in 2023. Ar an taobh eile, ba sa Bhulgáir a chonacthas an laghdú ba mhó ar neamhionannas ioncaim (-0,69), ach bhí ceann de na leibhéil ab airde mar sin féin aici in 2023 (6,61) agus cás a bhí 'lag ach ag dul i bhfeabhas', mar an gcéanna leis an Iodáil ina bhfacthas laghdú níos lú (-0,35) ach ó leibhéal níos ísle, agus chuir an dá rud sin leis an gcóineasú aníos. Ba iad an Bheilg, an tSeicia, an tSlóivéin agus an Fhionlainn na 'gníomhaithe is fearr' in 2023. I roinnt Ballstát, mar shampla sa Ghearmáin, san Ungáir, san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa tSualainn, bhí éagsúlacht mhór sa leibhéal neamhionannais ioncaim freisin ó réigiún go chéile (féach Fíor 4 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí. De réir thobmheastacháin Eurostat don bhliain ioncaim 2023, bhí an treocht maidir le neamhionannais ioncaim, arna tomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim, réasúnta cobhsaí i ngach tír seachas an Laitvia mar a meastar gur tháinig méadú mór[241]. Tá tábhacht ar leith ag baint le measúnuithe ar thionchar dáileach athchóirithe agus infheistíochtaí chun tionchair ar neamhionannas ioncaim a chur san áireamh agus chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas *ex ante*.

[240] Déantar an táscaire a shainmhíniú mar an cóimheas idir an t-ioncam (indiúscartha coibhéisithe) iomlán a fhaigheann an 20 % den daonra a bhfuil an t-ioncam is airde acu agus an t-ioncam a fhaigheann an 20 % a bhfuil an t-ioncam is ísle acu.

[241] Féach Tobmheastacháin 2023 ar thorthaí turgnamhacha, lch. 13.

**Fíor 2.4.8: D'fhan neamhionannas ioncaim cuibheasach cobhsaí ar an meán san Aontas in 2023, agus chonacthas roinnt cóineasaithe ó Bhallstát go chéile**

Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20), leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh na Cróite.
*Foinse:* Eurostat [tessi180], SIDM-AE.

**Ón taobh fadtéarmach de, tháinig laghdú ar neamhionannas ioncaim tar éis bhuaicphointe 2014-15, agus bhí luaineachtaí agus roinnt difríochtaí ó Bhallstát go chéile.** Tháinig méadú géar ar neamhionannais ioncaim (arna dtomhas de réir S80/S20) le linn an chúlaithe eacnamaíochta déchlaonais in AE-27, agus laghdaigh siad arís ansin go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim airgeadais, agus tháinig laghdú beag eile orthu le blianta beaga anuas – féach Fíor 2.4.9. Faoi 2023, d'fhill neamhionannas ioncaim ag bun an dáilte ioncaim (i.e. arna thomhas ag S50/S20) ar an leibhéal a bhí ann in 2010 a bheag nó a mhór, cé gur tháinig laghdú beag faoi bhun an leibhéil sin air ag barr an dáilte (i.e. S80/S50). Cuirtear i dtábhacht leis sin an tionchar a bhí ag freagairtí tapa éifeachtacha beartais san Aontas le blianta beaga anuas, go háirithe i ndáil le géarchéim COVID-19 agus leis an gcostas ard maireachtála. An tráth céanna, tarraingíonn sé aird ar an easpa feabhsuithe móra fadtéarmacha ar an meán ag ceann íochtair an dáilte ioncaim. Cé gur tháinig feabhas ar na cóimheasa idir cúigilí ioncaim i roinnt mhaith Ballstát i gcás cúigilí ísle idir 2007 agus 2022, bhí fianaise ar pholarú i mBallstáit eile (is iad sin an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Danmhairg agus an tSualainn)[242]. Ar an iomlán, tháinig méadú beag ar an gcóimheas idir an dara, an tríú agus an ceathrú cúigil ioncaim (mar athróg ionadach fhéideartha don mheánaicme) i gcaitheamh na tréimhse i roinnt Ballstát ach bhí roinnt eisceachtaí tábhachtacha ann (is iad sin an Bhulgáir, an Chipir agus an Fhionlainn).

---

[242] Bunaithe ar shonraí arna neodrú i leith bristeacha. Tá an anailís iomlán ar fáil in Economic inequalities in the EU – key trends and policies [Éagothromaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach – príomhthreochtaí agus príomhbheartais].

**Fíor 2.4.9: Bhí neamhionannais ioncaim in AE-27 luaineach le 15 bliana anuas, ach tháinig laghdú orthu le déanaí**

Cóimheasa idir cúigilí ioncaim S80/S20, S80/S50 agus S50/S20, 2010-2022




*Tabhair faoi deara:* Maidir le bristeacha i sraitheanna, féach na táblaí sonraí.
*Foinse:* Eurostat [tessi180], [ilc_di11d], [ilc_di11e], staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála.

**Tháinig méadú ar an gcaiteachas ar shochair cosanta sóisialta i dtéarmaí ainmniúla ach tháinig laghdú air i dtéarmaí réadacha in 2023, agus bhí éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile agus ó bhrainse go chéile**[243]. Ba é 26,8 % an sciar i gcoibhneas le OTI san Aontas in 2023 (vs 26,9 % in 2022), rud atá 3,2 pointe céatadáin níos ísle ná an bhuaic le linn ghéarchéim COVID-19 in 2020 (ag 30 %, mar gheall ar an bhfreagairt eisceachtúil bheartais ina leith). D'ainneoin roinnt cóineasaithe ina leith sin ó bhí 2018 ann (go háirithe in 2020-21), bhí éagsúlacht mhór fós ann ó Bhallstát go chéile, agus sciartha os cionn 28 % ag sé Bhallstát agus sciartha faoi bhun 17 % ag sé Bhallstát eile[244]. Cé gur tháinig méadú 6,1 % ar an gcaiteachas ar shochair cosanta sóisialta san Aontas i dtéarmaí ainmniúla in 2023, i dtéarmaí réadacha tháinig laghdú beag (-0,2 %) air[245], rud a léiríonn comhthéacs an bhoilscithe atá fós ard. Na hathruithe i dtéarmaí réadacha, tá idir mhéaduithe is mó ná 5 % i seacht mBallstát agus laghduithe is mó ná 2 % i gceithre Bhallstát eile iontu[246]. Ar leibhéal an Aontais, ba é ba chúis leis an laghdú beag i dtéarmaí réadacha in 2023 laghdú beagnach 8 % ar shochair eisiaimh shóisialta agus laghdú beagnach 5 % ar shochair dhífhostaíochta, mar aon le laghdú thart ar 1 % ar chaiteachas ar shochair bhreoiteachta agus cúraim sláinte. Ar an taobh eile, tháinig méadú 0,7 % i dtéarmaí réadacha ar chaiteachas a bhaineann le sochair sheanaoise agus mharthanóra.

**An caiteachas ar shochair sheanaoise agus mharthanóra, tá sé fós beagnach leath den chaiteachas uile ar shochair cosanta sóisialta san Aontas.** Ba é 46,7 % an sciar sin in 2023 (vs 46,2 % in 2022). Bhí sochair cúraim sláinte agus bhreoiteachta fós ar an dara sciar ba mhó (29,9 % vs 30,2 % in 2022), agus ba é 8,6 % a bhí sna sochair theaghlaigh (amhail in 2022) agus 7,1 % sna sochair mhíchumais (vs 7 % in 2022). Lean an sciar sochar dífhostaíochta, mar aon leis an sciar dífhostaíochta, de bheith ag laghdú go 3,9 % in 2023 (an

---

[243] Eurostat, Cosaint shóisialta (spr_exp_func, arna asbhaint an 07/11/2024). Is meastacháin iad sonraí 2023 lena gcumhdaítear gach Ballstát seachas an Ghréig.
[244] Is iad sin FR, FI, AT, DE, BE agus IT agus IE, MT, EE, RO, LT agus HU, faoi seach.
[245] Déantar na hathruithe i dtéarmaí réadacha a mheas tríd an gcaiteachas i dtéarmaí ainmniúla in EUR [spr_exp_func] a dhíbhoilsciú de réir an innéacs chomhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) – féach tuilleadh sonraí anseo.
[246] Is iad sin SK, PL, CY, BE, BG, LU agus NL agus EE, LV, IT agus LT, faoi seach.

leibhéal ab ísle riamh ó bhí 2008 ann, an chéad bhliain den amshraith), i gcomparáid le 4,1 % in 2022, tar éis dul i laghad ón leibhéal ab airde riamh a baineadh amach in 2020 (7,4 %). An tráth céanna, tháinig laghdú ar an sciar den chaiteachas ar shochair eisiaimh shóisialta ó 2,6 % in 2022 go 2,4 % in 2023. Os a choinne sin, tháinig méadú beag ar an sciar den chaiteachas ar shochair thithíochta (ag 1,4 %) i gcomparáid le 2022 (1,3 %). Tháinig méadú bliain ar bhliain ar an sciar sochar seanaoise agus marthanóra i bhformhór na mBallstát (16 as 26), agus chonacthas laghdú i bhformhór na mBallstáit i gcatagóirí amhail sochair cúraim sláinte agus bhreoiteacht, sochair dhífhostaíochta nó sochair eisiaimh shóisialta.

**Fíor 2.4.10: Tháinig laghdú beag ar an tionchar a d'imir aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta in 2023, agus bhí roinnt comharthaí dibhéirseachta ann**

Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe (% príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara:* Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh na Cróite.
*Foinse:* Eurostat [tespm050], SIDM-AE.

**Tháinig laghdú beag ar an tionchar a d'imir aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta in 2023, agus bhí roinnt comharthaí dibhéirseachta ann ó Bhallstát go chéile.** Tá feidhm ag an laghdú sin maidir leis an Aontas ar an meán (-0,3 pointe céatadáin, atá fós níos airde ná mar a bhí roimh phaindéim COVID-19) agus maidir le formhór mór na mBallstát araon – féach Fíor 2.4.10. Bhí na difríochtaí fós mór ó thír go chéile mar sin féin. In 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022), bhí 'cásanna criticiúla' sa Rómáin, sa Ghréig, sa Phortaingéil, sa Chróit agus sa Spáinn, ar imir aistrithe sóisialta tionchar an-íseal iontu uile (idir 15,6 % agus 22,9 %), agus tháinig laghdú i ngach Ballstát seachas sa Chróit. Bhí 'faire' le déanamh ar cheithre Bhallstát. Ina measc, ba i Lucsamburg a tháinig an laghdú tionchair ba mhó, agus bhí laghduithe ní ba lú san Eastóin, i Málta agus sa Laitvia, agus iad uile faoi bhun mheánleibhéil an Aontais. Ar an taobh eile, ba iad Éire, an Danmhairg, an Bheilg agus an Fhionlainn na 'gníomhaithe is fearr' (agus figiúirí idir 48,7 % agus 57,7 % acu). Tháinig laghdú beag ar thionchar na n-aistrithe sóisialta ar riosca na bochtaineachta airgeadaíochta in 2023 ar an meán san Aontas do leanaí freisin (-

0,3 pointe céatadáin[247]), rud a léiríonn laghduithe i 20 Ballstát (suas le -18,6 pointe céatadáin san Ungáir, -8,8 pointe céatadáin i Lucsamburg agus -7,3 pointe céatadáin sa tSualainn), nach mó ná sin iad na méaduithe i mionlach Ballstát (suas le +8,2 pointe céatadáin san Iodáil, +3,2 pointe céatadáin sa tSlóvaic agus +2,5 pointe céatadáin sa Chróit). Bhí difríochtaí móra idir réigiúin an Aontais freisin sa tionchar a d'imir aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta don daonra foriomlán, go háirithe sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ungáir, sa Pholainn, sa Phortaingéil agus sa Spáinn (féach Fíor 9 in Iarscríbhinn 5), lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.

**Cé go ndearnadh feabhsuithe le blianta beaga anuas, ní leor an tacaíocht ioncaim íosta go ginearálta, i mbeagnach gach Ballstát, chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht**. Feidhmíonn scéimeanna ioncaim íosta mar líontán sábhála sóisialta na rogha deiridh[248]. Is féidir measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na tacaíochta trí ioncam indiúscartha teaghlach a bhraitheann ar ioncam íosta amháin (agus nach bhfuil aon ioncam ón obair acu) a chur i gcomparáid le tairseach riosca na bochtaineachta (AROP) - féach Fíor 2.4.11[249]. I gcás teaghlach ina bhfuil aosach amháin, is é an leibhéal tacaíochta an leibhéal is flaithiúla san Ísiltír, mar ar beag nach sroicheann sé tairseach riosca na bochtaineachta (arb é atá inti 60 % den ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach), agus tá sé ag 50 % den ioncam airmheánach in Éirinn, sa Bheilg agus i Lucsamburg nó os a chionn, agus idir 30 % agus 50 % den ioncam airmheánach i bhformhór na dtíortha eile. Is sa Rómáin, san Ungáir agus sa Bhulgáir atá an tacaíocht is lú do theaghlach duine fhásta aonair, mar a bhfuil sí thart ar 10 % den ioncam airmheánach nó faoina bhun. I gcomparáid le 2022, tá feabhas tagtha ar leordhóthanacht na tacaíochta san Eastóin (+4 phointe céatadáin), san Ísiltír agus i Lucsamburg (+3 phointe céatadáin), in Éirinn, sa Bheilg, sa Spáinn, sa Liotuáin agus sa tSeicia (+2 phointe céatadáin), agus tá laghdú tagtha uirthi san Iodáil, san Ostair, sa Chipir, sa Pholainn (-3 phointe céatadáin), sa Ghréig agus san Ungáir (-2 phointe céatadáin). Nuair a mheastar cás teaghlaigh ina bhfuil beirt aosach agus beirt leanaí, i bhformhór na mBallstát tá leordhóthanacht na tacaíochta comhchosúil leis sin nó níos airde, go príomha mar gheall ar an ról méadaithe ag sochair theaghlaigh. Fós féin, is sa Liotuáin amháin atá an leibhéal tacaíochta don chineál sin teaghlaigh leordhóthanach chun iad a thabhairt slán as an mbochtaineacht. I gcomparáid le 2022, i gcás an chineáil teaghlaigh sin, chonacthas feabhsuithe láidre ar leordhóthanacht (níos mó ná +5 phointe céatadáin) san Eastóin, sa Spáinn, sa tSeicia agus sa tSlóvaic, agus tháinig laghdú mór (-6 phointe céatadáin) sa Pholainn. Ar deireadh, maidir leis an nglanioncam a thuilleann duine atá ag obair go lánaimseartha ar an bpá íosta (nó ar phá íseal comhfhreagrach sna tíortha sin nach bhfuil pá íosta náisiúnta acu), tá sé níos airde go córasach i ngach Ballstát ná an tacaíocht ioncaim a fhaightear trí chúnamh sóisialta agus an duine sin dífhostaithe.

---

[247] Tá sé sin bunaithe ar an gcreat tagarmharcála maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí arna bhunú ag Foghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta. Is féidir an táscaire a ríomh ón ráta AROP do leanaí roimh aistrithe agus ina ndiaidh (gan pinsin a chur san áireamh). Ní bhreithnítear aistrithe sóisialta comhchineáil, lena n-áirítear, i measc nithe eile, oideachas agus cúram luath-óige saor in aisce, oideachas, agus cúram sláinte san anailís seo.

[248] *Council Recommendation on adequate minimum income ensuring active inclusion (2023/C 41/01)* [Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (2023/C 41/01)].

[249] I dteannta sochair ioncaim íosta, d'fhéadfadh teaghlaigh a bheith i dteideal sochair thithíochta agus theaghlaigh a fháil.

**Fíor 2.4.11: Tá leordhóthanacht an chúnaimh shóisialta do theaghlaigh gan duine fostaithe fós réasúnta íseal**

Glanioncam indiúscartha coibhéisithe teaghlach (duine aonair, agus beirt aosach a bhfuil beirt leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois acu) a fhaigheann cúnamh sóisialta, mar chéatadán den ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach, 2023 (%)




*Tabhair faoi deara*: Baill fásta den teaghlach nach bhfuil fostaithe agus nach bhfaigheann sochair dhífhostaíochta. Glanioncaim lena n-áirítear cúnamh sóisialta, sochair theaghlaigh agus thithíochta, tar éis cánacha agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta. Glanioncam duine aonair atá ag obair go lánaimseartha ar an bpá íosta náisiúnta (nó ag 45 % den mheánphá i gcás na dtíortha nach bhfuil pá íosta náisiúnta acu: An Danmhairg, an Iodáil, an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn).
*Foinse:* Ríomhanna dílse bunaithe ar aschur ó shamhail cánach sochair ECFE, leagan samhla 2.6.3, agus Eurostat [ilc_di03], staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála.

**Tá an easpa fostaíochta fós ina príomhchúis le rioscaí bochtaineachta, agus ní shroicheann sochair shóisialta ar an meán gach teaghlach atá ina ngátar.** San Aontas, maidir le teaghlaigh ina raibh daoine aonair in aois oibre dífhostaithe nó nach raibh ach fíorbheagán oibre acu (i.e. chaith siad 20 % nó níos lú dá n-am oibre ionchasach iomlán ag obair), bhí 60,7 % díobh i mbaol bochtaineachta in 2023[250] – féach Fíor 2.4.12. Tá an sciar sin cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ach tá difríochtaí tábhachtacha le sonrú i measc na mBallstát. Bhí ráta riosca na bochtaineachta do theaghlaigh gan duine fostaithe (nó teaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (i.e. a bhfuil déine oibre an-íseal acu) idir 80 % sa Rómáin (-9 bpointe céatadáin vs 2022) agus níos lú ná 40 % in Éirinn (-6 phointe céatadáin). Chonacthas méaduithe an-láidir san Ostair (+14 phointe céatadáin), sa Chipir (+10 bpointe céatadáin) agus sa Phortaingéil (+9 bpointe céatadáin) – cé gur aníos ó leibhéil tosaigh i bhfad ní b'ísle a tháinig siad – chomh maith leis an tSlóivéin agus an tSualainn (+7 bpointe céatadáin). Chonacthas laghduithe móra san Ungáir (-14 phointe céatadáin), sa Bheilg (-9 bpointe céatadáin) agus sa Danmhairg (-8 bpointe céatadáin). An tráth céanna, ba é 83,5 % an sciar de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta agus a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) a fhaigheann sochair shóisialta san Aontas in 2023, méadú ó 81,1 % an bhliain roimhe sin – féach Fíor 2.4.13[251]. Tá difríochtaí tábhachtacha idir na Ballstáit, agus tá an ráta sin idir 100 % (beagnach) sa Danmhairg, san Ostair agus sa Fhrainc agus níos lú ná 60 % sa Chróit. Tháinig méadú ar an gcumhdach nó

[250] Chomh maith leis sin, ar an meán san Aontas, ba é 47,5 % ráta riosca na bochtaineachta i gcás daoine dífhostaithe in 2023, agus bhí rátaí os cionn 50 % in ocht dtír, agus bhí siad thart ar 60 % nó os a chionn sa Liotuáin, san Ísiltír agus sa Rómáin. Tá an riosca bochtaineachta i measc daoine dífhostaithe níos airde inniu in 12 Bhallstát ná mar a bhí sa tréimhse roimh COVID (ag tagairt d'ioncaim 2019).
[251] Áirítear leis sin aon chineál sochar sóisialta, agus ní amháin scéimeanna ioncaim íosta.

d'fhan sé cuibheasach cobhsaí (níor tháinig ach athruithe is lú ná 2 phointe céatadáin air) i bhformhór na mBallstát idir 2022 agus 2023 (blianta ioncaim 2021 agus 2022, faoi seach). Chonacthas méaduithe móra san Ostair (+15,8 pointe céatadáin), san Ungáir (+12,8 pointe céatadáin), san Iodáil (+12,2 pointe céatadáin) agus sa Laitvia (+8,3 pointe céatadáin), agus chonacthas laghdú mór i Málta (-23,7 pointe céatadáin). In thart ar dhá thrian de na Ballstáit, is féidir sochair ioncaim íosta a chomhcheangal (go páirteach ar a laghad) le hioncam ón obair, rud a chruthaíonn dreasachtaí dearfacha le haghaidh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.

**Fíor 2.4.12: Tá rátaí bochtaineachta fós ard i measc teaghlaigh gan duine fostaithe nó i measc teaghlaigh ghar-dhífhostaithe**

Ráta riosca na bochtaineachta i gcás daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (%)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh sa tsraith in 2023 i gcás na Cróite. Is éard atá i dteaghlaigh gan duine fostaithe (teaghlaigh ghar-dhífhostaithe) [a bhfuil déine oibre an-íseal acu] teaghlaigh inar chaith na baill atá in aois oibre méid ama ag obair a bhí ní ba lú ná 20 % dá n-acmhainneacht iomlán ama oibre, nó cothrom léi, le linn na bliana roimhe sin.
*Foinse:* Eurostat [ilc_li06], AE-SIDM.

**Fíor 2.4.13: Tá éagsúlacht thábhachtach ó Bhallstát go chéile ann maidir leis an sciar de dhaoine i mbaol bochtaineachta a chumhdaítear le sochair shóisialta**

Ráta faighteoirí sochair i gcás daoine idir 18-64 bliana d'aois atá i mbaol bochtaineachta agus a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (%)




*Tabhair faoi deara*: Briseadh sa tsraith in 2023 i gcás na Fraince.
*Foinse:* Eurostat [ilc_li70], AE-SIDM.

**Tá bochtaineacht airgeadaíochta fós níos airde i gcás daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta ná d'oibrithe eile, cé go bhfuil ról níos tábhachtaí ag sochair cosanta sóisialta maidir lena rioscaí bochtaineachta a laghdú.** Cé go raibh tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta in 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022) san Aontas i bhfad ní b'airde d'oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail fostaithe ar chonarthaí sealadacha (22,2 %), agus páirtaimseartha (24,2 %), chomh maith le daoine féinfhostaithe (26,2 %), i gcomparáid leis an ngnáthfhostaí

(12,0 %)[252], ba mhó an bhochtaineacht airgeadaíochta i measc na ngrúpaí sin i bhformhór na mBallstát. Ar leibhéal an Aontais, ba é 12,8 % ráta riosca na bochtaineachta i measc oibrithe ar chonradh sealadach (i gcomparáid le 5,3 % i measc oibrithe ar chonradh buan), 14,3 % i measc oibrithe páirtaimseartha (i gcomparáid le 7,1 % i measc oibrithe lánaimseartha) agus 20,7 % i measc daoine féinfhostaithe, i gcomparáid le 6,4 % i measc na bhfostaithe uile ar an meán[253]. Bhí bochtaineacht airgeadaíochta i gcás oibrithe ar chonarthaí sealadacha níos airde ná 15 % in ocht mBallstát[254], agus os cionn 20 % fiú amháin i dtrí cinn acu (an Bhulgáir, an Chipir agus an tSualainn). Thairis sin, mhéadaigh sé i 10 mBallstát i gcomparáid leis an tréimhse roimh COVID (bunaithe ar bhliain tagartha 2019). I measc daoine féinfhostaithe, bhí an ráta bochtaineachta ní b'airde ná meán an Aontais in ocht mBallstát[255], gar do 30 % sa Pholainn agus san Eastóin, agus chomh hard le 68 % sa Rómáin. Thairis sin, bhí sé ní b'airde i 16 Bhallstát ná mar a bhí in 2019.

**Tá éagsúlacht leathan i gcumhdach na sochar sóisialta ó Bhallstát go chéile, i gcás catagóirí éagsúla oibrithe, agus de réir stádais fostaíochta chomh maith.** Ar an meán san Aontas in 2023 (ag tagairt d'ioncaim 2022), bhí an sciar de dhaoine in aois oibre (16-64 bliana d'aois) atá i mbaol bochtaineachta (roimh aistrithe sóisialta) agus a bhí ag fáil sochair shóisialta[256] níos airde ina measc siúd a raibh conarthaí sealadacha acu (39,2 %) ná iad siúd a raibh conarthaí buana acu (27,3 %) agus bhí sé níos airde i measc oibrithe páirtaimseartha (33,3 %) ná i measc oibrithe lánaimseartha (25,7 %). Mar sin féin, bhí sé Bhallstát ann (an tSualainn, an tSlóivéin, an Eastóin, an Bhulgáir, an Danmhairg agus an Chipir) inar lú an seans go bhfaigheadh fostaithe ar chonradh sealadach sochair ná iad siúd faoi chonarthaí buana, agus b'amhlaidh arís i sé Bhallstát (an Eastóin, an Iodáil, an Phortaingéil, an Laitvia, an Bhulgáir agus an tSlóivéin) gur lú an seans go bhfaigheadh oibrithe páirtaimseartha sochair ná oibrithe lánaimseartha. Mar an gcéanna le 2022, i gcúig thír (an Chróit, an Ghréig, Lucsamburg, an Pholainn agus an Rómáin), bhí níos lú ná 10 % díobh siúd a bhí fostaithe agus i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta ag fáil sochair shóisialta in 2023. Daoine féinfhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta (roimh aistrithe sóisialta), ba iad na daoine ba lú ba dhóichí a gheobhadh sochair shóisialta, agus cumhdach 12,7 % acu in 2023 in AE-27, ráta atá níos gaire don leibhéal sa tréimhse roimh COVID-19 (10,8 % in 2019), ar ar tháinig laghdú ó 29,0 % in 2021, rud a léiríonn an deireadh a cuireadh de réir a chéile le bearta tacaíochta eisceachtúla mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19. In 2023, d'fhan an sciar sin faoi bhun 5 % i seacht mBallstát (an Phortaingéil, an tSlóvaic, Lucsamburg, an Pholainn, an Chróit, an Ghréig agus an Rómáin). Ar an meán, ní raibh ach

---

[252] Asbhaint speisialta ag Eurostat ó SIDM-AE bunaithe ar mhiondealuithe móra an phríomhtháscaire maidir le leordhóthanacht sa chreat faireacháin i ndáil le rochtain ar chosaint shóisialta. Féach: [Access to social protection for workers and the self-employed. (Partial) Update of the monitoring framework – 2023 [Rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Nuashonrú (páirteach) ar an gcreat faireacháin – 2023]].

[253] Mar sin féin, tá sé deacair ioncam i gcás daoine féinfhostaithe a mheas agus léiríonn an táscaire ráta díothachta ábhartha agus sóisialta leibhéal beagán níos ísle i gcás daoine féinfhostaithe i gcomparáid le fostaithe (8,0 % agus 8,9 % san Aontas in 2023 faoi seach).

[254] Is iad sin BG, CY, SE, LU, HU, PT, IT agus AT.

[255] Is iad sin FR, SI, LV, PT, ES, PL, EE agus RO.

[256] Asbhaint speisialta ag Eurostat den táscaire maidir leis an ráta faighteoirí le haghaidh 'rochtain éifeachtach' sa chreat faireacháin maidir le rochtain ar chosaint shóisialta: [Access to social protection for workers and the self-employed. (Partial) Update of the monitoring framework – 2023 [Rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Nuashonrú (páirteach) ar an gcreat faireacháin – 2023]]. Is ionann an spriocphobal agus iad siúd atá i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta. Is ionann sochair shóisialta a chumhdaítear sa táscaire agus iad siúd a fhaightear ag leibhéal an duine aonair, gan pinsin seanaoise agus mharthanóra a chur san áireamh.

beagán níos mó ná leath (52,4 %) de na daoine dífhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta ag fáil sochair shóisialta san Aontas in 2023. Bhí an sciar sin i bhfad ní b'ísle, thart ar 15 % nó faoina bhun, i sé Bhallstát (an Ghréig, an Rómáin, an Pholainn, an Chróit, an tSlóvaic agus an Ísiltír).

**Ar an iomlán, tá rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach fós éagsúil ó Bhallstát go chéile, d'ainneoin roinnt feabhsuithe le cúpla bliain anuas**[257]. Maidir le cumhdach foirmiúil[258], in earrach 2023 bhí bearnaí fós i 15 mBallstát maidir le grúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad i mbrainse amháin de chosaint shóisialta ar a laghad, arbh iad sochair dhífhostaíochta, bhreoiteachta agus/nó mháithreachais ba mhinice a bhí iontu. Thairis sin, i 13 Bhallstát bhí rochtain ar bhrainse cosanta sóisialta amháin ar a laghad deonach do ghrúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad, is minice i ndáil le sochair dhífhostaíochta, agus sochair easláine, bhreoiteachta agus mháithreachais i ndiaidh sin. Maidir le daoine féinfhostaithe, chuaigh siad i ngleic le bearnaí foirmiúla cumhdaigh i mbrainse amháin de chosaint shóisialta nó níos mó i 18 mBallstát, is minice i ndáil le sochair dhífhostaíochta agus sochair le haghaidh timpistí ag an obair agus galair cheirde. Thairis sin, in 18 mBallstát bhí a gcumhdach deonach, is minice maidir le sochair bhreoiteachta, seanaoise agus mháithreachais. Léiríonn na meastacháin atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta go bhfuil rátaí ísle glactha ag daoine féinfhostaithe le formhór na scéimeanna deonacha.

---

[257] Féach an tuarascáil ón gCoimisiúin ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, COM/2023/43 final agus an Creat faireacháin a formhuiníodh in 2020 agus an nuashonrú (2023) a foilsíodh i mí Bealtaine 2024.

[258] Ciallaíonn cumhdach foirmiúil grúpa go luaitear sa reachtaíocht nó sa chomhaontú comhchoiteann atá ann faoi láthair maidir le brainse sonrach cosanta sóisialta (e.g. seanaois, breoiteacht, dífhostaíocht, máithreachas) go bhfuil na daoine aonair sa ghrúpa i dteideal páirt a ghlacadh i scéim cosanta sóisialta lena gcumhdaítear brainse sonrach.

**Fíor 2.4.14: D’fhan an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta cuibheasach cobhsaí ar leibhéal an Aontais agus tá roinnt comharthaí dibhéirseachta ann ó Bhallstát go chéile**

Sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh a bhfuil ró-ualach orthu maidir le costas tithíochta, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith i gcás na Gearmáine agus Mhálta.
*Foinse:* Eurostat [tespm140], SIDM-AE.

**Tá dúshlán na hinacmhainneachta tithíochta ag méadú san Aontas.** In 2023, bhí an sciar de dhaonra an Aontais a raibh orthu dul i ngleic leis an ró-ualach maidir le costas tithíochta fós cuibheasach cobhsaí (ag 8,8 %, ó 8,7 % in 2021-22), rud a léiríonn comharthaí dibhéirseachta – féach Fíor 2.4.14. In 2023, bhí an Ghréig agus Lucsamburg i ‘gcásanna criticiúla’, mar aon leis an Danmhairg. Bhí an ráta ab airde i measc na mBallstát sa Ghréig (28,5 %), mar a bhfacthas méadú 1,8 pointe céatadáin, agus bhí an dara ráta ab airde i Lucsamburg, mar a bhfacthas ráta 22,7 % agus méadú 7,5 pointe céatadáin. Ina ndiaidh bhí an Danmhairg ag 15,4 %, agus méadú 0,7 pointe céatadáin aici i gcomparáid le 2022. Bhí ‘faire’ le déanamh ar an nGearmáin agus ar Mhálta araon mar gheall ar luach táscaire réasúnta ard i gcás an chéad cheann (13,0 %) agus méadú ard i gcás an dara ceann (faoi 3,1 pointe céatadáin go 6,0 %). Ba í an Chipir (ag 2,6 %) an t-aon ‘ghníomhaí is fearr’ in 2023. I measc daoine a bhí i mbaol bochtaineachta, bhí an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta i bhfad ní b’airde ná an ráta don chuid eile den daonra san Aontas, ag 33,5 % i gcomparáid le 4,1 %. Ba sa Ghréig (86,3 %, méadú 1,8 pointe céatadáin), sa Danmhairg (72,3 %, méadú 1,6 pointe céatadáin) agus i Lucsamburg (62,2 %, méadú 26,5 pointe céatadáin) a bhí na rátaí ró-ualaigh ba mhó don daonra a bhí i mbaol bochtaineachta in 2023, agus ba sa Chipir (8,9 %) a bhí an ráta ab ísle (faoi bhun 20 %). D’fhéadfadh éagsúlacht a bheith ó thír go chéile mar gheall ar leibhéil éagsúla praghsanna tithíochta, beartais náisiúnta maidir le tithíocht shóisialta agus/nó fóirdheontais phoiblí agus sochair arna soláthar ag rialtais le haghaidh tithíochta – féach Roinn 2.4.2. Ar an iomlán, ó Bhallstát go chéile, is gnách gur mó i bhfad an difear a dhéanann an ró-ualach maidir le costas tithíochta (20,3 %) do thionóntaí sa mhargadh príobháideach cíosa ná do thionóntaí a íocann cíos ar phraghas

laghdaithe nó saor in aisce (11,3 %) ná d'úinéirí a bhfuil morgáistí nó iasachtaí amuigh acu (5,3 %).

**Bosca Cholún 6: Rochtain ar thithíocht agus ar thithíocht shóisialta san Aontas Eorpach – dúshláin agus forbairtí**

**Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais í rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta ar ardchaighdeán dóibh siúd atá i ngátar**, i gcomhréir le prionsabal 19 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá rochtain ar thithíocht ríthábhachtach chun daoine aonair a chosaint ar rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus rannchuidíonn sí le cáilíocht mhaith saoil. Is leis sin a chinntear rochtain ar dheiseanna oideachais agus fostaíochta agus bíonn tionchar aige ar shoghluaisteacht a bhaineann leis an obair laistigh de na Ballstáit agus i Margadh Aonair an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh an tithíocht shóisialta feidhmiú mar rogha dheireanach dóibh siúd atá i ngátar nuair a chruthaíonn inacmhainneacht tithíochta ar an margadh dúshláin. I ndáil leis sin, iarradh le Dearbhú Aireachta Liège go mbeadh Comhaontú Nua Eorpach ann maidir le tithíocht shóisialta inacmhainne[259]. Fógraíodh go bhforbrófaí an chéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne riamh mar chuid de na Treoirlínte Polaitiúla le haghaidh an Choimisiúin nua[260].

**Imríonn costais tithíochta tionchar ar bhuiséid theaghlaigh an Aontais, go háirithe orthu siúd atá i mbaol bochtaineachta cheana féin.** De réir na sonraí is déanaí atá ar fáil ó Eurostat le haghaidh 2023, measann 46,2 % agus 31,8 % de theaghlaigh na hEorpa gur ualach airgeadais agus ualach trom airgeadais, faoi seach, iad na costais tithíochta iomlána[261]. San Aontas, in 2023, bhí 8,8 % den daonra ina gcónaí i dteaghlach a chaith níos mó ná 40 % dá n-ioncam indiúscartha teaghlaigh iomlán ar chostais tithíochta iomlána (glan ó liúntais tithíochta). Bhí an 'ráta ró-ualaigh' sin, mar a thugtar air, chomh hard le 33,5 % i gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta cheana féin. Ar an iomlán, 19,7 % ar an meán ba ea sciar iomlán na gcostas tithíochta den ioncam indiúscartha teaghlaigh ach ba 38,2 % an sciar i gcás daoine i mbaol bochtaineachta (AROP) – féach an Fíor. Bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile freisin idir costais tithíochta mar sciar den ioncam indiúscartha, arbh é a bhí iontu níos mó ná leath de bhuiséad an teaghlaigh sa Ghréig agus sa Danmhairg agus beagán níos lú ná an tríú cuid san Iodáil, sa Phortaingéil, i Málta agus sa Chipir. Thairis sin, in earrach 2022, bhí coinne ag 28 % de dhaonra an Aontais agus 33 % de thionóntaí tithíochta sóisialta leis gur dócha go mbeadh deacrachtaí acu billí fóntais a íoc, agus d'fhéadfadh sé go ndíshealbhófaí iad ar deireadh dá dheasca. Tháinig meath ar inacmhainneacht tithíochta mar gheall ar mhéaduithe ar chíosanna agus ar phraghsanna réadmhaoine a bhí ní ba mhó ná an méadú ioncaim, go háirithe i gcathracha móra an Aontais. An tráth céanna, d'fhéadfadh liostaí feithimh do thithíocht shóisialta a bheith fada (níos mó ná 7 mbliana i 25 % de bhardais san Ísiltír, agus scór bliain nó níos faide sa Danmhairg)[262], agus d'fhéadfadh líon mór daoine a bheith ag fanacht (136 156 theaghlach sa Pholainn, 61 880 teaghlach in Éirinn agus 257 271 theaghlach sa Bheilg, mar shampla). Is minic gur daoine níos óige, agus imircigh nach as an

[259] Féach Liège Declaration: Towards affordable, decent, and sustainable housing for all [Dearbhú Liège: I dtreo tithíocht inacmhainne, chuibhiúil agus inbhuanaithe do chách].

[260] Féach: Europe's Choice: Political Guidelines for the next European Commission [Rogha na hEorpa: Treoirlínte Polaitiúla maidir leis an gcéad Choimisiún Eorpach eile].

[261] Féach Eurostat [ilc_mded04].

[262] Féach Eurofund, Unaffordable and insufficient housing in Europe [Tithíocht neamh-inacmhainne agus neamhleor san Eoraip], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023. Is deacair figiúirí liostaí feithimh a chur i gcomparáid go trasnáisiúnta agus le himeacht ama, agus mar sin ní mór iad a léirmhíniú go cúramach.

Aontas dóibh (37 %), iad na daoine ar liostaí feithimh. Déanann teaghlaigh nach bhfuil ach duine amháin iontu iarratas níos minice (50-65 % san Fhionlainn agus i Málta, mar shampla).

**Tá sciar tithíochta sóisialta an Aontais den stoc iomlán tithíochta ag dul i laghad ó bhí na 1990í ann.** Níl ach 12 % den stoc iomlán tithíochta san Aontas tiomnaithe faoi láthair do chuspóirí sóisialta agus tá éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile maidir le méid an stoic tithíochta sóisialta ar cíos[263]. Is ag an Ostair, ag an Danmhairg agus ag an Ísiltír atá an cion tithíochta sóisialta is mó, a mbaineann teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam leas aisti[264]. In 2018, sa tuarascáil ón Tascfhórsa Ardleibhéil um Infheistiú sa Bhonneagar Sóisialta san Eoraip, measadh gurb í EUR 1,5 trilliún ar a laghad an bhearna infheistíochta iomlán sa bhonneagar sóisialta le haghaidh na tréimhse idir 2018 agus 2030 agus go mbaineann EUR 57 mbilliún le tithíocht inacmhainne agus tithíocht shóisialta[265]. Chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh 2030 a bhaint amach, meastar go bhfuil gá le EUR 275 bhilliún le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, a bhfuil an chuid is mó de le caitheamh ar fhoirgnimh chónaithe, lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne[266]. Trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta a chomhtháthú i mbeartais tithíochta sóisialta, is féidir a áirithiú go dtairbheoidh grúpaí leochaileacha de na deiseanna a ghabhann leis an aistriú glas. Na bacainní is tábhachtaí ar infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta, baineann siad leis na nithe seo a leanas: i) constaicí foriomlána in earnáil na tógála, amhail lucht saothair oilte a bheith ar fáil; ii) nósanna imeachta ceadaithe agus úsáid talún; iii) srianta buiséid agus rochtain ar mhaoiniú.

**Is ar chostais tithíochta a chaitear thart ar 40 % d'ioncam indiúscartha na dteaghlach atá i mbaol na bochtaineachta, agus tá éagsúlacht mhór ann ó Bhallstát go chéile**

Sciar na gcostas tithíochta d'ioncam indiúscartha teaghlaigh (%, 2023)




*Foinse:* Eurostat [ilc_mded01], SIDM-AE

**Tá athchóirithe rialála agus neamhrialála agus cláir infheistíochta éagsúla curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit cheana féin chun a stoc tithíochta sóisialta a mhéadú agus chun tacú le hinacmhainneacht tithíochta.** Sa **tSeicia**, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, mhol an rialtas reachtaíocht nua maidir le tithíocht

[263] Housing Europe, The State of Housing in the EU, 2020.Housing Europe
[264] ECFE, Social housing: A key part of past and future housing policy, Employment, 2020.
[265] Fransen, L., del Bufalo, G. and Reviglio, E., *Boosting Investment in Social Infrastructure in Europe – Report of the High-Level Task Force on Investing in Social Infrastructure in Europe*, 2018.
[266] Féach A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving lives [Rabharta Athchóirithe don Eoraip – ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú], COM/2020/662 final.

inacmhainne chomh maith le cláir iasachtaithe fóirdheonaithe. Thug **Éire** Faoiseamh Cánach ar Ús Morgáiste agus an Cháin ar Thithe Folmha isteach. Áirítear i bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta **na Gréige** clár athchóirithe tithíochta sóisialta chun tacú leis na grúpaí is leochailí atá i mbaol easpa dídine nó atá gan dídean. Sa **Spáinn**, bunaíodh saoráid iasachta chun tacú le cuideachtaí poiblí agus príobháideacha 20 000 teaghais nua shóisialta agus inacmhainne a sholáthar. Sa **Fhrainc**, tá scrúdú á dhéanamh ag an bParlaimint ar chreat nua dlíthiúil chun ról na méaraí i leithdháileadh tithíochta sóisialta a neartú agus chun uirlisí rialála cóiríochta ar chíos gearrthéarmach a chuíchóiriú. Glacadh dlí nua chun athchóiriú agus soláthar tithíochta a shimpliú. D'fhorbair **an Laitvia** straitéis chun rochtain ar thithíocht a chur chun cinn do theaghlaigh ar leibhéil éagsúla ioncaim. Ghlac **Lucsamburg** dlí maidir le tithíocht inacmhainne, lena n-áirítear le haghaidh teaghlaigh ar ioncam íseal. Tá tacar beart fioscach agus neamhfhioscach ar fáil chun tacú le rochtain ar úinéireacht inacmhainne agus ar chíos inacmhainne. Ina theannta sin, le plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg, tugadh isteach an t-athchóiriú 'Comhshocrú Tithíochta 2.0' lena gcuirtear creat tagartha nua i bhfeidhm le haghaidh tacaíocht rialtais do bhardais chun tionscadail tithíochta nua a chruthú, trí fhoirgnimh nua a thógáil nó trí athchóiriú a dhéanamh ar an stoc foirgneamh atá ann cheana. D'fhorbair **an Phortaingéil** tacar beart chun soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta lena ngabhann CBL laghdaithe a chur chun cinn agus nósanna imeachta simplithe chun borradh a chur faoin tógáil agus chuir sí dreasachtaí cánach tithíochta chun feidhme do dhaoine óga. Is féidir tacaíocht thábhachtach a thabhairt le cistí ón Aontas chun na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a chur chun feidhme. Leis an tsraith straitéisí oibriúcháin maidir le húsáid cistí ón Aontas le haghaidh infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta agus seirbhísí gaolmhara, soláthraítear faisnéis maidir leis na deiseanna cistiúcháin agus samplaí d'oibríochtaí is féidir a bhaint amach le deontais agus le maoiniú in-aisíoctha[267].

**Déanann drocháiseanna tithíochta agus plódú difear do sciar mór teaghlach san Aontas.** In 2023, bhí díothacht tithíochta de chineál éigin ar 14,5 % de dhaonra an Aontais[268], a thuairiscigh mír amháin díothachta ar a laghad, is é sin díon silteach, easpa folctha/cithfholcadáin, easpa leithris faoi dhíon nó teaghais a mheastar a bheith ródhorcha. Rud is mó fós, bhí 16,8 % ina gcónaí i dteaghlach plódaithe, gan an líon íosta seomraí acu de réir chomhdhéanamh an teaghlaigh. Is gnách an díothacht tithíochta a bheith nasctha leis an gcineál teaghlaigh, le hioncam agus le stádas tionachta. In 2023, san Aontas, bhí 20,6 % de theaghlaigh duine aonair a bhfuil leanbh cleithiúnach amháin acu agus 19 % de theaghlaigh i mbaol bochtaineachta ag dul i ngleic le díothacht tithíochta, agus bhí 29,6 % de na teaghlaigh sin ina gcónaí i dteaghaisí plódaithe.

[267] Féach Social Housing and Beyond.

[268] Braitheann an mhír sin ar tháscairí Eurostat [ilc_mddd04a], [ilc_lvho05a] agus [ilc_mddd04a].

**Fíor 2.4.15: Feictear éagsúlachtaí móra ó Bhallstát go chéile maidir leis an úsáid a bhaintear as scéimeanna liúntais tithíochta chun tacú le teaghlaigh costais tithíochta a íoc**

Caiteachas poiblí ar liúntais tithíochta i mBallstáit roghnaithe in 2022 nó an bhliain is déanaí atá ar fáil (% de OTI)




*Tabhair faoi deara*: Tagraíonn sonraí do na freagraí ar Cheistneoir ECFE 2023 maidir le Tithíocht Inacmhainne agus Shóisialta cé is moite den Chipir, den Danmhairg, den Eastóin, den Fhrainc, den Laitvia, den Liotuáin, den Pholainn agus den tSlóivéin
*Foinse:* Bunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne ECFE [PH3.1]

**Is minic a úsáidtear liúntais tithíochta mar ionstraim tacaíochta tithíochta, agus is mór an éagsúlacht ó Bhallstát go chéile maidir lena ndearadh agus a méid.** Is éard atá i liúntais tithíochta aistrithe de réir tástáil acmhainne agus/nó ioncaim a sholáthraítear de ghnáth do theaghlaigh ar ioncam íseal a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ábhartha chun cuidiú leo costais chíosa agus costais tithíochta eile a íoc, go sealadach nó ar bhonn fadtéarmach. De réir sonraí a foilsíodh i mBunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne ECFE, is sa Pholainn agus i Lucsamburg is ísle (ag 0.2 %) atá caiteachas iomlán an rialtais ar liúntais tithíochta (arna shloinneadh mar chéatadán de OTI), atá spriocdhírithe ar thionóntaí agus ar úinéirí tí araon, agus is san Fhionlainn (0,9 %), sa Danmhairg (0,7 %) agus sa Fhrainc (0,7 %) is airde é i measc Bhallstáit an Aontais – féach Fíor 2.4.15.

**Tá deacrachtaí tithíochta agus easpa dídine níos measa mar gheall ar na costais tithíochta agus mhaireachtála níos airde.** In 2023, rinneadh sonraí maidir leis an Aontas a bhailiú den chéad uair faoin modúl ad hoc maidir le deacrachtaí tithíochta, ar modúl de chuid staidreamh AE ar ioncam agus dálaí maireachtála é[269]. Astu siúd a ndearnadh suirbhé orthu, thuairiscigh 4,9 % go raibh deacrachtaí tithíochta acu ina saol, go raibh orthu fanacht le gaolta nó le cairde (76,2 %), i gcóiríocht éigeandála (13 %), in áit nach raibh beartaithe le haghaidh buanchóiríochta (6,6 %) nó i spásanna poiblí (4,2 %). Tugann an fhianaise atá ar fáil le fios gur de chineál teaghlaigh agus pearsanta iad na príomhchúiseanna le deacrachtaí tithíochta (30 %) agus go bhfuil baint acu le hacmhainní airgeadais (25,9 %). Ba iad na Ballstáit a thuairiscigh na rátaí ab airde deacrachtaí tithíochta san am a chuaigh thart i measc daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta faoi láthair iad an Danmhairg (18,4 %), an Fhionlainn (17,5 %) agus an Fhrainc (17,1 %). Os a choinne sin, chonacthas na rátaí ab ísle sa Pholainn (1,9 %), san Iodáil (2,0 %) agus san Ungáir (2,1 %). Athraíonn an patrún sin de réir aoise freisin[270]. I measc daoine atá buailte ag an mbochtaineacht nó ag an eisiamh sóisialta, bhí deacrachtaí cíosa le 12 mhí anuas ag 27,7 % de dhaoine 30-54 bliana

[269] Braitheann an mhír sin, i measc míreanna eile, ar tháscairí Eurostat [ilc_lvhd02] agus [ilc_lvhd01].
[270] Eurostat [ilc_lvhd08].

d'aois, ag 24,0 % de dhaoine san aoisghrúpa idir 55 bliana agus 64 bliana agus ag 22,1 % díobh siúd idir 16 bliana agus 29 mbliana d'aois. San aoisghrúpa 65+ bliana, níor thuairiscigh ach 12,9 % de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta go raibh deacrachtaí cíosa acu. Tá sé deacair easpa dídine a chainníochtú ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar dhifríochtaí móra idir sainmhínithe staidrimh agus cineálacha cur chuige tomhais a fhágann gur deacair sonraí láidre inchomparáide a tháirgeadh ó Bhallstát go chéile. Léiríonn meastacháin a rinne FEANTSA agus FAP le déanaí sa 9ú Forbhreathnú Bliantúil ar Easpa Dídine agus Eisiamh Tithíochta san Aontas go bhfuil thart ar 1,3 milliún duine ina gcodladh amuigh san Aontas, i.e. i mbrú oíche nó i gcóiríocht shealadach, ar leanaí iad 400 000 díobh[271]. De réir shonraí ECFE a foilsíodh le déanaí[272], meastar gur thart ar 1 mhilliún duine an líon iomlán daoine gan dídean san Aontas. Ó bhí 2022 ann, tar éis phaindéim COVID-19, tá méadú tagtha ar an easpa dídine i roinnt Ballstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, go háirithe Éire agus an Ísiltír[273].

**Tháinig laghdú beag ar an sciar de dhaoine scothaosta (65+ bliana) i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar leibhéal an Aontais in 2023.** Ba é ba chúis leis an laghdú sin, go 19,8 %, feabhas ar an ráta AROPE i gcás na mban, bíodh is gur fhan an ráta sin i bhfad níos airde i gcás na mban ná i gcás na bhfear san aoisghrúpa céanna (22,2 % agus 16,7 %, faoi seach). Bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile ann freisin, agus rátaí AROPE i gcás daoine scothaosta idir 11 % i Lucsamburg agus 47 % san Eastóin. I ndearbhthéarmaí, áfach, lean an líon daoine scothaosta i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta de bheith ag méadú, rud a bhaineann le haosú an daonra, agus é ag druidim le 18,6 milliún. An tráth céanna, in 2023 tháinig méadú beag ar neamhionannas ioncaim (arna thomhas de réir an chóimheasa idir cúigilí ioncaim, S80/S20) san aoisghrúpa 65+ bliana, rud a bhain 4,12 amach, i gcomparáid leis an treocht laghdaitheach don daonra in aois oibre. Mar sin féin, d'fhan sé níos ísle ná mar a bhí i gcás an daonra iomláin (4,72), rud a léiríonn freisin tionchar athdháilte córas pinsin agus cánach.

**Tháinig laghdú ar bhochtaineacht airgeadaíochta daoine scothaosta san Aontas, agus bhí a ráta géardhíothachta ábhartha nó sóisialta cobhsaí**. Tháinig laghdú ar ráta riosca na bochtaineachta i gcás daoine 65+ bliana d'aois go 11,8 % in 2023 san Aontas (ag tagairt d'ioncaim 2022), rud a athdhearbhaíonn an treocht go n-éiríonn go maith de ghnáth le hioncam coibhneasta daoine scothaosta i gcomhthéacs eacnamaíoch díobhálach. Mar sin féin, d'fhan ráta AROP i gcás daoine scothaosta beagán níos airde ná an meán i gcás daonra níos óige san Aontas (16,8 % i gcás 65+ bliana d'aois vs 16,1 % i gcás 0-65 bliana d'aois). Bhí éagsúlacht ann ó Bhallstát go chéile. Cé nach raibh daoine 65 bliana d'aois agus níos sine chomh neamhchosanta céanna ar bhochtaineacht airgeadaíochta i roinnt tíortha agus a bhí na cohóirt níos óige, i dtíortha eile bhí an riosca bochtaineachta sa tseanaois trí oiread ní b'airde fiú. Ba é 5,5 % an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta i gcás daoine scothaosta san Aontas in 2023, ráta a d'fhan marbhánta ó bhí 2020 ann, tar éis 10 mbliana d'fheabhsuithe. Bhí an ráta idir faoi bhun 1 % agus os cionn 20 % ó Bhallstát go chéile.

**Maidir leis an gcóimheas athsholáthair comhiomlán le haghaidh pinsean, d'fhan sé cobhsaí ar leibhéal an Aontais.** Ba é 0,58 a bhí sa tomhas sin in 2023, lenar cuireadh sochair phinsin daoine 65-74 bliana d'aois i gcomparáid le hioncam oibre daoine 50-59 mbliana

---

[271] 9ú Forbhreathnú Bliantúil ar Eisiamh Tithíochta san Eoraip, FAP/FEANTSA, 2024.
[272] Mar chuid de Bhunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne ECFE.
[273] Táscaire HC3.1. An daonra gan dídean i mBunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne ECFE.

d'aois. Bhí idir 0,35 sa Chróit agus 0,78 sa Ghréig[274]. Bhí an cóimheas beagán ní b'ísle do mhná ná d'fhir, ag 0,57 agus 0,60, faoi seach. Tugann sé sin le tuiscint go mbíonn mná, a bhfuil a n-ioncam oibre níos ísle ar an meán ón tús, thíos le meathlú breise ar a gcás ioncaim i gcomparáid le fir nuair a théann siad ar scor (féach freisin roinn 2.2.1). Ar an meán, is féidir coinne a bheith ag daoine san Aontas leis go gcaithfidh siad 21 bhliain dá saol ar scor. Cé gurb é 41,3 bliain fad an tsaoil oibre, agus gurb é 21 bhliain an fad scoir san Aontas ar an meán, tá difríochtaí sa ghaol idir an dá cheann ó Bhallstát go chéile – féach Fíor 2.4.16[275]. Thart ar 21 bhliain atá meánfhad na n-íocaíochtaí pinsin freisin, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le meánfhad an scoir, agus tá an raon idir 15 agus 25 bliana ó thír go chéile[276].

**Fíor 2.4.16: Is éagsúil go mór fad an scoir i gcomparáid leis an saol oibre ó Bhallstát go chéile**

Meánfhad an scoir agus an tsaoil oibre, 2022 (blianta)




Nótaí: Déantar an saol oibre a chomhaireamh ón gcéad fhostaíocht agus críochnaíonn sé nuair a thagann deireadh leis an bhfostaíocht dheireanach.
Foinse: Sonraí ó Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean

**Bosca Cholún 7: Freagairt chomhtháite beartais ar fhad saoil – leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach pinsean agus cúraim fhadtéarmaigh a áirithiú**

**De réir mar a théann an fad saoil i bhfad san Aontas, tá sé ríthábhachtach tacú le caighdeáin mhaireachtála sa tseanaois ar mhaithe le dea-bhail dhaonra na hEorpa.** Faoi 2070, tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú (4 %) ar dhaonra an Aontais agus go dtiocfaidh méadú mór ar an sciar de chohóirt scothaosta, méadú 30 % ar a laghad orthu siúd atá os cionn 80 bliain d'aois[277]. I sochaí atá ag dul in aois, chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach na bpinsean agus an chúraim fhadtéarmaigh (CFT) a áirithiú, tá gá le meascán leathan beartais, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh in aosú gníomhach folláin, saol

[274] Ba ag Lucsamburg a bhí an cóimheas athsholáthair comhiomlán ab airde in 2022 (0,97); níl an luach le haghaidh 2023 ar fáil go fóill.
[275] Meánfhad scoir ó dheireadh na fostaíochta deiridh, 2022. Ríomhanna Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean bunaithe ar thoimhdí Eurostat (demo_mlexpec) agus na Tuarascála maidir le hAosú.
[276] Ionchas saoil ag an meánaois ag a bhfaigheann daoine a gcéad phinsean seanaoise, 2022. Ríomhanna Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean bunaithe ar shonraí Eurostat (demo_mlexpec) agus náisiúnta maidir leis an gcéad fháltas pinsin. D'fhéadfadh fad na híocaíochta pinsin agus fad an scoir a bheith éagsúil toisc go dtosaíonn daoine áirithe ag fáil íocaíochtaí pinsin sula bhfágann siad margadh an tsaothair go hiomlán; nó vice versa.
[277] Féach an Coimisiún Eorpach, 2024 ageing report – Economic & budgetary projections for the EU Member States (2022-2070) [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú – Réamh-mheastacháin eacnamaíocha & bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022-2070)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

oibre a fhadú, agus tacú le socruithe oibre oiriúnaithe agus solúbtha, in éineacht le córais éifeachtacha agus éifeachtúla maidir le pinsin agus CFT. Cruthaíonn neamhionannais shocheacnamaíocha, chomh maith leis an méadú ar chineálacha neamhchaighdeánacha oibre, dúshláin níos mó agus fad saoil daoine ag dul i bhfad, agus d'fhéadfadh éifeachtaí éagsúla a bheith acu ar ghrúpaí déimeagrafacha áirithe. I bhfianaise an mhéid sin, leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán[278], iarrtar ar na Ballstáit seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh leordhóthanacha a áirithiú, chomh maith le fostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma in earnáil an chúraim, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais scileanna oibrithe agus tacaíocht do chúramóirí neamhfhoirmiúla freisin. Athdhearbhaítear sna Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2024 maidir le leordhóthanacht pinsean[279] gur gá tuilleadh athchóirithe a shaothrú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar rochtain agus ar ranníocaíochtaí le scéimeanna cosanta sóisialta do chách, agus trí neartú a dhéanamh ar rochtain ar chúram sláinte agus cúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán. Áirítear i Straitéis Cúraim na hEorpa[280] raon leathan gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát.

**I sochaí an Aontais atá ag dul in aois, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsin i gcaitheamh an dá scór bliain amach romhainn, cé go bhfuil an gá le CFT ard cheana féin agus ag dul i méid.** Cé go raibh rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás daoine scothaosta cuibheasach cobhsaí le blianta beaga anuas[281], meastar go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsin[282] le haghaidh gairmréim chaighdeánach 40 bliain, i gcás na mban agus na bhfear araon, sa chuid is mó de thíortha an Aontais (faoi níos mó ná 20 pointe céatadáin i gcásanna áirithe). I gcomparáid le 2022, tá coinne leis nach mbeidh luachanna 2062 níos airde ach i 7 dtír – féach an Fíor. Réamh-mheastar go mbeidh laghduithe móra san Ísiltír agus san Ungáir (cé go laghdóidh siad ó leibhéil arda), sa Pholainn, sa tSualainn, sa Laitvia agus, ar bhonn níos lú, sa Rómáin agus sa Bhulgáir. Réamh-mheastar go mbeidh méaduithe measartha sa Danmhairg, sa Liotuáin, i Málta agus sa Ghréig, agus méadú níos láidre san Eastóin (ach ó leibhéal íseal). Tugann sé sin le tuiscint go mbeidh pinsin leordhóthanacha ag brath níos mó agus níos mó ar ghairmeacha níos faide[283]. An tráth céanna, d'fhágfadh pinsin níos ísle go mbeadh sé níos deacra caiteachas neamh-in-aisíoctha ar CFT a chumhdach. Mar a léirítear san Fhíor, d'fhéadfadh costais neamh-in-aisíoctha cúraim fhadtéarmaigh (cúram baile) a bheith an-ard i gcás daoine a bhfuil dianriachtanais chúraim acu, agus is rímhór an éagsúlacht i measc thíortha an Aontais. In 11 Bhallstát (an Chróit, an tSeicia, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn) meastar go bhfuil na costais neamh-in-aisíoctha sin níos mó ná leath an ioncaim indiúscartha airmheánaigh tar éis

---

[278] Féach *Council Recommendation of 8 December 2022 on access to affordable high-quality long-term care 2022/C 476/01* [Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán 2022/C 476/01].

[279] Féach Conclúidí ón gComhairle maidir le Leordhóthanacht Pinsean an 20 Meitheamh 2024, 10550/24.

[280] Féach European Care Strategy, *Communication on the European Care strategy [Straitéis Cúraim na hEorpa: Teachtaireacht maidir le Straitéis Cúraim na hEorpa]*, SWD(2022) 440 final.

[281] Féach Caibidil 1 in PAR 2024, An Coimisiún Eorpach, The 2024 pension adequacy report – Current and future income adequacy in old age in the EU [Tuarascáil 2024 ar leordhóthanacht pinsean – Leordhóthanacht ioncaim san Aontas faoi láthair agus amach anseo].Imleabhar I, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[282] Le rátaí athsholáthair teoiriciúla (ionsamhlaithe) tomhaistear an chaoi a gcuirfí ioncam pinsin pinsinéara hipitéisigh sa chéad bhliain tar éis dul ar scor dó i gcomparáid lena thuilleamh díreach roimh dhul ar scor.

[283] Féach Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean, roinn 3.1, 'Rátaí athsholáthair teoiriciúla agus pinsin amach anseo'.

tacaíocht phoiblí. Léiríonn na sonraí freisin go mbeadh ar dhaoine atá ar ioncam íseal agus a bhfuil riachtanais mheasartha chúraim acu níos mó ná leath dá n-ioncam a chaitheamh ar chúram baile i 10 dtír de chuid an Aontais. Dóibh siúd a bhfuil dianriachtanais acu, bheadh na meánchostais neamh-in-aisíoctha cothrom le thart ar 80 % dá n-ioncam indiúscartha[284].

**Meastar go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsin, ach an tráth céanna is sciar mór d'ioncam daoine scothaosta iad costais CFT agus meastar go dtiocfaidh méadú orthu sin**

Glanrátaí Athsholáthair Teoiriciúla Pinsin, gairmréim 40 bliain a chríochnaíonn ag aois inphinsin, meánsaothraí, 2022 agus 2062 (fir, pointí céatadáin, AE-27) agus costais neamh-in-aisíoctha cúraim fhadtéarmaigh (cúraim baile) as dianriachtanais mar sciar den ioncam indiúscartha airmheánach tar éis tacaíocht phoiblí (fir agus mná, Ballstáit AE-27 agus ECFE)




*Tabhair faoi deara*: Déantar an sciar a mheánú ó fhreagróir go chéile. Ríomhtar meastacháin agus úsáid á baint as gnáthchásanna arna meaitseáil le sonraí suirbhé. Comhfhreagraíonn dianriachtanais do thart ar 41,25 uair an chloig cúraim in aghaidh na seachtaine. Tá luachanna costas neamh-in-aisíoctha sa tSeicia an-ard (477 %) i gcomparáid le meastacháin eile, agus dá réir sin ní thaispeántar iad chun comparáid idir meastacháin eile a éascú. Baineann na sonraí seo a leanas le réimsí fonáisiúnta: BE (Flóndras), EE (Taillinn), IT (an Tioróil Theas) agus AT (Vín). Níl sonraí ar fáil i gcás BG, CY ná RO (nach comhaltaí de ECFE iad).
*Foinse:* Ríomhanna an Choimisiúin féin, bunaithe ar shonraí ó ECFE agus ó na Ballstáit. Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean agus anailís ECFE bunaithe ar cheistneoir cosanta sóisialta ECFE um chúram fadtéarmach, SHARE (rabharta 8, 2019, cé is móite de PT, a thagraíonn do rabharta 6, 2015) agus TILDA (rabharta 3, 2015).

**Leanann na Ballstáit de bhearta a dhéanamh chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach pinsean a áirithiú, agus cúram fadtéarmach á athchóiriú agus infheistíocht á déanamh ann**. Chuir **an tSeicia** agus **an tSlóvaic** teorainn le roghanna luathscoir agus rinne siad rátaí pinsin a choigeartú ar bhealach a mhéadódh na dreasachtaí i gcás daoine scothaosta a bheith ag obair níos faide. Thug **Éire** dreasachtaí isteach chun scor a chur siar. Mhéadaigh **an Chróit** na dreasachtaí chun clárú i bpinsin cheirde. Chun tacú le pinsinéirí ar ioncam íseal, mhéadaigh **an Spáinn** an pinsean neamhranníocach faoi 6,9 %, agus mhéadaigh **an Phortaingéil** an forlíonadh dlúthpháirtíochta i gcás daoine scothaosta faoi 23,0 %[285]. Is é is aidhm d'athchóiriú CFT **na hEastóine** íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú, feabhas a chur ar dhálaí foirne cúraim, agus seirbhísí cúraim baile a fheabhsú, chomh maith le tacaíocht airgeadais bhreise a thabhairt do bhardais bunaithe ar a ndaonra

[284] Féach Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean, roinn 1.5 'Cáilíocht saoil sa 'cheathrú haois': ról na bpinsean agus na seirbhísí cúraim'.
[285] Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí náisiúnta pinsin agus ioncam seanaoise leordhóthanach a áirithiú trí bhíthin foghlaim fhrithpháirteach agus treoraíocht anailíseach sna Tuarascálacha tríbhliantúla maidir le Leordhóthanacht Pinsean ón gCoimisiún agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta.

seanaoise. Le hathchóiriú CFT **na Slóivéine**, tugadh isteach raon cuimsitheach seirbhísí, lena n-áirítear ríomhchúram agus seirbhísí cothabhála neamhspleáchais, chun meascán cothrom de roghanna cúraim a áirithiú do dhaoine scothaosta. Tá straitéis CFT á forbairt ag an **nGréig**, lena n-áirítear athchóirithe chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus inrochtana. Áirítear i Straitéis **na Fraince** um 'Aosú Folláin' bearta chun moill a chur ar spleáchas, tithíocht shóisialta a oiriúnú do thionóntaí atá ag dul in aois, tacú le hoibrithe cúraim baile agus gairmithe breise a fhostú i saoráidí CFT do dhaoine scothaosta. Tá athchóirithe pinsean curtha chun feidhme ag **an Rómáin** chun inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht fhioscach a fheabhsú. Tugadh isteach foirmle nua ríofa le dlí nua maidir le pinsin, lenar baineadh saobhadh amhail innéacsanna ceartúcháin agus neamhionannas sna tréimhsí ranníocaíochta, agus cuireadh saol oibre níos faide chun cinn freisin trí mhéaduithe deonacha ar an aois scoir a dhreasú agus an luathscor a theorannú.

**Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar na dúshláin struchtúracha atá ann faoi láthair maidir le hinfhaighteacht, inacmhainneacht agus cáilíocht CFT agus an daonra ag dul in aois.** Meastar go dtiocfaidh méadú ar na líon ndaoine a bhféadfadh CFT a bheith de dhíth orthu san Aontas ó 31,2 milliún in 2022 go 33,2 milliún in 2030 agus 37,8 milliún in 2050[286]. De réir sonraí 2019, bhí cúram fadtéarmach de dhíth ar 26,6 % de dhaoine a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine san Aontas agus a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideacha, le difríochtaí suntasacha de réir inscne (32,1 % de mhná i gcomparáid le 19,2 % d'fhir)[287]. Daoine a bhfuil gá le CFT, is minic a bhíonn rochtain theoranta acu ar sheirbhísí foirmiúla, rud a fhágann nach sásaítear a ngá le cúram leighis nó go mbíonn ualach iomarcach ar chúramóirí neamhfhoirmiúla. In 2019, thuairiscigh 46,6 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu i gcúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí san Aontas riachtanas ar chuidiú nár sásaíodh maidir leis na gníomhaíochtaí sin. Bhí sé sin i bhfad ní ba shuntasaí dóibh sin sa chúigil ioncaim ab ísle (51,2 %) i gcomparáid leo siúd sa chúigil ioncaim ab airde (39,9 %).

---

[286] De réir na réamh-mheastachán ón gcás bunlíne. Féach an Coimisiún Eorpach, 2024 ageing report – Economic & budgetary projections for the EU Member States (2022-2070) [Tuarascáil 2024 maidir le hAosú – Réamh-mheastacháin eacnamaíocha & bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022-2070)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

[287] Eurostat [hlth_ehis_tadle], EHIS. Ní áiríonn an beart seo atá bunaithe ar shuirbhé ach daoine i dteaghlaigh phríobháideacha ach ní chuimsítear iad siúd atá i gcúram cónaitheach.

**Fíor 2.4.17: Tá éagsúlacht mhór ann maidir le hinfhaighteacht oibrithe CFT ó Bhallstát go chéile**

Oibrithe CFT in aghaidh gach 100 duine atá 65+ bliana d'aois, 2023




*Tabhair faoi deara:* Roghnaítear oibrithe CFT trí chóid earnála (NACE) 87.1, 87.3, 88.1 agus cóid gairmeacha (ISCO) 2221, 2264, 2266, 2634, 2635, 3221, 3255, 5321, 5322 a roghnú.
*Foinse:* Eurostat, asbhaint speisialta ó SFS an Aontais.

**Bíonn dúshláin maidir le rochtain ar CFT níos measa mar gheall ar ghanntanais scileanna agus saothair.** In 2023, bhí 3,1 milliún oibrí fostaithe in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh san Aontas, thart ar 1,5 % den lucht saothair iomlán. D'fhéadfadh sé go bhfuil earnáil an chúraim fhadtéarmaigh níos mó sa chleachtas, óir ní thugann na huimhreacha thuas léiriú iomlán ar oibrithe tí a bhíonn gníomhach i gcúram fadtéarmach agus tarlaíonn cuid mhór oibre neamhdhearbhaithe san earnáil freisin. Cé go dtiocfaidh méadú 23 % ar an daonra 65+ bliana d'aois go dtí 2035, ní mheastar go bhfásfaidh an fhostaíocht in earnáil an chúraim ach faoi 7 %. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh coinne a bheith le ganntanais mhóra gairmithe sláinte, gairmithe comhlacha sláinte agus oibrithe cúraim phearsanta[288]. Bunaithe ar na sonraí SFS is déanaí, bhí 3,2 oibrí CFT ar an meán san Aontas in aghaidh gach 100 duine in aois 65+ bliana in 2023. Bhí éagsúlacht mhór i measc na mBallstát, áfach, idir 0,2 sa Ghréig agus 10,4 sa tSualainn – féach Fíor 2.4.17. Tá tarraingteacht na hearnála íseal, arb iad dálaí oibre deacra agus pá réasúnta íseal is cúis leis, chomh maith le sciar níos airde de chonarthaí sealadacha (16,6 % vs 13,5 % i gcás gach oibrí)[289]. Tá leitheadúlacht ard na hoibre páirtaimseartha ainneonaí ag cur freisin le tarraingteacht réasúnta íseal i roinnt Ballstát, amhail sa Chróit (le 55,8 % d'oibrithe LTC vs 22,6 % do chách) agus sa Bhulgáir (le 52,4 % d'oibrithe LTC vs 38,0 % do chách). D'fhéadfadh dálaí oibre an-deacair agus rochtain níos deacra ar chosaint shóisialta a bheith ag cúramóirí tí agus cúramóirí cónaitheacha, ar oibrithe taistil de chuid an Aontais nó tríú tír iad go minic. Is amhlaidh sin go háirithe i gcás daoine a dhéanann obair chúraim neamhdhearbhaithe.

---

[288] Cedefop, Handling change with care: skills for the EU care sector [Athruithe a láimhseáil go cúramach: scileanna le haghaidh earnáil cúraim fhadtéarmaigh an Aontais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.
[289] Eurostat, SFS an Aontais 2023.

**Fíor 2.4.18: Tháinig méadú measartha, i gcás fhormhór na mBallstát, ar a leitheadúlaí atá an gá le cúram leighis nach sásaítear, ach tháinig méadú mór air i gcás roinnt Ballstát**

Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, leibhéil 2023 agus athruithe ón mbliain roimhe (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Tabhair faoi deara*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith i gcás HR. Luach measta i gcás DE.
*Foinse:* Eurostat [tespm110], SIDM-AE.

**Tháinig méadú beag ar an meán ar an sciar de dhaoine a thuairiscíonn go raibh gá acu le cúram leighis nár sásaíodh, arb iad méaduithe móra i roinnt Ballstát is mó is cúis leis.** In 2023, ba é 2,4 % an sciar de dhaoine san Aontas a thuairiscigh go raibh gá le cúram leighis acu nár sásaíodh, sciar atá 0,2 pointe céatadáin níos mó ná mar a bhí in 2022. Cé go bhfacthas méadú i bhformhór na mBallstát, chonacthas na sciartha agus na harduithe ba mhó i gcúpla ceann díobh ba chúis le méid an athraithe fhoriomláin (is iad sin an Eastóin, an Ghréig, an Laitvia agus an Fhionlainn) – féach Fíor 2.4.18. Le méaduithe idir 1,4 pointe céatadáin agus 3,8 pointe céatadáin agus leibhéil idir 7,8 % agus 12,9 %, bhí ‘cásanna criticiúla’ sna ceithre thír sin uile, mar gheall ar chostais arda sa Ghréig agus liostaí fada feithimh sna trí thír eile. Cé go bhfacthas méadú faoi bhun mheán an Aontais sa Rómáin, bhí sciar réasúnta ard 5,2 % aici freisin (mar gheall ar chúiseanna airgeadais go príomha), agus bhí ‘faire’ le déanamh ar a cás in 2023. Chonacthas na figiúirí ab ísle sa Chipir, i Málta, sa Ghearmáin, san Ísiltír agus sa tSeicia, iad uile faoi bhun 0,5 %. An gá le cúram leighis nár sásaíodh, ba ghnách é a bheith dhá oiread níos mó laistigh den chúigiú cuid is boichte den daonra ná mar a bhí i gcás an phobail i gcoitinne i roinnt tíortha (e.g. 23,0 % vs 11,6 % sa Ghréig, 13,9 % vs 7,8 % sa Laitvia agus 9,3 % vs 5,2 % sa Rómáin). Chomh maith leis sin, chonacthas difríochtaí réigiúnacha laistigh de na Ballstáit, agus bhí na difríochtaí ba mhó san Iodáil, sa Rómáin agus sa Ghearmáin (féach Fíor 10 in Iarscríbhinn 5).

## 2.4.2 Bearta a rinne na Ballstáit

**Rinne roinnt Ballstát bearta chun feabhas a chur ar leordhóthanacht tacaíochta ioncaim íosta**. Cé go ndéantar sochair ioncaim íosta a thabhairt cothrom le dáta gach bliain i bhformhór na dtíortha chun forbairtí sa chostas maireachtála a léiriú, ní hamhlaidh sin i roinnt Ballstát, áit a bhfuil méaduithe fós lánroghnach. In 2024, mhéadaigh **an Ghréig**, mar shampla, leibhéal a sochair ioncaim íosta ráthaithe (méadú 8 %) den chéad uair ó tugadh an scéim isteach i mí na Samhna 2018. Tar éis athchóiriú mór in 2023, déanfaidh **an Laitvia** leibhéal a sochair ioncaim íosta ráthaithe a mhéadú a thuilleadh ionas go gcomhlíonfaidh sí rialú ón gCúirt Bhunreachtúil lenar breithníodh nár leor na méideanna roimhe sin chun saol faoi dhínit a áirithiú.

**Ghlac roinnt Ballstát athchóirithe níos leithne ar a scéimeanna ioncaim íosta**. In 2024, faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, rinne **an Rómáin** scéim (*Venitul Minim de Incluziune*) ina bhfuil leordhóthanacht fheabhsaithe, innéacsú tráthrialta sochar agus tacaíocht fheabhsaithe do thairbhithe chun dul isteach i margadh an tsaothair (nó filleadh air) a chur in ionad a sochair ioncaim íosta. Ó 2024, chuir **an Iodáil** scéim níos sriantaí (*Assegno di Inclusione*) in ionad na scéime ioncaim íosta a bhí aici cheana (*Reddito di Cittadinanza*, a tugadh isteach in 2019) lena n-eisiatar daoine aonair in aois oibre a mheastar a bheith infhostaithe. Tá rochtain acu sin anois ar scéim nua ar leithligh (*Supporto per la Formazione e il Lavoro*) lena dtugtar tacaíocht ioncaim shealadach (12 mhí, neamh-in-athnuaite) in éineacht le tacaíocht oiliúna agus fostaíochta. Neartaigh **an Fhrainc** na dreasachtaí le haghaidh athimeascadh i margadh an tsaothair freisin, agus shonraigh sí faoina Dlí maidir le lánfhostaíocht nach mór tairbhithe ioncaim íosta (*Revenu de solidarité active*) a chlárú go huathoibríoch leis an tseirbhís phoiblí fostaíochta (*France Travail*) faoin 1 Eanáir 2025.

**Lean na Ballstáit d'iarrachtaí chun feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus ar cháilíocht na seirbhísí sin.** I mí Lúnasa 2024, mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Bhulgáir** an Léarscáil Náisiúnta Seirbhísí Sóisialta chun bearnaí sa soláthar a shainaithint agus chun riachtanais infheistíochta a chinneadh. Sa **Laitvia**, táthar ag feitheamh le leasuithe a ghlacadh ar an dlí maidir le seirbhísí sóisialta agus cosaint shóisialta chun ciseán íosta de sheirbhísí sóisialta a bhunú a bheidh le soláthar ar an leibhéal áitiúil. I mí Aibreáin 2024, ghlac **an Rómáin** dlí nua lena n-athchóirítear an córas seirbhísí sóisialta chun caighdeáin cháilíochta maidir le cúram a neartú agus chun ról na gcigirí a threisiú. Thug **an tSlóvaic** beart sealadach isteach, atá i bhfeidhm go dtí an 1 Nollaig 2025, chun méadú a dhéanamh ar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh an tsoláthair seirbhísí sóisialta ionas go gcuirfear feabhas ar a n-infhaighteacht agus ar choinníollacha pá san earnáil.

**Ghlac na Ballstáit bearta chun tacú le rochtain ar fhuinneamh, agus chuir siad síneadh i roinnt mhaith cásanna leis na bearta sealadacha a bhí ann cheana.** Mar shampla, thug **Lucsamburg** isteach i mí Iúil 2023 pacáiste beart a ceapadh, i measc nithe eile, chun billí leictreachais a chobhsú do theaghlaigh phríobháideacha trí fhóirdheontas rialtais le haghaidh na tréimhse Eanáir-Nollaig 2023, ar cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin go dtí 2024. Glacadh dlíthe eile chun cuidiú le spleáchas teaghlach ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun a n-aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn. Chuir **an Spáinn** síneadh in 2024 leis na bearta lena rialaítear margaí fuinnimh agus taraifí gáis agus leis an ráthaíocht soláthair fuinnimh agus uisce do thomhaltóirí leochaileacha nó do thomhaltóirí atá eisiata go sóisialta. Chuir **Málta** síneadh go dtí 2026 lena phacáiste beart agus fóirdheontas tacaíochta fuinnimh (a glacadh in 2022). Chuir **an Rómáin** síneadh go dtí Earrach 2024 le bailíocht a dearbháin fuinnimh a dheonaítear do dhaoine leochaileacha chun praghsanna fuinnimh a

aisíoc. Thug roinnt Ballstát bearta struchtúracha isteach freisin chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh. Mar shampla, i mí na Samhna 2023, ghlac **an Bhulgáir** sainmhíniú dlíthiúil ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar leochaileacht fuinnimh agus thug sí isteach toirmeasc ar scoitheadh an tsoláthair leictreachais do dhaoine aonair atá leochaileach ó thaobh fuinnimh de. I mí Eanáir 2024, ghlac **an Phortaingéil** a Straitéis Fhadtéarmach Náisiúnta chun an Bhochtaineacht Fuinnimh a Chomhrac 2023-2050, chomh maith le bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus ar neamhionannais chríochacha ó thaobh rochtain a fháil ar an gcumarsáid dhigiteach, amhail pleananna a chur ar aghaidh chun go mbeidh cumhdach iomlán líonraí snáthoptaice ann. Tá ionstraim airgeadais á dearadh ag **an Iodáil** chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe tábhairne, mar chuid de chaibidil REPowerEU dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

**In 2023-24, le bearta a rinne roinnt Ballstát, féachadh leis an rochtain ar chosaint shóisialta, go háirithe sochair dhífhostaíochta, a neartú le haghaidh grúpaí sonracha amhail daoine féinfhostaithe.** Ó 2024, rinne **an Iodáil** scéim bhuan de scéim ISCRO um shaorghairmithe a chosaint ar laghduithe móra ar ioncam saothair (*Indennità straordinaria di continuità reddituale e operative*), rud a tugadh isteach ar bhonn sealadach in 2021-2023. Chuir **an Pholainn** síneadh 12 mhí (ó mhí Lúnasa 2023) leis an díolúine slándála sóisialta do dhaoine féinfhostaithe ag dul i mbun gníomhaíochta dóibh. Cé go laghdaíonn sé sin an t-ualach airgeadais atá orthu, cuireann sé teorainn freisin leis na teidlíochtaí a bheidh acu amach anseo i leith sochair árachais shóisialta sa tseanaois agus i gcás easláine. Sa **Ghréig**, leathnaíodh an liúntas breise cosanta máithreachais chun go gcuirfí san áireamh ann mná féinfhostaithe, saoroibrithe agus feirmeoirí ar saolaíodh leanbh dóibh ó mhí Mheán Fómhair 2023. Thairis sin, méadaíodh an sochar dífhostaíochta de réir tástáil acmhainne a sholáthraítear do dhaoine féinfhostaithe agus do shaoroibrithe. Chuir **an Liotuáin** togra síos in 2023 chun an dlí maidir le hárachas dífhostaíochta a leasú chun fad na ranníocaíochtaí íosta is gá a laghdú (ó 12 mhí go 9 mí le 30 mí anuas), agus chun an t-árachas a leathnú chuig gach grúpa daoine féinfhostaithe. Sa **Chipir**, áirítear sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta dlí athbhreithnithe maidir le hárachas sóisialta a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte arb é is aidhm dó slándáil shóisialta a leathnú chuig daoine féinfhostaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le tionóiscí ceirde agus galair cheirde agus saoire tuismitheora. San **Eastóin**, moladh dlí chun scéim aonair árachais dífhostaíochta a chur in ionad an chórais dhá shraith atá ann faoi láthair maidir le liúntas dífhostaíochta agus árachas dífhostaíochta ó 2026 agus chun an scéim sin a sholáthar d’oibrithe a bhfuil stair theoranta fostaíochta acu. Tá sé beartaithe ag an Eastóin freisin roghanna a mholadh faoi mhí na Bealtaine 2025 chun cumhdach árachais dífhostaíochta a leathnú chuig daoine féinfhostaithe.

**Bhí bearta beartais spriocdhírithe ar dhaoine i bhfostaíocht neamhchaighdeánach freisin chun a rochtain ar chosaint shóisialta a threisiú.** Sa **Rómáin,** tháinig an dlí lena ndéantar fostaíocht oibrithe tí a chur ar bhonn foirmiúil agus lena dtugtar rochtain dóibh ar phinsin agus ar árachas sláinte i bhfeidhm i mí Eanáir 2024, faoina bhfaigheann oibrithe tí íocaíocht i bhfoirm dearbhán, faoina n-íocann siad ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus faoina soláthraítear cumhdach árachais sláinte dóibh (i.e. saor-rochtain ar bhunphacáiste seirbhísí sláinte). I mí na Bealtaine 2024, rinne **an Spáinn** simpliú ar an gcúnamh dífhostaíochta agus chuir sí feabhas air ionas go mbeadh sé inrochtana dóibh siúd a bhfuil a sochair ranníocacha ídithe acu nó nach raibh ranníocaíochtaí á ndéanamh sách fada acu chun go mbeidís incháilithe agus leathnaíodh chuig oibrithe talmhaíochta é freisin. Neartaigh an tír dreasachtaí maidir le conraitheoireacht fostaíochta agus feabhsú cosanta sóisialta d’ealaíontóirí freisin, agus ó mhí Eanáir 2024 rialaigh sí an cumhdach slándála sóisialta d’oiliúnaithe, idir oiliúnaithe íoctha agus neamhíoctha. Ar deireadh, rinne an Spáinn bearta i mí an Mhárta 2023 chun an leibhéal ranníocaíochtaí slándála sóisialta a ráthú d’fhostaithe tí.

Sa **tSlóivéin**, leis na leasuithe a rinneadh in 2023 ar an Acht um Chúram Sláinte agus Árachas Sláinte (1992), mar chuid d'athchóiriú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, rinneadh árachas sláinte deonach a chúlghairm i gcás na gcatagóirí uile de dhaoine faoi árachas agus an ranníocaíocht árachais sláinte reachtúil a mhéadú (lena n-áirítear do dhaoine féinfhostaithe) dar tús 2024. Mhodhnaigh **an tSeicia** an reachtaíocht is infheidhme maidir le 'comhaontuithe chun obair a dhéanamh' trína chur de cheangal go gclárófaí iad ó mhí Iúil 2024 agus trí chumhdach árachais shóisialta a leathnú chuig an gcineál sin conarthaí ó 2025 ar aghaidh, faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le fostaithe caighdeánacha. Sa **Chipir**, glacadh dlí in 2023 chun feabhas a chur ar chearta fostaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta agus oibrithe ar glao-dhualgas.

**Méadaíodh liúntais leanaí agus teaghlaigh i roinnt Ballstát, go háirithe do theaghlaigh aontuismitheora.** Sa **Bhulgáir**, tháinig méadú 83 % in aghaidh na míosa ar an sochar do mháithreacha singile a bhfuil leanaí is óige ná 3 bliana d'aois á dtógáil acu. An tráth céanna, rinneadh tairseacha ioncaim le haghaidh sochair ghinearálta linbh a mhéadú agus, maidir le teaghlaigh a fuair na sochair sin idir mí na Nollag 2023 agus mí Feabhra 2024, fuair siad íocaíocht aonuaire chun cuidiú leo costais iompair a chumhdach. Sa **Phortaingéil**, tháinig méadú ar an sochar linbh i gcás an chuid is mó de thairbhithe, ach ar bhealach níos láidre i gcás teaghlaigh aontuismitheora. Ó 2024, is é EUR 100 in aghaidh na míosa liúntas teaghlaigh na Portaingéile, agus tá 'ráthaíocht leanaí' bhreise EUR 122 in aghaidh na míosa ann atá spriocdhírithe ar leanaí atá i bhfíorbhochtaineacht. Sa **Rómáin**, rinneadh méid an liúntais linbh a mhéadú faoi ráta boilscithe na bliana roimhe sin ón 1 Eanáir 2024. Idir an dá linn, tháinig méadú 50 % ar an liúntas tógála leanaí do thuismitheoirí cúpla, trírín agus iolraithe. Méadaíodh dhá cheann de na deontais náisiúnta breithe aonuaire freisin. Sa **Bhulgáir**, tháinig méadú suas le 50 % ar liúntais teaghlaigh. Chomh maith leis sin, mhéadaigh **an Ghréig** an deontas a bhraitheann ar an líon leanaí a bhfuil éifeacht chúlghabhálach aige ó 2023.

**Méadaíodh ar an gcaiteachas ar thacaíocht d'oideachas agus cúram luath-óige i roinnt Ballstát, agus rinneadh bearta éagsúla eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na rioscaí bochtaineachta do leanaí.** In **Éirinn**, tháinig méadú 51 % ar an bhfóirdheontas chun costais cúraim leanaí a chur siar, agus méadaíodh é san **Iodáil** go EUR 3 600 in aghaidh na bliana do leanaí a rugadh an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh faoi choinníollacha áirithe. I gcomhthéacs an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá an Iodáil ag cur leis an líon áiteanna atá ar fáil i struchtúir oideachais agus cúraim luath-óige agus meastar go gcruthófar níos mó ná 150 000 áit do leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois faoi lár-2026. Sa **Bhulgáir** freisin, tairbheoidh oideachas agus cúram luath-óige d'infheistíochtaí breise (ó CSE+ agus ón mbuiséad náisiúnta), arb é is aidhm dóibh an chuimsitheacht oideachais agus cúraim luath-óige a mhéadú. Ghlac **an Chróit**, faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, samhail nua chun saoráidí oideachais agus cúraim luath-óige a mhaoiniú, arb é is aidhm di a n-infhaighteacht agus a n-inacmhainneacht a mhéadú. Tá sé beartaithe ag **an Spáinn** 1 000 aonad tacaíochta ar a laghad a bhunú do dhaltaí leochaileacha i gceantair scoile faoina plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le clár chun bia agus buntáirgí eile a thairiscint do theaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu. Leathnaigh **Málta** an scéim lena gcuirtear gairis TF ar fáil do dhaltaí saor in aisce. Seachadann **an Rómáin** béile in aghaidh an lae chuig thart ar 650 000 leanbh faoi mhíbhuntáiste ó 2 200 scoil.

**Dhírigh roinnt tíortha ar fheabhas a chur ar bheartais fhoriomlána mhíchumais, agus neartaigh tíortha eile a sochair mhíchumais**. Nuashonraigh **an Ghréig** an Straitéis Náisiúnta maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, mar shampla, agus í ag díriú ar na blianta 2024-2030. Ina theannta sin, cuireadh an clár píolótach maidir le cúnamh pearsanta i gcrích

sa tír agus tá próiseas measúnaithe míchumais le cur i bhfeidhm in 2025. Chuir **an Bhulgáir** feabhas ar leordhóthanacht an tsochair mhíosúil do leanaí faoi mhíchumas. Mhéadaigh **Málta** an deontas do thuismitheoirí a thugann aire do leanaí faoi mhíchumas tromchúiseach. San **Iodáil**, faoi chuimsiú an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, cuireadh athchóiriú chun feidhme go hiomlán in 2024 chun tacú le neamhspleáchas daoine faoi mhíchumas, lenar cuireadh feabhas ar an measúnú agus ar an rochtain ar sheirbhísí tacaíochta pearsantaithe. I gcomhréir leis an athchóiriú, tacaíonn infheistíocht sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta le tionscadail phearsantaithe, lena dtugtar réitigh tithíochta agus TFC do dhaoine faoi mhíchumas.

**Chuir na Ballstáit bearta rialála agus neamhrialála i bhfeidhm lena soláthraítear nó lena leathnaítear tacaíocht chíosa chun rochtain ar thithíocht inacmhainne a neartú,** do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do ghrúpaí leochaileacha amhail daoine óga. I mí Lúnasa 2023, thug **Lucsamburg** leasuithe dlíthiúla isteach maidir leis an gcreat cúnaimh tithíochta chun tosaíocht a thabhairt do thacaíocht do theaghlaigh nach bhfuil chomh maith sin as, tar éis dó méadú a thabhairt isteach cheana féin ar an bhfóirdheontas cíosa i gcás teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus bónas cíosa a thabhairt isteach le haghaidh fostaithe óga i mí na Bealtaine 2023. In 2024, rinne **Málta** athchóiriú ar a scéim sochar tithíochta príobháidí ar cíos chun uasmhéid EUR 6 000 in aghaidh na bliana a bhaint amach, agus chuir sé plean um chúram comhtháite chun feidhme do thionóntaí a bhfuil riaráistí móra cíosa acu. I mí na Bealtaine 2024, d’fhormheas **an Phortaingéil** an pacáiste tithíochta *Construir Portugal*, lena n-áirítear dreasachtaí tithíochta do dhaoine óga amhail rochtain leathnaithe ar fhóirdheontais chíosa.

**I bhfianaise an ardchostais maireachtála, lean na Ballstáit de ghníomhaíocht a dhéanamh chun tacú le caighdeáin mhaireachtála daoine ar scor, go háirithe iad siúd ar phinsin íosta nó ísle.** Sa **Bhulgáir**, rinneadh cinneadh na pinsin uile, lena n-áirítear an pinsean sóisialta, a mhéadú 11 % i mí Iúil 2024 chun boilsciú ard a chur san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh cinneadh sa **tSlóvaic** athluacháil eisceachtúil a dhéanamh ar shochair phinsin. Sa **Phortaingéil**, méadaíodh luach tagartha an fhordheontais dlúthpháirtíochta i gcás daoine scothaosta faoi 23 %, agus i **Málta** rinneadh an deontas seanóirí dóibh siúd a shroicheann 80 bliain d’aois a mhéadú ó EUR 50 go EUR 450 in aghaidh na bliana. Sa **Rómáin**, tugadh isteach leis an Dlí maidir le Pinsin i mí na Nollag 2023 sásra innéacsaithe sochar sóisialta dóibh siúd ar phinsin bheaga seanaoise. Ar deireadh, tháinig méadú 3,8 % ar phinsin ranníocacha sa **Spáinn**, lena bhfuil uasteorainn EUR 3 175, agus tháinig méadú 6,9 % ar phinsin neamhranníocacha agus ar ioncaim íosta.

**Chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach a gcóras pinsean a neartú, lean na Ballstáit de bhearta a dhéanamh chun rannpháirtíocht daoine scothaosta sa mhargadh saothair a mhéadú, agus thug siad isteach roinnt athchóirithe paraiméadracha freisin.** Chuir **Éire** bearta i bhfeidhm a chumhachtaíonn daoine aonair rogha a dhéanamh leanúint den obair suas go dtí aois an phinsin stáit agus ina diaidh. Rinneadh na coinníollacha maidir le luathscor níos doichte sa **tSlóvaic** trí athruithe ar ríomh an fhaid oibre is gá agus ar chéatadán an laghdaithe ar mhéid an phinsin. Chuir **an tSeicia** teorainn freisin le luathscor. San **Fhionlainn**, achtaíodh athchóiriú cánach i mí Eanáir 2024 lena soláthraítear do phinsinéirí os cionn 65 bliana d’aois dreasachtaí níos airde chun obair a dhéanamh. Ó 2024, rinne **an Iodáil** an ceanglas aoise maidir le rochtain a fháil ar an scéim luathscoir ‘Réamhíocaíocht Pinsin Shóisialta’ (*APE Sociale*) a ardú ó 63 bliana go 63 bliana agus 5 mhí, agus, i gcás na scéime ‘Rogha na mBan’, ó 60 bliain go 61 bhliain. Sa **Ghearmáin**, le ‘Pacáiste Pinsin II’, tugadh isteach comhpháirt nua den mhaoiniú árachais pinsin reachtúil - an ‘caipiteal giniúnach’ mar a thugtar air - arb é atá ann stoc caipitil arna charnadh trí bhíthin iasachtaí ón mbuiséad feidearálach agus aistriú cistí dílse ón rialtas

feidearálach. Úsáidtear na tuairisceáin ghaolmhara chun rátaí ranníocaíochta árachais pinsin a chobhsú agus tá coinne leis, dá réir sin, go bhfanfaidh siad cobhsaí ag 18,6 % go dtí 2027 agus go méadóidh siad ansin go 22,3 % faoi 2035. Rinne roinnt tíortha bearta chun conairí solúbtha scoir a éascú. Mar shampla, chuir **an Spáinn** síneadh sealadach leis an bhféidearthacht go rachfaí ar scor go páirteach trí chonradh faoisimh (*contrato de relevo*) sa tionscal monaraíochta, rud a cheadaíonn do dhaoine rochtain a fháil ar chuid dá bpinsean ag aois 61 agus uaireanta oibre a laghdú suas le 80 %. Tá athchóirithe cuimsitheacha ar a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta beartaithe ag **an tSeicia** freisin chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach pinsean a chaomhnú.

**Rinne roinnt tíortha bearta chun glacadh pinsean forlíontach a fheabhsú.** Thug **an Chróit** rialacha nua isteach lena dtugtar an tsolúbthacht is gá do chuideachtaí a bhainistíonn cistí pinsin éigeantaigh agus dheonaigh agus do chuideachtaí árachais pinsin chun fíorluach shócmhainní an duine árachaithe a chaomhnú. Is féidir íocaíocht aonuaire a dhéanamh anois suas le 20 % de na cistí caipitlithe iomlána sna hinstitiúidí um sholáthar pinsean ceirde. In **Éirinn**, cuireadh Bille um Chóras Uathrollaithe Coigiltis Scoir i láthair, ar féidir roghnú gan bheith páirteach ann tar éis 6 mhí.

**Thug na Ballstáit gníomhaíochtaí éagsúla isteach chun feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar cháilíocht an chúraim.** Leathnaigh **Éire** an incháilitheacht le haghaidh scéim na gcártaí cuairte dochtúra de réir tástáil acmhainne, lenar deonaíodh cúram dochtúra ghinearálta saor in aisce do leathmhilliún duine breise in 2023 (cé gurb í an t-aon Bhallstát fós í nach bhfuil cumhdach cúraim sláinte phríomhúil uilíoch aici). I gcomhthéacs a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá infheistíocht á déanamh ag **an Iodáil** i saoráidí nua cúraim sláinte (amhail na hOspidéil Phobail agus Tithe Sláinte Pobail) agus sa teilileigheas, agus é d'aidhm aici seirbhísí cúraim sláinte a thabhairt níos gaire d'othair. Ó 2023, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ag tacú freisin le cógaslanna i mbardais bheaga chun rochtain ar chúram sláinte a neartú i gceantair thuaithe agus iargúlta. Thairis sin, ghlac an Iodáil Dlí 107 de mhí Iúil 2024, lena dtugtar isteach córas faireacháin agus rialaithe chun liostaí feithimh sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a laghdú. Ceapfaidh gach Réigiún Bainisteoir Réigiúnach Cúnaimh Sláinte (RUAS) chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aitheanta. I mí Aibreáin 2024, ghlac Tionól Náisiúnta **na Bulgáire** Straitéis Náisiúnta Sláinte 2030, mar athchóiriú ar a bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, rud a mheastar a chuirfidh feabhas ar rochtain ar sheirbhísí sláinte ar fud na tíre.

**Rinneadh bearta freisin chun neartú a dhéanamh ar chúram príomhúil, cúram comhtháite agus cúram sláinte digiteach atá dírithe ar an othar.** Sheol **an Liotuáin**, mar shampla, seirbhís nua tointeála phíolótach d'othair nach féidir leo iompar aonair ná iompar poiblí a úsáid ar chúiseanna sláinte, sóisialta nó eacnamaíocha, chun díriú ar an othar a neartú agus chun rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte a mhéadú. Chun digitiú an chórais sláinte a chur chun cinn, rith **an Ghearmáin** an 'tAcht Digiteach', a tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2024. Trí bhearta sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Phortaingéil** achtanna dlí freisin in 2023 lena ndéantar athbhreithniú ar eagrú agus ar fheidhmiú seirbhísí cúraim phríomhúil chun a ról sa Chóras Sláinte Náisiúnta a neartú. I mí Lúnasa 2023, d'fhormheas **an Laitvia** Straitéis Sláinte Dhigiteach, arb é is aidhm di infhaighteacht sonraí, idir-inoibritheacht agus seirbhísí digiteacha a fheabhsú. San **Ostair**, áirítear san athchóiriú cúraim sláinte 2024-2028 bearta chun cúram príomhúil a neartú agus seirbhísí sláinte digiteacha a leathnú.

**Rinne na Ballstáit bearta freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair cúraim sláinte agus chun feabhas a chur ar choinneáil foirne.** I mí Iúil 2023, tháinig

reachtaíocht lena rialaítear teideal gairmiúil cúntóirí altranais, a chuimsítear sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, i bhfeidhm **sa tSualainn**. Ó mhí Mheán Fómhair 2023, sa **Fhrainc**, ní mór do mhic léinn cleachtais ghinearálta bliain bhreise d'oiliúint iarchéime i gcúram othar seachtrach a chur i gcrích, agus b'fhearr dá ndéanfaí sin i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu. I mí na Nollag 2023, mar chuid dá bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, leasaigh **an Eastóin** reachtaíocht chun altraí a dhreasú chun dul ag obair i gceantair iargúlta, agus thug **an Liotuáin** leasuithe isteach ar achtanna dlí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fhorbairt gairme gairmithe cúraim sláinte. I mí Eanáir 2024, d'achtaigh **an Danmhairg** dlí nua maidir le roinnt cúraimí sonracha a aistriú ó dhochtúirí chuig altraí. I mí an Mhárta 2024, d'fhormheas **an Bheilg** dhá dhlí lena sainítear ról altraí ardchleachtais agus lena sonraítear a ngníomhaíochtaí agus a ndálaí cliniciúla. Le reachtaíocht nua sa **Ghréig** i mí na Bealtaine 2024, ceadaítear do dhochtúirí príobháideacha dul i gcomhar le hospidéil phoiblí, gnáthaimh leighis a dhéanamh, agus páirt a ghlacadh i gclinicí othar seachtrach agus i lialanna lasmuigh d'uaireanta tráthrialta. San **Iodáil**, i gcaitheamh 2021-26, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ag tacú le dámhachtain 2 700 scoláireacht bhreise sa mhíochaine ghinearálta chun cur le hinfhaighteacht foirne leighis.

**Rinneadh bearta chun feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí trí bhéim a leagan ar ghalair a chosc agus ar an tsláinte a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an meabhairshláinte**. I **Lucsamburg**, foilsíodh an Plean Náisiúnta Meabhairshláinte nua 2024-28 i mí Iúil 2023. Sa **Phortaingéil**, glacadh dlí nua maidir leis an meabhairshláinte, mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, lena rialaítear cearta daoine a bhfuil meabhairghalar orthu agus lena rialaítear freisin ospidéalú nó cóireáil éigeantach. Tá plean um fhéinmharú a chosc á fhorbairt ag **an Eastóin**, a bhfuil coinne leis faoi dheireadh 2024. I mí Lúnasa 2023, bhunaigh **an Rómáin** an Chlárlann Náisiúnta Ailse faoi riarachán na hInstitiúide Náisiúnta um Shláinte Phoiblí. Ghlac **an Rómáin** freisin an Straitéis Náisiúnta Vacsaínithe 2023–2030 i mí Dheireadh Fómhair 2023. Sa **Spáinn**, d'fhormheas an Chomhairle Idir-chríochach Plean 2024-2027 um Thobac a Chosc agus a Rialú i mí Aibreáin 2024.

**Bhí sé d'aidhm ag roinnt Ballstát inacmhainneacht, infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a neartú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh chúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.** I mí na Nollag 2023, ghlac **an tSlóivéin** acht nua um chúram fadtéarmach lena sainítear na foinsí agus na modhanna le haghaidh maoiniú poiblí cobhsaí don chúram fadtéarmach, lena n-áirítear ranníocaíocht nua éigeantach árachais shóisialta le haghaidh cúram fadtéarmach ón 1 Eanáir 2025. Leagtar síos leis an nGníomh freisin coinníollacha maidir le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardcháilíochta agus sábháilte a sholáthar. San **Eastóin**, tháinig an t-athchóiriú cúraim i bhfeidhm an 1 Iúil 2023, lena sainítear an chaoi a maoinítear seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, lena laghdaítear íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha agus lena n-áirithítear go gcuidítear le faighteoirí cúraim ar ioncam íseal a gcostais chúraim a chumhdach. Ghlac an tír íoscheanglais cháilíochta níos mionsonraithe freisin maidir le cúram ginearálta agus cúram baile agus i mí Feabhra 2024, mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, leasaigh sí a plean gníomhaíochta maidir le samhail cúraim chomhtháite, lena leagtar síos róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe lena mbaineann agus lena sainítear maoiniú an chórais amach anseo. Ó bhí 2023 ann, tá an Ionstraim um Measúnú ar Chónaitheoirí (RAI) á húsáid ag an **bhFionlainn** chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais seirbhíse agus ar acmhainneacht fheidhmiúil daoine scothaosta. Ina theannta sin, le dlí na Fionlainne ceanglaítear ar oibrithe leasa shóisialaigh measúnú a dhéanamh láithreach ar riachtanais phráinneacha chabhrach, laistigh de 7 lá oibre ó dhéanann an cliant nó a ionadaithe teagmháil leo. Chuir **an Iodáil**, faoi

chuimsiú a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, athchóiriú chun feidhme ina iomláine chun dálaí maireachtála daoine scothaosta nach bhfuil neamhthuilleamaíoch a fheabhsú tríd an rochtain ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta a shimpliú, measúnú ilghnéitheach a sholáthar agus tionscadail phearsantaithe a shainiú lena gcuirtear an dí-institiúidiú chun cinn. I mí an Mhárta 2024, ghlac **an Bhulgáir** Straitéis maidir le forbairt acmhainní daonna sa réimse sóisialta (go dtí 2030) chun feabhas a chur ar dhálaí oibre san earnáil shóisialta, ar scileanna agus ar inniúlachtaí, chun níos mó oibrithe a mhealladh, chun conairí oideachais a ailíniú níos fearr agus chun níos mó spreagtha agus tacaíochta a sholáthar. Thug **an tSualainn** Teideal Gairmiúil faoi Chosaint do Chúntóirí Altranais isteach i mí Iúil 2023 chun cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim a áirithiú, agus d'eisigh sí 73 196 dheimhniú go dtí seo. Le héifeacht ó mhí Aibreáin 2024, thug **an Fhrainc** roinnt beart isteach maidir le gairmithe cúraim baile, lena n-áirítear cárta gairmiúil, cabhair bliantúil tacaíochta soghluaisteachta, agus liúntas cnapshuime le haghaidh am taistil. In 2023, leasaigh **an Phortaingéil** a cód saothair chun cosaint níos fearr a thabhairt d'oibrithe tí agus in 2023 agus 2024 leasaigh sí a reachtaíocht maidir le cúramóirí neamhfhoirmiúla, chun cabhair airgeadais agus nasc le cúramóirí foirmiúla a chur san áireamh inti, agus bhunaigh sí coinníollacha maidir le sos cúramóra. Ó bhí 2024 ann, tá a Scéim um Chúramóirí Baile á leathnú ag **Málta**, lena soláthraítear tacaíocht airgeadais do shaoránaigh scothaosta ar bheagán spleáchais a fhostaíonn cúramóir a bhfuil cáilíocht aitheanta aige chun cúnamh a thabhairt dóibh a riachtanais laethúla a dhéanamh. Tá an straitéis 'Aosú Folláin' á cur chun feidhme ag an **bhFrainc** ó bhí 2023 ann, lena n-áirítear 50 beart chun moill a chur ar chleithiúnas, tithíocht shóisialta a oiriúnú do thionóntaí atá ag dul in aois, 50 000 gairmí a fhostú le haghaidh saoráidí cúraim do dhaoine scothaosta, agus leithlisiú sóisialta daoine scothaosta a chosc agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn an tráth céanna. Tá straitéis cúraim fhadtéarmaigh á forbairt ag an **nGréig** chun inbhuanaitheacht struchtúr cúraim, creat rialála níos comhtháite agus próisis oibríochtúla chaighdeánaithe a áirithiú.

# CAIBIDIL 3. ANAILÍS TÍRE CHÉADCHÉIME

**Cuireann an chaibidil seo i láthair na comhaid tíre mar chuid den anailís tíre chéadchéime, bunaithe ar phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta, mar a dhéantar cur síos orthu sna Príomhtheachtaireachtaí EMCO-SPC agus an Tuarascáil ón Meitheal EMCO-SPC gaolmhara[290], ag tacú freisin le príomhthorthaí cothrománacha a chuirtear i láthair i roinn 1.4 de Chaibidil 1.** Cé go mbraitheann gach comhad ar léamha an Scórchláir Shóisialta agus ar chatagóirí na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht mar a thuairiscítear sa Bhosca i roinn 1.4 agus in Iarscríbhinn 6, braitheann a struchtúr ar an gcás tírshonrach: tá ord na dtrí réimse beartais a chumhdaítear sna comhaid (fostaíocht; oideachas agus scileanna; cosaint shóisialta agus cuimsiú) treoraithe ag na forbairtí sa tír lena mbaineann, mar atá ag teacht chun cinn ó na táblaí Scórchláir Shóisialta in Iarscríbhinn 9. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn an graf do gach tír an cheist is ábhartha nó príomhfhorbairt don tír atá i gceist.

**Tá an anailís tíre chéadchéime bunaithe ar thacar iomlán phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta.** Déantar grinnscrúdú ar gach ceann de na táscairí[291] bunaithe ar mhodheolaíocht na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht, lena gcinntear seasamh coibhneasta na mBallstát. Sloinntear an seasamh coibhneasta sin i dtéarmaí diallta caighdeánacha ó mheán dhearbh-leibhéal luach an táscaire agus an athraithe a thagann air i gcomparáid leis an mbliain roimhe chomh maith (féach Iarscríbhinn 6 chun mionsonraí níos teicniúla a fháil). Déantar achoimre ar na torthaí i gceann amháin de sheacht gcatagóir fhéideartha le haghaidh gach táscaire don tír atá i gceist ('an gníomhaí is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu', 'ar an meán', 'lag ach ag feabhsú', 'le breathnú orthu' agus 'cás criticiúil'). Comhfhreagraíonn sé sin do scála na ndathanna, ó ghlas go dearg. Is féidir teacht ar fhorbhreathnú gairid ar na táscairí agus ar a rátáil do gach Ballstát sna táblaí in Iarscríbhinn 9.

**Déantar measúnú ar gach príomhtháscaire den Scórchlár Sóisialta leis an modheolaíocht a mhínítear thuas, chun a shainaithint an bhfuil gá le tuilleadh anailíse mar dhara céim.** Tagraíonn an cáiliú mar 'cás criticiúil' do na Ballstáit a bhaineann scóir amach atá i bhfad níos measa ná meánscór an Aontais i dtaca le táscaire sonrach agus a bhfuil an cás ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas leordhóthanach ag teacht air i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Marcáiltear cás mar 'le breathnú air' in dhá chás: a) i gcás ina mbaineann an Ballstát scór amach atá níos measa ná meán an Aontais i dtaca le táscaire sonrach agus inarb amhlaidh go bhfuil an cás sa tír dul in olcas ina leith nó mura bhfuil feabhas sách tapa ag teacht air agus (b) i gcás ina mbíonn an scór i dtéarmaí na leibhéal i gcomhréir le meán an Aontais ach inarb amhlaidh go bhfuil an cás dul in olcas ina leith i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais nó mura bhfuil feabhas (beagnach chomh tapa) ag teacht air, ach go bhfuil feabhas ag teacht ar mheán an Aontais.

**Meastar go bhfuil údar le tuilleadh anailíse i ndara céim i gcás na mBallstát lena luaitear sé phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta nó níos mó mar chásanna dearga**

---

[290] Bunaíodh Meitheal thiomnaithe chomhpháirteach EMCO-SPC chun an tionscnamh a phlé agus rinne sé obair ó mí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023. Bhain EMCO agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) leas as sin, agus d'ullmhaigh siad an plé aireachta ag cruinniú EPSCO i mí an Mheithimh 2023. Déantar an obair agus a cuid torthaí a dhoiciméadú sa Féach na Príomhtheachtaireachtaí ó EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach agus sa Tuarascáil ghaolmhar ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC..

[291] Le haghaidh sonraí teicniúla maidir le príomhtháscairí na bearna fostaíochta faoi mhíchumas bunaithe ar choincheap GALI, féach Iarscríbhinn 2.

**(‘cás criticiúil’) nó flannbhuí (‘le breathnú orthu’).** Cúis bhreise chun a mheas nach mór tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcás, bíonn sí i gceist nuair a chuirtear i láthair le táscaire dearg nó flannbhuí dhá mheathlú as a chéile ina chatagóiriú JER. Sampla is ea athrú ó ‘ar an meán’ go ‘lag ach ag feabhsú’ in eagrán JER 2024, agus ina dhiaidh sin tháinig meath breise go ‘cás criticiúil’ in eagrán 2025). D’áireofaí é sin mar ‘bhratach’ bhreise i dtreo íostairseach na sé bhratach ar an iomlán le haghaidh na gcatagóirí. Mar shampla, más amhlaidh i mbliain ar leith n go bhfuil bratach dearg nó flannbhuí le 5 phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta ag tír, agus má chuirtear 2 bhliain as a chéile de mheathluithe i láthair i gcás 1 tír amháin i mblianta n agus n-1, meastar go bhfuil 6 bhratach ar an bhforiomlán ag an tír sa bhliain sin n (5 chomhartha dhearga/flannbhuí ó na táscairí sa bhliain ar leith + 1 de na tíortha sin ag a bhfuil dhá mheathlú as a chéile). Dá thoradh sin, bheadh sé riachtanach tuilleadh anailíse a dhéanamh air chomh maith. Cuirtear aon bhriseadh sa tsraith agus saincheisteanna i ndáil le cáilíocht sonraí agus léirmhíniú san áireamh sa mheastóireacht ar an líon iomlán bratach i dtreo na tairsí.

## An Bheilg

**In 2023, le tacaíocht ón bhfás eacnamaíoch, lean an margadh saothair dá threocht aníos i gcomhthéacs ganntanas suntasach lucht saothair**. D'ainneoin feabhsuithe le deacáid anuas, tá an ráta fostaíochta, ag 72,1 % in 2023, fós chun deiridh ar mheánleibhéal agus ar mheánathrú an Aontais, rud a léiríonn 'cás criticiúil', agus difríochtaí láidre ann idir na réigiúin agus grúpaí áirithe amhail daoine ar bheagán oiliúna, iad siúd a rugadh lasmuigh den Aontas agus daoine scothaosta ag titim níos faide chun deiridh. Is é ráta gníomhaíochta na Beilge a bheith níos ísle ná meán an Aontais is cúis leis sin den chuid is mó. Tá na rátaí dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí 'ar an meán', ag 5,5 % agus 2,2 % faoi seach, rud is amhlaidh freisin i gcás na bearna fostaíochta idir na hinscní (7,6 pointe céatadáin). Tháinig ardú seasta ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas idir 2018 agus 2021 (ó 32 phointe céatadáin go 38 bpointe céatadáin) agus, d'ainneoin gur tháinig laghdú uirthi go 33,6 pointe céatadáin in 2023, tá an bhearna sa Bheilg fós i measc na mbearnaí is airde san Aontas (i gcomparáid le meán 21,5 pointe céatadáin an Aontais) agus 'i gcás criticiúil le 3 bliana as a chéile. Ar deireadh, d'ainneoin an t-ardú a tháinig ar an bhfíorphá in 2023, níl an t-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita ag teacht le meán an Aontais go fóill agus is cás é atá fós 'le breathnú'.




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amshraith le haghaidh BE in 2017.
*Foinse:* Eurostat, [lfsa_emp_a] SFS an Aontais

**Feidhmíonn an Bheilg níos fearr ná an meán i réimse an oideachais agus na scileanna.** Maidir le cion na ndaoine fásta atá rannpháirteach san fhoghlaim 'ar an meán', is é 34,9 % a bhí ann (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), mar aon leis sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET), arbh é 9,6 % é sin. Agus 56,3 % de na leanaí uile atá faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil, agus sciar 6,2 % de luathfhágálaithe scoile ann, tá an Bheilg ag feidhmiú 'níos fearr ná an meán' (cé go bhfuil éagsúlacht thábhachtach ann ó thaobh na réigiún de). Is amhlaidh atá freisin i gcás chion an daonra fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu (59,4 %), rud a d'fhéadfadh tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. An tráth céanna, tá laghdú tagtha ar an inniúlacht sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht le blianta beaga anuas agus tá neamhionannais shuntasacha ann de réir cúlra socheacnamaíoch agus imirceach.

**Go ginearálta, bíonn beartais shóisialta éifeachtach chun rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a chosc agus a mhaolú chomh maith le neamhionannais ioncaim.** Maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, rud atá cuid mhaith os cionn mheán an Aontais (50,8 % i gcomparáid le 34,7 % in 2023), agus ar an neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim (3,4% i gcomparáid le 4,7 ar leibhéal an Aontais), is í an Bheilg an 'gníomhaí is fearr'. Cé go bhfacthas in 2023 go raibh an ráta foriomlán AROPE (18,6 % i gcomparáid le 21,3 % san Aontas) 'ar an meán' fós, tá sciar an daonra iomláin agus sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ag laghdú ó bhí 2017 ann, agus feabhas go 'níos fearr ná an meán' tagtha air i gcás leanaí (19,0 % i gcomparáid le 24,8 % san Aontas). Bhí an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, díreach 1,1 % in 2023, 'níos fearr ná an meán',

agus i dtaca le ró-ualach maidir le costas tithíochta, a dhéanann difear do 7,7 % den daonra, is é 'ar an meán' (8,8 % ar leibhéal an Aontais) a bhí sé.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an mBeilg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Bhulgáir

**Tá dúshláin roimh an mBulgáir a bhaineann le foirmiú scileanna, rud a chuireann isteach ar infhostaitheacht grúpaí áirithe agus a chuireann bac ar fhás na táirgiúlachta agus ar an iomaíochas.** Tháinig laghdú ar rannpháirtíocht na ndaoine fásta san fhoghlaim idir 2016 agus 2022, agus i bhfianaise gur é ráta 9,5 % a bhí ann in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), tá an ráta i measc na leibhéal rannpháirtíochta is ísle san Aontas, rud a fhágann gur 'cás criticiúil' atá ann. Beidh gá le hiarrachtaí suntasacha breise chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin. D'ainneoin feabhsú le déanaí, tá sciar an daonra fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu fós i measc na sciartha is ísle san Aontas, 35,5 % i gcomparáid le 55,6 % ar leibhéal an Aontais in 2023, rud a fhágann gur 'cás criticiúil' eile atá ann. Tá ríthábhacht ag baint le héadáil scileanna daoine fásta a neartú, lena n-áirítear sa réimse digiteach, chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Tá sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil fós íseal (17,4 % i gcomparáid le 37,5 % san Aontas in 2023). Tá sé 'le breathnú' toisc go bhféadfadh tionchar a bheith ag an rannpháirtíocht íseal sin ar ionchais fhadtéarmacha na leanaí san fhoghlaim. Tá leibhéal na mbunscileanna agus na scileanna digiteacha i measc daoine óga íseal agus tá neamhionannais mhóra ann maidir le torthaí oideachais.




*Tabhair faoi deara*: Tháinig athrú ar an sainmhíniú ar tháscaire na scileanna digiteacha ó bhí 2021 ann ach leis an sainmhíniú sin, cumhdaítear coincheap atá mórán mar an gcéanna leis na blianta roimhe sin.

**Bhí feabhsuithe sa Bhulgáir maidir le cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta ach tá dúshláin thábhachtacha fós ann.** Cé gur tháinig laghdú 2,2 pointe céatadáin ar ráta AROPE in 2023 in éineacht le forbairtí dearfacha sa mhargadh saothair, chomh maith le fás pá agus pinsin, tá sé fós i measc na rátaí is airde san Aontas (30,0 % i gcomparáid le 21,3 %, 'lag ach ag feabhsú'). Ina theannta sin, tháinig laghdú nach beag 34 000 (nó 8,3 %) ar an líon iomlán leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, i gcomparáid le 2022. Mar sin féin, agus ráta 33,9 % ann in 2023, tá sé fós i measc na rátaí is airde san Aontas (24,8 %) agus 'criticiúil'. D'ainneoin feabhsuithe, maidir le grúpaí leochaileacha amhail na Romaigh (81 %), daoine faoi mhíchumas (42,4 %) agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe (39,3 %) bhí siad níos neamhchosanta ar rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná mar a bhí grúpaí eile. Ar an iomlán, tháinig feabhas ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta agus ar neamhionannas ioncaim in 2023 (ó 24,4 % go 27,7 % agus ó 7,3 go 6,6 faoi seach, agus an dá chás 'lag ach ag feabhsú').

**Lean margadh saothair na Bulgáire de bheith ag feidhmiú go láidir i gcomhthéacs daonra atá ag laghdú, cé go raibh difríochtaí suntasacha ann idir na réigiúin.** Cé go bhfuil ráta fostaíochta níos airde ná riamh bainte amach ag an tír (76,2 % in 2023), ráta atá 'ar an meán' i gcomparáid leis an Aontas (75,3 %), tá difríochtaí ann idir réigiúin, ó 85,5 % don réigiún is fearr feidhmíocht go 67,2 % don réigiún is measa feidhmíocht. Tá difríochtaí substaintiúla ann freisin idir grúpaí daonra. Bhí an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas fós cuid mhaith os cionn mheán an Aontais in 2023 (39,5% i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin), tar éis di dul i méid 10,0 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022, agus chuaigh an bhearna in olcas in imeacht 2 bhliain as a chéile, rud a d'fhág go raibh 'cás

criticiúil’ ann. Cé go bhfuil laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna), agus sciar 13,8 % i gceist in 2023, bhí sé fós os cionn mheán an Aontais (11,2 %), agus tá sé ‘le breathnú’ anois.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe sé tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an mBulgáir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An tSeicia




*Foinse:* Eurostat [lfsa_ergan], SFS an Aontais.

**Ar an iomlán, tá torthaí dearfacha ann maidir leis an margadh saothair, in éineacht le ganntanais lucht saothair agus dálaí atá cuid mhaith níos deacra do ghrúpaí áirithe den daonra ná mar tá ann do ghrúpaí eile.** In 2023, bhí an tSeicia i measc 'na ngníomhaithe is fearr' san Aontas i leith rátaí fostaíochta arda agus rátaí dífhostaíochta ísle (81,7 % agus 2,6 % faoi seach) d'ainneoin fás eacnamaíoch a bhí beagán diúltach. Bhí an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí íseal (0,8 % in 2023) 'go maith ach faireachán le déanamh air' freisin, tar éis méadú 0,2 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022 a bheith tagtha air. Mar sin féin, ba é 13,9 pointe céatadáin an bhearna fostaíochta idir na hinscní in 2023, rud a fhágann go bhfuil sí i measc na mbearnaí is leithne san Aontas, agus ina léiriú ar 'chás criticiúil'. Thairis sin, tháinig laghdú 2,3 pointe céatadáin ar ráta rannpháirtíochta na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (4,5 % in 2023) i gcomparáid le 2022, agus tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (37,5 %), rud a fhágann gur 'cás criticiúil' é sin freisin. D'fhéadfadh an méid sin, in éineacht le dúshláin ó thaobh chaighdeán an tsoláthair cúraim leanaí de, tionchar a imirt ar ionchais foghlama fhadtéarmacha leanaí agus ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Tháinig laghdú 1,3 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) go 10,1 % in 2023, agus cosúil leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas (ag 22,2 pointe céatadáin in 2023), is 'ar an meán' atá sé. Rud a d'fhéadfadh cuidiú le ganntanais lucht saothair a mhaolú is ea neartú rannpháirtíocht na mban, na ndaoine óga agus na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair, amhail saoránaigh na hÚcráine atá faoi chosaint shealadach agus na Romaigh.

**Tá feabhas ag teacht ar fheidhmíocht na Seicia i ndáil le scileanna, ach tá dúshláin ann ó thaobh rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim de.** Bhí an ráta rannpháirtíochta i measc na rátaí ab ísle ar fud na mBallstát (21,2 % in 2022% i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), rud a léiríonn go bhfuil 'cás criticiúil' ann. An tráth céanna, idir 2021 agus 2023, tháinig méadú ar sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ó 59,7 % go 69,1 %, agus is sciar atá 'níos fearr ná an meán' é anois. Trí fhoghlaim aosach agus forbairt scileanna a chur chun cinn a thuilleadh, is féidir cuidiú le hacmhainneacht nuálaíochta a chothú agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a éascú.

**Tá córas cosanta sóisialta ag an tSeicia a fheidhmíonn go maith ach tá dúshláin roimpi i réimse na tithíochta sóisialta.** Maidir le sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE), is 12,0 % a bhí ann ar an iomlán agus 15,0 % i measc leanaí in 2023, rud a fhágann gurb í an tSeicia an 'gníomhaí is fearr' (i gcomparáid le meáin 21,3 % agus 24,8 % an Aontais, faoi seach). Tháinig méadú beag ar an dá tháscaire ó bhí 2022 ann i gcomhthéacs ina raibh an boilsciú os cionn mheán an Aontais. Laghdaigh fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh in aghaidh an duine ó 123.9 in 2022 go 121.6 in 2023 agus tá sé 'le breathnú'. Ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar inacmhainneacht tithíochta i gcathracha na Seice i bhfianaise go raibh ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta cuid mhaith níos airde (13,2 %) ann in 2023 i gcomparáid le ceantair thuaithe (6,0 %) (9,1 % ar an iomlán, 'ar an

meán’). Ar deireadh, tá an tSeicia fós ‘níos fearr ná an meán’ maidir leis an ngá atá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe ceithre tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSeicia maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Danmhairg

**Bhí dálaí dochta sa mhargadh saothair le blianta beaga anuas ach tá maolú de bheagán ag teacht air sin, agus méadú tagtha ar an dífhostaíocht.** Bhí an fhostaíocht ag fás níos mó ná riamh leis na blianta, ach chonacthas laghdú beag ar an ráta fostaíochta in 2023, go 79,8 % (-0,3 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022), rud a bhí ina údar le haistriú ó 'níos fearr ná an meán' go dtí 'go maith ach faireachán le déanamh air'[292]. Ós rud é nach raibh poist chomh flúirseach céanna san fhás eacnamaíoch agus a bhí sa tréimhse tar éis na paindéime, bhí méadú 0,6 pointe céatadáin tagtha ar an ráta dífhostaíochta go 5,1 % cheana féin in 2023, rud a d'fhág go raibh cás ann atá 'le breathnú'. Cé go bhfuil an brú ar an margadh saothair ag maolú[293], tá ganntanais lucht saothair fós roimh an tír in earnálacha áirithe, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Tá difríochtaí réigiúnacha ann freisin maidir le deacrachtaí a bhaineann le hoibrithe nua a earcú[294]. Tá cás na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) fós 'níos fearr ná an meán', d'ainneoin méadú 0,7 pointe céatadáin go 8,6 % in 2023. Ar an gcaoi chéanna, feidhmíonn an Danmhairg 'níos fearr ná an meán' freisin maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní, arb é 5,6 pointe céatadáin atá ann anois i gcomparáid le meán 10,2 pointe céatadáin an Aontais.




*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], [une_rt_a], SFS an Aontais.

**Tá méadú tagtha ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ó bhí 2020 ann.** Tháinig méadú ar an táscaire ó 10,0 % in 2022 go 10,4 % in 2023 (0,9 pointe céatadáin os cionn mheán an Aontais) agus tá sé 'le breathnú'. Fágann sé sin nach mór aird a thabhairt air freisin i bhfianaise na nganntanas foriomlán d'oibrithe oilte sa tír. Ba é ráta rannpháirtíochta na ndaoine fásta san fhoghlaim 47,1 % in 2022 agus é 'níos fearr ná an meán' (39,5 % AE), fiú tar éis laghdú beag ó bhí 2016 ann, agus tá sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu 'níos fearr ná an meán' freisin (ag 69,6 % in 2023). Tá an Danmhairg i measc na dtíortha ina bhfuil an sciar is airde de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (69,9 % in 2023, 'go maith ach faireachán le déanamh air' tar éis titim 4,8 pointe céatadáin ó bhí 2022 ann).

**Feidhmíonn an córas cosanta sóisialta go han-mhaith, ach tá costais tithíochta fós ina n-ualach ar ghrúpaí leochaileacha.** Tá an cás i ndáil le baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta 'níos fearr ná an meán' ar an iomlán agus is í an Danmhairg an 'gníomhaí

[292] Tá briseadh san amshraith i gcás luach 2023 i dtaca leis na rátaí fostaíochta, dífhostaíochta, dífhostaíochta fadtéarmaí, rannpháirtíochta sa mhargadh saothair agus NEET chomh maith leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní, briseadh a léirítear san fhigiúr.

[293] An Coimisiún Eorpach, European Economic Forecast, Autumn 2024 [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2024].

[294] Gníomhaireacht na Danmhairge um an Margadh Saothair agus Earcaíocht (Márta 2024), *Recruitment Survey Report* [Tuarascáil ar an Suirbhé Earcaíochta].

is fearr' maidir le bochtaineacht leanaí agus tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta. Mar sin féin, ag 15,4 %, is mór fós sciar na dteaghlach ar a bhfuil ró-ualach maidir le costais tithíochta. Don tríú bliain as a chéile, meastar go bhfuil an cás 'criticiúil', rud a léiríonn an soláthar teoranta tithíochta inacmhainne atá ann i gcathracha móra.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Danmhairg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Ghearmáin

**I réimse an oideachais agus na scileanna, tá an cás maidir le luathfhágálaithe scoile dúshlánach, ach feidhmíonn an Ghearmáin go maith maidir leis an bhfoghlaim aosach.** Is ard é sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, agus tháinig méadú go 12,8 % air in 2023 (i gcomparáid le 9,5 % san Aontas), rud a léiríonn go bhfuil 'cás criticiúil' ann. An tráth céanna, tá méadú faoi dhó, nach mór, tagtha ar an sciar daoine 15 atá bliana d'aois nach bhfuil bunscileanna acu sa mhatamaitic agus san eolaíocht (29,5 % agus 22,9 % faoi seach in 2022) ó bhí 2012 ann (PISA, 2022), rud lena ngabhann tionchar socheacnamaíoch méadaithe breise ar thorthaí oideachais. Ní mór aird a thabhairt air sin freisin i bhfianaise na scileanna a theastaíonn ón margadh saothair, ón aistriú glas agus ón aistriú digiteach. Ar an taobh eile, tháinig méadú 3,3 pointe céatadáin ar sciar an daonra fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad go 52,2 % in 2023 (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas) agus tá sé 'ar an meán' anois, agus mar gheall ar rannpháirtíocht fhoriomlán na ndaoine fásta san fhoghlaim, arbh é 53,7 % in 2022 é, tá an Ghearmáin ar cheann de na 'gníomhaithe is fearr' san Aontas.

**Feidhmíonn margadh saothair na Gearmáine go maith ar an iomlán, ach tá ganntanais mharthanacha saothair agus scileanna ann agus níl mná comhtháite go leordhóthanach i margadh saothair.** D'ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar, tá an ráta fostaíochta ard agus tháinig méadú air go 81,1 % in 2023 ('níos fearr ná an meán'), agus bhí an ráta dífhostaíochta agus comhpháirt fhadtéarmach na dífhostaíochta fós ar leibhéil an-íseal (3,1 % ('an gníomhaí is fearr') agus 1,0 % ('níos fearr ná an meán') faoi seach i gcomhthéacs ganntanas lucht saothair. Ar an taobh eile, cé gur fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní 'ar an meán' ag thart ar 7.7 bpointe céatadáin in 2023, bhí an bhearna idir na hinscní san fhostaíocht pháirtaimseartha fós ar cheann de na cinn is airde san Aontas, (ag 36.9 pointe céatadáin i gcomparáid le 20.2 pointe céatadáin san Aontas). Meastar go gcoimeádtar suas le 185 000 coibhéis lánaimseartha amach as an margadh saothair mar gheall ar an gcóras deighilte cánach pósta atá ann faoi láthair. Tá sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (23,3 % in 2023 i gcomparáid le 37,5 % san Aontas) 'le breathnú'.

**Ar thaobh cúrsaí sóisialta, baineann dúshláin shuntasacha le hinacmhainneacht tithíochta mar gheall ar sholáthar teoranta.** Tháinig méadú i bhfad níos tapúla ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta sa Ghearmáin i gcomparáid le is an Aontas (1,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 0,1 pointe céatadáin), agus baineadh 13,0 % amach in 2023, ráta a bhí níos airde ná an meán, agus dá bhrí sin is cás é atá fós 'le breathnú'.[295]. Cé go bhfuiltear ag díriú ar thacaíocht a thabhairt ar mhaithe le tithíocht níos inacmhainne le tionscnaimh bheartais atá ar siúl agus atá beartaithe, tá an cás sin deacair go háirithe do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta, agus tháinig ardú go 43,2 % (i gcomparáid le 33,6 % san AE) ar an ráta sin




*Foinse:* Eurostat [tessi163], SIDM-AE.

[295] Tá briseadh san amshraith le haghaidh an táscaire in 2023.

ina leith siúd. I gcomhthéacs boilsciú ard in 2022 agus 2023, laghdaíodh cumhacht ceannaigh na dteaghlach agus tháinig méadú ar sciartha den daonra agus ar sciar na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus ba iad 21,3 % agus 23,9 % na sciartha sin faoi seach in 2023, ó 2020 (+ 0,9 pointe céatadáin agus + 1,6 pointe céatadáin faoi seach) agus cás 'ar an meán' ar an meán atá ann.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an nGearmáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Eastóin




*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], SIDM-AE.

**Tá dúshláin roimh an Eastóin i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe.** Sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE), tháinig laghdú 1,0 pointe céatadáin go 24,2 % air. Mar sin féin, tá sé fós os cionn mheán 21,3 % an Aontais, agus 'le breathnú' in 2023. Tá baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i measc leanaí 'níos fearr ná an meán', cé go bhfuil méadú 1,7 pointe céatadáin i gceist.. I gcás daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, tá na rioscaí sin fós i measc na rioscaí is airde san Aontas (47 % agus 41 % i gcomparáid le 19,8 % agus 28,8 % san Aontas, faoi seach). Sa chomhthéacs sin, is díol suntais gur tháinig laghdú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta féin, ó 28,1 % in 2022 go 27,7 % in 2023, agus go raibh sé fós faoi bhun mheán 34,7 % an Aontais agus tá sé 'le breathnú' dá bhrí sin. Maidir le neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, tháinig ardú air ó 5,0 in 2021 go 5,4 in 2023 ('le breathnú' freisin) i gcomparáid le meán 4,7 an Aontais in 2023. Tá ceann de na leibhéil is airde san Aontas de ghá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú ag an Eastóin (12,9 % i gcomparáid le 2,4 % in 2023), rud atá ina 'chás criticiúil'. Is dúshlán fós é rochtain ar chúram sláinte i gcomhthéacs ganntanais mhéadaitheacha foirne cúraim sláinte, íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha arda, agus daonra atá ag aosú go tapa.

**Lean an fhostaíocht dá leathnú in 2023, agus tháinig feabhas ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas go háirithe.** Bhain an ráta fostaíochta 82,1 % amach, agus an tír ar cheann de na 'gníomhaithe is fearr' san Aontas, agus maidir leis an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, arbh é 1,3 % é, bhí sé fós 'níos fearr ná an meán'. Mar sin féin, i gcomhthéacs crapadh i bhfíor-OTI in 2023, tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta ó 5,6 % in 2022 go 6,4 % in 2023 agus tá sé 'le breathnú' dá bhrí sin. Ní beag iad na difríochtaí réigiúnacha sa dífhostaíocht, agus figiúirí i bhfad níos airde ann in Oirthuaisceart na hEastóine (10,1 % in 2023)[296], agus tábhacht na hearnála tionsclaíche le sonrú ar phríomh-shaintréithe an cheantair sin. Tá ceann de na bearnaí fostaíochta ab ísle idir na hinscní san Aontas ag an Eastóin, agus í ar cheann de 'na gníomhaithe is fearr' le 3 bliana anuas. An tráth céanna, tháinig laghdú suntasach ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas (laghdú 6,0 pointe céatadáin) i gcomparáid le 2022 (20,2 % i gcomparáid le 21,5 % san Aontas), agus dá bhrí sin tá sí 'níos fearr ná an meán' anois. Tháinig laghdú ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh don dara bliain as a chéile (ó 130,5 in 2022 go 125,9 in 2023) agus tá sé 'le breathnú' anois.

**I réimse an oideachais agus scileanna, bhí forbairtí dearfacha san Eastóin**. Rinne sí dul chun cinn substaintiúil i ndáil le rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach, ar ar tháinig méadú ó

[296] Staidreamh na hEastóine: Ráta dífhostaíochta | Statistikaamet.

33,9 % in 2016 go 41,8 % in 2022 (‘níos fearr ná an meán’, i gcomparáid le meán 39,5 % an Aontais in 2022). Ina theannta sin, tháinig feabhas ar sciar an daonra a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu in 2023 agus tá sé ‘níos fearr ná an meán’ anois freisin, mar atá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, tar éis ceann de na feabhsuithe is mó ó chás ‘le breathnú’ a bhí ann roimhe seo.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe sé tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Eastóin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## Éire




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amshraith le haghaidh IE in 2019.
*Foinse:* Eurostat [tepsr_sp200], SIDM-AE

**Tháinig méadú breise ar an bhfostaíocht in 2023 cé go bhfuil bacainní suntasacha fós roimh ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste chun rochtain a fháil ar fhostaíocht.** In 2023, in ainneoin fás eacnamaíoch a bheith ag moilliú go mór, bhain an ráta fostaíochta, arbh é 79,1 % é, amach ceann de na rátaí fostaíochta is airde dá raibh ann (‘ar an meán’), arís, mar gheall ar imirce agus rannpháirtíocht níos airde sa lucht saothair araon. I dtaca leis an ráta dífhostaíochta a bheith ar na leibhéil is ísle dá raibh ann riamh, 4,3 % (‘níos fearr ná an meán’), is léiriú é sin ar dhálaí dochta atá i margadh saothair atá fós. Tháinig laghdú suntasach ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, ó 11,4 pointe céatadáin in 2022 go 9,9 pointí céatadáin in 2023, agus tá sí ‘níos fearr ná an meán’ anois, agus bhí níos mó deiseanna oibre solúbtha agus méadú ar fhóirdheontais cúraim leanaí ina rannchuidiú leis an laghdú sin. An tráth céanna, d’ainneoin feabhsú beag le blianta beaga anuas, tá an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas fós i bhfad níos leithne ná meán an Aontais, mar atá, 36,7 pointe céatadáin in aghaidh 21,5 pointe céatadáin, rud a léiríonn ‘cás criticiúil’ fós. Dá bhrí sin, trí infhostaitheacht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht agus faoi mhíbhuntáiste a neartú, amhail daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, daoine ar bheagán oiliúna, agus mionlaigh na Romach agus an Lucht Siúil, is féidir cuidiú le freagairt do ghanntanais saothair agus scileanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Is é an bhearna sin a laghdú is aidhm do bhearta nua for-rochtana agus gníomhachtúcháin, dá dtugann CSE+ tacaíocht freisin. Ar deireadh, bhí fás ar ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita in Éirinn in 2023 a bhí ‘ar an meán’.

**Feidhmíonn Éire go maith ó thaobh oideachais agus scileanna de.** Tá an tír fós i measc ‘na ngníomhaithe is fearr’ maidir le ráta luathfhágála na scoile, agus 4,0 % ann in 2023, d’ainneoin méadú (ó 3,7 % in 2022). Is dóichí freisin go nglacfaidh daoine fásta Éireannacha páirt san fhoghlaim ná meán-rannpháirtíocht an Aontais, agus ráta 48,3 % ann i gcomparáid le 39,5 % san Aontas in 2022 (‘níos fearr ná an meán’). Thairis sin, tá sciar na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ar cheann de na sciartha is airde san Aontas, ag 72,9 % in 2023 i gcomparáid le 55,6 % san Aontas, rud a chuireann an tír i measc ‘na ngníomhaithe is fearr’ arís.

**Maolaítear an bhochtaineacht go héifeachtach le córas cosanta sóisialta na hÉireann cé go mbíonn rioscaí níos mó fós roimh grúpaí áirithe agus go dtuairiscítear fós go bhfuil dúshláin ann maidir leis an oideachas agus cúram luath-óige.** ‘Ar an meán’ atá rioscaí na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta go foriomlán agus do leanaí. Is mó i bhfad atá tuismitheoirí aonair, an Lucht Siúil agus daoine faoi mhíchumas i mbaol. A mhéid a bhaineann le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, tá Éire fós i measc ‘na ngníomhaithe is fearr’ (agus scór 57,8 % aici i gcomparáid le 34,7 % san Aontas). Cé gur tháinig méadú ar rannpháirtíocht na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil ó 18,3 % in 2022 go 22,1 % in 2023, tá sé ‘le breathnú’ fós toisc go bhfuil sé fós cuid mhaith faoi bhun mheán 37,5 % an Aontais. D’ainneoin feabhsuithe, tá bacainní airgeadais agus neamhairgeadais áirithe fós ann (infhaighteacht, castacht an chórais). Tháinig

meath ar infhaighteacht na tithíochta, agus liostaí feithimh fada le haghaidh tithíocht shóisialta agus easpa dídine níos airde ná riamh, agus cearta laga na dtionóntaí is cúis le cuid de sin. Is i measc leanaí agus teaghlaigh aontuismitheora a bhí na méaduithe is mó ar an easpa dídine.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe dhá tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Éirinn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Ghréig




*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], [tepsr_lm430], [ilc_li02], [tespm030], EU SILC.

**I gcomhthéacs boilsciú ard agus caiteachais shóisialta laghdaithe i gcoibhneas le OTI, tá dúshláin shuntasacha roimh an nGréig i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta, agus tugann formhór na dtáscairí le fios go bhfuil 'cás criticiúil' ann.** Ag breathnú níos grinne ar an gcás, níor tháinig ach laghdú 2,1 pointe céatadáin ar an mbochtaineacht trí aistrithe sóisialta (seachas pinsin) go 18,2 %, rud atá 16,5 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais. Cé go raibh sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) réasúnta cobhsaí ag 26,1 %, tar éis feabhsú mall le 6 bliana anuas, tá sé fós cuid mhaith os cionn mheán 21,3 % an Aontais. Thairis sin, tháinig méadú ar sciar na dteaghlach ar a bhfuil ró-ualach maidir le costais tithíochta go 28,5 % in 2023, sciar atá ar cheann de na cinn is airde san Aontas (8,8 % ar an meán). An tráth céanna, tháinig méadú breise ar an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, agus ceann de na leibhéil is airde á bhaint amach (11,6 % in 2023, ó 9,0 % in 2022, i gcomparáid le 2,4 % san Aontas). Ag 28,1 %, bhí ráta AROPE i gcás leanaí fós cobhsaí ach tá sé fós os cionn mheán 24,8 % an Aontais, rud a léiríonn cás atá 'le breathnú'. Tá méadú beag tagtha ar neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, go 5,3 (i gcomparáid le 4,7 san Aontas) agus tá sé 'le breathnú' freisin mar gheall ar a leibhéal ard.

**Tá dúshláin shuntasacha ag baint le margadh saothair na Gréige, go háirithe do mhná agus do dhaoine óga.** In 2023, tháinig méadú 1,1 pointe céatadáin ar an ráta fostaíochta mar gheall ar fhás eacnamaíoch a bhí fós láidir. Mar sin féin, ní raibh ach 67,4 % den daonra in aois oibre fostaithe, rud a bhí fós go mór faoi bhun mheán 75,3 % an Aontais. Is 'cás criticiúil' iad na rátaí fostaíochta, go háirithe i measc na mban agus na ndaoine óga. D'ainneoin mhéadú teoranta 1,7 pointe céatadáin a tháinig air go 57,6 % in 2023, tá ráta fostaíochta na mban ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas agus tá ceann de na bearnaí fostaíochta is leithne ann (19,8 pointe céatadáin) dá thoradh sin. Tháinig méadú 0,6 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas agus oiliúint go 15,9 % in 2023, ráta atá níos airde go mór ná meán 11,2 % an Aontais. Thairis sin, tá an t-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita, ag 81,6 % in 2023, fós i measc na n-ollioncam indiúscartha teaghlaigh is ísle, d'ainneoin méadú ó bhí 2022 ann (i gcomparáid le meán 111,1 % an Aontais), ag dul ó 'chás criticiúil' go cás atá 'lag ach ag feabhsú'. Ar an taobh eile, tá an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas sa Ghréig 'ar an meán'.

**Tá sé ina thosaíocht don Ghréig scileanna a fhorbairt i bhfianaise an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais agus an méadú ar na ganntanais lucht saothair i bpríomhearnálacha sa chúlra**. Tháinig laghdú ar sciar na ndaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaim le 12 mhí anuas ó 16,0 % in 2016 go 15,1 % in 2022, sciar atá i measc na leibhéal is ísle san Aontas agus a fhágann gur 'cás criticiúil' é. An tráth céanna, in 2023, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 52,4 % de dhaoine fásta (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas), sciar atá 'ar an meán'. Tá leibhéal na mbunscileanna i measc na leibhéil is ísle san Aontas, agus is amhlaidh sin tar éis do cheann de na laghduithe is géire a bheith tagtha air

freisin. Ar an taobh eile, tháinig laghdú 0,4 pointe céatadáin ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ó 2022 go 2023 agus bhí sé fós go mór faoi bhun mheán an Aontais (3,7 % i gcomparáid le 9,5 % san Aontas), rud a chuir an Ghréig i measc 'na ngníomhaithe is fearr'.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe naoi táscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an nGréig maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Spáinn




*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], SIDM-AE.

**Tá dúshláin os comhair na Spáinne i ndáil le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta.** In 2023, maidir le sciartha an daonra a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar an iomlán agus i measc leanaí, tháinig méadú go 26,5 % agus 34,5 % orthu, faoi seach, rud a bhí go mór os cionn mheán an Aontais (21,3 % agus 24,8 %), agus a fhágann gur 'cásanna criticiúla' iad. Is féidir cuid de sin a chur i leith dúshláin a bhaineann le leordhóthanacht agus cumhdach laistigh den chóras cosanta sóisialta, éagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí agus leibhéil mharthanacha arda maidir le bochtaineacht lucht oibre. D'ainneoin feabhsú áirithe, tá neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, fós ard in 2023 (5,5% i gcomparáid le 4,7 san Aontas) agus tá sé 'le breathnú'. Tháinig laghdú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta go 22,9 % in 2023 (i gcomparáid le 34,7 % san Aontas), ag dul in olcas in imeacht 2 bhliain as a chéile agus ag dul go 'cás criticiúil'. Tá éifeachtacht na n-aistrithe sóisialta íseal go háirithe maidir le rioscaí bochtaineachta leanaí a laghdú (17,0 % i gcomparáid le 41,4 % san Aontas). Ar an taobh eile, tá sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil 'níos fearr ná an meán' sa Spáinn.

**Tá feabhas suntasach tagtha ar mhargadh saothair na Spáinne ach tá dúshláin fós le sárú ann.** Tháinig méadú substaintiúil ar an ráta fostaíochta go 70,5 % in 2023 (i gcomparáid le 75,3 % san Aontas), ag dul ó 'chás criticiúil' go 'lag ach ag feabhsú'[297]. Is é ba chúis leis sin fás eacnamaíoch láidir, leathnú láidir na fostaíochta i gcás daoine a rugadh lasmuigh den Aontas, agus méadú ar fhostaíocht i ngairmeacha ceirde, teicniúla agus eolaíochta agus ar chruthú na bpost san earnáil phoiblí. Tá an ráta dífhostaíochta (12,2 %) agus a comhpháirt fhadtéarmach (4,3 %) 'lag ach ag feabhsú' freisin i bhfianaise leibhéil atá an-ard fós d'ainneoin laghduithe móra, go háirithe i gcás oibrithe scothaosta agus sna hOileáin Chanáracha. Cé gur leanadh den laghdú ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) (go 12,3 % in 2023), tá sé fós mór agus 'le breathnú'. Mar gheall ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, atá i measc na mbearnaí is ísle san Aontas agus ag dul i laghad, fágtar go bhfuil an Spáinn i measc 'na ngníomhaithe is fearr'. Ar deireadh, bhí an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita 'lag ach ag feabhsú' in 2023 mar gheall ar mhéadú láidir.

**Tá dúshláin roimh an Spáinn i ndáil le luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, ach tá ag éirí go maith léi maidir le scileanna digiteacha.** Tháinig laghdú beag ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2023, go 13,7 % (i gcomparáid le 9,5 % san Aontas), ach tá sé fós ard agus 'i gcás criticiúil'. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha gaolmhara fós suntasach d'ainneoin iad a bheith dul i laghad in 2023, agus tá leibhéil an-ard ar fad sa deisceart agus san oirthear agus na treochtaí ag dul in olcas sa deisceart agus sna hOileáin Chanáracha. Ar an iomlán, bhí rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim 'ar an

[297] Tá difríocht idir an sainmhíniú ar tháscairí mhargadh saothair na Spáinne agus na gnáth-tháscairí in 2022 agus 2023 (féach Meiteashonraí Eurostat).

meán' in 2022, ag 34,1 % (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), tar éis méadú 3,7 pointe céatadáin i gcomparáid le 2016. Ar an taobh eile, tá feidhmíocht na Spáinne, atá 'níos fearr ná an meán' maidir le scileanna digiteacha, ina tacaíocht mhaith leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe sé tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Spáinn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Fhrainc

**Bhí an margadh saothair fós dinimiciúil in 2023 d'ainneoin moilliú ar an ngeilleagar sa dara leath den bhliain agus méaduithe ar scrogaill ó thaobh cúrsaí soláthair de.** In 2023, tháinig ardú ar an ráta fostaíochta go 74,4 %, agus ba é 7,3 % an ráta dífhostaíochta a bhí ann fós, an leibhéal is ísle dá raibh ann ó 2008, agus bhí scóir na réigiún is forimeallaí cuid mhaith níos measa. Tá an dá tháscaire 'le breathnú', ós rud é go bhfuil meath beag tagtha ar an bhfeidhmíocht choibhneasta[298]. Tháinig laghdú beag ar an ráta dífhostaíochta i measc na hóige (- 0,1 pointe céatadáin go 17,2 %), ach tháinig méadú ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna) go 12,3 % agus tá sé 'le breathnú' anois freisin. Tá imeascadh roinnt grúpaí leochaileacha i margadh an tsaothair fós sách dúshlánach, go háirithe iadsan a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach agus daoine a bhfuil gnóthachtáil íseal acu san oideachas. Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní 'níos fearr ná an meán' (5.5 pointe céatadáin in 2023 i gcomparáid le 10.2 pointe céatadáin san Aontas) agus ag laghdú a thuilleadh. Tá an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas ag laghdú ó bhí 2020 ann, ag baint 19,9 pointe céatadáin amach in 2023 (i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas), agus tá sí 'níos fearr ná an meán' anois freisin.

**D'ainneoin infheistíochtaí measartha ard sa chosaint shóisialta, tá rioscaí bochtaineachta níos airde le blianta beaga anuas, i gcomhthéacs éagothromaíochtaí atá ag dul i méid.** Ar an iomlán, rangaítear an Fhrainc mar 'níos fearr ná an meán' i ndáil le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (41,9 % in 2023 i gcomparáid le 34,7 % san Aontas). Tar éis méadú nach beag in 2022, tháinig laghdú 0,3 pointe céatadáin ar sciar an daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) in 2023, go 20,4 %, faoi bhun mheán 21,3 % an Aontais ('ar an meán')[299]. Thit ráta AROPE na leanaí freisin (titim 0,5 pointe céatadáin) go 26,6 % in 2023, ach tá sé fós os cionn mheán 24,8 % an Aontais, agus 'le breathnú' fós. Bhí fás an ollioncaim teaghlaigh intíre per capita faoi bhun mheán an Aontais fós in 2023 agus tá sé 'le breathnú'. Tá an neamhionannas, arna thomhas mar an cóimheas idir cúigilí ioncaim, 'ar an meán', cé go bhfuil sé ag dul i méid ó bhí 2018 ann. Éiríonn i bhfad níos measa leis na réigiúin is forimeallaí ná cathair na Fraince i ngach réimse den Scórchlár Sóisialta.



*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], SIDM-AE.

**Feidhmíonn an Fhrainc go maith ar an bhforiomlán i ndáil le táscairí maidir le comhionannas deiseanna.** Tá cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad chomh maith le luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint 'ar an meán' (ag 59,7 % agus 7,6 % in 2023, faoi seach). Tá an Fhrainc ar an 'ngníomhaí is fearr' maidir leis an gcion de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil. Dá ainneoin sin, tá sciar suntasach daoine sa chóras oideachais nár ghnóthaigh mórán agus tá leibhéil arda

[298] Tá difríocht idir an sainmhíniú ar tháscairí mhargadh saothair na Fraince agus na gnáth-tháscairí in 2022 agus 2023 (féach Meiteashonraí Eurostat).

[299] Tá briseadh san amshraith in 2020 agus 2022: áirítear leis an suirbhé FR-SIDM in 2022 ceithre roinn thar sáile den chéad uair (Guáin na Fraince, Réunion, Martinique agus Guadeloupe).

neamhionannais ann freisin, rud a léirítear i dtorthaí PISA 2022 chomh maith. Tá ganntanas na n-oibrithe oilte ar cheann de na príomhchonstaicí ar an earcaíocht agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe cúig tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bhFrainc maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Chróit




*Tabhair faoi deara:* Briseadh san amshraith le haghaidh HR in 2023.
*Foinse:* Eurostat [tesp_sp200], SIDM-AE.

**Tá an margadh saothair ag leanúint dá threocht aníos, ach tá dúshláin shuntasacha roimh ghrúpaí leochaileacha.** D'ainneoin feabhsú leanúnach ó bhí 2021 ann, tá an ráta fostaíochta fós cuid mhaith níos ísle ná meán an Aontais (70,8 % i gcomparáid le 75,3 % in 2023) agus i 'gcás criticiúil' don tríú bliain as a chéile. In 2023, le tacaíocht ó fhás eacnamaíoch atá fós sách láidir, tháinig laghdú ar na rátaí dífhostaíochta agus dífhostaíochta fadtéarmaí agus bhain siad 6,1 % agus 2,1 % amach ('níos fearr ná an meán' agus 'ar an meán' faoi seach). Tar éis feabhsú substaintiúil, bhí an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita 'níos fearr ná an meán' mar atá, 130,6 (111,1 san Aontas). Mar sin féin, tá deacrachtaí fós ag grúpaí leochaileacha áirithe, amhail oibrithe scothaosta agus oibrithe ar bheagán oiliúna, chun poist ar ardchaighdeán a aimsiú. Léiríonn an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas go raibh 'cás criticiúil' ann in 2023 (bearna 39,2 pointe céatadáin i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas), tar éis don bhearna leathnú den dara huair. Ar an taobh eile, bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní 'níos fearr ná an meán', mar atá, 7,7 pointe céatadáin (10,2 pointe céatadáin san Aontas). Tháinig feabhas ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) agus bhí sé 'ar an meán' in 2023 (11,8 % i gcomparáid le 11,2 % AE), fiú má tá níos mó ná leath na ndaoine sin neamhghníomhach.

**Tá dúshláin áirithe roimh an gCróit maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil agus fáil scileanna.** Tá an tír fós ar 'an ngníomhaí is fearr' maidir leis an gcion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, a bhí ag 2.0 % in 2023, i gcomparáid le meán 9,5 % an Aontais. An tráth céanna, tháinig méadú ar sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil go 29,6 % in 2023 (ó 27,5 % in 2022) agus is 'ar an meán' a fheidhmíonn an Chróit anois, cé go bhfuil an sciar fós 7,9 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais. D'ainneoin neamhréireachtaí marthanacha idir scileanna sa mhargadh saothair, níor ghlac ach 23,3 % d'aosaigh na Cróite páirt san fhoghlaim sa 12 mhí roimhe sin in 2022, i gcomparáid le 39,5 % san Aontas agus tar éis laghdú a bheith tagtha air ó 26,9 % in 2016. Leis sin, tá an acmhainneacht chun iomaíochas amach anseo a mhéadú, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, á cur i mbaol agus tá an cás 'le breathnú'. Cé go raibh sciar na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 59,0 % in 2023 (55,6 % san Aontas), tá sé 'le breathnú' anois freisin mar gheall ar an meath suntasach (4,4 pointe céatadáin) a tháinig air ó bhí 2021 ann.

**Tá roinnt dúshlán roimh an gCróit sa réimse maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta.** Tá ráta maidir le baol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) fós 'ar an meán' i gcás an daonra iomláin (20,7 % i gcomparáid le 21,3 % AE) agus 'níos fearr ná an meán' i gcás leanaí (17,3 % i gcomparáid le 24,8 % AE), ach níos airde ná meán an Aontais i gcás daoine faoi mhíchumas (37,5 % i gcomparáid le 28,8 %). Bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) maidir leis an mbochtaineacht a laghdú 'criticiúil' ó bhí 2020 ann agus bhí sé níos ísle go mór ná meán an Aontais in 2023 (20,9 % i gcomparáid le 34,7 %). Ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh air sin i ndáil leis an gcostas maireachtála ard freisin.

Thairis sin, shroich neamhionannas (arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim) an leibhéal is airde dá raibh ó 2018 i leith, mar atá, 4,91 in 2023 (i gcomparáid le 4,7 san Aontas) agus tá sé 'le breathnú' anois. Tá an cás i dtaca leis an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta agus an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú 'níos fearr ná an meán'.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe sé tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an gCróit maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Iodáil



*Tabhair faoi deara:* Briseadh san amshraith in 2018.
*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], [une_rt_a], SFS an

**D'ainneoin téarnamh marthanach san fhostaíocht, tá dúshláin thábhachtacha san Iodáil maidir leis an margadh saothair.** Cé gur shroich an ráta fostaíochta 66,3 % in 2023, an leibhéal is airde riamh, d'ainneoin moilliú ar an bhfás eacnamaíoch, tá sé fós 9,0 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais agus 'lag ach ag feabhsú'. Tá sé chun deiridh go háirithe sa deisceart (52,5 %) agus ar na hoileáin (51,5 %). Cé gur tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta (7,7 %) agus ar a comhpháirt fhadtéarmach (4,2 %) in 2023, tá siad fós i measc na rátaí is airde san Aontas, agus i gcás atá 'le breathnú' agus ina 'cás criticiúil', faoi seach. Chomh maith leis sin, is 'cás criticiúil' í an bhearna fostaíochta idir na hinscní, ag 19,5 pointe céatadáin in 2023, níos leithne ná dhá oiread mheán an Aontais, agus gan feabhsuithe suntasacha le deacáid anuas. Is dúshlán fós í an rannpháirtíocht íseal sa mhargadh saothair, go háirithe i gcás na mban agus na hóige, i bhfianaise phráinne an dúshláin dhéimeagrafaigh. Ar an taobh eile, tá an Iodáil fós i measc 'na ngníomhaithe is fearr' i dtaca leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Ar deireadh, tháinig laghdú breise ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita go 94,0 % san Iodáil in 2023 i gcomparáid le 2008 (i gcomparáid le meán 111,1 % an Aontais), rud a thugann le fios go bhfuil 'cás criticiúil' ann.

**Tá comharthaí ann go bhfuil feabhas tagtha ar an gcás i gcás daoine óga, ach tá dúshláin roimh an Iodáil maidir leis an bhfoghlaim aosach.** Ba é 29,0 % sciar na ndaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaim in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % AE agus 33,9 % in 2016) agus bhí sé 'le breathnú'[300]. Thairis sin, in 2023 ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 45,8 % de dhaoine fásta na hIodáile, rud a d'fhág go raibh sé 'le breathnú' fós, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Os a choinne sin, tháinig feabhas ar chás na luathfhágálaithe ón oideachas agus oiliúna agus ar chás na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET), ag laghdú 1,0 pointe céatadáin agus 2,9 pointe céatadáin faoi seach, agus tá na cásanna sin 'lag ach ag feabhsú' anois. Mar sin féin, tá luathfhágáil na scoile cuid mhaith níos airde i measc daoine nach saoránaigh den Aontas iad (29,5 %) ná mar atá i measc náisiúnaigh (9,0 %). Agus ráta NEET 16,1 % san Iodáil, atá fós ar cheann de na rátaí NEET is airde san Aontas (11,2 %) ('lag ach ag feabhsú') is dúshlán fós iad bunscileanna laga na ndaltaí.

**Sa réimse sóisialta, bhí dul chun cinn ann ach d'fhéadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh.** In 2023, tháinig laghdú 1,6 pointe céatadáin agus 1,4 pointe céatadáin ('níos fearr ná an meán' agus 'lag ach ag feabhsú', faoi seach), ar sciar an daonra i gcoitinne agus ar sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE), arb é ba chúis leis laghdú ar an líon daoine a bhí i mbaol na bochtaineachta airgeadaíochta agus ar an líon daoine a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe. Ag 22,8 % agus 27,1 %, tá an dá ráta fós os cionn mheán an Aontais. Le haistrithe sóisialta seachas pinsin, amhail an liúntas

[300] Tá briseadh san amshraith le haghaidh an táscaire in 2023.

leanaí uilíoch, rinneadh laghdú 30,5 % ar an mbochtaineacht airgeadaíochta ('níos fearr ná an meán'). Mar sin féin, tá difríochtaí móra ann idir réigiúin agus tháinig méadú ar sciar na ndaoine dá ndéanann géardhíth ábharach agus shóisialta dochar, i gcomhréir le sciar ard na ndaoine atá ag maireachtáil i ndálaí na bochtaineachta absalóidí, sciar nár athraigh le fada, mar atá, 9,8 % in 2023 (an leibhéal roimh an bpaindéim: 7,6 %).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe sé tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Iodáil maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Chipir




*Foinse:* Eurostat [isoc_dskl_i21],Suirbhé ESS ICT.

**Maidir le forbairt scileanna, léirítear ann go bhfuil meath ag teacht ar an gcás sin, agus dúshláin nua ag teacht chun cinn.** Tháinig méadú géar ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, ó 8,1 % in 2022 go 10,4 % in 2023, rud atá 'le breathnú' anois. An tráth céanna, tá an-chuid neamhréireachtaí ann idir scileanna: in 2022, bhí 31,8 % de dhaoine fostaithe róch※áilithe dá bpost, i.e. 9,6 pointe céatadáin níos mó ná meán an Aontais. Tá laghdú tagtha ar an litearthacht dhigiteach agus tá sí an-íseal, agus ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 49,5 % de dhaoine fásta in 2023 (i gcomparáid le 55,6 % AE), agus is cás é atá 'le breathnú' fós. Thairis sin, níl bunscileanna sa mhatamaitic (53,2 %) ná sa léitheoireacht (60,6 %) ag níos mó ná leath na ndaltaí uile, agus an ráta i measc na sciartha is airde san Aontas. Ní raibh ach 11,2 % de na céimithe uile in 2021 ina mic léinn ETIM, sciar atá ar cheann de na cinn is ísle san Aontas (is é 25,4 % an meán), ach an tráth céanna, réamh-mheastar go mbeidh an t-éileamh ar phoist ETIM 50 % níos airde faoi 2032 ná an soláthar a bhí ann in 2021. Bhí sciar na ndaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaim sa 12 mhí roimhe sin íseal, mar atá, 28,3 % in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), tar éis titim mhór ó 44,8 % in 2016, ar cás é sin atá 'le breathnú'. Ar an taobh eile, ba é 36,9 % sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil sa Chipir in 2023, (i gcomparáid le 37,5 % AE), tar éis méadú suntasach ón mbliain roimhe sin, feidhmíocht fhoriomlán atá 'níos fearr ná an meán'.

**Tá margadh saothair na Cipire ag feidhmiú go maith ar an iomlán, ach tá dúshláin fós roimh ghrúpaí áirithe den daonra.** De dhroim fás eacnamaíoch a bhí fós réasúnta láidir in 2023, tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta go 79,5 % in 2023 (i gcomparáid le 75,3 % AE), agus thit an ráta dífhostaíochta agus a comhpháirt fhadtéarmach go 5,8 % agus 1,8 %, faoi seach, ('níos fearr ná an meán', 'níos fearr ná an meán' agus 'ar an meán', faoi seach). Tá na bearnaí fostaíochta idir na hinscní agus le haghaidh daoine faoi mhíchumas 'níos fearr ná an meán' agus 'ar an meán', faoi seach. An tráth céanna, maidir le sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna) tá sé fós ard, mar atá, 13,9 % i gcomparáid le 11,2 % san Aontas, fiú tar éis laghdú 0,8 pointe céatadáin, agus é 'i gcás criticiúil'. Ar deireadh, tá an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita fós íseal, fiú má tá sé os cionn leibhéal 2008, tar éis meath beag ó bhí 2021 ann, 'ar an meán'.

**Is cosúil go bhfuil an córas cosanta sóisialta éifeachtach ó thaobh tacú le dea-thorthaí sóisialta sa Chipir.** Maidir le baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, ar an iomlán agus i gcás leanaí, ba é 16,7 % a bhí ann in 2023 (i gcomparáid le 21,3 % ar an iomlán agus 24,8 % i gcás leanaí san Aontas), agus an tír ag feidhmiú 'níos fearr ná an meán' faoin dá ghné sin. Tá dlúthbhaint aige sin le leibhéal agus dáileadh cobhsaí an fhíorioncaim in 2022, rud a léiríonn freisin go raibh méaduithe ar phraghsanna maolaithe in 2022 ar dtús. Léiríonn sé sin, i measc rudaí eile, tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, ar rud é atá 'ar an meán' (30.5 % i gcomparáid le 34.7 % san Aontas) agus an ró-ualach íseal maidir le costas tithíochta, dá bhfuil an Chipir ar an

‘ngníomhaí is fearr’. Tá an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, mar atá, 0,1 %, i measc na rátaí is ísle san Aontas agus ‘níos fearr ná an meán’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe ceithre tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an gCipir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Laitvia




*Foinse:* Eurostat [ilc_peps01n], SIDM-AE.

**Tá dúshláin shuntasacha sa réimse sóisialta, go háirithe i gcás daoine scothaosta.** I gcomhthéacs geilleagar a raibh crapadh ag teacht air, bhí sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) fós 'i gcás criticiúil' in 2023, mar atá, 25,6 % (i gcomparáid le meán 21,3 % an Aontais), d'ainneoin laghdú 0,4 pointe céatadáin ó bhí 2022 ann. I gcás leanaí, tháinig méadú ar an sciar go 20,3 %, ó 19,8 % in 2022, agus bhí sé 'ar an meán'. Ar an taobh eile, bhí sé thar a bheith ard i gcás daoine scothaosta, ag 41,6 %, sciar atá níos mó ná dhá oiread mheán an Aontais (19,8 %). An tráth céanna, tháinig laghdú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ó 25,0 % in 2022 go 23,5 % in 2023 (i gcomparáid le 34,7 % san Aontas), agus tá sé 'le breathnú'. Bhí neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ina chás 'criticiúil' go marthanach le 3 bliana anuas, agus ceann de na luachanna is airde i gceist, mar atá, 6,2 in 2023 i gcomparáid le 4,7 san Aontas. Is é is aidhm don athchóiriú maidir leis an ioncam íosta a rinneadh le déanaí agus don mhéadú ar an bpá íosta go EUR 700 in 2024, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le rioscaí arda bochtaineachta agus neamhionannais, ach níl na torthaí le feiceáil go fóill. Ar deireadh, léirítear go bhfuil 'cás criticiúil' fós ann i dtaca leis an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, rud a rinne dochar do 7,8 % den daonra in 2023 (i gcomparáid le 2,4 % san Aontas), agus ar ar tháinig méadú beagnach faoi dhó ó bhí 2021 ann.

**Tá an fheidhmíocht maidir le hoideachas agus scileanna fós 'ar an meán', ach meath tagtha ar ghnéithe di.** Tháinig laghdú ar rannpháirtíocht na ndaoine fásta san fhoghlaim (le 12 mhí anuas) in 2022 (34,1 % i gcomparáid le 39,5 % san Aontas), díreach mar a thit sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ó 50,8 % in 2021 go 45,3 % in 2023 (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas). Tá an sciar deireanach sin 'le breathnú' anois, mar rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an aistriú digiteach sa Laitvia. Tháinig méadú beag ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2023, go 7,7 % (i gcomparáid le 9,5 % san Aontas), d'ainneoin feabhsuithe sna blianta roimhe sin. Tá faireachán á dhéanamh ar an tionchar ar réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a bhí ag na bearta rinneadh le déanaí lenar tugadh aghaidh ar athchóiriú an réimse sin.

**Cobhsaíodh an margadh saothair tar éis an téarnaimh i ndiaidh na paindéime.** In 2023, tháinig méadú breise ar an ráta fostaíochta go 77,5 % (ó 77,0 % in 2022), agus é ag feidhmiú 'ar an meán' don dara bliain as a chéile. Tá an Laitvia fós i measc 'na ngníomhaithe is fearr' maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní agus í 'ar an meán' i ndáil le NEETanna óga. Feidhmíonn an Laitvia 'níos fearr ná an meán' i dtaca leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, tar éis feabhsú go 18,5 pointe céatadáin in 2023 (i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas), ó 20,8 pointe céatadáin in 2022.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe cúig tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha**

**roimh an Laitvia maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Liotuáin



Foinse: Eurostat [une_rt_a], SFS an Aontais.

**Tá cás an mhargaidh sa Liotuáin tar éis dul in olcas beagán in 2023, tar éis an mhoillithe ar an ngeilleagar.** Tháinig méadú 0,9 pointe céatadáin ar an ráta dífhostaíochta go 6,9 % in 2023, agus tá sé anois os cionn mheán 6,1 % an Aontais; is léiriú é sin ar fheidhmíocht atá ag dul in olcas i dtéarmaí coibhneasta in imeacht 2 bhliain as a chéile (ó 'níos fearr ná an meán' in 2021 go 'ar an meán' in 2022, agus tá sé 'le breathnú' in 2023). An tráth céanna, léirítear insreabhadh na ndaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin sa mhéadú sin freisin, agus ní hionann a ndinimic siúd ó thaobh na fostaíochta de. D'fhéadfadh sé sin difear sealadach a dhéanamh d'fhigiúirí an mhargaidh saothair. Mar sin féin, bhí an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí fós 'ar an meán'. Is cás é atá 'le breathnú' maidir leis an ráta fostaíochta; cé gur tháinig méadú air i bhformhór na mBallstát san Aontas, tháinig laghdú air go 78,5 % sa Liotuáin in 2023 (ó 79,0 % in 2022), cé go bhfuil sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (75,3 % in 2023). Thairis sin, tháinig méadú 2,8 pointe céatadáin ar ráta na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) go 13,5 % in 2023 (i gcomparáid le 11,2 % san Aontas) agus tá sé 'le breathnú' freisin. Tá feabhas ag teacht ar chás fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas, arbh fhianaise air sin an laghdú ar an mbearna ó 35,0 pointe céatadáin in 2022 go 32,4 pointe céatadáin in 2023 (i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas) ach tá sé fós 'criticiúil' i dtéarmaí coibhneasta bunaithe ar phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta i dtaca leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

**Cé gur tháinig laghdú ar an mboilsciú in 2023, agus na rátaí is airde riamh ann ina leith in 202, tá dúshláin fós roimh an Liotuáin a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta agus leis an gcosaint shóisialta.** Cé go bhfuil tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta 'ar an meán', tá leordhóthanacht agus cumhdach na sochar sóisialta agus na bpinsean fós íseal. Tháinig laghdú gan ach 0.3 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh shóisialta (AROPE) go 24,3 % in 2023, (os cionn mheán an Aontais de 21,3 %), agus tá sé fós 'le breathnú' mar sin. Tá an ráta i measc na rátaí is airde san Aontas i gcás daoine faoi mhíchumas, ag 42,7 %. Tá an neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, i measc na rátaí is airde san Aontas (6,3% i gcomparáid le 4,7), rud a léiríonn go bhfuil 'cás criticiúil' ann go leanúnach don tríú bliain as a chéile. Ar an taobh eile, tá an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta 'níos fearr ná an meán' agus tá sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta 'ar an meán'.

**I gcomhthéacs ina bhfuil an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach ag tarlú go tapa, tá dúshláin fós ann maidir le forbairt scileanna.** Bhí rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas go mór faoi bhun mheán an Aontais in 2022, mar atá, 27,4 % i gcomparáid le 39,5 %, agus dá bhrí sin tá sé 'le breathnú'. Ar an taobh eile, tháinig méadú ar sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ara laghad acu go 52,9 % in 2023 (ó 48,8 % in 2022) i gcomparáid le 55,6 % san Aontas (anois 'ar an meán'). Tháinig laghdú ar sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil go 19,9 % in 2023 (ó 22,8 % in 2022), rud a bhí ina bhriseadh ar an treocht dhearfach a bhí ann in 2021-22, agus atá fós 'le breathnú'. An tráth céanna, d'ainneoin méadú 1,6 pointe céatadáin, bhí sciar na

luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, ag 6,4 % in 2023, fós faoi bhun mheán 9,5 %, agus dá bhrí sin 'go maith ach faireachán le déanamh air'.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe ocht dtáscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Liotuáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## Lucsamburg

**Chuaigh an cás sóisialta in olcas i Lucsamburg in 2023 agus tá dúshláin fós ann a bhaineann le costais tithíochta.** Tháinig meath mór in 2023, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) ar an iomlán (21,4 %, i gcomparáid le 21,3 san Aontas) agus go háirithe i gcás leanaí (26,1 % i gcomparáid le 24,8 % san Aontas). Is féidir é sin a chur i leith boilsciú méadaithe a bhfuil tionchar diúltach aige ar ghéardhíth ábharach nó shóisialta agus i leith leibhéil mharthanacha arda maidir le bochtaineacht lucht oibre chomh maith. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú níos mó ná 6 phointe céatadáin go 27,4 % (i gcomparáid le 34,7 % san Aontas) ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta. Tá na trí tháscaire uile sin 'le breathnú'. Tá costais tithíochta fós ina n-ualach ar bhuiséid teaghlach: an sciar ard díobh siúd a bhfuil ró-ualach orthu de bharr na gcostas sin, agus an méadú atá ag teacht ar an sciar sin, léiríonn sé go bhfuil 'cás criticiúil' ann don dara bliain tar éis ceann de na harduithe is mó, mar atá, 22,7 % in aghaidh 8,8 % i gcás an Aontais. Is é fás an daonra is mó is cúis leis sin, i bhfianaise sholáthar teoranta na tithíochta, agus éagothromaíochtaí arda ioncaim i gcathair Lucsamburg, nithe a bhfuil tionchar acu ar an rochtain ar an tithíocht. Ar an taobh eile, tá ceann de na sciartha is airde de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil i Lucsamburg, agus méadú ó 54,7 % ann in 2022 go 60,0 % in 2023 (i gcomparáid le 37,5 % san Aontas). Thairis sin, tá an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú 'níos fearr ná an meán'.




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amshraith in 2020, 2021, 2022.

**Tugann treochtaí atá le sonrú le déanaí go bhfuil feidhmíocht an mhargaidh saothair ag moilliú.** In 2023, i gcomhthéacs moillithe ar an ngeilleagar in éineacht le ganntanais mharthanacha lucht saothair, bhí an ráta fostaíochta ina stad, mar atá, 74,8 %, beagán faoi bhun mheán an Aontais. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta go 5,2 % agus tá sé 'le breathnú' anois, tar éis dó dul in olcas i dtéarmaí coibhneasta in imeacht 2 bhliain as a chéile (ó 'níos fearr ná an meán' agus 'ar an meán' sa 2 bhliain roimhe sin). Thairis sin, tháinig méadú suntasach 0,4 pointe céatadáin ar an dífhostaíocht fhadtéarmach go 1,7 % in 2023, tar éis di téarnamh roimhe sin go dtí an leibhéal íseal a bhí ann roimh an bpaindéim; tá sé 'le breathnú' anois freisin, mar aon leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas (mar atá, 23,7 pointe céatadáin i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas) tar éis ardú 15,2 pointe céatadáin in 2023. Maidir le sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET), tháinig ardú go 8,5 % air in 2023, rud a d'fhág gur cás é atá 'go maith ach faireachán le déanamh air'.

**Feidhmíonn Lucsamburg go maith maidir le hoideachas agus scileanna ar an iomlán ach tá dúshláin roimhe maidir le scileanna digiteacha, ar dúshláin iad atá ríthábhachtach don dá aistriú.** Tá an tír 'níos fearr ná an meán' den chuid is mó sa réimse beartais sin. Go sonrach, tháinig laghdú arís ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2023 (ráta a bhain 6,8 % amach i gcomparáid le meán 9,5 % an Aontais), agus bhain sciar na ndaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaim le 12 mhí anuas 45,2 % amach in 2022 (i gcomparáid le 39,5 % san Aontas). Mar sin féin, in 2023, tháinig meath mór

ar sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu (60,1 %) cé gur tháinig méaduithe ar an sciar sin i bhformhór na mBallstát san Aontas. Dá bhrí sin, fiú má tá an figiúr sin fós cuid mhaith os cionn mheán 55,6 % an Aontais, tá an táscaire 'le breathnú' anois.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe ocht dtáscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Lucsamburg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Ungáir

**Tháinig méadú ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta, go háirithe i measc leanaí.** In 2023, cé go raibh an dá ráta fós gar do mheán an Aontais, chuaigh siad in olcas (athrú 1,3 pointe céatadáin go 19,7 % agus athrú 6,3 pointe céatadáin go 24,4 % faoi seach), ag dul ó 'ar an meán' ar an iomlán agus ó 'níos fearr ná an meán' i gcás leanaí go 'le breathnú'. Tháinig méadú ar bhochtaineacht airgeadaíochta (AROP) na leanaí go substaintiúil agus bhí rátaí na géardhíthe ábharaí agus sóisialta i measc na rátaí is airde san Aontas (10,4 % ar an iomlán, 15,1 % i gcás leanaí agus 17,9 % i gcás daoine faoi mhíchumas, i gcomparáid le 6,8 %, 8,4 % agus 11,0 % san Aontas). Tar éis méadú 12 % in 2023, tá an neamhionannas ioncaim 'le breathnú' freisin, fiú má tá sé fós beagán faoi bhun mheán an Aontais (4,5% i gcomparáid le 4,7). Tháinig feabhas ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ó 'le breathnú' go 'ar an meán' in 2023 (34,5 %), rud a léiríonn ráta laghdaithe i bhfad níos ísle ar an iomlán ach laghdú mór i gcás leanaí. Léiríonn titim éifeachtacht na n-aistrithe sóisialta, cé gur tháinig fás tapa ar phraghsanna agus ar phá ainmniúil le blianta beaga anuas, nár tháinig aon athrú ainmniúil ar shochair shóisialta amhail ioncam íosta agus sochair theaghlaigh.




*Tabhair faoi deara:* Ríomhtar tionchar an aistrithe shóisialta ar laghdú na bochtaineachta leanaí a ríomh trí úsáid a bhaint as rátaí AROP roimh an aistriú agus ina dhiaidh. Briseadh san amshraith in 2022.

**Tá dúshláin roimh an Ungáir i bhformhór na n-earnálacha oideachais ach tá an tír ag feidhmiú os cionn an mheáin maidir le foghlaim aosach.** Bhí ráta na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint fós ard agus i 'gcás criticiúil' d'ainneoin laghdú ó 12,4 % in 2022 go 11,6 % in 2023. I gcás na Romach, bhí an ráta sin sé huaire níos airde de thoradh saincheisteanna córasacha, rud a thugann le fios go bhfuil dúshláin shuntasacha ann maidir le rochtain a sholáthar dóibh ar oideachas agus ar scileanna iomchuí don mhargadh saothair. Tá bunscileanna na ndaltaí fós íseal agus baineann an cúlra socheacnamaíoch go suntasach leis sin. Ar an taobh eile, tar éis iarrachtaí na mblianta roimhe seo chun acmhainneachtaí cúraim leanaí a mhéadú, tháinig méadú ar rannpháirtíocht na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil ó 12,9 % in 2022 go 20,3 % in 2023 agus tá sé 'lag ach ag feabhsú' anois. D'fheidhmigh an Ungáir 'níos fearr ná an meán' maidir le scileanna digiteacha agus ba í an Ungáir an 'gníomhaí is fearr' maidir leis an bhfoghlaim aosach in 2023 (58,9 % agus 62,2 %, faoi seach, i gcomparáid le 55,6 % agus 39,5 % san Aontas). Mar sin féin, rátaí i gcás daoine ar bheagán scileanna, daoine dífhostaithe agus daoine 55 +, tá siad níos ísle ná mar atá i gcás an daonra iomláin.

**Tá margadh saothair na hUngáire ag leanúint dá fheidhmíocht mhaith ar an iomlán; mar sin féin, tá méadú tagtha ar an dífhostaíocht fhadtéarmach agus tá na torthaí i gcás grúpaí leochaileacha áirithe fós chun deiridh.** Bhí na rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta fós 'níos fearr ná an meán' in 2023 agus tá an Ungáir fós i measc 'na ngníomhaithe is fearr' maidir le fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita. Cé go bhfuil an dífhostaíocht fhadtéarmach fós níos ísle ná meán an Aontais, tháinig méadú beag uirthi in 2023, i gcomparáid le treocht an laghdaithe san Aontas, agus is cás é atá 'le breathnú'. Tá bacainní suntasacha fós ar ghrúpaí leochaileacha sa mhargadh saothair. Tháinig laghdú 2,8 pointe

céatadáin ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas in 2023 agus tá sí 'le breathnú' anois mar gheall ar a leibhéal ard marthanach (29,6 pointe céatadáin i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas). Bhí na rátaí fostaíochta (15-64) i gcás daoine ar bheagán oiliúna (38,7 %) agus na Romach (47,3 %) i bhfad faoi bhun mheán na hUngáire (74,4 %) in 2022.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe sé tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ungáir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## Málta

**Tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá ann ó thaobh cúrsaí sóisialta i Málta.** I bhfianaise fás eacnamaíoch láidir, tá rioscaí bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, ar an iomlán agus i gcás leanaí araon, 'ar an meán' (mar atá, 19,8 % agus 25,2 %, faoi seach, i gcomparáid le 21,3 % agus 24,8 % san Aontas). Mar sin féin, luaitear trí tháscaire shóisialta mar tháscairí atá 'le breathnú'. Tháinig méadú ar neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ó 4,8 in 2022 go 5,3 in 2023 (i gcomparáid le 4,7 AE). Maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, tá sé íseal i gcónaí, ag 25,6 % in 2023, go mór faoi bhun mheán 34,7 % an Aontais, agus tá an tionchar ag dul i laghad i gcaitheamh na mblianta. Ar deireadh, tháinig méadú suntasach ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta, go 6,0 % in 2023 ó 2,9 % in 2022, ach bhí sé faoi bhun mheán an Aontais fós. Ar an taobh eile, níor thuairiscigh ach 0,1 % den daonra (i gcomparáid le 2,4 % san Aontas) gá le cúram leighis nár riaradh, rud a léiríonn feidhmíocht 'níos fearr ná an meán'.




*Tabhair faoi deara*: Briseadh san amshraith maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta in 2022 (línte dícheangailte).
*Foinse:* Eurostat [tespm050], [tessi180], EU SILC.

**Is dúshlán fós é luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna, ach tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.** D'ainneoin laghdú beag eile, maidir le sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, mar atá, 10,2 % in 2023 i gcomparáid le 9,5 % san Aontas, tá sé 'le breathnú' fós. Chomh maith leis sin, níl bunscileanna matamaitice (32,6 %) ná léitheoireachta (36,3 %) ag thart ar aon trian de dhaltaí Mhálta, ráta atá cuid mhaith os cionn mheán an Aontais. Mar sin féin, maidir le sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna), mar atá, 7,6 %, bhí sé íseal in 2023 (11,2 % san Aontas). Bhí sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil sách ard ag 51,0 % in 2023 (37,5 % san Aontas). Chomh maith leis sin, tháinig méadú ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas ó 32,8 % in 2016 go 39,9 % in 2022. I ngach ceann de na trí ghné sin, feidhmíonn Málta 'níos fearr ná an meán'. I measc daoine fásta, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 63,0 % (i gcomparáid le 55,6 % san Aontas, 'ar an meán'), cé go bhfuil difríochtaí móra fós ann idir leibhéil scileanna.

**Feidhmíonn an margadh saothair go láidir ar an iomlán, ach tá dúshláin fós ann i ndáil leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní.** Bhí an ráta fostaíochta i Málta i measc na rátaí ab airde san Aontas in 2023, ag 81,3 %, agus bhí an ráta dífhostaíochta ag leibhéal 3,5 %, níos ísle ná riamh ('níos fearr ná an meán' agus 'gníomhaí is fearr' faoi seach). Chomh maith leis sin, cúngaíodh an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas ó 30,1 pointe céatadáin in 2022 go 25,8 pointe céatadáin in 2023 (i gcomparáid le 21,5 pointe céatadáin san Aontas) agus tá sí 'níos fearr ná an meán' anois. Cé gur tháinig méadú ar rátaí fostaíochta d'fhir agus do mhná araon, leathnaíodh an bhearna fostaíochta idir na hinscní go 14,1 pointe céatadáin in 2023, rud a léiríonn go bhfuil 'cás criticiúil' ann. Is mó i bhfad é sin ná meán an Aontais (10,2 pointe céatadáin) agus tá sé ar cheann de na meathluithe is mó ó bhí 2022 ann.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe cúig tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Mhálta maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Ísiltír




*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], [une_rt_a], SFS an Aontais.

**Leanann geilleagar na hÍsiltíre de bheith ag feidhmiú cuíosach maith maidir le táscairí uile an Scórchláir Shóisialta a bhaineann leis an margadh saothair.** D'ainneoin moilliú suntasach ar an ngeilleagar in 2023, ba dhocht iad dálaí an mhargaidh saothair fós. Tháinig ardú ar an ráta fostaíochta san Ísiltír go 83,5 % in 2023 ('an gníomhaí is fearr'), cuid mhaith os cionn mheán an Aontais (75,3 %), agus tá an dífhostaíocht fós íseal d'ainneoin méadú beag in 2023 (go 3,6 %, 'níos fearr ná an meán'). Tá sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint fós i measc na sciartha is ísle san Aontas, d'ainneoin méadú breise a bheith tagtha air in 2023 (méadú 0,5 pointe céatadáin go 4,7 %), rud a fhágann gurb í an 'gníomhaí is fearr' í an tír. Mar sin féin, tá an baol go mbeidh margadh saothair mórdheighilte ann fós ar cheann de na dúshláin struchtúracha is mó san Ísiltír. Cé go bhfuil an bhearna fostaíochta idir na hinscní 'ar an meán' (7,8 pointe céatadáin i gcomparáid le 10,2 pointe céatadáin san Aontas in 2023), tá fostaíocht pháirtaimseartha forleathan, go háirithe i gcás na mban. Dá bharr sin tá ceann de na bearnaí is leithne idir na hinscní i bhfostaíocht pháirtaimseartha san Aontas (41.8 pointe céatadáin in aghaidh mheán an Aontais de 20.2 pointe céatadáin in 2023) agus bearna shubstaintiúil pinsin idir na hinscní (39,9 % i gcomparáid le 25,3 % san Aontas in 2023). Ar deireadh, níor choinnigh an fás ar ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita suas le meán an Aontais (109.4 agus 111.1 faoi seach) agus tá sé 'le breathnú' fós.

**Leanann an Ísiltír d'fheidhmíocht láidir a léiriú ar an iomlán i ndáil le foirmiú scileanna.** D'ainneoin méadú beag i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (0,6 pointe céatadáin), tá ráta na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint fós 'níos fearr ná an meán' (6,2 % in 2023). In 2023, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 82,7 % den daonra fásta, figiúr atá ar cheann de na sciartha is airde san Aontas ('an gníomhaí is fearr'). De réir thorthaí PISA 2022, áfach, tá meath tagtha ar bhunscileanna ginearálta na ndaltaí, rud a chruthaíonn riosca d'fhorbairt scileanna agus d'iomaíochas. Cé go raibh sciar na ndaltaí lena mbaineann an tearcghnóthachtáil cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais i ngach réimse in 2012, faoi 2022, bhí méadú beagnach faoi dhó tagtha air sa mhatamaitic agus san eolaíocht, agus bhí sé 2,5 oiread níos airde sa léitheoireacht. Ó 2018 i leith, tá méadú tagtha ar thearcghnóthachtáil go háirithe i measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste. Tá an fhor-rochtain éifeachtach fós tábhachtach ar mhaithe le huas-sciliú agus athsciliú dóibh siúd atá i gcás neamhfhabhrach sa mhargadh saothair (amhail daoine ar bheagán oiliúna, daoine a bhfuil conarthaí solúbtha nó sealadacha acu, agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine faoi mhíchumas). Go háirithe, mar iarmhairt dá chur chun feidhme díláraithe d'fhéadfadh sé nach bhfaigheadh grúpaí leochaileacha tacaíocht chothrom ná tacaíocht leordhóthanach i gcónaí.

**Tá cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta san Ísiltír fós réasúnta cobhsaí agus go maith faoi bhun mheán an Aontais.** Tá dúshláin fós ann do ghrúpaí sonracha, amhail daoine faoi mhíchumas nó daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, go háirithe leanaí. Tháinig méadú ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta ó 8,3 % in

2020 go 9,3 % in 2023 (i gcomparáid le 8,8 % san Aontas, ‘ar an meán’). Déantar difear do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta go háirithe, a bhfuil ráta ró-ualaigh 34,5 % orthu maidir le costas tithíochta (i gcomparáid le 33,5 % san Aontas).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe táscaire amháin atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú air’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ísiltír maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Ostair




*Tabhair faoi deara:* Briseadh san amshraith le haghaidh ráta NEET in 2021.
*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], [une_rt_a], [une_ltu_a], [edat_lfse_20], SFS an Aontais.

**In 2023, bhí comharthaí áirithe le feiceáil go raibh moilliú ag teacht ar théarnamh an mhargaidh saothair.** Tar éis méadú suntasach sa bhliain roimhe sin, tháinig laghdú beag ar an ráta fostaíochta go 77,2 % in 2023, i gcomhthéacs geilleagar a raibh crapadh ag teacht air in éineacht le ganntanais fhorleithne lucht saothair chomh maith le neamhréireachtaí, agus tá sé 'le breathnú' anois. Tháinig méadú measartha ar an ráta dífhostaíochta go 5,1 % in 2023 agus tá sé ag feidhmiú 'ar an meán' (ó 'níos fearr ná an meán' an bhliain roimhe sin). Os a choinne sin, tháinig laghdú breise ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí agus tá sé fós 'níos fearr ná an meán'. Agus cé gur fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní 'ar an meán' (7,8 pointe céatadáin in 2023), is san Ostair a bhí ceann de na rátaí fostaíochta páirtaimseartha is airde do mhná (61,4 %) agus an bhearna inscne is leithne (38,6 pointe céatadáin) ina leith sin. Agus líon na bpost coibhéiseach lánaimseartha á meas, fágtar go bhfuil bearna fostaíochta 19 bpointe céatadáin ann idir na hinscní, atá cuid mhaith níos leithne. Maidir le sciar na leanaí níos lú ná 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil, níor tháinig ach feabhas beagán faoi 1,1 pointe céatadáin in aon bhliain amháin air, go leibhéal a bhí fós íseal, mar atá, 24,1 % in 2023 (i gcomparáid le 37,5 % san Aontas) agus dá bhrí sin tá sé 'le breathnú' fós. An ráta íseal sin agus soláthar teoranta an chúraim leanaí inacmhainne ar ardchaighdeán, cuireann siad go suntasach leis an ráta ard d'obair pháirtaimseartha na mban. Ar deireadh, bhí an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) per capita faoi bhun an leibhéil a bhí aige in 2008 (98,5 % in 2023), d'ainneoin téarnamh seasta a bheith ag teacht air ó ghéarchéim COVID-19, rud a fhágann gur 'cás criticiúil' é.

**I réimse na scileanna, leanann an Ostair d'fheidhmíocht mhaith a léiriú, ach tá dúshláin áirithe fós ann.** Tá sciar na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ard (64,7 % in 2023) agus 'níos fearr ná an meán'. Maidir le sciar na ndaoine a bhí rannpháirteach san fhoghlaim, cé gur tháinig laghdú 3,1 pointe céatadáin air ó bhí 2016 ann, bhí sé i bhfad os cionn mheán an Aontais in 2022 (52,2 % i gcomparáid le 39,5 %, 'níos fearr ná an meán'). Is cosúil go bhfuil sé tábhachtach fáil scileanna ag daoine fásta a neartú, lena n-áirítear sa réimse digiteach agus sa réimse glas, chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais ghaolmhara. Bhí sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint 'ar an meán' ag 8,6 % in 2023. I gcomhuain leis sin, ní raibh oideachas meánscoile íochtaraí ar a mhéad ach ag 30,5 % de na daoine dífhostaithe (15-64), rud a d'fhág go bhfuil siad an-leochaileach. Trí fheabhas a chur ar na bunscileanna do chách, is féidir leas a bhaint as a n-acmhainneacht agus feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta.

**Feidhmíonn an Ostair sách maith i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta.** Cé go bhfuil sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) 'níos fearr ná an meán', mar atá, 17,7 % in 2023, tháinig méadú ar ráta AROPE i gcás leanaí go 22,7 % ('ar an meán'). Go sonrach, tháinig méadú ar ghéardhíth ábharach agus shóisialta (méadú 1,2 pointe céatadáin) in 2023, cé go raibh sé fós go maith faoi bhun mheán

an Aontais. Tháinig laghdú ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta, faoi seach, agus tá sé 'níos fearr ná an meán' anois. Ina theannta sin, leanann tionchar láidir na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (39,2 % in 2023 i gcomparáid le 34,7 % san Aontas) agus an leibhéal íseal de riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh, leanann siad ag léiriú cáis atá 'níos fearr ná an meán'.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ostair maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Pholainn

**Tá an margadh saothair láidir, ach tá dúshláin shuntasacha fós roimh mhná agus daoine faoi mhíchumas.** In 2023, bhí an ráta fostaíochta ar an ráta ab airde le tríocha bliain (77,9 % i gcomparáid le 75,3 % san Aontas, 'níos fearr ná an meán'). Thairis sin, tá ceann de na rátaí dífhostaíochta is ísle ag an bPolainn, mar atá, 2,8 %, agus í i measc 'na ngníomhaithe is fearr' san Aontas. Mar sin féin, tá ganntanais lucht saothair fós suntasach, agus is é an laghdú ar an daonra in aois oibre is cúis leo freisin, agus rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair i measc grúpaí áirithe den daonra. In 2023, bhí titim níos airde ná an meán ann ó thaobh na bearna fostaíochta idir na hinscní de ach tá sí 'le breathnú' fós, agus 11,8 pointe céatadáin ann ina leith i gcomparáid le 10,2 pointe céatadáin san Aontas. Tá an ráta rannpháirtíochta sa mhargadh saothair sách íseal toisc go mbíonn níos mó freagrachtaí cúraim ar mhná de ghnáth le haghaidh leanaí agus daoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu. Tháinig meath suntasach ar sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a bhí rannpháirteach i gcúram leanaí foirmiúil in 2023, go 12,6 % (ó 15,9 % in 2022), agus tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (37,5 %), rud a fhágann go bhfuil 'cás criticiúil' ann. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an ráta íseal sin mar aon le dúshláin cháilíochta ar ionchais foghlama fhadtéarmacha leanaí agus do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Le méadú 2,6 pointe céatadáin go 33,9 pointe céatadáin in 2023, bhí an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas i measc na mbearnaí is leithne san Aontas (AE 21,5 pointe céatadáin) agus léirítear sé go bhfuil 'cás criticiúil' ann[301].

**Tá forbairtí maithe áirithe le feiceáil sa Pholainn maidir le daoine óga, ach tá bunscileanna, leibhéil scileanna digiteacha agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim fós an-íseal.** Maidir le sciar na ndaoine fásta a bhí rannpháirteach san fhoghlaim (le 12 mhí anuas), ba é 20,3 % in 2022 é, i bhfad faoi bhun mheán 39,5 % an Aontais, rud a fhágann gur 'cás criticiúil' atá ann. Is de thoradh rannpháirtíocht íseal san oideachas seachfhoirmiúil is mó é sin. Ina theannta sin, d'ainneoin méadú 1,4 pointe céatadáin, bhí sciar na ndaoine ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad (44,3 %) fós go mór faoi bhun mheán an Aontais in 2023 (55,6 %) agus is 'cás criticiúil' é freisin.




*Foinse:* Eurostat [eq_dskl07], Suirbhé ESS ICT.

Ach fáil scileanna digiteacha a neartú bítear in ann tacú ansin leis na haistrithe glasa agus digiteacha. I suirbhé PISA ECFE 2022, tháinig méadú ar an sciar de dhaltaí 15 bliana d'aois nach gcomhlíonann íosleibhéil i mbunscileanna, go 23 % sa mhatamaitic, 22,2 % sa léitheoireacht agus 18,6 % san eolaíocht, i measc na méaduithe is airde san Aontas i gcomparáid le 2018. Ar an taobh eile, is í an Pholainn an 'gníomhaí is fearr' maidir le luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (3,7 % i gcomparáid le 9,5 % san Aontas in 2023).

301 Luaitear go mbaineann leibhéal íseal iontaofachta leis an táscaire i dtaca leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas in 2023.

**Tá an cás sóisialta sách maith sa Pholainn.** Bhí an ráta maidir le baol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (16,3 % ar an iomlán agus 16,9 5 i gcás leanaí) agus an neamhionannais ioncaim (ba é 4,1 % an cóimheas idir cúigilí ioncaim) fós 'níos fearr ná an meán' (i gcomparáid le 24,8 % agus 4,7 %, faoi seach, san Aontas). Go sonrach, is ábhar suntais go bhfuil sciar na leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe níos ísle ná meán an Aontais (3,1 % i gcomparáid le 7,5 %).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe cúig tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bPolainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Phortaingéil




*Tabhair faoi deara:* Briseadh san amshraith in 2022.
*Foinse:* Eurostat [tespm050], SIDM-AE.

**Tá meath tagtha ar éifeachtacht chóras cosanta sóisialta na Portaingéile ó thaobh rioscaí bochtaineachta a mhaolú agus neamhionannais ioncaim a laghdú.** In 2023, tháinig laghdú 3,9 pointe céatadáin ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar an mbochtaineacht a laghdú agus léiríonn ráta 19,8 % (i gcomparáid le 34,7 % san Aontas) go bhfuil 'cás criticiúil' ann. Maidir le titim éifeachtacht na sochar sóisialta, cé gur tháinig méadú tapa ar phraghsanna agus ar phá ainmniúil le blianta beaga anuas, léiríonn an titim sin nach raibh an luas céanna faoi mhéadú na sochar sóisialta. Thairis sin, tháinig meath freisin ar neamhionannas, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, in 2023, go 5,6 (i gcomparáid le 4,7 san Aontas, 'le breathnú'). An tráth céanna, bhí sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) cobhsaí fós in 2023, mar atá, 20,1 %, sciar atá sé 'ar an meán'. Mar sin féin, tháinig méadú 1,9 pointe céatadáin (go 22,6 %) ar ráta AROPE i gcás leanaí ó 2022 ('ar an meán'), ráta atá ar cheann de na meathluithe is géire san Aontas. Tá sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta an-ard freisin sna réigiúin is forimeallaí sna hAsóir agus i Maidéara (31,4 % agus 28,1 % faoi seach). Chuaigh na luachanna táscaire in olcas i Limistéar Cathrach Liospóin agus sna hAsóir (athrú 3,8 pointe céatadáin agus 1,1 pointe céatadáin faoi seach), rud a thugann le fios go bhfuil dúshláin mharthanacha ann maidir leis an gcomhtháthú réigiúnach.

**Cé go bhfuil an Phortaingéil ag feidhmiú ar an meán i réimse na scileanna, tá dúshláin ag baint leis an méadú ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna.** Tháinig méadú ar sciar na luathfhágálaithe ó 6,3 % in 2022 go 8,1 % in 2023, agus tá sé 'le breathnú' anois, tar éis dó dul in olcas ó 'níos fearr ná an meán' sa 2 bhliain roimhe sin, rud a fhágann gur aisiompaíodh feabhsuithe a rinneadh roimhe. Thairis sin, tá éagothromaíochtaí suntasacha réigiúnacha ann, agus rátaí i bhfad níos airde i gcás réigiún na hAlgarve (16 %) mar shampla agus go háirithe i gcás réigiún Féinrialaitheach na nAsór (21,7 %). Tá meath suntasach tagtha ar bhunscileanna na ndaltaí ó bhí 2018 ann. Feidhmíonn an tír 'ar an meán' i gcás sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu agus i gcás sciar na ndaoine fásta atá rannpháirteach san fhoghlaim (le 12 mhí anuas). Mar sin féin, tháinig laghdú ar an sciar deireanach sin ó 38,0 % in 2016 go 33,4 % in 2022, d'ainneoin go raibh gá le huas-sciliú agus athsciliú freisin i bhfianaise an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais.

**Tá margadh saothair na Portaingéile athléimneach i gcónaí.** I gcomhthéacs fás eacnamaíoch a bheith os cionn mheán an Aontais, tháinig feabhas ar an ráta fostaíochta ó 77,1 % in 2022 go 78,0 % in 2023 agus tacaíocht ina leith ón imirce ghlan agus tá an ráta fós 'ar an meán'. Os a choinne sin, tháinig méadú 0,3 pointe céatadáin ar an ráta dífhostaíochta in 2023, go 6,5 % ('ar an meán'). Tá feabhas ag teacht ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó bhí 2021 ann, cé go bhfuil sé fós os cionn mheán an Aontais in 2023 (2,5 % i gcomparáid le 2,1 %). Leanann an Phortaingéil de bheith ag feidhmiú 'níos fearr ná an meán' freisin maidir le sciar na hóige nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET), seachas sna hAsóir, agus maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní, agus tá sí i measc 'na ngníomhaithe is fearr' i dtaca leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi

mhíchumas. Ar an taobh eile, tá deighilt mhargaidh saothair fós ann, mar a léirítear le sciartha arda daoine óga atá ar chonarthaí sealadacha (42,9 % i gcomparáid le 34,3 % san Aontas in 2023).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bPortaingéil maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Rómáin

**D'ainneoin dul chun cinn mór, tá na rioscaí bochtaineachta sa Rómáin ard go leanúnach, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus i limistéir thuaithe.** Tháinig laghdú seasta ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) ó bhí 2016 ann, ó 46,0 % go 34,4 % in 2022 agus 32,0 % in 2023 (i gcomparáid le 21,3 % san Aontas), ar comhartha é go bhfuiltear 'ag teacht suas' le ráta an Aontais, d'ainneoin go raibh an boilsciú fós ard le blianta beaga anuas. Tháinig laghdú freisin ar ráta AROPE i gcás leanaí, mar atá, 39,0 %, in 2023 (ó 41,5 % in 2022), agus tá sé fós ar cheann de na rátaí is airde (24,8 % san Aontas). Léiríonn sé sin go bhfuil an cás 'lag ach ag feabhsú' i leith an dá tháscaire i mbliana i gcomparáid le 'cás criticiúil' anuraidh. Baineann leibhéil ísle éifeachtachta leis an gcóras cosanta sóisialta fós maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, toisc nach ndéantar ach laghdú 15,6 % (i gcomparáid le 34,7 % san Aontas) ar an mbochtaineacht le haistrithe sóisialta (seachas pinsin), ar cás é atá 'criticiúil'. Cé gur tháinig laghdú beag ar neamhionannas ioncaim (arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim) in 2023 (ó 6,0 go 5,8), tá sé fós ar na leibhéil is airde san Aontas agus is 'cás criticiúil' é freisin. Tháinig méadú ar an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (5,2 % in 2023% i gcomparáid le 4,9 % in 2022) i gcomhréir leis an treocht a bhí ann san Aontas agus tá sé 'le breathnú' fós. Tá deacrachtaí níos mó ag grúpaí leochaileacha, daoine a chónaíonn i limistéir thuaithe, agus ag pobail imeallaithe mar shampla na Romaigh ó thaobh seirbhísí riachtanacha agus sóisialta a rochtain.




*Tabhair faoi deara:* Briseadh in RO san amshraith in 2021.
*Foinse:* Eurostat [edat_lfse_30], SFS an Aontais.

**Tá feabhas ag teacht ar an margadh saothair, ach tá dúshláin shubstaintiúla fós roimhe.** In 2023, bhí an ráta fostaíochta fós cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais (68,7 % i gcomparáid le 75,3 %) agus níor tháinig ach feabhas fíorbheag air ó bhí 2022 ann (68,5 %) d'ainneoin fás eacnamaíoch a bheith os cionn mheán an Aontais. Is 'cás criticiúil' é sin, a bhfuil cuid de ina léiriú ar thearcionadaíocht grúpaí áirithe den daonra lena n-áirítear mná agus na Romaigh. Bhí an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí cobhsaí ('ar an meán' ag 2,2 %), i gcomparáid le treocht an Aontais a bhí ag dul i bhfeabhas. An tráth céanna, tháinig méadú 0,5 pointe céatadáin go 19,1 pointe céatadáin ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní in 2023, rud a d'fhág go raibh sí ar cheann de na bearnaí is leithne san Aontas, agus í i 'gcás criticiúil' freisin. B'amhlaidh an cás freisin maidir le sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET), sciar ar tháinig laghdú 0,5 pointe céatadáin go 19,3 % air in 2023, ach atá fós ar cheann de na sciartha is airde san Aontas. Cé gur tháinig laghdú 2,8 pointe céatadáin ar an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas in 2023, tá sí leathan agus 'le breathnú' fós.

**Cuireann dúshláin leanúnacha a bhaineann le forbairt oideachais agus scileanna an cóineasú socheacnamaíoch inbhuanaithe i mbaol.** Tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim 'lag ach ag feabhsú' (19,1 % i gcomparáid le 39,5 % san Aontas in 2022). Mar sin féin, léirítear 'cásanna criticiúla' go marthanach i réimsí eile den fhorbairt scileanna. Is amhlaidh atá i gcás sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu (27,7 % in 2023 i gcomparáid le 55,6 % san Aontas). Thairis sin, tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ar cheann de na sciartha is airde freisin (16,6 % i gcomparáid le

9,5 % san Aontas in 2023), agus é tar éis dul in olcas a thuilleadh i gcomparáid le treocht an laghdaithe san Aontas, agus dá bhrí sin tá sé i 'gcás criticiúil', mar atá sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil, rud atá fós an-íseal (12,3 % i gcomparáid le 37,5 % san Aontas). Leis na treochtaí sin, in éineacht leis na leibhéil laga bunscileanna ó thorthaí PISA 2022, cuirtear i dtábhacht gur féidir an t-oideachas agus an oiliúint a neartú ó thaobh na cáilíochta, na hinrochtaineachta agus ábharthacht an mhargaidh saothair de.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 10 táscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Rómáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An tSlóivéin

**Tá dúshláin roimh an tSlóivéin a bhaineann lena córas oideachais agus oiliúna.** In 2022, níor ghlac ach 26,5 % de na daoine fásta uile páirt san oideachas agus san oiliúint. Tá sé sin go mór faoi bhun mheán 39,5 % an Aontais agus léiríonn sé laghdú 13,8 pointe céatadáin i gcomparáid le 2016, agus is cás é atá 'le breathnú' dá bhrí sin. Thairis sin, ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 46,7 % de dhaoine fásta in 2023, ráta a bhí cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais (55,6 %), agus rud atá ina léiriú ar laghdú 3,0 pointe céatadáin i gcomparáid le 2021. Cás atá 'le breathnú' atá ann, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Tháinig méadú breise 1,4 pointe céatadáin go 5,4 % ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2023, agus tá sé fós 'go maith ach faireachán le déanamh air', cé go bhfuil ceann de na sciartha is ísle san Aontas fós ag an tSlóivéin[302]. Dá réir sin, tháinig laghdú 0,6 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) go 7,8 % in 2023, rud atá 'níos fearr ná an meán'.




*Foinse:* Eurostat [isoc_sk_dskl_i21], Suirbhé ESS ICT.

**Tá margadh saothair na Slóivéine ag feidhmiú go maith ar an iomlán i gcomhthéacs fás eacnamaíoch leanúnach, cé gur tháinig laghdú ar an ráta fostaíochta in 2023.** Lean na rátaí dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí dá dtreochtaí anuas in 2023 agus ba é 3,7 % ('níos fearr ná an meán') agus 1,4 % ('ar an meán') na rátaí sin faoi seach. Ba é 77,5 % an ráta fostaíochta a bhí ann, rud a bhí os cionn mheán 75,3 % an Aontais ach chonacthas laghdú beag ina leith (0,4 pointe céatadáin) d'ainneoin méadú 1,6 % ar an bhfostaíocht iomlán an tráth céanna. I bhfianaise méaduithe ar rátaí fostaíochta i bhformhór na mBallstát, tugann sé sin le fios gur cás 'le breathnú' atá ann. Mar sin féin, tá an baol ann de bharr fachtóirí struchtúrtha mar shampla aosú tobann an daonra agus neamhréireachtaí scileanna go mbeidh na ganntanais lucht saothair atá ann cheana níos measa fós.

**Feidhmíonn an córas cosanta go maith tríd is tríd sa tSlóivéin.** Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí sciartha an daonra agus go háirithe sciar na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar cheann de na sciartha is ísle in 2023, ag 13,7 % agus 10,7 % faoi seach ('gníomhaithe is fearr' iad araon), agus i bhfianaise bearta tacaíochta a spriocdhíríodh go maith mar chuidiú le teaghlaigh leochaileacha chun tionchair bhoilsciú na bpraghsanna fuinnimh a mhaolú. Mar sin féin, tá rioscaí bochtaineachta i bhfad níos airde ag grúpaí áirithe leochaileacha fós, lena n-áirítear daoine ar bheagán oideachais, daoine dífhostaithe agus mná scothaosta, rud a fhágann go bhfuil údar le tuilleadh iarrachtaí beartais a bheadh spriocdhírithe ar na grúpaí sin. Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta 'ar an meán' anois ag 35,5 %, ach baineann éifeachtacht níos lú leo fós i gcás seanóirí (65+). Bhí neamhionannas ioncaim, ag 3,3, arna thomhas leis an

[302] Tá briseadh san amshraith in 2023 le haghaidh tháscaire na ndaoine a d'fhág an t-oideachas agus an oiliúint go luath.

gcóimheas idir cúigilí ioncaim, fós ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas in 2023 ('an gníomhaí is fearr').

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSlóivéin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An tSlóvaic

**Tá rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige an-íseal agus is féidir meath ar scileanna digiteacha a fheiceáil, cé go bhfeidhmíonn an tír go maith ar an iomlán maidir le foghlaim aosach.** In 2023, is ag an tSlóvaic a bhí ceann de na rátaí rannpháirtíochta is ísle i gcás leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (mar atá, 1,0 %, agus bearna ann i gcoibhneas le ráta rannpháirtíochta 37,5 % an Aontais), agus dá bhrí sin is 'cás criticiúil' fós é. Tá rannpháirtíocht in oideachas agus cúram luath-óige i gcás leanaí os cionn 3 bliana d'aois fós ar cheann de na rátaí is ísle (78,6 % i gcomparáid le 93,1 % san Aontas in 2022), agus gan ach sciar 33 % i gceist i gcás leanaí Romacha in 2021 (cé gur tháinig feabhas air ó 27 % in 2016). Chomh maith leis sin, tá bunscileanna matamaitice agus léitheoireachta in easnamh ag aon trian de dhaoine 15 bliana d'aois. Thit sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ó 55,2 % in 2021 go 51,3 % in 2023, agus tá sé 'le breathnú'. Mar sin féin, tá luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna agus rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach (le 12 mhí anuas) sa tSlóvaic 'níos fearr ná an meán'.

**Feidhmíonn margadh saothair sa tSlóvaic go maith i gcoitinne, ach is dúshlán marthanach í an dífhostaíocht fhadtéarmach.** In 2023, bhain an ráta fostaíochta an leibhéal is airde riamh amach, 77,5 %, agus is ar an leibhéal is ísle riamh a bhí an ráta dífhostaíochta, mar atá, 5,8 %, (is iad 75,3 % agus 6,1 % meáin an Aontais faoi seach). Tháinig feabhas breise freisin ar chion na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET), ag titim ó 12,3 % in 2022 go dtí 11,2 % in 2023 ('ar an meán'). Mar sin féin, tá an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí fós 'i gcás criticiúil', ós rud é nár tharla ach beagán feabhais in 2023, go 3,8 % ó 4,1 % in 2022, agus tá sé fós i measc na rátaí is airde san Aontas. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós mór freisin. Tháinig laghdú ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh ó 126,4 in 2022 go 123,2 in 2023 agus tá sé 'le breathnú' anois.




*Foinse:* Eurostat [une_ltu_a], SFS an Aontais.

**Maidir le baol foriomlán na bochtaineachta sa tSlóvaic, tá sé íseal ach tá dúshláin fós ann i gcás réigiún agus grúpaí daonra áirithe.** Tá ráta maidir le baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) 'go maith ach faireachán le déanamh air' ag 17,6 % (i gcomparáid le 21,3 % san Aontas), tar éis don mhéadú 1,1 pointe céatadáin a tháinig air in 2023, in aghaidh laghdú i roinnt mhaith Ballstát eile. Tá neamhionannas ioncaim, arna thomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, 'go maith ach faireachán le déanamh air' freisin. Tháinig méadú ar an ráta AROPE i gcás leanaí go 25,3 % in 2023 (ó 24,7 % in 2022), agus é 'ar an meán'. An tráth céanna, tháinig feabhas suntasach ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, ó 33,8 % in 2022 go 36,4 % in 2023, agus tá sé 'níos fearr ná an meán' anois. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha sa tSlóvaic, agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta i bhfad níos géire sa chuid thoir den tír. Tá ceann de na daonraí Romach is mó san Aontas sa tír freisin, leis na mílte daoine a chónaíonn i limistéir iargúlta gan aon rochtain acu ar sheirbhísí riachtanacha. Tar éis don mhéadú suntasach ó 2,5 % go 5,9 % a tháinig ar sciar na dteaghlach ar a bhfuil ró-ualach maidir le costais tithíochta in 2023, tá sé 'go maith ach faireachán le déanamh air' anois.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe ceithre tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSlóvaic maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An Fhionlainn




*Foinse:* Eurostat [lfsi_emp_a], [une_rt_a], SFS an Aontais.

**Tá margadh saothair na Fionlainne ag feidhmiú go maith ar an iomlán, cé go bhfacthas meath áirithe in 2023.** Tháinig laghdú beag ar an ráta fostaíochta in 2023, agus bhí sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (78,2 % i gcomparáid le 75,3 %). Fós, is cás é atá 'le breathnú', i gcomparáid leis an bhfeabhas atá ag teacht ar threochtaí i gcás na mBallstát eile, agus i gcomhthéacs cúlú eacnamaíoch agus ganntanais mharthanacha lucht saothair. Chomh maith leis sin, tá an ráta dífhostaíochta 'le breathnú' tar éis dó dul in olcas ó 6,8 % go 7,2 %, os cionn mheán 6,1 % an Aontais. Tá an fás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita 'le breathnú' freisin, mar atá, 107,9 in 2023, faoi bhun mheán 111,1 an Aontais. Ar an taobh eile, tá an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí agus cás na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) 'ar an meán.' Maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní, is í an 'gníomhaí is fearr' fós í an Fhionlainn in 2023, tar éis feabhsú breise ó 1,2 pointe céatadáin go díreach 0,2 pointe céatadáin in 2023 (i gcomparáid le meán 10,2 pointe céatadáin an Aontais). Is é is cúis leis sin, mar shampla, gur lú an difear a rinne timthriallta eacnamaíocha do na hearnálacha is mó ina n-oibríonn mná. Mar sin féin, is dóichí go mbeidh poist shealadacha nó pháirtaimseartha ag mná, rud nach léirítear ina ráta fostaíochta foriomlán.

**Leanann an Fhionlainn de bheith ag feidhmiú go maith i ndáil le scileanna, cé gur tháinig méadú ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint.** In 2023, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 82,0 % den daonra fásta, rud a chuir an Fhionlainn i measc 'na ngníomhaithe is fearr'. Chomh maith leis sin, bhí sciar rannpháirtíochta na ndaoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas 'níos fearr ná an meán', ag 51,8 % in 2022. Mar sin féin, tháinig méadú nach beag ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2023 (méadú 1,2 pointe céatadáin), go 9,6 % (i gcomparáid le 9,5 % san Aontas) agus dá bhrí sin tá sé 'le breathnú' anois, agus tháinig méadú seasta le deacáid anuas ar sciar na ndaltaí a mbaineann tearcghnóthachtáil leo ó thaobh a mbunscileanna de. Trí luathfhágáil na scoile a chosc agus fáil scileanna a chur chun cinn, go háirithe i gcás daoine óga, is féidir le cuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haosú an daonra agus le ganntanais lucht saothair oilte.

**Ar an iomlán, tá córas cosanta sóisialta éifeachtach agus cuimsitheach ag an bhFionlainn lena dtugtar cumhdach leordhóthanach, ach tá dúshláin áirithe roimhe freisin.** Go sonrach, tá an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú fós 'criticiúil', agus tháinig méadú breise (méadú 1,4 pointe céatadáin) go 7,9 % in 2023 ar an sciar daoine a thuairiscíonn gur tháinig méadú breise ar an ngá sin. Tá sé sin breis agus trí oiread níos mó ná meán an Aontais anois (2,4 %) agus, i bhfianaise na mbeart breise coigiltis a fógraíodh, d'fhéadfadh méadú breise teacht air. Tuairiscítear tréimhsí feithimh fada le haghaidh cúram príomhúil agus cúram speisialaithe mar gheall ar ghanntanais an phearsanra cúraim agus leighis. Ar an taobh eile, tháinig laghdú ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) in 2023 go 15,8 %, agus 13,8 % i measc leanaí, agus tá sé cuid mhaith faoi bhun mheáin an Aontais faoi seach (21,4 % agus 24,8 %), rud a fhágann gurb í an

‘gníomhaí is fearr’ í an tír sa dá chás. Is amhlaidh atá freisin maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, ar tionchar é sin atá fós ard (ag 48,7 % i gcomparáid le 34,7 % san Aontas).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe cúig tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bhFionlainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).

## An tSualainn

**Meastar go rachaidh an lucht saothair i nirt i gcomhthéacs téarnaimh in 2025 agus 2026, d'ainneoin ganntanais leanúnacha agus grúpaí áirithe a bhfuil bacainní orthu fós maidir leis an imeascadh i margadh an tsaothair.** Tá an tSualainn i measc 'na ngníomhaithe is fearr' ó thaobh an ráta fostaíochta de, a bhain an ráta is airde amach riamh in 2023, 82,6 %, agus maidir le sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna), bhí an ráta cobhsaí fós, mar atá, 5,7 %. Tá mná imeasctha go maith sa mhargadh saothair: bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní 'níos fearr ná an meán' in 2023 (4,7 pointe céatadáin), a bhuí freisin leis an sciar ard leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (56,9 % i gcomparáid le 37,5 % san Aontas, 'an gníomhaí is fearr'). Mar sin féin, ag 7,7 % in 2023 (i gcomparáid le 6,1 % san Aontas) tá an ráta dífhostaíochta fós 'le breathnú' agus folaítear difríochtaí móra idir grúpaí daonra a bhaineann leis an tír bhreithe. Cé gurbh é 5,1 % ráta dífhostaíochta na ndaoine a rugadh sa tSualainn, bhí ráta 17,8 % acu siúd a rugadh lasmuigh den Aontas, mar aon le bearna fostaíochta 13,8 pointe céatadáin idir na hinscní (i gcomparáid le 4,7 pointe céatadáin ar an iomlán). Ar deireadh, tháinig laghdú ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita ó 121,2 in 2022 go 119,5 in 2023 agus tá sé 'le breathnú' anois.




*Tabhair faoi deara:* Briseadh san amshraith le haghaidh tháscaire thionchar na n-aistrithe sóisialta in 2022.

**Is 'ar an meán' atáthar ag feidhmiú maidir le formhór na dtáscairí sóisialta, cé go raibh meath áirithe ann ina leith.** In 2023, maidir le neamhionannas ioncaim, tháinig ceann de na méaduithe bliantúla is mó i measc na mBallstát air (méadú 0,4 go 4,7), agus tá sé 'le breathnú' anois. In 2023, tháinig méadú 0,2 pointe céatadáin ar an ngéardhíth ábharach agus sóisialta a bhí ann, rud atá ar aon dul le laghdú suntasach ar an bhfiorphá. Thuill an 20 % den daonra ag a bhfuil na hioncaim is airde 4,7 oiread níos mó ná an 20 % den daonra ag a bhfuil na hioncaim is ísle (suas ó 4,0 in 2021 agus an leibhéal is airde ó bhí 2008 ann). Thairis sin, le haistrithe sóisialta (seachas pinsin) rinneadh laghdú 36,9 % ar rioscaí bochtaineachta, síos ó 39,9 % in 2022, 'ar an meán' anois ó 'níos fearr ná an meán' anuraidh. Tá forbairtí diúltacha áirithe le feiceáil maidir le táscairí sóisialta eile freisin, agus iad 'ar an meán'. Go sonrach, tháinig méadú ar an ráta maidir le baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) i gcás leanaí go 21,6 % (fós faoi bhun mheán 24,8 % an Aontais) agus tháinig méadú ar an ráta sin go 38,3 % i gcás daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (i gcomparáid le 12,8 % i gcás daoine a rugadh sa tSualainn). Tháinig méadú ar an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta go 10,9 % (i gcomparáid le 8,8 % san Aontas), agus ar an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú go 2,1 % (i gcomparáid le 2,4 % san Aontas).

**Feidhmíonn an tSualainn go maith maidir le scileanna, ach is ann fós do neamhionannais sa chóras oideachais.** Is 'an gníomhaí is fearr' í an tír maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim, rud ar ar tháinig méadú suntasach idir 2016 agus 2022 ó 58,8 % go 66,5 %. Bhí sciar na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu 'níos fearr ná an meán' go comhsheasmhach, rud a thacaíonn leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú suntasach ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2023, go 7,4 % ('níos fearr ná an meán'

freisin). Mar sin féin, tá an sciar sin beagnach dhá oiread níos airde (12,2 %) i measc daoine a rugadh lasmuigh den Aontas i gcomparáid leo siúd a rugadh sa tSualainn (6,4 %), agus is sa tír sin a bhí ceann de na laghduithe is mó ar bhunscileanna daoine 15 bliana d'aois.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe trí tháscaire atá 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSualainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.4).